# Ceachtanna Séasúracha

Ceacht 1: An Choróin Mhuire
Ceacht 2: Ag ceiliúradh na naomh
Ceacht 3: An Carghas
Ceacht 4: Naomh Pádraig
Ceacht 5: Oideachas Idir-Reiligiúnach

---

## Ceacht 1: *An Choróin Mhuire*

Is ceart tabhairt faoin gceacht seo i rith mí Dheireadh Fómhair.

**ÓN GCURACLAM** — *Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

**AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ**

**Muire**

- Tá grá ag Muire dúinn agus tugann sí aire dúinn
- Is eiseamláir í Muire do gach Críostaí
- Is iad Deireadh Fómhair agus Mí na Bealtaine míonna speisialta Mhuire

**LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ**

**Urnaí Fhoirmeálta**

- An Choróin Mhuire: Na Rúndiamhra Sólásacha
-

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Aontaíonn scoláirí gur thosaigh córas chun paidreacha a chomhaireamh leis na Hiondúigh roimh ré na Críostaíochta. Go luath san Eaglais, nuair a lorg aithreacha an fhásaigh bealach le rian a choinneáil ar a gcuid paidreacha, d'úsáid siad clocha, bataí nó adhmad chun iad a chomhaireamh. Níos déanaí le forbairt an chleachtais céad caoga salm a rá, guí na daoine nárbh fhéidir leo léamh, an *'S é do bheatha, a Mhuire* céad caoga uair. Dúradh an céad caoga *'S é do bheatha, a Mhuire* i ndeicheanna agus tugadh deichniúr orthu. Faoin dóú aois déag, is minic a chaith Críostaithe slabhra coirníní agus úsáideadh é mar cúnamh comhairimh agus iad ag guí.

Is é fócas cheacht na seachtaine seo ná go mbeidh taithí ag na páistí ar an bpaidrín - a bhfeidhm agus modh úsáide. Déanfaidh na páistí deichniúr den bpaidrín agus foghlaimeoidh siad conas deichniúr den bPaidrín a ghuí le ceann de na Rúndiamhra Sólásacha. Foghlaimeoidh siad níos mó faoi na Rúndiamhra Sólásacha mar chuid de *I nGrá Dé* do Rang a Dó/B4.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Paidrín
- Maidir leis an nGníomhaíocht Ealaíne:
  - » Aon choirnín déag do gach páiste
  - » Píosa olann do gach páiste
  - » Cóip den teimpléad thíos, má theastaíonn uait go gcuirfeadh na páistí cros leis an bpaidrín
- Cuireadh a thabhairt don sagart áitiúil freastal ar an tseirbhís urnaí ag deireadh an téama, chun paidríní na bpáistí a bheannú.

# Féachaimis …

## GNÍOMHAÍOCHT

### Cluiche comhairimh

Inis do na páistí go bhfuil tú chun bualadh bos a dhéanamh agus ba mhaith go ndéanfadh siad an líon uaireanta a dhéanann tú bualadh bos a chomhaireamh. Ansin déan bualadh bos deich n-uaire.

Ina dhiaidh sin, déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An bhfuil sé deacair rud a chomhaireamh nuair a táimid ag rá an rud céanna arís agus arís eile? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- Samhlaigh dá n-iarrfainn oraibh caoga bualadh bos a chomhaireamh … an gceapann sibh go mbeadh sé sin níos deacra? An bhfuil aon mholtaí ag éinne faoi na rudaí a d'fhéadfadh cabhrú linn comhaireamh a choinneáil?

Ansin inis do na páistí go raibh an deacracht chéanna ag daoine na blianta ó shin maidir le paidir speisialta ar a dtugtar an *Choróin Mhuire*, a ghuí. Paidir is ea an *Choróin Mhuire* ina gcuimhneoimid ar rudaí a tharla i saol Mhuire agus i saol Íosa. Agus iad ag guí an *Choróin Mhuire*, ghuigh daoine an *'S é do bheatha, a Mhuire* go leor uaireanta, mar sin d'úsáid siad coirníní le rian a choinneáil ar a gcuid *'S é do bheatha, a Mhuire*. Taispeáin Paidrín do na páistí, agus mínigh dóibh go n-úsáideann daoine é chun líon na *'S é do bheatha, a Mhuire* a chomhaireamh. Féach an t-eolas a bhí acu roimh ré ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An bhfaca sibh Paidrín cheana? Cé a bhí ag guí leis? Cá raibh siad ag guí?
- An bhfuil a fhios agaibh cé mhéad coirnín atá ar Phaidrín?

Taispeáin do na páistí go bhfuil an caoga coirnín roinnte i gcúig shraith de dheich. Mínigh go dtugtar 'deichniúr' ar gach sraith.

## PAIDIR

### Sé do Bheatha, a Mhuire

*Comhartha na Croise*

**M:** Is í Muire máthair Íosa, agus is í ár Máthair freisin. Le chéile, guímis chuig Muire. Is féidir libh na focail den phaidir seo a rá i mo dhiaidh:

A Mháthair Íosa, is beannaithe thú.
A Mháthair Íosa is tú mo mháthair freisin.
Cuidigh liom maireachtáil ar nós Íosa
Agus cuidigh liom maireachtáil cosúil leatsa freisin.

**M:** Le chéile, guímis paidir eile in onóir Mhuire atá ar eolas againn go léir.


Sé do bheatha, a Mhuire,
Atá lan de ghrásta,
Tá an Tiarna leat.
Is beannaithe thú idir mhná,
Agus is beannaithe toradh do bhroinne, Íosa.
A Naomh Mhuire, a mháthair Dé,
Guigh orainn, na peacaigh,
Anois agus ar uair ár mbáis. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Paidrín le Deichniúr amháin



Tosaigh trí Phaidrín a thaispeáint do na páistí, agus a mheabhrú faoin cén úsáid a bhaintear as. Ansin mínigh do na páistí go bhfuil tú chun an deis a thabhairt dóibh Paidrín beag a dhéanamh iad féin.


Ansin déan na hábhair a dháileadh ar na páistí. Taispeáin dóibh conas na coirníní a shreangú ar an olann, ag tosú leis an gcoirnín a bhfuil dath éagsúil air. Ag an deireadh iarr ar na páistí snaidhm daingean a chur ar an gcríoch. Ná gearr foircinn na holla.

Má bhíonn an t-am ann, b'fhéidir gur mhaith leat a iarraidh ar na páistí chun cros shimplí a dhéanamh do na coirníní. Is féidir leat é seo a dhéanamh tríd an teimpléad (thíos) a fhótachóipeáil ionas go mbeidh cros ag gach páiste. Is féidir é seo a dhathú agus a gearradh amach. Is féidir leo an chros a cheangal leis na coirníní trí pholl beag a dhéanamh ag an barr agus an snáithe olann atá fágtha a chur tríd an bpoll sa chros. Ansin cuireann siad snaidhm san olann chun an chros a dhaingniú roimh aon olann bhreise a ghearradh.

Nuair a bheidh an Paidrín le deichniúr amháin críochnaithe, iarr na páistí buille faoi thuairim a thabhairt faoi cén phaidir atá i gceist ag gach coirnín (*'S é do bheatha, a Mhuire*) agus mínigh go seasann an coirnín ag an tús don *Phaidir*, agus go ndeirimid *Glóir don Athair* ag an deireadh. Mar sin, nuair a ghuímid cuid den *Choróin Mhuire*, guímid *Paidir* amháin, *'S é do bheatha, a Mhuire* faoi dheich agus *Glóir don Athair* amháin. Tugtar deichniúr den *Choróin Mhuire* ar seo.


## AG COMHRÁ

### Faoin Choróin Mhuire



Taispeáin íomhá Mhuire (ar líne) agus iarr ar na páistí na scéalta faoi Mhuire atá ar eolas acu ón mBíobla a insint duit, agus aon eolas eile atá acu fúithi. Ansin mínigh do na páistí nuair a ghuímid an Paidrín, cuimhnímid ar rudaí a tharla i Saol Mhuire agus i saol Íosa.

Ansin féach ar an bpictiúr de 'Toirbhirt an Linbh Íosa sa Teampall' i leabhar na bpáistí, agus déan measúnú ar a gcuid eolas faoin scéal seo. Tá sé ar



cheann de na cuimhneacháin lúcháireacha i saol an Teaghlaigh Naofa, nuair a thóg Muire agus Iósaef Íosa go dtí an teampall agus é ina leanbh óg. Is ansin a bhuail siad le bean darbh ainm di Anna agus fear darb ainm dó Simeon. Bhí a fhios acu gur leanbh speisialta ba ea Íosa, murab ionann agus aon leanbh eile. Mínigh gur féidir linn smaoineamh ar an nóiméad sona seo i saol Íosa agus Muire nuair a ghuímid deichniúr den *Choróin Mhuire*.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Is é Toirbhirt an Linbh Íosa sa Teampall an ceathrú Rúndiamhair Sólásach den *Choróin Mhuire*. Is iad Rúndiamhra Sólásacha eile na *Corónach Mhuire* ná: Teachtaireacht an Aingil, Cuairt Mhuire ar Eiliosaibeit, Breith ár dTiarna agus Íosa i measc na n-ollúna. Foghlaimeoidh na páistí faoi Rúndiamhra Sólásacha na Corónach Mhuire mar chuid de *I nGrá Dé* do Rang a Dó/B4.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Paidir í an *Choróin Mhuire* ina gcuimhneoimid ar rudaí a tharla i saol Mhuire agus i saol Íosa. Nuair a ghuímid an *Choróin Mhuire* deirimid (Aon *Phaidir* amháin, *'S é do bheatha, a Mhuire* faoi dheich, agus *Glóir don Athair* amháin) agus muid ag smaoineamh ar eachtra i saol Íosa agus a mháthair Muire. Is féidir linn paidrín a úsáid chun cabhrú linn an *Choróin Mhuire* a ghuí. Úsáidimid paidrín trí ár méara a bhogadh ó choirnín amháin go dtí an chéad cheann eile.

## AG COMHRÁ

### Faoin gCoróin Mhuire a ghuí

Tosaigh trí iarraidh ar na páistí cuimhneamh ar conas deichniúr den *Choróin Mhuire* a ghuí. Mínigh gurb é Deireadh Fómhair an mhí ina ndéanaimid iarracht an *Choróin Mhuire* a ghuí, nó cuid di, gach lá. Déan comhrá leis na páistí faoin gcleachtadh seo ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An dóigh libh go bhféadfaimis deichniúr den *Choróin Mhuire* a ghuí ar scoil? Cé chomh minic agus a d'fhéadfaimis é a ghuí?
- Ar mhaith leat rúndiamhair den *Choróin Mhuire* a ghuí sa bhaile? Conas a d'fhéadfá é seo a dhéanamh agus cé leis a ndéanfá í?
- Cad a chabhróidh leat an *Choróin Mhuire* a ghuí?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 54: Déanann na páistí machnamh ar an *gCoróin Mhuire*.

### Sa Bhaile

Lch. 55: Déanann na páistí comhrá lena dtuismitheoirí faoi conas an *Choróin Mhuire* a ghuí. Tugtar cuireadh don teaghlach deichniúr den *Choróin Mhuire* a ghuí le chéile.

# Seirbhís Urnaí

## Téama: An Choróin Mhuire

*Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Mar ullmhúchán beidh ort:**

- *Ceann amháin de na bealaí seo a leanas a roghnú chun deichniúr den* Choróin Mhuire *a ghuí leis na páistí:*

*1. Deir tú (an múinteoir) an chéad chuid de gach paidir, agus iarr ar na páistí an dara cuid a rá. Bain úsáid as Paidrín chun cabhrú libh deich Sé do Bheatha, a Mhuire a chomhaireamh.*
*2. Iarr ar pháiste amháin an chéad chuid de gach paidir a rá, agus tabhair cuireadh don chuid eile den rang an dara cuid a fhreagairt. Tabhair an Paidrín don pháiste atá i gceannas na paidre.*
*3. Tabhair cuireadh do ghrúpa bheag páiste an chéad chuid de gach paidir a rá, agus iarr ar an gcuid eile den rang freagra a thabhairt.*
*4. Roinn an rang ina dhá leath, agus tabhair cuireadh do leath amháin an chéad chuid de gach paidir a rá, agus iarr ar an dara leath freagra a thabhairt.*

*Comhartha na Croise*

**M:** Ar dtús, lasaimis ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia in éineacht linn.

*Las an coinneal*

**M:** Le linn mhí Dheireadh Fómhair, déanaimid ár ndícheall an Choróin Mhuire, nó cuid de, a rá, gach lá. Déanaimis é sin inniu. Agus an paidir á rá againn déanaimis cuimhneamh ar an lá a rugadh Íosa. Seo nóiméad eile sólásach i saol Íosa agus a mháthair, Muire. Bainimis úsáid as an bPaidrín a rinneamar chun cuidiú linn.

*Guigh deichniúr den Choróin Mhuire ag úsáid ceann de na moltaí atá liostaithe thuas.*

**M:** A Mháthair Íosa, is beannaithe thú.
A Mháthair Íosa is tú mo mháthair freisin.
Cuidigh liom maireachtáil ar nós Íosa
Agus cuidigh liom maireachtáil cosúil leatsa freisin.
**P:** Áiméan.


*Comhartha na Croise*

*Má bhíonn an sagart i láthair, tabhair cuireadh dó Paidríní na bpáistí a bheannú ag baint úsáid as na focail seo a leanas:*

Is beannaithe é ár nDia agus ár nAthair,
a thug rúndiamhra a Mhic dúinn
le machnamh a dhéanamh orthu
agus len iad a cheiliúradh le creideamh.
Go gcabhródh sé linn, a mhuintir dílis,
sóláis agus bróin a shaol a choimeád
in ár n-intinn agus in ár gcroíthe
tríd an Choróin Mhuire a ghuí
le Muire, máthair Íosa.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**P:** Áiméan.

(*Déanann an sagart Paidríní na bpáistí a bheannú le huisce coisricthe ansin.*)





# Ceacht 2: Ag ceiliúradh na naomh

## ÓN GCURACLAM

Tógtha ón *gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair na hEaglaise**

- Éarlamh na scoile
- Is daoine iad na Naoimh a ghránn Dia agus atá ar neamh le Dia tar éis a mbáis. Tugann an Eaglais lá féile dóibh ina n-onóir
- Is sampla iontach iad na Naoimh ar chonas maireachtáil agus iarrann Críostaithe cúnamh orthu ina gcuid paidreacha

**An Bheatha Shíoraí**

- Gheall Íosa beatha nua dúinn anseo ar talamh agus tar éis ár mbáis Creidimid:
- Nuair a fhaighimid bás, go nglaonn Dia chun na flaithis sinn
- Nuair a fhaighimid bás go mairfimid go deo le Dia, Íosa, Muire, na haingil agus na naoimh ar neamh agus gurb é seo an plean atá ag Dia dúinn
- Is é na flaithis ár bhfíor bhaile agus ár mbaile deireanach, áit a mbeimid sona le Dia tar éis ár saol a chaitheamh anseo ar talamh

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Tráth atá i bhFéile na Naomh Uile chun ceiliúradh a dhéanamh ar shaol na mná, na bhfear agus na bpáistí a thaispeáin dúinn conas Íosa a leanúint

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Tógtha ón *gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 1:

### CUSPÓIR FOGHLAMA 2

**An Eaglais Chríostaí**

*b. Adhradh agus urnaí.*

- Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí a thuiscint:
- Go bhfuil amanna speisialta ceiliúrtha i bhféilire na hEaglaise.

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Déantar Féile na Naomh Uile a chomóradh ar 1 Samhain. Is féidir cur síos a dhéanamh ar na naoimh mar ghnáthfhir agus mná a léirigh grá Dé. Tá na naoimh in ann rud éigin a mhúineadh dúinn faoi mhaireachtáil mar Chríostaithe, agus mar sin déanaimid iarracht a sampla a leanúint. Tá a lá féile féin ag na naoimh sin a dhearbhaigh an Eaglais gur naoimh iad (mar shampla Féile Naomh Thérèse de Lisieux ar an 1 Deireadh Fómhair), ach ar Fhéile na Naomh Uile is cuimhin linn agus déanaimid ceiliúradh ar gach duine a mhair go naofa, agus nach mbeidh aitheanta go hoifigiúil riamh. D'fhéadfadh na daoine seo a bheith inár gcomharsana, ár mbaill teaghlaigh, cairde, nó daoine ón bpobal áitiúil. Lá naofa oibleagáide is ea Féile na Naomh Uile, agus mar sin ba chóir do gach Caitliceach Freastal ar an Aifreann, más féidir leo.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóip den teimpléad (thíos) do gach páiste, má roghnaíonn tú é a úsáid
- Gléas chun cead labhartha a thabhairt

# Féachaimis …

## SCÉAL

### ‘Ag Déanamh Rudaí Beaga le Grá’

Inis do na páistí gur mhaith leat scéal a léamh dóibh faoi bheirt siblíní, Rudra agus Ana, agus a Mamó, Sorcha. Ansin léigh, ‘Ag Déanamh Rudaí Beaga le Grá’.

**‘Ag Déanamh Rudaí Beaga le Grá’**



Bhí Rudra, Ana agus a Mamó ina suí ag breathnú ar an teilifís tráthnóna amháin nuair a ghlaoigh fón Mhamó. D’fhéach sí go tapa ar a fón chun seiceáil cé a bhí ag glaoch. Shíl sí gur Daid a bheadh ann chun a rá go raibh sé ar a bhealach abhaile.

‘Maighréad ó Shasana atá ann!’ arsa Mamó. ‘Ísligh an fhuaim ar an dteilifís fad is atá mé ag labhairt léi.’ Bhí Maighréad agus Mamó cairdiúil le chéile ó bhí siad óg, ach d’imigh Maighréad go Sasana.

‘Ó sin iontach! Ar ndóigh, ba mhaith liom bualadh leat. Tá mé ag súil go mór leis. Níor bhuaileamar le chéile le fada!’ arsa Mamó agus í ar bís. Ach ansin d’athraigh a guth.

‘Ó ná habair, ó mo léan. Tá an-bhrón orm. Níor chuala mé … Feicfidh mé tú níos déanaí, mar sin. Beidh an tae réidh agam.’

Nuair a bhí Mamó críochnaithe ar an bhfón, theastaigh ó Rudra agus Ana ábhar na cainte a fháil amach. ‘Cén dea-scéala atá ann?’ arsa Rudra. ‘Agus cén droch-scéala atá ann?’ arsa Ana.

Mhínigh Mamó leo gur tháinig Maighréad abhaile ó Shasana agus go raibh sí chun glaoch ar theach Mhamó sula ndeachaigh sí go dtí a muintir féin. Bhí áthas ar Mhamó an méid sin a chloisteáil ach ansin d’inis Maighréad di go raibh a deirfiúr an-tinn agus gurb shin é an fáth go raibh sí ag teacht abhaile.

‘Beidh Maighréad anseo i gceann uair an chloig,’ a dúirt Mamó. ‘Mar sin, ní mór dúinn slacht a chur ar an dteach i dtreo is go mbeidh gach rud go deas sula dtagann sí.’

Thosaigh Ana ag gearán láithreach. ‘An bhfuil orainn é sin go léir a dhéanamh? Teastaíonn uaim féachaint ar an gclár seo.’

‘Sea, tá orainn gach rud a ullmhú!’ arsa Mamó. Bhuail Ana an talamh agus tharraing sí a cosa mar a chuaigh sí chun an húvar a fháil. Thosaigh sí ag obair ach anois is arís stad sí agus dúirt: ‘Ní thabharfaidh sí faoi deara má tá an teach glan! Ní bheidh sí anseo ach ar feadh nóiméid ar aon nós!’



Ghlan Rudra an seomra folctha. Fuair sé gallúnach úr agus tuáillí agus chuir sé go néata ann iad. ‘D’fhéadfadh Maighréad a lámha a nigh tar éis di a bheith ar an eitleán,’ a shíl Rudra leis féin. ‘Tá boladh deas ar an gceann seo.’ Chuir sé snas ar an scáthán sa seomra folctha mar cheap sé go gcuirfeadh Maighréad slacht uirthi féin sula ndeachaigh sí abhaile.



Idir an dá linn bhí Ana críochnaithe leis an húvar.


‘An gcuirfeá slach ar na DVDanna sin, le do thoil Ana? Táimid beagnach réidh,’ arsa Mamó.

‘Cén fáth go niarrann tú ormsa é a dhéanamh?’ arsa Ana,’nach éagórach an méid seo.’

Díreach nuair a bhí gach rud réidh acu, bhí cnag ar an doras. Maighréad a bhí ann.

D’fhan Maighréad ar feadh uair an chloig agus ansin d’imigh sí. Nuair a bhí sí imithe, ghabh Mamó buíochas leis an bheirt pháiste as cabhrú léi. ‘Beidh bhur dhaidí sásta leis an bheirt agaibh nuair a inseoidh mé leis faoin gcabhair a thug sibh dom,’ ar sise.

• • •



'Níl a fhios agam cén fáth a bhfuil tú ag gabháil buíochais leis sin,' arsa Ana, ag pointeáil do Rudra. 'Níor ghlan seisean ach an seomra folctha. Ghlan mise na seomraí ar fad agus chuir mé eagar ar na DVDanna.'

'Ní fiú é an rud is fearr, muna bhfuil grá ann,' arsa Mamó.

'Cad atá á rá agat?' arsa Ana.

'Déanaimid go leor rudaí,' a d'fhreagair Mamó. 'Ach ní fiú é an rud is fearr, muna bhfuil grá ann,' arsa Mamó.

'Cad is brí le sin?' arsa Rudra.

'Ciallaíonn sé gur féidir leat go leor leor a dhéanamh, ach muna le grá a dhéantar iad, ní fiú rud ar bith iad,' arsa Mamó.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le, 'Cén fáth a raibh Maighréad ar tí cuairt a thabhairt?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:


- Cén chaoi a ndearna Rudra a obair le grá? Cén bealach a bhí sé sin difriúil leis an mbealach a rinne Ana a cuid obair?
- An bhfaca tú riamh duine ag obair le grá, mar a rinne Rudra? Abair linn faoi.
- Smaoinigh ar am nuair a rinne tú rud éigin le grá, agus am nuair a rinne tú rud éigin toisc go raibh ort é a dhéanamh. Cé acu a thaitin leat? Cén fáth?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** A Thiarna Íosa, gach rud a rinne tú i rith do shaol, is le grá a rinne tú é.
Thaispeáin tú grá do gach duine mórthimpeall ort tríd an méid a rinne tú, agus a ndúirt tú.
Cabhraigh linn grá a thaispeáint.
Cabhraigh linn gan gearán a dhéanamh nuair a iarrtar orainn rud a dhéanamh.
Cabhraigh linn gach rud a dhéanamh le cúram agus le grá mór.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*




# Foghlaimímis ...

## SCÉAL

### 'Naomh Thérèse Lisieux'

Tosaigh trí dul ar ais ar na focail a dúirt Mamó leo Rudra sa scéal, 'Ag Déanamh Rudaí Beaga le Grá': 'Ach ní fiú é an rud is fearr, muna bhfuil grá ann'. Inis do na páistí nár chum Mamó na focail sin í féin, ach gur fhoghlaim sí ó dhuine eile iad. Ba í Naomh Thérèse Lisieux a dúirt an ráiteas ar dtús. Ansin léigh, 'Naomh Thérèse Lisieux'.

**'Naomh Thérèse Lisieux'**




Rugadh Thérèse sa Fhrainc níos mó ná céad bliain ó shin. Louis ab ainm dá hathar agus ainm a máthar ná Zelie. Bhí ceathrar deirfiúr ag Thérèse, a bhí níos sine ná í, agus ba í an duine ab óige sa teaghlach. Páiste cosúil leatsa a bhí inti. Bhíodh sí ag súgradh lena deirfiúracha agus chuaigh sí go dtí an scoil áitiúil. Chuaigh sí ar Aifreann gach Domhnach lena teaghlach agus bhí siad go léir an-ghar do Dhia. Nuair a bhí Thérèse ceithre bliana go leith d'aois, fuair a máthair bás. Bhí sí féin agus a teaghlach ar fad an-bhrónach ar feadh i bhfad.



Bhí grá mór ag Thérèse do Dhia agus theastaigh uaithi a bheith cosúil le hÍosa. Bhí brionglóidí aici ina raibh sí ag taisteal ar fud an domhain ag insint do dhaoine faoi Dhia ach thuig sí go luath nach mbeadh sé sin indéanta. Bhí sí tinn go minic agus ní bheadh sí in ann obair den sórt sin a dhéanamh. Mar sin, nuair a bhí sí cúig bliana déag d'aois, chuaigh Thérèse sna mná rialta. Ciallaíonn sé seo go ndeachaigh sí chun cónaí le mná eile in áit ar a dtugtar clochar uirthi, áit ar chaith mná rialta a lán dá gcuid ama ag guí chun Dé. Go luath fuair Thérèse amach nach raibh á dhéanamh aici sa chlochar ach gnáth rudaí cosúil le cócaireacht, glanadh, garraíodóireacht agus níocháin.



Níorbh é seo a bhí beartaithe aici ar chor ar bith. Theastaigh uaithi bealach eile a fháil chun rud éigin iontach a dhéanamh do Dhia.



Tar éis am a chaitheamh ag déanamh gnáth rudaí, thuig Thérèse go raibh rud éigin iontach ann go bhféadfadh sí a dhéanamh do Dhia, fiú nuair a bhí sí sa chlochar. Thuig sí go bhféadfadh sí obair an lae a dhéanamh le grá mór. Mar shampla, má dhúisigh sí i rith na hoíche agus go bhfaca sí gur thit ceann de bhlaincéid bean rialta eile ón leaba, go mbeadh sí in ann éirí agus é a chur ar ais ar an leaba arís. B'shin rud simplí le déanamh, ach rinne sí le grá é. Nó nuair a bhí sí sa ghairdín, thug sí cúram do gach planda le grá mór. B'shin rud beag eile a rinne sí le grá mór.

Thug Thérèse a 'bealach beag' ar an nós seo a bhí aici gach rud a dhéanamh le grá mór. Thuig sí go mbeadh sí gar do Dhia fad is a rinne sí gach rud le grá mór. Séard a dúirt Thérèse ná: 'Níl aon ní beag i súile Dé. Gach a dhéanann tú déan le grá é.'



Fad is a bhí sí beo, níor thug daoine faoi deara an 'bealach beag' a bhí ag Thérèse. Ach i ndiaidh a bás, d'fhoghlaim daoine mar gheall ar an 'mbealach beag' agus rinne siad iarracht freisin a 'bealach beag' a leanúint. Níorbh fhada i ndiaidh a bás, socraíodh go ndéanfaí Thérèse de Lisieux ina naomh. Tá sí anois sa bhaile le Dia ar neamh. Iarrann a lán daoine ar Naomh Thérèse cabhair a thabhairt dóibh rudaí beaga a dhéanamh le grá mór. Dúirt sí uair amháin go raibh sí cosúil le bláth beag sa ghairdín, agus mar sin glaotar 'An Bláth Beag' ar Thérèse, ó shin i leith.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí le ceisteanna cosúil le: 'Cén plean a bhí ag Thérèse dá saol?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An gceapann tú go raibh sé éasca do Thérèse gach rud a dhéanamh le grá mór, cé nár thug éinne faoi deara cad a bhí ar siúl aici? Cén fáth nó cén fáth nach raibh sé?
- An bhfuil aithne agat ar aon duine atá cosúil le Naomh Thérèse: duine atá cineálta, comhbhách agus tuisceanach? Abair linn faoi/fuithi.
- An bhféadfá rud ar bith a fhoghlaim ó Naomh Thérèse? Cad iad na rudaí beaga a d'fhéadfá a dhéanamh le grá mór?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Bláth Mór déanta as Nithe Beaga

Téigh ar ais ar scéal Naomh Thérèse ag úsáid an straitéis seo a leanas: tosaíonn duine amháin leis an scéal a insint agus leanann an chéad duine eile ar aghaidh leis, ag cur líne leis go dtí go mbíonn an scéal iomlán inste. Is féidir leat tosú tríd a rá, 'Rugadh Naomh Thérèse sa Fhrainc níos mó ná céad bliain ó shin.'

Iarr ar na páistí smaoineamh ar na nithe beaga a dhéanann siad agus smaoineamh ar cheann a roghnóidh siad a dhéanfaidh siad le grá mór. Ansin déan na teimpléid (thíos) a dháileadh amach (nó píosa bán páipéir) do gach páiste agus tabhair cuireadh dóibh ainm an rud gur féidir leo a dhéanamh le grá mór a scríobh air. Iarr orthu é a mhaisiú agus é a ghearradh amach. Mínigh dóibh gur féidir leo an tasc seo a dhéanamh le grá mór – an chéad ghníomh ina gcuid 'Bealach beag' féin.



Nuair a bheidh na peitil go léir réidh, greamaigh le chéile iad i gcruth bláth chun bláth ranga a chruthú de na rudaí beaga a dhéanfaidh an rang iarracht a dhéanamh le grá mór.

## AG COMHRÁ

### Faoi na Naoimh

Abair leis na páistí gur naoimh iad daoine a léirigh grá do Dhia agus grá do dhaoine eile sa mhéid a dúirt siad agus sa mhéid a rinne siad. Is féidir linn guí chucu agus iarraidh orthu cabhair a thabhairt dúinn maireachtáil mar a mhúin Íosa dúinn. Ansin déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Ar an 1 Samhain, cuimhnímid ar na naoimh go léir atá ar neamh le Dia. Tugaimid Féile na Naomh Uile ar seo. An féidir libh aon naoimh a ainmniú?
- Tá ainmneacha agus scéalta faoi cuid de na naoimh seo ar eolas againn, ach tá daoine eile ann nach mbeidh aithne againn orthu riamh. Cosúil le Naomh Thérèse, mhair siad le 'bealach beag an ghrá'. An bhfuil aithne agat ar éinne a fuair bás, agus a léirigh grá mór do dhaoine eile? Abair linn fúthú. Le linn mí na Samhna, cuimhnímid, ar bhealach ar leith, ar na daoine a raibh aithne againn orthu agus a fuair bás.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** D'fhéadfadh go bhfuair cara/gaol de roinnt páiste bás le déanaí agus mar sin bí an-chúramach maidir leis an ngníomhaíocht seo. Beidh tú eolach mar mhúinteoir an ranga maidir le eispéaras na bpáistí. B'fhéidir go mbeidh ort súil a choimeád ar an gcomhrá gan na páistí a chosaint ó réaltacht an bháis ar domhan agus ina saol féin.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Rugadh Naomh Thérèse Lisieux sa Fhrainc breis agus céad bliain ó shin. Mar gheall ar dhrochshláinte, ní fhéadfadh sí taisteal ar fud an domhain ag insint do dhaoine faoi Dhia mar a theastaigh uaithi. Ina áit sin, bheartaigh sí ar rudaí beaga a dhéanamh le grá mór. Ar 1 Samhain gach bliain, déanaimid ceiliúradh ar bheatha na naomh, gnáthdhaoine a léirigh grá Dé dóibh siúd timpeall orthu. Is féidir linn guí chuig na naoimh chun cabhrú linn a bheith cosúil leo.

## GNÍOMHAÍOCHT

### I gCiorcal

Cruinnigh na páistí i gciorcal agus bíodh comhrá agaibh ag baint úsáid as an ngléas cainnte.

**Babhta 1:** Cuir an gléas cainnte timpeall an ranga agus iarr ar na páistí rud amháin a lua a d'fhoghlaim siad i rith na seachtaine.

**Babhta 2:** Cuir an gléas cainnte timpeall an ranga agus iarr ar na páistí rud amháin a lua a d'fhoghlaim siad ó Naomh Thérèse Lisieux. Bain úsáid as Postaer 11 mar áis amhairc.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 56: Déanann na páistí machnamh ar cuid de na naoimh atá ar eolas acu.

### Sa Bhaile

Lch. 57: Léann na páistí scéal Naomh Thérèse Lisieux lena dteaghlaigh. Tugtar cuireadh dóibh comhrá a dhéanamh faoi rud amháin is féidir leo a dhéanamh 'go grámhar' i rith na seachtaine.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: Féile na Naomh Uile

*Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.

**M:** Ar dtús, lasaimis ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia in éineacht linn.

*Las an coinneal*

**M:** A Dhia Ghrámhair,
Go raibh maith agat as bronntanas gnáthshaol Naomh Thérèse ó Lisieux.
Go raibh maith agat as a saol, mar shampla dúinn. Cuirfidh ár mbláth ranga i gcuimhne dúinn roinnt de na rudaí beaga gur féidir linn a dhéanamh le grá mór.
Cabhraigh linn 'bealach beag' Naomh Thérèse a leanúint ionas go bhféadfaimis maireachtáil mar a iarrann tú orainn.
**P:** Áiméan.

**M:** Inniu, déanaimis cuimhneamh ar na naoimh iontacha eile a d'fhoghlaimíomar futhu. Is féidir linn foghlaim uathu agus guí chucu ionas go bhféadfaimis maireachtáil mar is mian le Dia. Le chéile, iarraimis ar roinnt de na naoimh guigh orainn:

**M:** Naomh Thérèse Lisieux...
**P:** Guigh orainn.

**M:** Naomh Proinsias...
**P:** Guigh orainn.

**M:** Naomh Pádraig...
**P:** Guigh orainn.

**M:** Naomh Bríd...
**P:** Guigh orainn.

*Cuir leis an liodán seo, ainmneacha aon naomh atá ar eolas ag na páistí (naoimh a bhfuil a n-ainmneacha acu, éarlamh na scoile agus naoimh áitiúla)*

**M:** Fir agus mná naofa ...
**P:** Guí orainn.

**M:** Inniu is cuimhin linn freisin go bhfuil naoimh eile ann a fuair bás agus atá anois le Dia ar neamh - na naoimh go léir nach bhfuil aithne ag daoine orthu. Cuimhnímid ar dhaoine a mhair mar a d'iarr Íosa orthu maireachtáil. Bhí aithne againn ar dhaoine mar seo nuair a bhí siad beo. Cuimhnímid ar na rudaí a bhíodh le rá acu, na rudaí a rinne siad agus conas a thug siad aire dúinn. Tá a fhios againn gur speisialta iad beatha na ndaoine sin do Dhia. Guímis le chéile: 'Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh. Áiméan.'
**P:** Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh. Áimean.

**M:** Is cuimhin linn na seanmháithreacha agus na seanaithreacha go léir a fuair bás. Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh.
**P:** Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh. Áimean.

**M:** Is cuimhin linn na máithreacha agus na haithreacha go léir a fuair bás. Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh.
**P:** Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh. Áimean.

**M:** Is cuimhin linn na daoine go léir a bhíodh ina gcónaí linn, a fuair bás. Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh.
**P:** Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh. Áimean.

**M:** Is cuimhin linn ár gcomharsana a fuair bás. Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh.
**P:** Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh. Áimean.


**M:** Déanaimis cuimhneamh anois ar dhuine éigin a raibh aithne againn orthu a fuair bás. Dúnaimis ár súile, agus abair ainm an duine sin le Dia ag baint úsáid as ár n-guthanna inmheánacha. (*Sos*)

**M:** Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh. Áimean.
**P:** Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh. Áimean.

**M:** I rith mí na Samhna, déanaimid cuimhneamh ar na daoine atá ag mothú brónach agus uaigneach toisc go bhfuair duine éigin gar dóibh bás. Iarraimid ar Dhia a chompord a thabhairt do gach duine atá brónach ag an am seo. Guímis ár bpaidir trí Íosa, ár gcara.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise.*

**Amhrán Deiridh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.



# Ceacht 3: An Carghas

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Chuir Dia Íosa chugainn chun a thaispeáint dúinn go bhfuil grá aige dúinn agus chun múineadh dúinn conas grá a thabhairt do dhaoine eile

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Chaith Íosa dhá scór lá agus dhá scór oíche san fhásach ag guí chun Dé, a Athair

### BRIATHAR DÉ

**An Scrioptúr Naofa: Saol Poiblí Íosa**

- Mc 6:46; Lúc 6:12; Mth 14:23. Íosa ag guí

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí: Paidreacha Breise**

- Beannú agus dáileadh an luaithrigh

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Tráth den bhliain atá sa Charghas chun ullmhú do Sheachtain na Páise agus don Cháisc - an fhéile is tábhachtaí i mbliain na hEaglaise
- Tráth den bhliain atá sa Charghas chun iompú i dtreo Dé arís agus creidiúint sa Dea-Scéal
- Tráth den bhliain atá sa Charghas chun na bealaí gur féidir liom a bheith i mo chara maith ar nós Íosa a thaispeáint
- Is é Céadaoin an Luaithrigh an chéad lá den Charghas agus cuirtear luaithreach ar chlár éadain na gCaitliceach chun a chur i gcuimhne dóibh Íosa a leanúint agus an Dea-Scéal a chreidiúint

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tréimhse is ea an Carghas, ag tosú le Céadaoin an Luathraigh, a chuirtear i leataobh le haghaidh pionóis, troscadh agus déirc a thabhairt, mar ullmhúchán do cheiliúradh na Cásca. Déanann an tréimhse seo aithris ar an daichead lá a chaith Íosa sa bhfásach roimh thús a bheatha poiblí. Tosaíonn an Carghas ar Chéadaoin an Luathraigh, lá troscadh agus staonadh. Níl ach dhá lá de throscadh agus staonadh ann in Éirinn: Céadaoin an Luathraigh agus Aoine an Chéasta. Iarrann troscadh ar dhaoine fásta idir ocht mbliana déag is seasca bliain d'aois gan ach béile iomlán amháin a ithe i rith an lae. Ciallaíonn staonadh in Éirinn gan feoil a ithe agus baineann sé leo siúd atá os cionn ceithre bhliain déag d'aois. Tréimhse í an Carghas freisin lenár mBaisteadh a athnuachan, ár insealbhú i dteaghlach na hEaglaise. Le linn na tréimhse seo, rachaidh na daoine fásta agus na leanaí sin os cionn seacht mbliain d'aois ar a dtréimhse ullmhúcháin deiridh don Bhaisteadh, don Chóineartú agus don Chéad Chomaoineach ag Bigil na Cásca.

D'fhoghlaim na páistí faoin gCarghas gach bliain ó Naíonáin Shóisearacha/B1. D'fhoghlaim siad gur tréimhse é an Carghas chun roinnt le daoine eile (Naíonáin Shóisearacha/B1), rud a léiríonn an glao ar Chríostaithe déirc a thabhairt (carthanas) le linn an tséasúir naofa seo. D'fhoghlaim siad freisin gur tréimhse é an Carghas chun a rá go bhfuil brón orainn (Naíonáin Shinsearacha/B2). I mbliana tugtar na páistí isteach ar an gcoincheap a bhaineann le iompú ar shiúl ó rud éigin (rud éigin a shéanadh) agus ina ionad casadh i dtreo Dé.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Bosca Trócaire
- Píosa páipéir ar féidir leis na páistí a gcuid geallúintí don gCarghas a scríobh, agus ciseán/coimeádán inar féidir iad seo a bhailiú

# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT

### Cas ar shiúl, Cas I dtreo

Tosaigh trí a thaispeáint do na páistí conas na gníomhartha don ghníomhaíocht a dhéanamh:

- Don chéad chuid ('cas ar shiúl ó'), síneann na páistí a lámha rompu amach, bosa na lámha ag brú amach agus na súile i dtreo an urláir.
- Don dara cuid ('cas i dtreo'), síneann na páistí a lámha amach go leathan, na bosa ag féachaint isteach agus na súile ag breathnú in airde (amhail is dá mbeadh siad ar tí barróg a thabhairt do dhuine).

Ansin inis do na páistí go léifidh tú amach roinnt nótaí a scríobh páistí éagsúla a raibh comhairle á lorg acu. Mínigh don rang nuair a chloiseann siad na fadhbanna, ba cheart dóibh smaoineamh orthu agus cinneadh a dhéanamh cén chomhairle a thabharfaidís futhu. Maidir leis an gcluiche seo, caithfidh siad an chomhairle a thairiscint trí 'cas ar shiúl ó' nó 'cas i dtreo' a thairiscint ag baint úsáid as na gníomhartha thuas.

**Nóta 1**

*Níl aon chairde ar scoil agam. Ní imreoidh éinne liom. Deir gach duine gur bulaí mé. Uaireanta bím ag magadh faoi dhaoine eile agus cúpla uair thug mé cic do dhaoine mar shuigh siad i mo chathaoir. Conas is féidir cairde a fháil? Cuidigh liom le do thoil.*

*Mise le meas,*
*Zara*

Tabhair cuireadh do na páistí comhairle a thairiscint do Zara, ag úsáid na frásaí, 'cas ar shiúl ó' agus 'cas i dtreo'. Glac moltaí ó chúpla páiste agus lig don rang cinneadh a dhéanamh ar an bpíosa comhairle is oiriúnaí. Ansin cuir an comhairle seo i láthair ag úsáid na gníomhartha. Mar shampla, 'cas ar shiúl ón mhagadh' agus 'cas i dtreo an chineáltais'.

**Nóta 2**

*Bíonn mo Mham i gcónaí ag gearán agus ag tabhairt amach dom. Deir sí go gcaithim an iomarca ama ag imirt cluichí ar mo ríomhaire. Deirim léi go raibh mé ar scoil an lá ar fad agus ba chóir go mbeinn in ann mo chluichí a imirt i mo sheomra nuair ba mhaith liom. Deir mo Mham gur chóir dom níos mó ama a chaitheamh ag imirt amuigh faoin aer. Conas is féidir liom rudaí a shocrú le mo Mham? Cuidigh liom le do thoil.*

*Mise le meas,*
*Séamas*

Tabhair cuireadh do na páistí comhairle a thairiscint do Shéamas, ag úsáid na frásaí, 'cas ar shiúl ó' agus 'cas i dtreo'. Glac moltaí ó chúpla páiste agus lig don rang cinneadh a dhéanamh ar an bpíosa comhairle is oiriúnaí. Ansin cuir an comhairle seo i láthair ag úsáid na gníomhartha. Mar shampla, 'cas ar shiúl ón leithleachas' agus 'cas i dtreo an chabhracht'.

**Nóta 3**

*Deir mo Dhaid go bhfuilim leisciúil. Deir sé go bhfuil mo sheomra trína chéile agus nach gcabhraím timpeall an tí. Má thugaim cabhair, ní bhíonn an t-am agam féachaint ar na cláir teilifíse is maith liom. Cad a dheánfainn?*

*Mise le meas,*
*Fatima*

Tabhair cuireadh do na páistí comhairle a thairiscint do Fatima, ag úsáid na frásaí, 'cas ar shiúl ó' agus 'cas i dtreo'. Glac moltaí ó chúpla páiste agus lig don rang cinneadh a dhéanamh ar an bpíosa comhairle is oiriúnaí. Ansin cuir an comhairle seo i láthair ag úsáid na gníomhartha. Mar shampla, 'cas ar shiúl ón leisciúlacht' agus 'cas i dtreo an ghrá'.

Iarr ar na páistí filleadh ar a gcuid suíochán agus nóiméad a chaitheamh ag dul ar ais ar chuid de na moltaí ar chóir do dhaoine iompú uathu agus rudaí ba chóir dóibh dul ina dtreo. Déan liosta de na rudaí seo.

Ansin athraigh an t-éadach sa spás urnaí ó glas go corcra/vialait agus inis do na páistí go bhfuilimid ag dul isteach in dtréimhse nuair a smaoinímid ar na rudaí go léir nach mór dúinn iompú uathu - rudaí a thógann ár gcuid ama ó ghrá a thaispeáint do dhaoine eile agus do Dhia. Tugtar an 'Carghas' ar an dtréimhse seo. Tréimhse is ea é chun casadh i dtreo Dé.

# PAIDIR

Comhartha na Croise

**M:** A Dhia Ghrámhair,
Is le hÍosa a léiríonn tú dúinn conas maireachtáil.
Le linn an Charghais, cabhraigh linn ár gcroíthe a oscailt agus casadh i dtreo bealach Íosa, ionas go mbeimis níos grámhaire.
Guímis ár bpaidir in ainm Íosa.
**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### Faoin gCarghas

Faigh amach réamh-eolas na bpáistí faoin gCarghas trí a fhiafraí díobh cad iad na nithe a dhéanann daoine uaireanta don Charghas, an tréimhse speisialta sin nuair a bhímid ag ullmhú chun an Cháisc a cheiliúradh.

Tar éis éisteacht leis na páistí, mínigh dóibh go ndéanann daoine rudaí le linn an Charghais chun cabhrú leo casadh i dtreo Dé agus chun ullmhú chun an Cháisc a cheiliúradh. Nuair is féidir, tabhair faoi deara óna gcuid cainte go 'gcasann daoine ar shiúl' ó rud éigin le linn an Charghais. Casann siad ar shiúl ó na rudaí go ndéanann siad an iomarca díobh - an iomarca ithe, an iomarca teilifíse, an iomarca ama ag imirt cluichí ríomhaire. Mínigh dóibh gur féidir linn, le linn an Charghais, imeacht ó na rudaí a tharraingíonn muid ó dhaoine eile agus ó Dhia. Tréimhse é an Carghas chun iompú ó na rudaí a tharraingíonn ó Dhia sinn. Tréimhse é le mothú níos gaire do Dhia.

## DÁN

### Lán go Béal!

Arán, sicín, bananaí, sceallóga,
Cáis, cairéid, iógart, milseoga.
Uachtar reoite, brioscaí, cácaí.
Sú, bainne, uisce, oráistí.
Cogaint go sásta, cogaint go sásta,
Suipéar, dinnéar, lón, bricfeasta.

Ag baint úsáid as an dán thuas mar spreagadh, déan comhrá leis na páistí faoi bhia agus an méid de a ithimid ag úsáid na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Is é teideal an dáin seo ná 'Lán go Béal!'. Ar mhothaigh tú lán go béal riamh? Conas a mhothaigh sé?
- Le linn an Charghais, tá deis againn casadh amach ó rudaí a bhfuil an iomarca acu againn. Tiontaíonn a lán daoine ón mbia toisc go bíonn an iomarca de acu. Tugann sé seo seans dúinn casadh i dtreo Dé. Cad iad na cineálacha bia, dar leat, a d'fhéadfadh daoine 'iompú ó' nó 'casadh ar shiúl ó' don Charghas?
- Uaireanta is féidir linn an iomarca de rud a fháil seachas bia, fiú rudaí a thaitníonn linn cosúil leis an teilifís nó cluichí ríomhaire. An mbraitheann tú riamh go raibh an iomarca de rud seachas bia agat? Cén cineál rudaí?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Is é cuspóir an dáin seo ná aird na bpáistí a tharraingt ar an méid bia a ithimid agus an taithí a bhíonn againn ar a bheith 'lán go béal', d'fhonn iad a ullmhú le haghaidh tuiscint ar an luach atá ann iompú ó an iomarca bia.

# GNÍOMHAÍOCHT

## Gníomh Deasghnách

Cruinnigh na páistí i gciorcal. Abair leo go ndéanfaidh siad na gníomhartha céanna agus a rinne siad nuair a rinne siad an ghníomhaíocht 'cas ar shiúl ó' agus 'cas i dtreo' níos luaithe sa cheacht. Abair na focail seo a leanas, agus iarr ar na páistí iad a athrá agus an gníomh deasghnách á dhéanamh acu:

Cas ar shiúl, cas ar shiúl ó bheith mar bhulaí,
Cas i dtreo a bheith cineálta.

Cas ar shiúl, cas ar shiúl ó bheith éagórach.
Cas i dtreo a bheith cóir.

Cas ar shiúl, cas ar shiúl ó bheith garbh.
Cas i dtreo a bheith séimh.

Cas ar shiúl, cas ar shiúl ó bheith santach.
Cas i dtreo a bheith comhroinnte.

Cas ar shiúl, cas ar shiúl ó mhícheart.
Cas i dtreo Dia a bhfuil grá aige dom.



# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tréimhse ullmhúcháin é an Carghas don tSeachtain Mhór agus don Cháisc. Le linn an Charghais casaimid ar shiúl ó rudaí a tharraingíonn ár n-aire ó Dhia. Is féidir linn iompú ó an iomarca bia a bheith againn, an iomarca teilifíse, nó ó dhrochiompar, mar shampla. Le linn an Charghais casaimid i dtreo na rudaí a chuidíonn linn dul i dtreo Dé agus daoine eile ar nós comhroinnt, cineáltas agus grá a thaispeáint.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Gealltanais don Charghas

Tosaigh trí iarraidh ar na páistí samplaí de bhealaí inar féidir linn casadh ar shiúl ó rudaí a tharraingíonn ár n-aire ó Dhia agus casadh i dtreo rudaí a chuidíonn linn dul i dtreo Dé. Ansin tabhair cuireadh don páistí tamall ciúin a thógáil dóibh féin chun cinneadh a dhéanamh an ndéanfaidh siad rud éigin le linn an Charghais agus, más ea, cad a d'fhéadfaidís casadh uaidh agus i dtreo.

Ansin tabhair píosa páipéir do na páistí agus iarr orthu a ngealltanais don Charghas a scríobh air. Abair leo go bhfuil an gealltanas seo idir iad féin agus Dia amháin. Spreag iad chun na ceannteidil seo a úsáid: 'Cas ar shiúl ó' agus 'Cas i dtreo'. Mínigh dóibh go mbíonn sé deacair uaireanta gealltanas don Charghas a choinneáil. Nuair a bhíonn sé deacair, is féidir linn guí chun Dé chun cabhair a fháil chun ár ndícheall a dhéanamh. Bíonn Dia ag éisteacht i gcónaí. Nuair a bhíonn na páistí críochnaithe ag scríobh a gcuid gealltanais, tabhair cuireadh dóibh iad a chur i gciseán/coimeádán.


## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 58: Déanann na páistí idirdhealú idir phictiúir a léiríonn páistí eile ag casadh ar shiúl ó Dhia, agus ag casadh i dtreo Dé.

### Sa Bhaile

Lch. 59: Déanann na páistí comhrá lena dteaghlaigh faoi conas is féidir leo casadh i dtreo Dé i rith an Charghais. Tá paidir ann freisin le guí le chéile.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: Céadaoin an Luaithrigh

*Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Mar ullmhúchán:**

- *Roghnaigh triúr páiste mar léitheoirí. Tá an méid atá le léamh acu ar fáil thíos, agus b'fhéidir gur mhaith leat iad a fhótachóipeáil agus a dháileadh roimh an tseirbhís urnaí.*

**Amhrán Tosaigh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** Bailímid le chéile anseo chun tús an Charghais a cheiliúradh, an tréimhse nuair a ullmhaímid do cheiliúradh na Cásca. I rith an ama seo, déanaimid iarracht bhreise casadh i dtreo Dé. Le chéile, guímis chun Dé, ag iarraidh air cabhair a thabhairt dúinn casadh ina threo le linn an Charghais. Is é an freagra ar gach paidir ná: 'A Dhia an ghrá, cas ár gcroíthe chugat.'
**P:** A Dhia an ghrá, cas ár gcroíthe chugat.

**Léitheoir 1:** A Dhia Ghrámhair, ba mhaith leat sinn a bheith gar duit. Go mbeadh am ciúin againn chun guí chugat, díreach mar a rinne Íosa. Go mbeimis ag éisteacht leat inár gcroíthe le linn an Charghais. A Dhia an ghrá, cas ár gcroíthe chugat.
**P:** A Dhia an ghrá, cas ár gcroíthe chugat.

**Léitheoir 2:** A Dhia Ghrámhair, ba mhaith leat go dtabharfaimis aire dár gcairde. Cabhraigh linn a bheith cineálta le daoine eile i rith an Charghais. A Dhia an ghrá, cas ár gcroíthe chugat.
**P:** A Dhia an ghrá, cas ár gcroíthe chugat.

**Léitheoir 3:** A Dhia Ghrámhair, ba mhaith leat go mbeimis fial flaithiúil. Cabhraigh linn a bheith fial flaithiúil agus nithe a roinnt le linn an Charghais, go háirithe leo siúd atá i ngátar. A Dhia an ghrá, cas ár gcroíthe chugat.
**P:** A Dhia an ghrá, cas ár gcroíthe chugat.

**Dáileadh an Luaithrigh**

**M:** Glaotar 'Céadaoin an Luaithrigh' ar an gcéad lá den gCarghas, agus inniu an lá sin. Céadaoin an Luaithrigh, caitheann cairde Íosa luaithreach ar an gclár éadain mar chomhartha gur mian leo casadh i dtreo Dé le linn an tséasúir naofa – an Carghas. Bheannaigh an t-athair... (*ainmnigh an sagart áitiúil*) an luaithreach le déanaí.

*Tabhair cuireadh do na páistí teacht, duine i ndiaidh duine, agus cuir an luaithreach ar an gclár éadain i bhfoirm Comhartha na Croise. Agus* Comhartha na Croise *á dhéanamh agat, abair: '(ainm), cas i dtreo Dé'. Seinn 'Ceol Machnamhach', fad is atá an luaithreach á dháileadh.*

*Ardaigh an ciseán ina bhfuil geallúintí na bpáistí don gCarghas, agus abair:*

**M:** A Dhia Ghrámhair,
Is iad seo ár ngeallúintí don Charghas.
Tá a fhios againn go mbíonn tú ag éisteacht linn agus go dtugann tú aire dúinn.
Cabhraigh linn fás i ngrá duit féin agus do dhaoine eile agus sinn ag aistear tríd an gCarghas..
Líon ár gcroíthe le do ghrá.
Guímid sin in ainm Íosa.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

**Amhrán Deiridh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.

## SLIOCHTA A BHAINEANN LEIS AN TSEIRBHÍS URNAÍ

**Léitheoir 1:** A Dhia Ghrámhair, ba mhaith leat sinn a bheith gar duit. Go mbeadh am ciúin againn chun guí chugat, díreach mar a rinne Íosa. Go mbeimis ag éisteacht leat inár gcroíthe le linn an Charghais. A Dhia an ghrá, cas ár gcroíthe chugat.

**Léitheoir 2:** A Dhia Ghrámhair, ba mhaith leat go dtabharfaimis aire dár gcairde. Cabhraigh linn a bheith cineálta le daoine eile i rith an Charghais. A Dhia an ghrá, cas ár gcroíthe chugat.

**Léitheoir 3:** A Dhia Ghrámhair, ba mhaith leat go mbeimis fial flaithiúil. Cabhraigh linn a bheith fial flaithiúil agus nithe a roinnt le linn an Charghais, go háirithe leo siúd atá i ngátar. A Dhia an ghrá, cas ár gcroíthe chugat.

# Ceacht 4: Naomh Pádraig (17 Márta)

**ÓN GCURACLAM** *Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

**AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ**

**Rúndiamhair na hEaglaise**

- Na Naoimh: Naomh Pádraig



## SULA DTOSAÍONN TÚ

D'fhoghlaim na páistí cheana faoi Naomh Pádraig in *I nGrá Dé* Naíonáin Shóisearacha/ B1. Ag an gcéim sin d'fhoghlaim siad conas a gabhadh é ag creachadóirí agus tugadh go hÉirinn é; mar a chaith sé tréimhse i sclábhaíocht in Éirinn ag tabhairt aire do chaoirigh; mar a d'éalaigh sé faoi dheireadh agus d'fhill sé abhaile; faoi mar a ghlaodh ar ais go hÉirinn é; agus mar a mhúin sé muintir na Éireann faoi ghrá Dé. I mbliana téann na páistí ar ais ar a scéal agus foghlaimíonn siad faoi thine na Cásca a las Pádraig ar Chnoc Shláine.

Tá tine ar cheann de na híomhánna is cumhachtaí a léiríonn gníomh agus cumhacht an Spioraid Naoimh. Ciallaíonn sé fuinneamh a athraíonn – mar ba léir ag an gCincís. Nuair a rinne Eoin Baiste cur síos ar Íosa dúirt sé go ndéanfadh sé daoine a bhaisteadh leis an Spiorad Naomh agus le tine (Lúc 3:16). Is cinnte go raibh a fhios ag Pádraig ar Chnoc Shláine go raibh siombalachas Críostaí ag baint le tine agus go raibh sé ag glaoch ar chumhacht an Spioraid Naoimh.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóip den teimpléad (thíos) agus siosúr do gach páiste, má roghnaíonn tú é a úsáid

# Féachaimis …

## AMHRÁN

Múin amhrán a bhaineann le Naomh Pádraig do na páistí agus déan é a chanadh i rith na seachtaine.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Thóg Naomh Pádraig Dea-Scéala ghrá Dé do mhuintir na hÉireann. Agus sinn ag ullmhú chun Lá le Pádraig a cheiliúradh, guímid chuig Naomh Pádraig cabhrú linn cuimhneamh go bhfuil grá ag Dia do gach duine againn, agus gur speisialta sinn ina aghaidh. Is féidir libh an phaidir seo a rá i mo dhiaidh:

A Naoimh Pádraig na hÉireann,
Cabhraigh linn, guímid,
Cuimhneamh ar ghrá Dé
In ár saol gach lá.

*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis …

## DÁN

### Pádraig agus an Rí

Léigh an dán thíos do na páistí. Moltar é a léamh arís agus arís eile.

**Pádraig agus an Rí**
Bhí an Rí ar bharr a chnoic,
Bhí na daoine ina seasamh.
Bhí Laoire díreach réidh
Chun an tine mhór a lasadh.

Ach fan, féach ar an gcnoc sin thall,
Féach tá solas sa spéir.
Bhí tine eile lasta
Agus í ag lonrú an aeir.

Bhí fearg an domhain ar Laoire.
Cé a bhí ag briseadh an dlí?
Ní raibh sé ceadaithe tine a lasadh
Go lasfaí tine an rí.

D'imigh sé leis go Sláine,
É féin is a shaighdiúirí
Go bhfaigheadh sé greim ar an duine,
An duine a bhris an dlí.

'Las mise an tine,' a dúirt Pádraig,
'Chun scéal a insint do dhaoine
Faoi Íosa a las solas fadó,
Solas an ghrá inár gcroíthe.

Nuair a fheiceann daoine mo thine
Bíonn a fhios acu ansin
Go raibh grá ag Dia dúinn fadó
Is tá grá aige dúinn ó shin.'

Bhuel, bhí áthas an domhain ar Laoire
Nuair a chuala sé an scéal.
'Inis domsa faoin ngrá seo, a Phádraig,
's lasfaidh solas an ghra i mo shaol.'

## SCÉAL

### Tine Naomh Pádraig

Tosaigh trí mheabhrú do na páistí nár chuala go leor daoine in Éirinn riamh faoi Dhia go dtí gur roinn Naomh Pádraig Dea-Scéal grá Dé leo. Inis dóibh go bhfuil scéal ar eolas agat faoin méid sin. Ansin léigh an scéal, 'Tine Naomh Pádraig'.

**Tine Naomh Pádraig**



Ba é Ardrí na hÉireann an duine ba chumhachtaí sa tír. Laoire ab ainm dó. Níor chuala Rí Laoire ná muintir a ríochta aon rud faoi Dhia. Chónaigh Rí Laoire ar chnoc ard i gContae na Mí ar a dtugtar Cnoc na Teamhrach air. Ón gcnoc sin bhí radharc iontach aige ar an taobh sin tíre ar feadh i bhfad.

Gach bliain, nuair a bhí an geimhreadh thart, agus an t-earrach ag teacht, lasadh an Rí Laoire tine chnámh ollmhór - an tine chnámh is mó sa tír - ar bharr Chnoc na Teamhrach. Comhartha



a bhí sa tine seo go raibh dorchadas an gheimhridh thart agus go raibh solas nua an earraigh tagtha. Nuair a chonaic na daoine solas na tine i ndorchadas na hoíche, bhí a fhios acu go raibh an geimhreadh thart. Bhí a fhios acu go raibh deireadh leis na hoícheanta fada. Bhí a fhios acu go raibh an t-earrach tagtha.

Bhí riail ag Rí Laoire, riail an-tábhachtach. D'ordaigh sé nach raibh cead ag aon duine sa tír tine chnámh a lasadh roimh thine an rí. D'ordaigh sé go mbeadh a thine chnámh ollmhór ar an gcéad cheann a lasfaí. Éinne eile a lasadh tine chnámh roimhe bheidís i dtrioblóid.

Bhí cnoc ard eile in Éirinn. Cnoc Shláine an t-ainm a bhí air. Tar éis do Phádraig filleadh go hÉirinn, chónaigh sé ar feadh tamaill ar Chnoc Shláine, cnoc atá i gContae na Mí freisin. I rith an gheimhridh, sular las Rí Laoire a thine chnámh, bheartaigh Pádraig ar thine



chnámh a thógáil ar Chnoc Shláine. D'iarr na daoine air cén fáth go raibh sé seo á dhéanamh aige. Dúirt sé leo nuair a bheadh an tine chnámh le feiceáil ag na daoine sa dorchadas, go mbeadh a fhios acu go raibh Dia leo i gcónaí.

Nuair a bhí sé in am do Rí Laoire a thine a lasadh, bhí Pádraig ullamh, agus las sé a thine ar dtús. Las sé go mór tríd an dorchadas. I bhfad ar shiúl ar Chnoc na Teamhrach, chonaic Rí Laoire



tine Phádraig, agus bhí sé an-fheargach. Theastaigh uaidh a fháil amach cé a rinne a léithéid. Nuair a chuala sé gurbh é Pádraig a las an tine chnámh, bhailigh sé a chuid saighdiúirí le chéile agus d'imigh sé go Cnoc Shláine áit ar tháinig siad ar Phádraig.

Ní raibh eagla ar Phádraig roimh Rí Laoire agus d'fhéach sé díreach air.

'Cén fáth nár ghéill tú don dlí?' a scairt Rí Laoire.

'Tá mo thine difriúil ó do thine,' arsa Pádraig.

Ansin d'inis sé don Rí faoin tine a las sé agus faoi ghrá Dé agus an chaoi a thugann Dia solas dóibh siúd sa dorchadas. Níor chuala Rí Laoire a léithéid riamh roimhe sin. Ní raibh a fhios aige go raibh grá ag Dia do gach duine, fiú dó féin, agus gur theastaigh ó Dhia go dtabharfadh daoine grá agus aire dá chéile. Bhí áthas ar an rí an méid sin a chloisteáil ó Phádraig agus, ón lá sin amach, bhí an bheirt acu cairdiúil lena chéile.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cé a las an tine ar Chnoc Shláine?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:


- Cén fáth ar las Pádraig a thine ar bharr Chnoc Shláine? An gceapann tú go raibh imní air faoi Rí Laoire? Cén fáth nó cén fáth nach raibh?
- An gceapann tú sular tháinig Pádraig, go raibh muintir na hÉireann cosúil leis na 'daoine a shiúil sa dorchadas'? Cén fáth?
- N'fheadar… cad é an rud is fearr a chuala Rí Laoire faoi Dhia ó Naomh Pádraig?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Tine Naomh Pádraig

Tosaigh trí mheabhrú a dhéanamh ar scéal tine Naomh Pádraig ag úsáid an modh seo a leanas: tosaíonn duine amháin an scéal agus leanann an chéad duine eile air, ag cur líne leis go dtí go mbíonn an scéal críochnaithe. Is féidir leat tosú ag rá, 'Ba é Rí Laoire Ard-Rí na hÉireann.'

Ansin abair leis na páistí gur féidir leo a bheith páirteach freisin sa ghníomhaíocht ina gcuidíonn siad le daoine 'Solas' de ghrá Dé a fheiceáil. Dáil na teimpléid nó píosaí bána páipéir do na páistí le dathú/lasair a tharraingt. Nuair a bhíonn siad críochnaithe, iarr ar na páistí a lasracha a ghearradh amach. Úsáidfear iad seo mar chuid den seirbhís urnaí ag deireadh an téama.



# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Thug Naomh Pádraig Dea-Scéal faoi ghrá Dé do mhuintir na hÉireann. Rinne sé é seo trí thine a lasadh ar Chnoc Shláine sular las an t-Ard-Rí ag an am, Rí Laoire, a thine earraigh. Rinne Pádraig é seo ionas go bhféadfadh sé a thaispeáint do na daoine conas a thabharfadh Dia 'solas dóibh siúd atá sa dorchadas'. Tar éis do Phádraig a thine a lasadh ar Chnoc Shláine, chreid go leor daoine i ngrá Dé dóibh, Rí Laoire ina measc.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Naomh Pádraig

Déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna den chineál céanna:

- Mura dtiocfadh Naomh Pádraig ar ais go hÉirinn chun an Dea-Scéal a insint do mhuintir na hÉireann b'fhéidir nach mbeadh aon eolas acu faoi Íosa. An gceapann tú go mbeadh sé sin go maith? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?
- Níor chuala tú an Dea-Scéal faoi ghrá Dé ó Naomh Pádraig – tharla sé sin i bhfad ó shin - ach d'inis duine éigin nó daoine áirithe leat faoi Dhia agus faoi Íosa. Cé hiad na daoine a labhraíonn leat faoi Dhia? Cé hiad na daoine a bhíonn ag guí leat?
- An gceapann tú go bhféadfá a bheith cosúil le Naomh Pádraig? Cé leo a d'fhéadfá a rá faoi ghrá Dé don domhan?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 60: Fiosraíonn na páistí scéalta ó na Soiscéil gur dóigh gur inis Naomh Pádraig leis na daoine chun iad a mhúineadh faoi Dhia.

### Sa Bhaile

Lch. 61: Léann na páistí an scéal faoi Thine Naomh Pádraig lena dteaghlaigh. Tugtar cuireadh dóibh comhrá a bheith acu faoi na daoine a insíonn dóibh faoi Dhia. Iarrtar orthu guí le chéile freisin.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: Naomh Pádraig

*Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** Táimid le chéile inniu chun ceiliúradh a dhéanamh ar shaol Naomh Pádraig, ár bpátrún. Tháinig Pádraig go hÉirinn i bhfad ó shin chun dea-scéala Dé a insint do dhaoine. Rinne sé díreach mar a d'iarr Íosa ar a chairde a dhéanamh. Éistimis leis an méid a dúirt Íosa sa Soiscéal.

*Iarr ar na páistí seasamh*

*Seinn 'Alleluia'*

**M:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Mhatha. (Matha 28:18-20)
**P:** Glóir duit, a Thiarna. (*Gearr fíor na croise ar an éadan, ar na beola agus ar an gcroí*)

Is féidir leat an scéal seo a léamh ón *mBíobla Naofa* freisin (*Matha 28:18-20*)

**Tháinig Íosa chucu agus labhair sé leo: 'Tá gach údarás tugtha domsa ar neamh agus ar talamh. Imigí dá bhrí sin, déanaigí deisceabail de na náisiúin uile, á mbaisteadh in ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh, ag múineadh dóibh gach ní atá ordaithe agam a choinneáil. Agus féach, táim in éineacht libh i gcónaí go dtí deireadh an tsaoil.**

Soiscéal an Tiarna.
**P:** Moladh duit, a Chríost.

*Tabhair cuireadh do na páistí suí síos.*

**M:** Le chéile, ofrálaimis ár bpaidreacha chuig ár nDia atá grámhar. Is é an freagra atá ar gach paidir ná: 'A Thiarna, éist lenár nguí'.
**P:** A Thiarna, éist lenár nguí.

**M:** Tháinig Naomh Pádraig go hÉirinn ó thír eile. Guímis ar son na daoine go léir a tháinig go hÉirinn ó thíortha thar lear. Uaireanta bíonn sé deacair ar ár gcairde nua mura bhfuil siad in ann ár dteanga a labhairt agus is féidir é a bheith deacair freisin gan a bheith gar le teaghlaigh agus le cairde ó bhaile. Guímis go mbeidh fáilte roimh ár gcairde nua in Éirinn cibé an bhfuil siad anseo le haghaidh cuairt ghearr nó go bhfanann siad go deo agus cur futhu in Éirinn. A Thiarna, éist lenár nguí.
**P:** A Thiarna, éist lenár nguí.

**M:** Bhí Pádraig uaigneach nuair a bhí sé imithe óna chlann. Guímis ar son siúd atá uaigneach. Ní maith é nuair nach mbíonn cairde linn. Guímis go mbeidh cairde ag daoine atá uaigneach agus go mbeimis cairdiúil le duine ar bith atá uaigneach sa chlós. A Thiarna, éist lenár nguí.
**P:** A Thiarna, éist lenár nguí.

**M:** Roinn Pádraig Dea-Scéala ghrá Dé lena theagasc agus lena shaol. Guímis ar son daoine a dhéanann an obair sin inniu. Go mbeidis in ann Dea-Scéala ghrá Dé a scaipeadh do gach duine a mbuaileann siad leo. A Thiarna, éist lenár nguí.
**P:** A Thiarna, éist lenár nguí.


**M:** Bhraith Pádraig an-ghar do Dhia. Guímis, go mbeimis gar do Dhia i gcónaí, agus gur féidir linn guí go minic. A Thiarna, éist lenár nguí.
**P:** A Thiarna, éist lenár nguí.

**M:** D'inis tine Naomh Pádraig le daoine faoi Dhia agus faoi ghrá Dé. Is féidir linn cabhrú freisin chun an Soiscéal a thabhairt do dhaoine eile. Tógaimis ár lasracha go dtí an spás urnaí mar chomhartha go mba mhaith linn cabhrú, an Soiscéal a roinnt, mar a rinne Pádraig.

*Iarr ar na páistí a lasracha a thabhairt chuig an spás urnaí. Ansin, is féidir leat 'tine' a thógáil leis na 'lasracha' go léir a chur le chéile i gcruth triantánach.*

**M:** A Dhia Ghrámhair,
Éist le paidreacha Naomh Pádraig,
Agus leis na paidreacha a chuirimid chugat inniu.
Cabhraigh linn fás i ngrá leat féin agus le daoine eile.
Iarraimid é seo trí Íosa, ár gcara.
**P:** Áiméan.

**Amhrán Deiridh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.



# Ceacht 5: Oideachas Idir-Reiligiúnach (Téarma 3)

## ÓN GCURACLAM

**Tógtha ón *gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).**

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Níl ann ach fíor Dhia amháin
- Tá Dia síoraí – bhí sé ann i gcónaí, tá sé ann faoi láthair agus beidh sé ann i gcónaí

**Traidisiúin Reiligiúnacha Eile**

- Tá grá ag Críostaithe do gach duine toisc go bhfuil an tAthair céanna againn ar neamh agus tá grá aige dúinn agus tá sé ag iarraidh go mbeadh grá againn dá chéile
- Anseo ar talamh táimid mar bhaill de theaghlach agus de phobal daonna amháin
- Tá gach duine uathúil, luachmhar i súile Dé
- Iarrtar ar Chaitlicigh meas a bheith acu ar mhodhanna urnaí, nithe naofa, scéalta reiligiúnacha, scríbhínní naofa agus creidimh dhaoine eile

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Dearbhaíonn prionsabail an oideachais mhaith idir-reiligiúnach gur cóir go bhfoghlaimeoidh gach páiste i ngach scoil Chaitliceach faoi thraidisiúin reiligiúnacha éagsúla. Níor chóir go mbeadh teagasc faoi thraidisiúin chreidimh an domhain a bheith bunaithe ar líon na ndaltaí a thagann ó chreidimh éagsúla i rang nó i scoil (Kieran, 2005), cé gur fíor má bhíonn cur amach ag páistí ar pháistí ó thraidisiúin chreidimh seachas an Chríostaíocht go bhfoghlaimeoidh siad níos éasca faoi na creidimh sin. Tá sé tábhachtach freisin go dtaispeánfadh oideachas reiligiúnach i mbunscoileanna Caitliceacha do pháistí go bhfuil go leor traidisiún reiligiúnach á gcleachtadh ag gnáthdhaoine in Éirinn sa lá atá inniu ann. Is sa chomhthéacs seo, agus ar bhealach atá oiriúnach do pháistí seacht agus ocht mbliana d'aois, go bhfuil an ceacht seo curtha i láthair.

Deir *Nostra aetate* (Dearbhú maidir le Gaol na hEaglaise le Reiligiúin Neamh-Chríostaí), doiciméad na Vatacáine II, 'agus Críostaithe ag finné dá gcreideamh agus dá slí maireachtála féin, ba cóir dóibh aitheantas, caomhnú agus spreagadh a thabhairt do na fírinní spioradálta agus morálta a fhaightear i measc daoine nach Críostaithe iad, mar aon lena saol sóisialta agus cultúr.' An tseachtain seo, cuirimid an teagasc seo i gcleachtadh trí dhíriú ar thriúr chara - Salma, Eli agus Muireann - a thagann ó theaghlaigh Mhoslamach, Giúdach agus Chaitliceach. Sa cheacht seo, tugann na cairde cuairt ar thithe a chéile agus foghlaimíonn siad faoi chleachtais gach teaghlach.


# Féachaimis ...

## SCÉAL

### 'Cairde go Deo'

Tosaigh trí phictiúr de Muireann, Eli agus Salma ón scéal, 'Lá Deiridh ag Iníon Uí Nualláin' (Téama 8) a thaispeáint do na páistí. Cuir i gcuimhne dóibh cad a dúirt Iníon Uí Nualláin mar gheall orthu: 'aon uair a fheiceann tú Salma, is féidir leat a bheith cinnte go bhfuil Muireann agus Eli gar léi!' Ansin léigh an scéal, 'Cairde go Deo'.

**'Cairde go Deo'**




Bhí Salma, Eli agus Muireann an-chairdiúil le chéile. Bhí siad go léir i Rang a haon i Scoil Náisiúnta San Nioclás agus b'é an t-Uasal Mac Seoin a múinteoir. Chónaigh siad gar dá chéile freisin, agus fuair siad an bus céanna chun na scoile. Nuair a bhí siad ar scoil, ba mhaith leo bheith ag rith agus ag imirt cluichí tóraíochta leis na buachaillí agus cailíní eile ina rang. Thaitin sé leo bheith ag suí freisin, ag caint agus ag imirt cluichí le chéile. 'Cairde go deo?' Bheadh Eli ag iarraidh. 'Go deo cairde!' An freagra a bheadh ag na cailíní eile.



Bhí Salma beagnach ocht mbliana d'aois. Bhí sí níos sine agus níos airde ná an bheirt eile. Chónaigh sí lena máthair, a hathair, a deartháir Abdullah agus a Mamó. Tháinig a Mamó chun cónaí leo nuair a fuair Daideo Salma bás. Ní raibh mórán Gaeilge ag Mamó, ach thuig Salma í nuair a labhair sí in Araibis. Labhair teaghlach Salma go léir Araibis, agus chuaigh sí féin agus Abdullah chuig ranganna Araibise gach Satharn. Thaitin sé leo a bheith in ann labhairt lena Mamó, agus foghlaim uaithi.

Ba é Eli an chéad duine eile ba shine. Bhí sé seacht mbliana go leith d'aois. Chónaigh sé lena mháthair agus lena athair. Ní raibh aon deartháireacha nó deirfiúracha ag Eli ach bhí sé an-chairdiúil lena chol ceathracha, Dibhéid agus Dina. Bhí cónaí orthu i nGaillimh.



Gach mí théadh sé féin agus a mhuintir go Gaillimh chun saoire a chaitheamh lena ngaolta ann.

Ba í Muireann an duine ab óige den triúr. Chónaigh sí lena máthair agus lena deirfiúracha Méabh agus Tess. Chónaigh siad béal dorais lena aintín Carol, Uncail Marcas agus a gceathrar páiste. Gach bliain, chuaigh a muintir agus teaghlach Carol agus Marcas ar saoire go Corcaigh. Bhí spraoi i gcónaí acu lena chéile.

Breithlá Muireann a bhí ann, agus fuair Salma agus Eli cuireadh don chóisir.



Ba é seo an chéad uair dóibh cuairt a thabhairt ar árasán Muireann. Tháinig siad le Muireann díreach ó scoil agus thug siad faoi deara conas a thum sí a méar isteach in umar uisce coisricthe ag an doras agus bheannaigh sí í féin roimh ghlaoch ar a Mam. Bhí roinnt bia réidh ag Mam dóibh mar bhí a fhios aici go mbeadh ocras orthu. Fad is a bhí siad ag ithe, d'fhéach Salma agus Eli timpeall an tseomra. D'fhéadfaidís pictiúr de Mhéabh, deirfiúr Muireann, ar lá a Céad Chomaoineach a fheiceáil. Chonaic siad cros álainn freisin, cosúil leis an gceann sa scoil, thar an dorais.

Bhí an-spórt ag na cairde ag an gcóisir agus ní fada go raibh sé in am dul abhaile. 'Ba mhaith liom go dtiocfadh sibh go léir ar cuairt chuig mo theach lá éigin,' arsa Salma. 'Bheadh an-spraoi againn ann!'

...



'Mise freisin!' arsa Eli. 'Ba mhaith liom go bhfeicfeadh sibh mo choileán!'

'Cén fáth nach gcuirfimid ceist ar ár dtuismitheoirí más féidir linn é a dhéanamh an tseachtain seo chugainn nuair a bheimid saor ón scoil don bhriseadh lár téarma?' mhol Muireann.

'Sin smaoineamh iontach!' arsa Eli. 'Bheimis i mo theach lá amháin agus i dteach Salma lá eile. Bheadh an-spraoi againn!' arsa Eli.

An tráthnóna sin, d'iarr Eli, Salma agus Muireann ar a dtuismitheoirí an mbeadh cead acu cuairt a thabhairt ar a chéile, agus d'aontaigh siad leo. Bhí an triúr acu ar bís!

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le, 'Cén breithlá a bhí ann?' Ansin tochailt níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén teanga a labhair Salma agus a teaghlach? An féidir leat féin agus le do theaghlach teanga ar bith eile a labhairt seachas Gaeilge? An gceapann tú gur thaitin ó Salma agus a dearthair dul ar scoil ar an Satharn chun Araibis a fhoghlaim? Cén fáth nó cén fáth nár thaitin?
- Chuaigh Eli agus a theaghlach go Gaillimh chun bualadh lena chol ceathracha. An bhfuil tú i do chónaí in aice le do ghaolta, cosúil le Muireann, nó an bhfuil tú i do chónaí i bhfad uathu, cosúil le Eli? An gceapann tú gurbh fhearr le Eli dá mbeadh a ghaolta gar dó? Cén fáth?
- Cad iad na rudaí a thug Salma agus Eli faoi deara in árasán Muireann? An bhfuil aon cheann de na rudaí seo i do theach?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Tá Salma, Eli agus Muireann ina gcónaí i dteaghlaigh éagsúla, ach tá go leor rudaí go comónta idir eatarthu freisin. Guímis inniu, ar son gach cineál teaghlach, ag iarraidh ar Dhia iad go léir a bheannú. Guímis le chéile: 'A Dhia beannaigh gach teaghlach.'
**P:** A Dhia beannaigh gach teaghlach.

**M:** Tugaimis chun chuimhneamh teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu in Éirinn, agus teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i dtíortha eile ar fud an domhan.
**P:** A Dhia beannaigh gach teaghlach.

**M:** Tugaimis chun chuimhneamh teaghlaigh a bhfuil go leor leanaí acu, agus teaghlaigh nach bhfuil aon leanaí acu.
**P:** A Dhia beannaigh gach teaghlach.

**M:** Tugaimis chun chuimhneamh teaghlaigh a labhraíonn Gaeilge, agus teaghlaigh a labhraíonn teangacha éagsúla.
**P:** A Dhia beannaigh gach teaghlach.

**M:** Tugaimis chun chuimhneamh teaghlaigh atá scartha ó chéile, agus teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu le chéile.
**P:** A Dhia beannaigh gach teaghlach.

**M:** Is cuid de theaghlach daonna amháin iad na teaghlaigh atá scaipithe ar fud an domhain. Táimid go léir cruthaithe ag Dia agus tá grá ag Dia dúinn go léir. Níl ann ach an t-aon Dia amháin, agus tá grá ag Dia dúinn go léir - grá níos mó ná rud ar bith nó duine ar bith. Bhí Dia i gcónaí ann, tá sé ann anois agus beidh sé ann i gcónaí, toisc gur síoraí é.

A Dhia Ghrámhair,
Beannaigh ár dtithe agus ár dteaghlaigh go léir.
Bí ag faire orainn, agus coinnigh sinn slán.
**P:** Áiméan.

# Foghlaimímis …

## SCÉAL

### 'Cuairt ar Theach Salma'

Tosaigh trí a mheabhrú ar an méid a chonaic Eli agus Salma nuair a chuaigh siad chuig árasán Muireann: an chros agus an pictiúr de chéad Chomaoineach Naofa Méibhe. Inis do na páistí go n-inseoidh tú dóibh anois cad a tharla nuair a chuaigh na páistí go teach Salma.

**'Cuairt ar Theach Salma'**



Bhí Muireann ar bís faoi chuairt a thabhairt ar Theach Salma don chéad uair. Chuaigh sí féin agus a Mamaí ann ar an mbus agus díreach nuair a shroich siad an áit, chonaic siad Eli ag teacht amach as charr a athair. Bhí sí féin agus Eli ag scipeáil suas cosán an ghairdín agus ghlaoigh siad ar an gclog. D'oscail Bean Shehab an doras agus d'fhág sí slán ag na tuismitheoirí.

'Fáilte romhaibh, a pháistí!' ar sise, 'Tagaigí isteach, tar isteach! Tá Salma taobh amuigh sa ghairdín cúil. Tagaigí an bealach seo.'



Lean Muireann agus Eli Bean Shehab amach go dtí an gairdín. Agus iad ag dul tríd an gcistin bhuail siad le Mamó Salma a bhí gnóthach ag cócaireacht. Stop sí nuair a tháinig na páistí isteach agus labhair sí leo. Bhí éadaí cosúil le Bean Shehab á caitheamh aici. Nuair a thosaigh sí ag cócaireacht arís, chuala Eli agus Muireann í a rá '*Bismillah*'.



'Níor chuala mé an focal sin ariamh,' shíl Eli leis féin. 'Is dóca gur focal Araibise é.'

Tháinig Eli agus Muireann ar Salma sa ghairdín agus í ag preabadh suas síos ar an dtrampailín. Chuaigh an bheirt acu ar an dtrampailín freisin agus, bhí siad ag comhrá fad is a bhí siad ag preabadh.

'Nach deas iad do Mhamaí agus do Mhamó,' arsa Eli. 'Sea,' arsa Muireann, 'agus is breá liom na héadaí atá á caitheamh acu'. 'An *hijab* atá i gceist agat! Nuair a bheidh mé níos sine beidh an *hijab* á caitheamh agamsa freisin', a dúirt Salma.

Go gairid ina dhiaidh sin, ghlaoigh Bean Shehab ar na páistí toisc go raibh béile ullamh aici. Thug sí ceapairí agus deochanna dóibh. Sular ith sí, dúirt Salma *Bismillah*.

'Sin an focal sin arís,' shíl Eli.



Nuair a chuaigh siad ag imirt i seomra codlata Salma, d'iarr Eli ar Salma cad is brí le *Bismillah*.

'Deir Moslamaigh *Bismillah* go minic i rith an lae', d'fhreagair Salma. 'Ciallaíonn sé go bhfuil an méid atá á dhéanamh againn déanta i ainm Dé. Nuair a ithimid, deirimid *Bismillah*. Nuair a ólaimid, deirimid *Bismillah*. Nuair a théimid a chodladh, deirimid *Bismillah*. Nuair a bhímid ag dul ar thuras, deirimid *Bismillah*.' Bhí iontas ar Mhuireann agus ar Eli an méid seo a fhoghlaim ó Salma.

Is ansin a bualadh cnag ar an doras agus ghlaoigh Bean Shehab ar na páistí. Bhí tuismitheoirí Eli agus Muireann tagtha. Ghabh siad buíochas le Bean Shehab agus iad ag imeacht.

'Buailfidh mé leat i mo theach amárach!' arsa Eli lena chairde. 'Ná déanaigí dearmad!'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le: 'Cá raibh Salma nuair tháinig Eli agus Muireann go dtí a teach?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén t-ainm atá ar na héadaí a chaitheann máthair Salma agus a seanmháthair? An bhfuil aithne agat ar dhuine ar bith a chaitheann *hijab*?
- Is focal Araibis é '*Bismillah*'. An cuimhin leat cad is brí leis? An ndeir tú focail nó frásaí ar bith cosúil le sin? ('Dia duit,' 'Bail ó Dhia ort,' 'Buíochas le Dia,' srl.)
- Ar mhaith leat cuairt a thabhairt ar theach Salma? Cad iad na ceisteanna a chuirfeá uirthi, ar a máthair nó ar a Mamó?

# SCÉAL

## 'Cuairt ar Theach Eli'

Tosaigh trí a mheabhrú an méid a chonaic Eli agus Muireann nuair a chuaigh siad go teach Salma: a máthair agus a seanmháthair ag caitheamh an hijab, agus an bealach a ghuigh an teaghlach '*Bismillah*'. Inis do na páistí go ndéarfaidh tú leo anois cad a tharla nuair a chuaigh na páistí go teach Eli.

### 'Cuairt ar Theach Eli'



An lá dár gcionn bhailigh Mamaí Salma, Muireann óna árasán agus thóg sí na páistí go dtí teach Eli. Chuaigh an bheirt chailín suas go dtí an doras, ghlaoigh siad ar chloigín an dorais agus d'fhan siad. Ach níor tháinig éinne. Ghlaoigh siad arís, ach freagra ní bhfuair siad. 'Tabharfaimid seans amháin eile dó,' arsa Muireann, agus bhrúigh sí ar an gcloigín arís. Fós, níor tháinig éinne. Ansin chonaic siad baschrann ar an doras, agus bhuail siad é go láidir. Go tobann d'oscail Eli an doras.

'Tá sibh anseo ar deireadh!' arsa Eli, le mionghháire.

'Cén fáth nár fhreagair tú cloigín an dorais?' d'iarr Muireann.

'Cloigín an dorais? Cad atá i gceist agat? Níl cloigín dorais againn!' arsa Eli.

'Tá cloigín agaibh, féach ansin é! Agus ghlaoamar é faoi thrí!' arsa Salma.

Thosaigh Eli ag gáire. 'Ní cloigín dorais é sin! Sin *Mezuzah*!'

'Ó' arsa na cailíní agus náire orthu. Bhí siad dall ar fad faoi *Mezuzah* ach bhí siad chomh mór sin trína chéile nach ndúirt siad aon rud.



Thug Eli na cailíní isteach sa chistin agus chuir a mháthair agus a athair fáilte rompu. Ansin, chuaigh siad amach go dtí an gairdín. Ba é an chéad rud a chonaic na cailíní ná cró an mhadra agus ina luí istigh ann bhí an coileán is áille ar domhan. DD an t-ainm a bhí uirthi. Nuair a chuala sí glór na bpáistí rith DD óna leaba agus léim sí le háthas ar fud an ghairdín.

'Cén fáth gur thug tú DD mar ainm ar an gcoileán?' arsa Salma. Rith Eli ar ais isteach sa teach agus d'fhill sé le halbam grianghraf. Ansin thaispeáin sé




grianghraf, do na cailíní, agus beirt leanbh ann.

'Is iad seo mo chol ceathracha i nGaillimh, Daibhéid agus Dina' ar seisean. Bhí Muireann agus Salma ag stánadh air agus dreach iontais orthu.

'Daibhéid agus Dina ... D agus D ... DD! Á, tuigim anois é!' arsa Salma.

'Cad atá ar do cheann agat sa ghrianghraf seo, Eli?' a d'iarr Muireann, agus í ag féachaint ar ghrianghraf eile ar an leathanach céanna. Mhínigh Eli gur *kippah* a bhí ann - caipín a chaitheann na fir sa chlann uaireanta. Thaispeáin Eli dóibh go raibh *kippah* á caitheamh ag a athair, a uncail agus ag Daibhéid freisin.

Ansin chuimhnigh Muireann ar an méid a



tharla ag an doras nuair a tháinig siad.

'Eli,' a d'iarr sí. 'Cad is *Mezuzah* ann?'

'I ndáiríre, bosca beag atá i *Mezuzah* ina bhfuil an phaidir *Shema* istigh ann.' A d'fhreagair Eli. Is é an *Shema* an chéad phaidir a d'fhoghlaim mé. Seo é an *Shema*: "A Iosrael, cuimhnígí ar seo! Is é an Tiarna – agus an Tiarna amháin – atá ina Dhia againn. Tugaigí grá don Tiarna Dia le bhur gcroíthe go hiomlán, le bhur anamacha go hiomlán agus le bhur neart go hiomlán".'

Is ansin a ghlaoigh tuismitheoirí Eli ar na páistí teacht isteach don lón. Sular ith siad, dúirt athair Eli altú roimh bhia. Thosaigh sé mar seo: '*Baruch atah Adoni elhoeniu*'. Tar éis an bhéile, chuaigh na páistí ar ais sa ghairdín chun imirt le DD.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cad a tharla ag an doras tosaigh nuair a shroich na cailíní teach Eli?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén t-ainm atá ar an gcaipín a chaitheann Eli agus na fir eile ina theaghlach? An bhfuil aithne agat ar éinne a chaitheann *kippah*?
- Dúirt Eli gurbh í an *Shema* an chéad phaidir a d'fhoghlaim sé. Cad í an chéad phaidir a d'fhoghlaim tú? Cé a mhúin duit í?
- Cá raibh an *Mezuzah* crochta? An bhfuil aon rud crochta i do theach le Dia a chur i gcuimhne daoibh? Inis dúinn fúthu.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tá teaghlaigh éagsúla ag Salma, Eli agus Muireann. Tá rudaí difriúla ag gach duine acu ina dtithe féin, agus déanann gach duine acu rudaí difriúla. Ach is cairde fós iad. Is féidir leo foghlaim óna chéile faoi na rudaí a bhfuil difriúil eatarthu chomh maith leis na rudaí atá comónta eatarthu.

## AG COMHRÁ

### Faoi Ghrá a Thabhairt dá Chéile

Bain úsáid as Póstaer 12 chun cuid de na rudaí a ainmniú a chonaic Muireann, Eli agus Salma nuair a thug siad cuairt ar thithe a chéile. Cuir i gcuimhne na bpáistí gur bhain an triúr acu an-taitneamh as a gcuid ama le chéile. Fuair na páistí amach rudaí faoina chéile nach raibh ar eolas acu roimhe seo.

Cuir i gcuimhne do na páistí, cé go bhfuil teaghlaigh Salma, Eli agus Muireann difriúil, tá Dia cosúil le hathair nó máthair grámhar dúinn go léir, agus ba mhaith le Dia go dtabharfaimis grá dá chéile. Tá gach duine ar domhan mar chuid den teaghlach daonna amháin, cruthaithe agus faoi ghrá Dé. Ansin déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Dúirt Íosa linn go dteastaíonn ó Dhia go dtabharfaimis grá dá chéile. Conas a léirigh Salma, Eli agus Muireann grá dá chéile? Conas a léirigh gach ceann de na teaghlaigh a ngrá do Dhia?
- Cad iad na bealaí inar féidir leat grá a thaispeáint do do chairde? Conas is féidir le do theaghlach grá a thaispeáint do Dhia?
- Conas a thaispeáin teaghlaigh Muireann, Eli agus Salma a ngrá do Dhia agus dá gcairde?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 62: Déanann na páistí machnamh ar na nithe a bhaineann le traidisiúin chreidimh Muireann, Eli agus Salma.

### Sa Bhaile

Lch. 63: Léann na páistí faoi chleachtais chreidimh Muireann, Eli agus Salma. Tugtar cuireadh dóibh freisin comhrá a dhéanamh lena dteaghlaigh faoin gcaoi a bhfuil grá ag Dia do chách agus go dteastaíonn uaidh go dtabharfaimis grá dá chéile, agus paidir a rá le chéile.

# Seirbhís Urnaí

## Téama: Tuiscint Idir-Reiligiúnach

*Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** Tugaimis chun chuimhne an méid a d'fhoghlaimíomar faoi Eli, Salma, Muireann agus a dteaghlaigh an tseachtain seo.

*Taispeáin íomhánna ó fhíseán ceacht na seachtaine seo, agus ceol oiriúnach ag seinm sa chúlra. Iarr ar na páistí amharc ar na híomhánna agus smaoineamh a dhéanamh ar Salma, Eli, Muireann, ar a dteaghlaigh agus ar an mbealach a léiríonn siad grá dá chéile.*

**M:** A Dhia Ghrámhair,
Cabhraigh linn grá a thaispeáint dá chéile,
Agus chun déileáil le daoine eile mar ba mhaith linn go gcaithfí linn féin.
Go mbeimis ag taispeáint cineáltas agus meas dá chéile i gcónaí.
Guímid ár bpaidir trí Chríost ár dTiarna.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

**Amhrán Deiridh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.

# Paidreacha

**Comhartha na Croise**
In ainm an Athar, agus an Mhic,
agus an Spioraid Naoimh.
Áiméan.

**Glóir don Athair**
Glóir don Athair,
Agus don Mhac,
Agus don Spiorad Naomh.
Mar a bhí ó thús,
Mar atá anois,
Mar a bheas go brách,
Le saol na saol. Áiméan.

**Paidir na Maidine**
A Dhia, tá grá agat dom.
Bíonn tú liom de lá is d'oíche.
Ba mhaith liom grá a thabhairt duit
Gach nóiméad den lá.
Ba mhaith liom tú a shásamh.
A Athair, cabhraigh liom. Áiméan.

**Paidir na hOíche**
A Dhia, a Athair, molaim thú
As ucht do chineáltais liom inniu.
As ucht mo chairde molaim thú,
Agus as an teaghlach a thug tú dom.
I ndorchadas na hoíche cosain mé
Solas na maidine go bhfeice mé. Áiméan.

**Altú roimh Bhia**
Beannacht ó Dhia orainne atá ag suí chun boird le chéile.
Beannacht ar an mbia a ithimid inniu.
Beannacht ar na lámha a d'ullmhaigh dúinn é.
Beannacht a Dhia dílis orainn féin. Áiméan.

**Altú tar éis Bia**
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug bia dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug cairde dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug gach rud dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia. Áiméan.

**Paidir chuig an Aingeal Coimhdeachta**
A Aingil dhil Dé, cuir mé faoi do smacht,
mar d'ordaigh Mac grámhar Dé ina reacht.
Seas le mo thaobh gach am den lá.
Soilsigh is cosain is seol mé slán. Áiméan.

**An Phaidir**
Ár nAthair atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
Agus ná lig sinn i gcathú,
Ach saor sinn ó olc. Áiméan.

**'S é do Bheatha, a Mhuire**
'S é do bheatha, a Mhuire,
Atá lán de ghrásta,
Tá an Tiarna leat.
Is beannaithe thú idir mhná,
Agus is beannaithe toradh do bhroinne, Íosa.
A Naomh Mhuire, a mháthair Dé,
Guigh orainn, na peacaigh,
Anois agus ar uair ár mbáis. Áiméan.

**Gníomh Dóláis**
A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht do ghrá dom.
Tá brón orm faoi mo pheacaí uile:
Nach raibh grá agam duitse ná do dhaoine eile.
Cabhraigh liom mo shaol a chaitheamh ar nós Íosa
Agus gan peaca a dhéanamh arís. Áiméan.

**Paidir ag iarraidh Maithiúnais**
A Dhia, ár nAthair, cabhraigh liom
cuimhneamh ar na huaireanta
nár mhair mé mar a d'iarr Íosa orm.
Cabhraigh liom brón a bheith orm
agus iarracht eile a dhéanamh. Áiméan.

**Paidir tar éis Maithiúnais**
A Dhia, ár nAthair, go raibh maith agat faoi mhaithiúnas a thabhairt dom.
Cabhraigh liom grá a thabhairt do dhaoine eile.
Cabhraigh liom maireachtáil mar a d'iarr Íosa orm.
Áiméan.

**Paidir roimh Chomaoineach**
A Thiarna Íosa, tar chugam.
A Thiarna Íosa, tabhair dom do ghrá.
A Thiarna Íosa, tar chugam agus tabhair tú féin dom.
A Thiarna Íosa, a chara na bpáistí, tar chugam.
A Thiarna Íosa, is tú mo Thiarna agus mo Dhia.
Moladh leat, a Thiarna Íosa Críost.

**Paidir tar éis Comaoineach**
A Thiarna Íosa, gráim agus adhraim thú.
Is tú mo chara dílis.
Fáilte romhat, a Thiarna Íosa.
Go raibh maith agat as teacht chugam.
Go raibh maith agat, a Thiarna Íosa,
As ucht tú féin a thabhairt dom.
Cabhraigh liom do ghrá a léiriú
Cibé áit a mbím.
Bí taobh liom, a Thiarna Íosa,
Fan in aice liom go deo.
Beannaigh sinn, na páistí, atá faoi do chúram
Agus tabhair ar neamh sinn chun cónaithe leat féin.
Táim réidh anois, a Thiarna Íosa,
Tá grá agam go leor.
Táim réidh anois le do ghrá a thabhairt
Sa bhaile is don saol mór. Áiméan.

**Paidir Thurais**
Éirigh liom, a Dhia,
Fan liom i rith an lae,
Sa bhaile agus ar gach turas,
Ná lig dom dul ar strae.

# Paidreacha don Eocairist

## NA DEASGHNÁTHA TOSAIGH

**Sagart:** In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh.
**Pobal:** Áiméan.

### Beannachtaí

**Sagart:** Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé agus cumann an Spioraid Naoimh libh go léir.

*Nó:*

Grásta libh agus síocháin ó Dhia ár nAthair agus ónár dTiarna Íosa Críost.

*Nó:*

Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal:** Agus le do spiorad féin.

### Gníomh Aithrí A

Admhaím do Dhia uilechumhachtach, agus daoibhse a bhráithre, gur pheacaigh mé go trom, le smaoineamh agus le briathar, le gníomh agus le faillí, trí mo choir féin, trí mo choir féin, trí mo mhórchoir féin. Ar an ábhar sin, impím ar Naomh Mhuire Síor-Ógh, ar na hAingil agus ar na Naoimh, agus oraibhse, a bhráithre, guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.

### Gníomh Aithrí B

**Sagart:** Déan trócaire orainn, a Thiarna.
**Pobal:** Óir pheacaíomar i do choinne.
**Sagart:** Taispeáin dúinn do thrócaire, a Thiarna.
**Pobal:** Agus tabhair dúinn do shlánú.

### Kyrie

**Sagart:** A Thiarna, déan trócaire.
**Pobal:** A Thiarna, déan trócaire.

**Sagart:** A Chríost, déan trócaire.
**Pobal:** A Chríost, déan trócaire.

**Sagart:** A Thiarna, déan trócaire.
**Pobal:** A Thiarna, déan trócaire.

### An Ghlóir

Glóir do Dhia sna harda,
agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.

Molaimid thú;
móraimid thú;
adhraimid thú;
tugaimid glóir duit;
gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;
a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas;
a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.

A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost.
A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,
tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn;
tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí.

Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.
Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna;
is tú amháin is Ró-Ard,
a Íosa Críost,
mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair.
Áiméan.

## LIOTÚIRGE AN BHRIATHAIR

### I ndiaidh na Léachta

**Sagart:** Briathar an Tiarna.
**Pobal:** Buíochas le Dia.

### Roimh an tSoiscéil

**Sagart:** Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal:** Agus le do spiorad féin.

**Sagart:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir A. …
**Pobal:** Glóir duit, a Thiarna.

### Ag deireadh an Soiscéal

**Sagart:** Soiscéal an Tiarna.
**Pobal:** Moladh duit, a Chríost.

## LIOTÚIRGE NA HEOCAIRISTE

**Sagart:** Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne, mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaire an t-arán seo a ofrálaimid duit: an talamh agus saothar an duine a thugann é mar thoradh, agus déanfar de arán na beatha dúinn.
**Pobal:** Moladh go deo le Dia.

**Sagart:** Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne, mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht an fíon seo a ofrálaimid duit: an fhíniúin agus saothar an duine a thugann é mar thoradh, agus déanfar de deoch spioradálta dúinn.
**Pobal:** Moladh go deo le Dia.

**Sagart:** A phobail Dé, guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
**Pobal:** Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha, chun onóra agus glóire a ainm, agus chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.

### Dialóg na Preafáide

**Sagart:** Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal:** Agus le do spiorad féin.

**Sagart:** Tógaigí bhur gcroíthe in airde.
**Pobal:** Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.

**Sagart:** Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.
**Pobal:** Is ceart agus is cóir sin.

### Sanctus

Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua.
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.
Hósanna sna harda.
Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna.
Hósanna sna harda.

### Rúndiamhair an Chreidimh

**Sagart:** Rúndiamhair an chreidimh.
**Pobal:** Táimid ag fógairt do bháis, a Thiarna, agus ag comóradh d'aiséirí, nó go dtaga tu.

*Nó*

Gach uair a ithimid an t-arán seo agus a ólaimid an chailís seo, fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

*Nó*

A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh sinn, tusa a shaor sinn trí do chros agus trí d'aiséirí.

*Nó*

Mo Thiarna agus mo Dhia.

## DEASGHNÁTH NA COMAOINEACH

### An Phaidir

**Sagart:** Aitheanta an tSlánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:

**Pobal:** Ár nAthair atá ar neamh, go naofar d'ainm, go dtaga do ríocht, go ndéantar do thoil ar an talamh, mar a dhéantar ar neamh. Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu, agus maith dúinn ár bhfiacha, mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin, agus ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ó olc.

**Sagart:** Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna. Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn, ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire, saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.
**Pobal:** Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí shaol na saol.

### Comhartha Síochána

**Sagart:** Síocháin an Tiarna libh i gcónaí.
**Pobal:** Agus le do spiorad féin.
**Sagart:** Ofrálaigí comhartha síochána dá chéile.

### Agnus Dei

A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, tabhair dúinn síocháin.

### Cuireadh chuig Comaoineach Naofa

**Sagart:** Seo é Uan Dé, seo é an té a thógann peacaí an domhain. Is méanar dóibh siúd a fuair cuireadh chun séire an Uain.
**Pobal:** A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon, ach abairse an focal agus leigheasfar m'anam.

### Ag Glacadh Comaoineach

**Sagart:** Corp Chríost.
**Pobal:** Áiméan

## AN DEASGHNÁTH DEIRIDH

**Sagart:** Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal:** Agus le do spiorad féin.

**Sagart:** Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh.
**Pobal:** Áiméan.

**Gnás Scaipthe**
**Sagart:** Imígí, tá an tAifreann thart.

*Nó*

Imígí le Soiscéal an Tiarna a fhógairt.

*Nó*

Imígí faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha.

*Nó*

Imígí faoi shíocháin.
**Pobal:** Buíochas le Dia.

# Téama 1: Muintearas

Ceacht 1: Is den teaghlach amháin sinn uile.
Ceacht 2: Is baill den Eaglais sinn.
Ceacht 3: Tá grá ag Dia dúinn.

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Dé**

- Is é Dia an grá
- Tugann Dia cuireadh dúinn freagairt le grá
- Tugann Dia cairde dúinn chun sinn a ghráú

**Cruthú an Domhain**

- Is é Dia ár nAthair ár gcruthaitheoir, agus tugann sé grá dúinn mar a thugann athair grá dá chuid páistí

### Briathar Dé

**An Bíobla**

- Cuireann Dia é féin in aithne dúinn sa Bhíobla le go mbeimid in ann é a ghráú
- Labhraíonn Dia linn tríd an mBíobla, sé sin, Briathar Dé

**An Scrioptúr Naofa: Plean grámhar Dé don Slánú**

- Ís 49:15. Ní dhéanfaidh mé dearmad ort
- Salm 9:1. Ag glacadh buíochais le Dia

### Liotúirge agus Urnaí

**Urnaí: Paidreacha Breise**

- Salm 105:1-6. Ag glacadh buíochais le Dia

**Na Sacraimintí**

- Is tríd an mBaisteadh a dhéantar páistí Dé agus baill de theaghlach na hEaglaise de dhaoine
- Mar is amhlaidh do na sacraimintí eile, faighimid grásta Dé sa bhaisteadh
- Is bronntanas ó Dhia é an grásta a chabhraíonn linn a bheith naofa
- Úsáidtear uisce, comhartha na croise, ungadh le hOla Chriosma, éadach bán agus solas ag an mbaisteadh
- Lastar coinneal an bhaiste ó choinneal na Cásca: solas Chríost do chách

### Móráltacht Chríostaí

**Dínit an Duine**

- Is é plean Dé go mbeidh grá agus meas ag daoine ar a chéile agus go mbeidh siad sona le chéile

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 1:

### Cuspóir Foghlama 2

**An Eaglais Chríostaí**

b. *Adhradh agus urnaí.*

- Go bhfuil ócáidí speisialta i saol an Chríostaí a bhaineann le hadhradh.

### Cuspóir Foghlama 3

**An Mhoráltacht**

b. *Meas ar a chéile.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- An fiúntas a bhaineann le bheith ina mbaill teaghlaigh, ina mbaill ranga agus ina mbaill de phobal na scoile a aithint.

# Ceacht 1: Is den teaghlach amháin sinn uile

## SULA DTOSAÍONN TÚ

An tseachtain seo, dírímid ar eispéireas na bpáistí ar theacht ar ais ar scoil arís, mar seans chun féachaint ar na mothúcháin a bhaineann le bheith i do bhall de rud éigin agus cé mar a mhothaíonn sé gan a bheith i do bhall de rud éigin. Agus é seo á dhéanamh againn táimid ag súil go bhfeicfidh na páistí an gá atá ag an duine a bheith bainte le daoine/rud éigin. Seo é an cúlra ina chabhróimid leis na páistí a fheiceáil - sna ceachtanna a leanann - go mbaineann siad ní amháin lena dteaghlaigh baile agus scoile, ach le teaghlach na hEaglaise freisin. Cuirimid an fáidh Íseáia in aithne na bpáistí freisin. Cuirtear Íseáia i láthair mar dhuine maith naofa, a thug teachtaireacht Dé do na daoine. Tá a scéal le fáil sa Bhíobla. Foghlaimeoidh na páistí níos mó faoi Íseáia agus faoi fáithe eile an Bhíobla de réir mar a théann an tsraith *I nGrá Dé* ar aghaidh.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Píosa páipéir, siosúr agus roinnt ábhar dathúcháin do gach páiste



# Féachaimis …

## PAIDIR

### Paidir na Maidine

**Múinteoir [M]:** Tabhair chun cuimhne go mbíonn Dia linn inár seomra ranga. Bíonn Dia linn go speisialta agus sinn ag guí. Cuirimis tús inniu lenár bpaidreacha agus *Comhartha na Croise* a ghearradh orainn féin.

*Comhartha na Croise*

**M:** A Thiarna Ghrámhair,
Tá tú linn i gcónaí.
Bí linn go speisialta inniu, agus sinn ag tosú i Rang a hAon/Bunscoil 3.
Beannaigh na buachaillí agus cailíní go léir atá ag tosú ar scoil don chéad uair sa lá atá inniu ann.
Cabhraigh linn a bheith cairdiúil leo.

Guímis *Paidir na Maidine* le chéile. Cabhróidh sé linn cuimhneamh go mbíonn Dia linn i gcónaí, agus gur chóir dúinn gníomhú i gcónaí ar an mbealach gur mian le Dia. Cuimhnigh gur féidir leat an phaidir seo a rá nuair a dhúisíonn tú ar maidin nó ar do bhealach chun na scoile. B'fhéidir gur maith le duine éigin i do theaghlach an phaidir a rá leat.

**Le chéile:** A Dhia, tá grá agat dom.
Bíonn tú liom de lá is d'oíche.
Ba mhaith liom grá a thabhairt duit
Gach nóiméad den lá.
Ba mhaith liom tú a shásamh.
A Athair, cabhraigh liom. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## DÁN

### 'Le Chéile'

**'Le Chéile'**
Tosaigh trí a thabhairt chun cinn cuid de na rudaí atá na páistí ag tnúth le tosú leo i Rang a hAon/ B3. Ansin déan comhrá leo ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- N'fheadar ... cén chaoi a bheadh sé dá mba tusa an dalta amháin i Rang a hAon/B3? Cad a tharlódh dá mba tusa an t-aon dalta amháin sa seomra ranga seo, nó fiú an t-aon dalta amháin sa scoil seo? Ar mhaith leat é sin? Cén fáth nó cén fáth nár mhaith leat?
- Cad iad na rudaí a bheadh iontach maith faoi bheith i do aon dhalta amháin sa seomra ranga? Cad iad na rudaí a bheadh deacair dá mba tusa an t-aon dalta amháin sa seomra ranga?
- An bhfuil aithne agaibh ar a chéile sa seomra ranga seo anois? An cuimhin libh am nuair nach raibh aithne agaibh ar a chéile? Cathain a bhí sin? Cad a d'athraigh?
- An bhfuil éinne nua sa rang againn i mbliana? Conas an féidir linn fáilte a chur rompu?

Ansin cuir an dán 'Le Chéile' in aithne na bpáistí.

Tar éis duit an dán a léamh, déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An gceapann tú gur mhaith le duilleog bheag amháin a bheith mar an t-aon duilleog amháin ar an gcrann? Cén fáth nó cén fáth nár mhaith léi?
- Cén chaoi a bhfuil gach duine againn sa rang seo cosúil leis an duilleoga atá crochta ar an gcrann?
- Insíonn an dán dúinn go bhfuil a fhios ag na duilleoga ar an gcrann 'gur chóir dóibh bheith le chéile' bíodh sé grianmhar, gaofar nó ag cur báistí. Cad iad na bealaí ina mbímid ag faire amach dá chéile agus ina thugaimid cúram dá chéile sa rang seo?

**Le Chéile**
Tá a fhios ag na duilleoga
ar crochadh ar an gcrann
gur chóir dóibh bheith le chéile,
bíodh siad folláin nó fann.

Nuair a thaitníonn an ghrian,
nuair a shéideann an ghaoth,
seasann siad le chéile,
bíodh siad glas nó buí.

Nuair a thagann an fómhar
bíonn fearthainn ann is ceo,
titeann siad den chrann
agus imíonn siad leo.

Tá a fhios ag na duilleoga
ar crochadh ar an gcrann
gur chóir dóibh bheith le chéile
bíodh siad folláin nó fann.

Beannacht Dé ar na duilleoga
go hálainn ar an gcraobh.
Beannacht Dé ar mo chairde
agus orm féin.



## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Crann Ranga



Taispeáin craiceann agus brainsí an Chrainn Ranga do na páistí. Mínigh dóibh gur féidir le gach duine acu duilleog a ullmhú le cur ar an gcrann mar chomhartha go mbaineann gach páiste sa rang le chéile, díreach mar a bhaineann na duilleoga ar chrann le chéile. Ansin tabhair páipéar do gach páiste, agus tabhair cuireadh dóibh rianú láimhe a dhéanamh, agus a n-ainm a scríobh air, é a mhaisiú, agus é a ghearradh amach. De réir mar a bhíonn gach páiste críochnaithe, is féidir leo lorg a lámha a ghreamú don Chrann Ranga ag baint úsáid as gliú.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Bíonn Dia i gcónaí Linn!'

Tosaigh trí dhíriú ar an gCrann Ranga. Cabhraigh leis na páistí chun rudaí áirithe maithe a bhaineann leis an rang a thabhairt chun cuimhne. Ansin cuir i gcuimhne dóibh go bhfuil duine eile ann atá mar bhall den rang - duine atá ann ar laethanta sona nuair a bhíonn an ghrian ag taitneamh, agus ar laethanta brónacha, nuair a bhíonn an bháisteach ag titim. Féach an féidir leo buille faoi thuairim a thabhairt faoi cé atá i gceist agat. Ansin taispeáin an Bíobla do na páistí agus iarr orthu an méid atá ar eolas acu faoi a rá leat. Cuir i gcuimhne dóibh go bhfuil na nithe seo a leanas scríofa sa Bhíobla: go dteastaíonn ó Dhia go mbeadh aithne againn air, go mbeadh aithne againn orainn féin, agus go mbeadh aithne againn ar an domhan ina mairimid agus ar na daoine a mhaireann ann. Ansin léigh an sliocht Scrioptúrtha thíos dóibh.

**'Bíonn Dia i gcónaí Linn!'**
(*Curtha in oiriúint ó Íseáia 49:15*)



Fadó, fadó, bhí fear ann darbh ainm Íseáia. Fear maith, naofa, ba ea Íseáia agus roghnaigh Dia é mar theachtaire chun a insint do na daoine an méid a bhí le rá aige dóibh. D'inis Íseáia go leor rudaí faoi Dhia do na daoine. Ceann de na rudaí a dúirt sé leo ná go mbeadh Dia i gcónaí leo, agus go mbeadh grá ag Dia dóibh i gcónaí. Fiú amháin muna ndearna siad an méid a d'iarr Dia orthu, bheadh Dia leo, ag cabhrú leo tosú arís le grá a thabhairt dó agus do dhaoine eile. D'inis Íseáia do na daoine an méid a bhí le rá ag Dia leo: 'Ní dhéanfaidh mé dearmad oraibh go deo! Tá do chuid ainmneacha scríofa ar bhos mo lámh agam ionas go mbeidh mé ag smaoineamh oraibh i gcónaí. Ní fhágfaidh mé sibh riamh.'

Tar éis an sliocht Scrioptúrtha a léamh, déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An cuimhin leat am nuair a rinne tú dearmad ar rud éigin? Ar fhág tú rud éigin ar scoil riamh toisc go rinne tú dearmad é a thabhairt abhaile leat? Inis dúinn faoi.
- Dúirt Dia leis na daoine go mbeadh grá aige dóibh i gcónaí, agus nach ndéanfadh sé dearmad riamh orthu. Cad a insíonn sé seo dúinn faoi Dhia?
- Conas a bhraitheann sé nuair a bhíonn a fhios agat nach ndéanfaidh Dia dearmad ort riamh, agus go mbeidh grá aige duit i gcónaí?

Ansin fiafraigh de na páistí an gceapann siad gur chóir go mbeadh áit ann do Dhia ar an gCrann Ranga freisin. Iarr orthu cén pictiúr a d'fhéadfaidís a úsáid chun áit do Dhia a léiriú. Seo roinnt smaointe a chabhróidh leat, ach d'fhéadfadh smaointe eile a bheith ag páistí an ranga:

- Pictiúr de Bhíobla, an leabhar ina labhraíonn Dia linn.
- Coinneal, toisc go lastar í ag am urnaí chun láithreacht Dé a thabhairt chun cuimhne.

Cuir an pictiúr seo le do Chrann Ranga.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 2: Léann na páistí faoi theachtaireacht Íseáia do na daoine.

### Sa Bhaile

Lch. 3: Déanann na páistí machnamh ar láithreacht Dé leo i gcónaí leo agus go roinneann sé grá leo i gcónaí. Déanann siad comhrá lena dteaghlaigh freisin faoi thosú ar scoil, agus tugtar cuireadh dóibh *Paidir na Maidine* a rá le chéile.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tá Dia linn i gcónaí. Ní dhéanfaidh Dia dearmad orainn go deo. Seo an teachtaireacht a tugadh do fhear maith naofa darb ainm Íseáia agus roinn sé an teachtaireacht seo leis na daoine. Tráth nua iontach is ea tús na scoilbhliana. Buailimid le cairde scoile arís, faighimid leabhair nua agus b'fhéidir roinnt éadaí nua. Is cuimhin linn go mbainimid le chéile mar rang, agus go mbíonn Dia linn i ngach rud a dhéanaimid agus i ngach rud a deirimid.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Déantar cur síos ar Íseáia mar fhear 'naofa'. Nuair a deirtear go bhfuil duine éigin naofa ciallaíonn sé sin go ndéanann siad a ndícheall foirfeacht an ghrá Chríostaí a bheith ina saol.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Ár gCód Ranga

Tosaigh trí aird a tharraingt ar an gCrann Ranga uair amháin eile arís. Ansin inis do na páistí gur mhaith leat cuidiú leo Cód Ranga a dhéanamh ionas gur féidir leat a bheith cinnte go mbraitheann gach duine go mbaineann siad leis an rang. Cuidigh leis na páistí cinneadh a dhéanamh ar an gcód, bunaithe ar na freagraí ar na ceisteanna seo a leanas, agus scríobh do Chód Ranga dá réir:

1. Conas a thaispeánfaimid go bhfuil gach duine sa rang seo tábhachtach?
2. Conas a thaispeánfaimid do dhaoine nua inár rang go mbaineann siad lenár rang freisin?
3. Conas a thaispeánfaimid go bhfuil a fhios againn go bhfuil Dia linn gach lá?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tá an bhéim, agus an 'cód' seo á cur le chéile, níos mó ar na prionsabail atá mar bhunús leis an gcaoi ina mairimid, seachas ar na rialacha. Tá siad bunaithe ar an bprionsabal go mbaineann tábhacht le gach duine, agus go bhfuil gach duine déanta in íomhá agus i gcosúlacht Dé. Mar sin d'fhéadfadh sé a bheith míchosúil ach comhlántach le rialacha ranga a dhíríonn, mar shampla, ar bhainistíocht an tseomra ranga.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** A Thiarna Ghrámhair,
Go raibh maith agat as ár gcéad seachtain i Rang a hAon/Bunscoil 3.
Tá a fhios againn go raibh tú linn gach lá i rith na seachtaine seo.
Tá a fhios againn go bhfuil tú linn i gcónaí.
Guímid go gcabhróidh ár gcód ranga linn a thuiscint go mbainimid i ngrá agus i gcairdeas le chéile.
Cabhraigh linn maireachtáil mar is mian leat sinn a dhéanamh.

Cuirimis críoch leis an bpaidir agus sinn ag rá *Paidir na Maidine* le chéile. Cuimhnigh gur féidir leat an phaidir seo a rá nuair a dhúisíonn tú ar maidin nó ar do bhealach chun na scoile. B'fhéidir gur maith le duine éigin i do theaghlach an phaidir a rá leat.

**Le chéile:** A Dhia, tá grá agat dom.
Bíonn tú liom de lá is d'oíche.
Ba mhaith liom grá a thabhairt duit
Gach nóiméad den lá.
Ba mhaith liom tú a shásamh.
A Athair, cabhraigh liom. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Is baill den Eaglais sinn

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Is trí Shacraimint an Bhaisteadh a thagann daoine isteach san Eaglais, i dteaghlach Dé. Sacraimint atá ann a chuireann fáilte roimh dhaoine bheith mar bhaill de chomhluadar a roinneann creideamh, cuspóir agus féiniúlacht lena chéile. An tseachtain seo tabharfaidh na páistí an méid a tharlaíonn ag an mBaisteadh chun cuimhne. Múineadh an méid seo mar chuid de *I nGrá Dé* i Naíonáin Shóisearacha/B1 agus i Naíonáin Shinsearacha/B2.

Glacann an teanga a úsáidtear sa cheacht seo uaireanta, go bhfuil na páistí atá sa rang baiste cheana féin. Ní dhéantar é seo chun neamhshuim a dhéanamh de pháistí nach Críostaithe iad, ach toisc gur Críostaithe iad tromlach na bpáistí a ghlacann páirt in oideachas reiligiúnach i scoil Chaitliceach. Beidh aithne mhaith agat mar mhúinteoir ranga ar na páistí atá faoi do chúram agus b'fhéidir go mbeidh ort an t-ábhar a chuirtear ar fáil anseo a dhéanamh oiriúnach dóibh.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Uisce coisricthe

# Féachaimis ...

## PAIDIR

### Paidir na hOíche

*Comhartha na Croise*

**M:** Ag an mBaisteadh, beannaíodh sinn le huisce coisricthe. Déanaimis sinn féin a bheannú anois ag baint úsáid as uisce coisricthe agus ag cuimhneamh ar lá ár mBaisteadh.

*Doirt uisce coisricthe isteach i mbabhla, agus cuir sa spás urnaí é. Taispeáin do na páistí conas iad féin a bheannú leis an uisce coisricthe trína méara a chur isteach sa bhabhla agus comhartha na croise a ghearradh orthu féin. Tabhair cuireadh dóibh teacht chun cinn ina n-aonar nó i ngrúpaí beaga, mar is cuí.*

**M:** A Thiarna Ghrámhair,
Beannaigh na daoine go léir ar fud an domhain a bhaineann leis an Eaglais.
Cabhraigh linn a thaispeáint gur baill den teaghlach seo sinn trí ghrá a thabhairt dá chéile agus duitse.

Guímis *Paidir na hOíche* le chéile. Cuideoidh sé linn buíochas a ghabháil le Dia as na rudaí go léir a thug Dia dúinn - a ghrá, grá ár dteaghlaigh agus grá ár gcairde. Cuimhnigh gur féidir leat an phaidir seo a rá ar do bhealach abhaile ón scoil san iarnóin, nó sula dtéann tú a chodladh. B'fhéidir gur maith le duine éigin i do theaghlach an phaidir a rá leat.

**Le chéile:** A Dhia, a Athair, molaim thú
As ucht do chineáltais liom inniu.
As ucht mo chairde molaim thú,
Agus as an teaghlach a thug tú dom.
I ndorchadas na hoíche cosain mé
Solas na maidine go bhfeice mé. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 4: Déanann na páistí iniúchadh ar an méid a tharlaíonn ag an mBaisteadh.

### Sa Bhaile

Lch. 5: Tugtar cuireadh do theaghlaigh comhrá a dhéanamh faoi Bhaisteadh a pháiste, agus *Comhartha na Croise* a ghearradh ar chloigeann a pháiste, mar a rinne siad nuair a baisteadh iad.



# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Nuair a bhaistear duine, bíonn siad mar chuid de theaghlach na hEaglaise. Déantar *Comhartha na Croise* a ghearradh ar chlár éadain an linbh. Doirteann an sagart uisce coisricthe ar chloigeann an linbh. Beannaíonn an sagart an leanbh le hola chriosma. Cuirtear éide bhán ar an leanbh agus lastar coinneal bhaiste an linbh ó Choinneal na Cásca. Taispeánann na nithe seo go léir go bhfuil an leanbh ina bhall den Eaglais anois.

## AG COMHRÁ

### Faoi a bheith mar bhall de Theaghlach na hEaglaise

Tosaigh trí na nithe a tharlaíonn ag an mBaisteadh a thabhairt chun cuimhne:

1. Déantar *Comhartha na Croise* a ghearradh ar chlár éadain an linbh.
2. Doirteann an sagart uisce coisricthe ar chloigeann an linbh.
3. Beannaíonn an sagart an leanbh le hola chriosma.
4. Cuirtear éide bhán ar an leanbh.
5. Lastar coinneal bhaiste an linbh ó Choinneal na Cásca.

Ansin déan comhrá faoi bheith mar chuid de theaghlach na hEaglaise, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén chaoi a mbeadh a fhios agat gur baisteadh duine éigin? An mbeadh cuma difriúil orthu? An mbeadh caint dhifriúil acu? An mbeadh iompar ait acu?
- Nuair a bhaistear daoine, líontar iad le grá Dé. De réir mar a fhásann siad, cabhraíonn Dia leo an grá seo a roinnt le daoine eile. N'fheadar… conas a d'fhéadfá a thaispeáint go bhfuil tú líonta le grá Dé? Conas a d'fhéadfá grá Dé a thaispeáint do dhaoine eile?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tugtar 'grásta' ar ghrá Dé. Faighimid grásta Dé sa Bhaisteadh agus sna sacraimintí eile. Bronntanas ó Dhia é 'grásta'. Cabhraíonn sé linn a bheith naofa.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Déanaimis iarracht inniu lá ár mBaisteadh a shamhlú dúinn féin. Cuirimis tús le seo trí a bheith socair agus ciúin.

*Can amhrán oiriúnach nó seinn píosa ceoil macnamhach agus lig don cheol a bheith ag seinm in rith na hurnaí.*

**M:** Anois ó táimid socair agus ciúin, dúnaigí na súile. (*Sos*)

Déan iarracht lá do Bhaisteadh a shamhlú. Cé a bhí ann? Tabhair na daoine chun chuimhne. (*Sos*)

Déan an séipéal, an sagart, agus an umar baiste a shamhlú. (*Sos*)

Féach mar a dhoirteann an sagart an t-uisce ar do chloigeann. (*Sos*)

Anois, ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, gabh buíochas le Dia go bhfuil tú mar bhall de theaghlach na hEaglaise. (*Sos*)

Nuair a baisteadh tú, bhí tú líonta le grá Dé. Inis le Dia anois conas is féidir leat a ghrá a roinnt le daoine eile. (*Sos*)

Tá a fhios agat gur féidir leat labhairt le Dia ag am ar bith. Bíonn Dia ag éisteacht i gcónaí. Nuair atá tú críochnaithe, is féidir leat do shúile a oscailt arís.

**M:** A Thiarna Ghrámhair,
Nuair a baisteadh sinn, thángamar isteach san Eaglais.
Go raibh maith agat as do ghrá a thabhairt dúinn ag an mBaisteadh.
Cabhraigh linn do ghrá a roinnt le daoine eile.
Áiméan

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Tá grá ag Dia dúinn

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Déanaimid iarracht tuiscint na bpáistí a dhoimhniú an tseachtain seo go bhfuil grá ag Dia dóibh agus nach dtagann deireadh lena ghrá riamh. Buaileann daoine le grá Dé trí ghrá daoine eile. Mar sin féin, ní bheidh grá daonna in ann níos mó ná leid a chur in iúl cén cuma atá ar ghrá Dé mar 'Is é Dia an grá' (1 Eoin 4:8). An tseachtain seo, tugaimid isteach an fáidh Irimia, duine de na fáithe sa tSean Tiomna, a d'fhreagair glao Dé chun a theachtaireacht a thabhairt do na daoine. Cosúil le Íseáia, déantar cur síos ar Irimia mar fhear maith naofa a d'inis leis an daoine an méid a theastaigh ó Dhia go mbeadh ar eolas acu. Sa cheacht seo is é an chuid de theachtaireacht Irimia a fhoghlaimeoidh na páistí ná go bhfuil grá síoraí ag Dia dúinn: 'Ní bheidh deireadh go deo le mo ghrá duit' (Irimia 31:3). Foghlaimeoidh na páistí níos mó faoi Irimia agus fáithe eile an Bhíobla de réir mar a théann an tsraith *I nGrá Dé* ar aghaidh.

# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT

### Ag roinnt grá Dé

Tosaigh trí mheabhrú do na páistí nuair a bhaistear daoine go líontar le grá Dé iad. Gach lá, ba mhaith le Dia cabhrú le daoine an grá seo a roinnt le daoine eile. Déan comhrá arís faoi na bealaí inar féidir le daoine grá a thaispeáint do dhaoine eile, agus cuid de na smaointe ó cheacht na seachtaine seo caite a lua arís.
Ansin déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An bhfuil sé éasca i gcónaí grá Dé a roinnt le daoine eile? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
  An cuimhin leat am nuair a bhí sé deacair ort grá a roinnt le duine éigin? Smaoinigh ar an am sin ar feadh nóiméid.
- N'fheadar… cén chaoi a bheadh sé muna roinnfeadh éinne grá Dé le duine ar bith eile? An mbeadh sé go deas maireachtáil i ndomhan cosúil le sin? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh sé?
- An raibh am ann riamh nuair a roinn duine éigin grá Dé leat nó nuair a chonaic tú duine ag roinnt grá Dé le duine eile? Inis dúinn faoi.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Guímis inniu, ag iarraidh cabhair ar Dhia a ghrá a roinnt le daoine eile. Le chéile, guímis, 'Cabhraigh linn do ghrá a roinnt'.

**Páistí [P]:** Cabhraigh linn do ghrá a roinnt.

**M:** Lenár gcairde ar scoil ...
**P:** Cabhraigh linn do ghrá a roinnt.

**M:** Leis na daoine nua a thosaigh ar scoil le déanaí ...
**P:** Cabhraigh linn do ghrá a roinnt.

**M:** Lenár dteaghlaigh sa bhaile ...
**P:** Cabhraigh linn do ghrá a roinnt.

**M:** Lenár gcomharsana agus leis na daoine inár bpobal ...
**P:** Cabhraigh linn do ghrá a roinnt.

**M:** Le daoine atá tinn nó brónach ...
**P:** Cabhraigh linn do ghrá a roinnt.

**M:** A Dhia uilechumhachtaigh,
Go raibh maith agat as do ghrá a roinnt linn.
Cabhraigh linn do ghrá a roinnt le daoine eile.
Cabhraigh linn an cruthú a mhúnlú faoi mar is toil leat féin.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### Tá grá ag Dia dúinn

Taispeáin an Bíobla do na páistí agus féach an bhfuil siad in ann cuimhneamh ar ainm an duine mhaith naofa a dúirt le daoine go mbíonn Dia i gcónaí leo (*Íseáia*). Féach an féidir leo cuimhneamh ar an méid a dúirt Dia leis na daoine chun a chur in iúl dóibh nach ndéanfadh sé dearmad orthu riamh: 'Scríobh mé bhur n-ainmneacha ar mo lámh ionas go smaoineoidh mé oraibh i gcónaí.' Cuir i gcuimhne dóibh go bhfuil an méid atá scríofa sa Bhíobla gurb iad na rudaí a theastaíonn ó Dhia go mbeadh ar eolas againn. Ansin léigh an sliocht Scrioptúrtha seo dóibh.

**'Tá Grá ag Dia Dúinn'**
(*Curtha in oiriúint ó Irimia 31:3*)



I ndiaidh do Íseáia bás a fháil, roghnaigh Dia fear maith naofa eile darbh ainm dó Irimia, chun a insint do na daoine an méid a bhí le rá aige dóibh. Ar dtús, níor theastaigh ó Irimia an méid a bhí á iarraidh ag Dia air, a dhéanamh. Bhí sé an- óg, agus bhí eagla air nach mbeadh aon duine ag éisteacht leis. 'Níl ionam ach buachaill,' ar seisean le Dia, 'Níl a fhios agam cad atá le rá agam'. Ach dúirt Dia le hIrimia go ndéarfadh sé leis an méid a bhí le rá aige. Bhí a fhios ag Irimia go raibh gá ann go gcloisfeadh na daoine teachtaireacht Dé, mar sin rinne sé an méid a d'iarr Dia air: chuaigh sé go dtí na daoine agus d'inis sé leo na rudaí a theastaigh ó Dhia a mbeadh ar eolas acu. Theastaigh ó Dhia go mbeadh a fhios acu go mbeadh sé i ngrá leo i gcónaí. 'Leanfaidh mo ghrá daoibh go síoraí,' a dúirt Dia leo. 'Beidh mé i ngrá libh i gcónaí. Is luachmhar sibh dom.' Fiú nuair a bhí sé deacair ar na daoine grá Dé a roinnt, níor thréig Dia iad. Níor stop sé ag tabhairt grá dóibh agus bhí sé i gcónaí ann chun cabhrú leo tosú arís chun grá a thabhairt dá chéile.

Tar éis duit an sliocht Scrioptúrtha a léamh, déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Dúirt Dia leis na daoine go raibh siad luachmhar. Cad is brí le sin? Cé hiad na daoine atá luachmhar duit? Conas a dhéileálann tú leo?
- Dúirt Dia freisin nach dtiocfadh deireadh lena ghrá go deo fiú nuair nach ndearna daoine na rudaí a d'iarr sé orthu a dhéanamh. Cad a insíonn sé seo dúinn faoi Dhia?
- Tá grá ag Dia dúinn cosúil leis an ngrá a bhíonn ag máthair nó athair grámhar dá leanbh. Deir Dia gur sinne go léir a chlann. Cad iad na bealaí ina léiríonn máithreacha agus aithreacha grá dá leanaí? Déanaimis liosta.

Críochnaigh trí a mhíniú go dtugann Dia na daoine inár dteaghlaigh agus ár gcairde dúinn chun a ghrá a thaispeáint dúinn. Tá Dia ag iarraidh orainn go léir grá agus cúram a thabhairt dá chéile, díreach mar a thugann Dia grá agus aire dúinn.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 6: Fiosraíonn na páistí samplaí éagsúla de ghníomhartha grámhara.

### Sa Bhaile

Lch. 7: Scrúdaíonn na páistí an teachtaireacht a thug Irimia do na daoine faoi Dhia, agus déanann siad comhrá lena dteaghlaigh faoi na bealaí is féidir leo grá a roinnt le daoine eile. Tá paidir ann freisin le rá le chéile.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tá grá ag Dia do gach duine le grá síoraí, agus beidh grá aige dúinn i gcónaí. Tá grá ag Dia dúinn cosúil leis an ngrá a bhíonn ag máthair nó athair grámhar dá leanbh. Bíonn tuismitheoir grámhar réidh i gcónaí chun cabhrú lena leanbh an rud is fearr a dhéanamh. Ba mhaith le Dia go mbeadh grá againn dá chéile díreach mar atá grá aige dúinn. Tugann Dia daoine eile dúinn ionas go mbeidh a fhios againn go bhfuil grá aige dúinn.

## AG COMHRÁ

### Cad a dhéanfá?

Tosaigh trí mheabhrú do na páistí go bhfuil grá ag Dia dúinn agus go bhfuil Dia ag iarraidh orainn grá a thabhairt dá chéile. Mínigh gurb é plean Dé ná go mbeadh grá ag daoine dá chéile, agus go mbeidis sásta lena chéile. Ansin léigh gach ceann de na cásanna thíos amach, ceann i ndiaidh a chéile, agus iarr ar na páistí a roghnú cén freagra a thabharfaidís. Ag an gcéim seo den ghníomhaíocht ní bheidh aon díospóireacht ann.

1. Iarrann do mháthair nó d'athair ort, nó duine a chónaíonn leat, do sheomra a ghlanadh, ach teastaíonn uait dul amach ag imirt. An ndéanann tú …
   a. Slacht a chur ar do sheomra chomh tapa agus is féidir leat?
   b. Gearán a dhéanamh nach bhfuil sé féaráilte, agus a rá go ndéanfaidh tú níos déanaí é?
   c. Téigh go dtí do sheomra, an doras a dhúnadh agus, tar éis nóiméid, a rá go bhfuil tú críochnaithe cé nach bhfuil aon rud déanta agat?

2. Ar do bhealach abhaile ón scoil tugann tú buidéal folamh faoi deara ar thaobh an bhóthair in aice le do teach. An ndéanann tú …
   a. É a chiceáil os comhair teach do chomharsa?
   b. Lean ort ar aghaidh ag siúl?
   c. É a phiocadh aníos agus é a chur sa bhosca bruscair nuair a shroicheann tú an baile?

3. Tá páiste nua i do rang agus tosaíonn roinnt de na páistí eile ag déanamh spraoi dó/di amuigh sa chlós. An ndéanann tú …
   a. Insint don mhúinteoir faoi?
   b. Glac páirt mar níl na páistí eile ach ag súgradh agus beidh spórt agaibh?
   c. Neamhaird a dhéanamh orthu agus téigh go dtí an taobh eile den chlós le himirt leat féin?

4. Maidin Domhnaigh atá ann agus iarrann do thuismitheoirí ort dul ar Aifreann leo, ach ba mhaith leat peil a imirt. An ndéanann tú …
   a. Iad a dhiúltú agus dul i bhfolach?
   b. Iarr orthu an féidir leat peil a imirt nuair a bhíonn an tAifreann thart?
   c. Racht feirge a bheith ort?

5. Teastaíonn píosa de do bharra seacláide ó do dheartháir, deirfiúr nó col ceathrar beag. An ndéanann tú …
   a. An barra seacláide a ithe chomh tapa agus is féidir leat agus ansin a rá leo go bhfuil sé go léir imithe?
   b. Píosa den bharra a roinnt?
   c. Iad a dhiúltú?

Tar éis duit dul trí gach ceann de na cásanna thuas, fill orthu ceann i ndiaidh a chéile. Iarr ar na páistí a gcuid freagraí a roinnt leis an bpáiste atá ina suí in aice leo. Ansin déan iad a phlé mar rang ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fhreagra a roghnaigh tú? Cén fáth? Cén fáth a cheapfá nach mbeadh na roghanna eile go maith?

Lean ar aghaidh go dtí go mbeidh na cásanna go léir pléite agaibh. Críochnaigh trí athbhreithniú a dhéanamh ar na bealaí inar féidir linn grá Dé a thaispeáint do gach duine agus don domhan i gcoitinne.

# Seirbhís Urnaí

Téama: Muintearas

*Más féidir, iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr orthu a gcuid cathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh**
Canaigí amhrán oiriúnach atá foghlamtha ag na páistí.

**M:** Cuirimid tús lenár nguí ag baint úsáid as ainm Dé.

*Comhartha na Croise*

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** Cuirimid tús lenár gcuid ama ag guí agus *Paidir na Maidine* a rá le chéile. Cuireann an phaidir seo i gcuimhne dúinn go mbíonn Dia i gcónaí linn.

**Le chéile:** A Dhia, tá grá agat dom.
Bíonn tú liom de lá is d'oíche.
Ba mhaith liom grá a thabhairt duit
Gach nóiméad den lá.
Ba mhaith liom tú a shásamh.
A Athair, cabhraigh liom. Áiméan.

**M:** Ó thángamar ar ais ar scoil, bhí Dia linn, á mbeannú. Ar mhaith le héinne a rá cad a thaithníonn leo maidir le Rang a hAon/Bunscoil 3?

*Tabhair am do na páistí freagra a thabhairt. Tar éis gach freagra, abair, 'Go raibh maith agat , a Dhia, as ... (agus achoimriú á dhéanamh agat ar an méid a dúirt an páiste sin)'. Tabhair cuireadh do pháistí eile achoimriú a dhéanamh arís ar an méid a dúirt tú.*

**M:** Déanaimid cuimhneamh inniu ar an méid a dúirt Dia le hÍseáia agus le hIrimia, beirt fhear naofa. An teachtaireacht a d'iarr Dia ar Íseáia a thabhairt do na daoine ná, 'ní dhéanfaidh mé dearmad oraibh riamh! Tá sé mar a bheadh bhur n-ainmneacha scríofa ar bhosa mo lámh agam, ionas go mbeinn ag smaoineamh oraibh i gcónaí. Ní thréigfidh mé riamh sibh.'

Cé a chuimhníonn ar theachtaireacht Irimia? Tá leid ar fáil sa spás urnaí.

*Tabhair am do na páistí freagra a thabhairt, agus*



*tagairt á dhéanamh acu don bhratach bheag.*

**M:** Tá buanghrá ag Dia dúinn go léir. Is lómhar gach duine againn i súile Dé. Is sinne a chuid leanaí, agus is eisean ár nAthair grámhar. Ar an lá a bhaistear daoine, déantar baill den Eaglais iad.

*Tarraing aird na bpáistí chuig Póstaer 1.*

**M:** Nuair a bhaistear daoine, líontar le grá Dé iad. De réir mar a fhásann siad, cabhraíonn Dia leo a ghrá a roinnt le daoine eile. Glacaimid nóiméad anois chun a insint le Dia conas is féidir linn a ghrá a roinnt le daoine eile.

Abair i mo dhiaidh: Cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar do ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá*)

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*) (*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

**M:** Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú

in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Anois, le do ghuth inmheánach, inis le Dia faoi uair amháin nuair a roinn tú grá le duine éigin eile. B'fhéidir gur thug tú rud éigin dóibh, nó gur chuir tú san áireamh iad nuair nach raibh cairde acu. (*Sos*)

An raibh ócáid ann nuair a thaispeáin duine éigin grá duitse? Inis le Dia cad a tharla. (*Sos*)

Ní éasca é i gcónaí grá a roinnt le daoine eile. Iarr cabhair ar Dhia. (*Sos*)


Nuair atá tú réidh, oscail na súile arís.

**M:** Cuirimid críoch lenár gcuid ama ag guí agus *Paidir na hOíche* a rá le chéile:

**Le chéile:** A Dhia, a Athair, molaim thú
As ucht do chineáltais liom inniu.
As ucht mo chairde molaim thú,
Agus as an teaghlach a thug tú dom.
I ndorchadas na hoíche cosain mé
Solas na maidine go bhfeice mé.
Áiméan.

**M:** A Thiarna Ghrámhair,
Go raibh maith agat as ár rang.
Go raibh maith agat as ár múinteoir agus as ár gcairde.
Cabhraigh linn do ghrá a roinnt le chéile ar scoil, sa bhaile, agus inár bpobal.
Áiméan.

**Amhrán Deiridh:** Can amhrán oiriúnach.



# Téama 2: Íosa

Ceacht 1: Íosa
Ceacht 2: Bhí go leor cairde ag Íosa
Ceacht 3: Leigheas Íosa daoine
Ceacht 4: Mhúin Íosa dá chairde conas maireachtáil
Ceacht 5: Tagann cairde Íosa le chéile ag an Aifreann

## ÓN GCURACLAM

***Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).**

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Dé**

- Chuir Dia a mhac Íosa chugainn chun an 'Dea-Scéal' a insint dúinn
- Chuir Dia Íosa chugainn chun a thaispeáint dúinn go bhfuil grá aige dúinn agus chun múineadh dúinn conas grá a thabhairt do dhaoine eile

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Chuir Dia an tAthair Íosa chugainn chun toil Dé a dhéanamh
- Bhí grá speisialta ag Íosa do Dhia a Athair (Mc 14:32-6; Lúc 10:21-2)
- Bhí a lán cairde ag Íosa (Máire, Marta, Lazaras, Peadar, Ióanna, Súsanna, Salómae srl)
- Thug Íosa cuireadh dá dheisceabail (fir agus mná) a bheith páirteach ina a shaol agus ina mhisean
- D'fhreagair a dheiseabail glaoch Íosa agus lean siad é
- Thaispeáin Íosa grá Dé dúinn
- Thaispeáin Íosa a ghrá do Dhia a Athair trí bheith ag guí chun Dé, lena chuid gníomhartha agus trí bheith ag craobhscaoileadh an 'Dea-Scéil'
- Leigheas Íosa a lán daoine agus tugtar míorúiltí ar na leigheasanna seo
- Chuir Íosa fáilte rompu siúd a bhí ar an imeall agus leigheas sé iad
- Ba mhúinteoir é Íosa
- Mhúin Íosa dá dheisceabail conas a muinín a chur i nDia

**Rúndiamhair na hEaglaise**

- Tagann Caitlicigh le chéile chun adhradh a dhéanamh mar phobal i bparóiste
- Ní chleachtaímid ár gcreideamh inár n-aonar ach mar bhaill de phobal na hEaglaise
- Nuair a bhítear ag cur an Aifrinn i láthair, cuir an sagart in aithne agus mínigh a ról sa séipéal áitiúil/sna séipéil áitiúla
- Cuir in aithne na daoine a dhéanann obair sa séipéal áitiúil/sna séipéil áitiúla m.s léitheoirí, sacraisteoir
- Plé ról an teaghlaigh mar chuid de phobal/phobail áitiúil na hEaglaise. Láithreacht Chríostaí sa teaghlach

### Briathar Dé

**An Bíobla**

- An leabhar ina bhfuil na Soiscéil: ceithre leabhar tábhachtacha a insíonn dúinn faoi Íosa
- Is é Íosa Críost an duine atá lárnach sa Bhíobla do Chríostaithe

**An Scrioptúr Naofa: Saol Poiblí Íosa**

- Lúc 5:1-11. An glaoch faighte ag na deisceabail
- Mc 2:13-19; Mth: 9:9. An glaoch faighte ag Matha/Léiví, bailitheoir cánach
- Mth 9:1-8; Mc 2:1-12. Leigheas an fhir a rugadh ina phairiliseach
- Lúc 21:1-4; Mc 12:41-44. Cianóg na baintrí

### Liotúirge agus Urnaí

**Urnaí**

- Is ionann urnaí agus a bheith ag éisteacht agus ag caint le hÍosa
- Leis 'An Phaidir' mhúin Íosa dá lucht leanúna conas guí
- Bíonn a fhios ag Dia cad atá uainn, fiú sula n-iarraimid é

**An tAifreann**

- Struchtúr an Aifrinn (Liotúirge an Bhriathair agus Liotúirge na hEocairiste)
- Gnéithe bunúsacha den cheiliúradh agus rannpháirtíocht na bpáistí ann

## Móráltacht Chríostaí

**Saoirse agus Freagracht an Duine**

- Tá an rogha againn maireachtáil ar nós Íosa
- Nuair a leanaimid Íosa ciallaíonn sé go gcaithimid le daoine eile ar bhealach atá ceart agus cóir

**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**

- Mhúin Íosa dá lucht leanúna gur chóir dóibh grá speisialta a thabhairt do na bochtáin

# Ceacht 1: Íosa

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá a lán foghlamtha ag na páistí cheana féin faoi Íosa sa chéad dá chlár den tsraith *I nGrá Dé*. Chomh maith leis na scéalta faoin Nollaig agus faoin gCáisc, d'fhoghlaim siad faoin Teaghlach Naofa freisin. Sna Naíonáin Shóisearacha/B1 múineadh scéalta faoi 'Íosa agus na páistí', agus faoi Íosa mar an Aoire Maith. Múineadh an Aithne is Mó freisin sna Naíonáin Shóisearacha/B1 agus rinneadh athbhreithniú air sna Naíonáin Shinsearacha/B2. Sa dá chlár, tugadh cuireadh do na leanaí chun teagasc Íosa faoi ghrá do Dhia agus grá dá chéile a bheith acu. Mar chuid de chlár na Naíonán Sinsearach/B2, cuireadh trí scéal faoi mhíorúiltí in aithne na bpáistí: 'Tugann Íosa bia do na daoine', 'Ciúnaíonn Íosa an stoirm' agus 'Cabhraíonn Íosa le fear dall'. Cuidíonn na scéalta seo, agus scéalta eile ón mBíobla linn, aithne a chur ar Íosa - an cineál duine a bhí ann agus conas a chaith sé le daoine eile. Is ó Íosa a fhoghlaimímid faoi Dia agus a bhfuil Dia ag iarraidh don domhan.

An tseachtain seo, déan athbhreithniú ar a bhfuil ar eolas ag na páistí faoi Íosa mar ullmhúchán do na ceachtanna eile sa téama seo.



# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT

### Cé mise?

Tabhair an ghníomhaíocht seo isteach trí insint do na páistí go mba mhaith leat cluiche buille faoi thuairim a imirt leo. Inis trí fhíric dóibh faoi chúigear duine, faoi ainmhithe nó rudaí, agus iarr orthu buille faoi thuairim a thabhairt faoi cé hé nó cad é atá i gceist. Tosaigh trí tú féin a úsáid mar shampla: 'Múinim Rang a hAon/B3 i scoil [...]. Tá gruaig [...] agam agus súile [...] agam. Inniu, tá éadaí [...] orm. Cé mise?'

1. Is ainmhí mé. Tá dhá chos agam. Tá cleití agam. Táim i mo chónaí san uisce. Cé hé mise? (*lacha/eala*)
2. Is bláth mé. Is féidir dath dearg, bán, bándearg nó buí a bheith orm. Tá dealga agam. Cé hé mise? (*rós*)
3. Is bean mé. Oibrím in ospidéal. Cuidím le daoine atá tinn. Cé hé mise? (*altra/dochtúir*)
4. Is fear mé. Mhair mé fadó. Mhúin mé daoine faoi Dhia. Cé hé mise? (*Íosa*)



Úsáid léaráid/pictiúr d'Íosa mar spreagadh agus scríobh na nithe seo a leanas ar an gclár dubh/bán: 'fear', 'Mhair sé fadó ó shin' agus 'mhúin sé faoi Dhia'. Ansin fiafraigh de na páistí cad iad na rudaí eile atá ar eolas acu faoi Íosa. Déan nóta de roinnt de na eochairfhocail agus frásaí a thagann ó na páistí. Ag deireadh na gníomhaíochta, trácht ar an méid atá ar eolas ag na páistí cheana féin faoi Íosa. Inis dóibh go bhfoghlaimeoidh siad i bhfad níos mó faoi Íosa i mbliana.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Ceann de na rudaí atá ar eolas againn faoi Íosa ná gur mhúin sé daoine faoi Dhia. Mhúin sé dóibh muinín a bheith acu i nDia. Mhúin sé dóibh freisin conas guí chun Dé. Ba í an phaidir a mhúin sé dóibh ná *An Phaidir*. Guímid an phaidir sin go fóill sa lá atá inniu ann, mar sin guímis an chéad chuid den *Phaidir* le chéile anois.

**Le chéile:** Ár nAthair atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.

**M:** A Thiarna Ghrámhair,
Go raibh maith agat as do Mhac, Íosa, a sheoladh chugainn, chun sinn a mhúineadh fút.
Cabhraigh linn foghlaim uaidh.
Sin é ár nguí chugat trí Íosa, ár gcara.

**P:** Áiméan

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Ina mhíorúiltí léirigh Íosa an grá atá ag Dia do dhaoine atá tinn, ocrach, bocht nó i dtrioblóid ar bhealach ar bith, agus mar is mian le Dia go mbeadh an domhan. Ba chomharthaí iad na míorúiltí de Ríocht Dé, an Ríocht a bhí Íosa ag iarraidh a thabhairt i gcrích, agus a bhí i láthair laistigh agus tríd.

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### Rólimirt

Roinn na páistí ina mbeirteanna agus iarr ar gach duine ról duine de chairde Íosa a ghlacadh. Tabhair cuireadh dóibh an comhrá a aithris, a shíleann siad a bhí ag cairde Íosa nuair a tháinig siad ar tír an lá a chiúnaigh sé an stoirm. Cad a déarfaidís faoi Íosa?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 8: Déanann na páistí machnamh ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoi Íosa.

### Sa Bhaile

Lch. 9: Tugtar cuireadh do theaghlaigh comhrá a dhéanamh le chéile faoi scéalta ón Soiscéal. Tugtar cuireadh dóibh guí le chéile freisin.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tá a lán foghlamtha ag na páistí cheana féin faoi Íosa: d'fhógair aingeal a bhreith, rugadh é i stábla i mBeithil, agus d'fhás sé aníos i Nazarat le Muire agus Iósaef. Nuair a bhí sé níos sine, chaith Íosa a chuid ama ag múineadh daoine faoi Dhia. D'oibrigh sé míorúiltí agus dúirt sé leis na daoine grá a thabhairt do Dhia agus grá a thabhairt dá chéile. Níor theastaigh ó dhaoine áirithe maireachtáil mar seo. Gabhadh Íosa agus cuireadh chun báis é ar chros. Trí lá ina dhiaidh sin, d'ardaigh Dia Íosa ó mhairbh. Tháinig Íosa Aiséirithe i láthair a chairde tar éis a Aiséirí.

## AG COMHRÁ

### Faoi Íosa

Tabhair isteach an cluiche 'Is Cara Íosa mé' agus roghnaigh rud éigin as do spás urnaí le cur timpeall an tseomra. Inis do na páistí go bhfuil tú chun an rud seo a thabhairt do dhuine éigin, agus nuair a fhaigheann siad é go gcaithfidh an duine sin rud atá ar eolas acu faoi Íosa a rá ag tosú leis na focail, 'Is Cara Íosa mé. Tá a fhios agam gur (*mar shampla, rugadh i mBeithil é*)'. Ansin is féidir leo an réad labhartha a chur ar aghaidh chuig duine eile, ionas go bhfaigheann gach duine seans rud éigin atá ar eolas acu faoi Íosa a rá.

Críochnaigh trí mheabhrú do na páistí gur chuir Dia, a aon Mhac, Íosa chugainn, chun Dea-Scéal Grá Dé, a chur in iúl dúinn agus chun a thaispeáint dúinn méid an ghrá atá ag Dia dúinn, agus chun a mhúineadh dúinn conas grá a thabhairt do dhaoine eile. Is féidir linn foghlaim, ó Íosa, cén chuma atá ar Dhia agus conas a theastaíonn ó Dhia go mbeadh an domhan. Is é Íosa ár gcara, agus is féidir linn labhairt leis agus cabhair a iarraidh uaidh chun maireachtáil mar a theastaíonn ó Dhia uainn.

Ansin déan comhrá leis na páistí faoi seo ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Ar mhaith leat maireachtáil ar nós Íosa? Cén fáth nó cén fáth nár mhaith leat?
- N'fheadar ... cad a bheadh Íosa ag iarraidh orainn a dhéanamh dá mba rud é gur thángamar ar dhuine éigin a bhí tinn nó i ngátar?
- Cad iad na cineálacha eile rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh chun maireachtáil cosúil le hÍosa?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Bainimid úsáid as ár nguthanna inmheánacha inniu chun labhairt lenár gcara Íosa. Ar dtús beimid socair agus ciúin.

*Can amhrán oiriúnach atá ar eolas ag na páistí. Má tá píosa ceoil machnamhach agat seinn é agus lig dó seinm i rith na hurnaí.*

**M:** Anois, ó táimid socair agus ciúin, dún na súile. (*Sos*)

Samhlaigh Íosa ina shuí in aice leat. (*Sos*)

Tá sé anseo chun labhairt leat inniu. (*Sos*)

Inis le hÍosa an méid atá foghlamtha agat faoi Dhia uaidh. (*Sos*)

Dúirt Íosa linn conas is mian le Dia go mbeimis ag plé le daoine eile. Cad a dúirt Íosa? Inis le hÍosa, an méid gur chuimhin leat, a dúirt sé. (*Sos*)

An bhfuil bealach ar bith ann gur féidir leat grá a thaispeáint do dhaoine eile, díreach mar a rinne Íosa? Inis le hÍosa faoi sin freisin. (*Sos*)

Iarr ar Íosa cabhrú leat é sin a dhéanamh. (*Sos*)

Anois éist le hÍosa. Éist leis an méid atá á rá aige leat inniu. (*Sos*)

Tá aithne ag Íosa ort, agus tá grá aige duit. Cuimhnigh, is féidir leat labhairt le hÍosa am ar bith is mian leat. Nuair a guímid, táimid ag labhairt agus ag éisteacht le hÍosa. Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt arís.

**M:** Cuirfimid críoch lenár nguí inniu agus an chéad chuid den Phaidir, a mhúin Íosa dúinn, a rá le chéile:

**Le chéile:** Ár nAthair atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.

Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Bhí go leor cairde ag Íosa

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tháinig a lán daoine chun cainte le hÍosa agus chun éisteacht leis: Niocadaemas, Máire Mhaigdiléana agus Zacháias, mar shampla. Cairde eile agus lucht leanúna eile atá ainmnithe sna Soiscéil ná: Máire, Marta, Lazaras, Peadar, Ióánna, Súsanna agus Salómae. Chuaigh na daoine seo in éineacht le hÍosa agus é ag gluaiseacht timpeall na Gailíle. Lean siad é fiú ar an mbóthar go Calvaire. Roinn Íosa agus a chairde béilí le chéile, agus chaith siad am le chéile, ag caint agus ag éisteacht lena chéile. Chosain Íosa a chairde i gcoinne Scríobhaithe agus Fairisínigh. D'inis sé dóibh faoi Dhia an tAthair. Bhí an méid sin grá ag a chairde d'Íosa, fiú tar éis a bhás, gur lean siad orthu ag scaipeadh an Dea-Scéil faoi ghrá Dé in ainneoin go leor deacrachtaí, contúirtí agus fiú an bás.

An tseachtain seo, tugtar isteach na scéalta faoi ghlao chairde Íosa: Síomón Peadar, Séamas, Eoin agus Matha. Cuidímid leis na páistí freisin a fheiceáil go dtugtar glao dóibh freisin, a bheith mar chairde d'Íosa.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- An líon riachtanach de na teimpléid (thíos), má roghnaíonn tú iad a úsáid
- Píosa páipéir do gach páiste - an méid a mholtar, an ceathrú cuid de bhileog A4

# Féachaimis ...

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Cuir tús le do chuid oibre ar an gceacht seo trí nasc a dhéanamh le roinnt de na smaointe ó Téama 1, Ceacht 1: 'Is den teaghlach amháin sinn uile'. Mar shampla, tarraing aird chuig an gCrann Ranga, agus déan an Cód Ranga a aithris.

## PAIDIR

*Comhartha Na Croise*

**M:** Sa rang seo, déanaimid iarracht i gcónaí a bheith cairdiúil le chéile - ag cabhrú lena chéile, ag cur san áireamh iad siúd nach bhfuil cairde acu, agus trína bheith cineálta le chéile. Iarraimid ar Dhia inniu gach duine sa rang seo a bheannú.

*Cas chuig an páiste in aice leat, cuir do lámh ar a ghualainn agus abair, 'Go mbeannaí Dia duit'. Tabhair cuireadh don pháiste sin casadh chuig an páiste in aice leo agus an rud céanna a dhéanamh. Is féidir leis na páistí eile leanúint ar aghaidh mar seo go dtí go gcríochnaíonn an bheannacht ar ais leat.*

**M:** Guímis le chéile sna focail a mhúin ár gcara Íosa dúinn:

**Le chéile:** Ár nAthair atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.

**M:** An tseachtain seo, críochnóimid an phaidir.

**Le chéile:** Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
Agus ná lig sinn i gcathú,
Ach saor sinn ó olc. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Íosa agus na hIascairí'

Mínigh do na páistí, nuair a bhí Íosa ar talamh, go raibh a lán cairde aige. Iarr ar na páistí cuid acu a ainmniú. Is féidir leat a mheabhrú dóibh freisin go raibh Muire, máthair Íosa, in éineacht leis go minic. Ansin iarr ar na páistí éisteacht go géar chun ainmneacha de chairde eile d'Íosa a aimsiú agus tú ag léamh an sliocht Scrioptúrtha, 'Íosa agus na hIascairí'.

**'Íosa agus Na hIascairí'**

(*Curtha in oiriúint ó Lúcás 5:1-7, 9-11*)



Bhí cairde ag Íosa cibé áit a chuaigh sé. Bhí sé cairdiúil le daoine a bhí breoite. Labhair sé leo agus leigheas sé iad. Bhí sé cairdiúil le daoine a bhí brónach. D'éist sé lena dtrioblóidí, agus bhí sé cneasta leo. Theastaigh ó go leor daoine a bheith cairdiúil le hÍosa.

Lá amháin, bhí Íosa ina sheasamh ar bhruacha farraige na Gailíle, ag caint leis na daoine. Bhí iascairí ann, ag ní a líonta tar éis obair an lae. D'éist siad le hÍosa freisin. Go luath, bhailigh slua ollmhór le chéile. Ansin thosaigh na daoine ag brú ar a chéile chun éisteacht le hÍosa. Díreach ansin, bhí smaoineamh ag Íosa. Chonaic sé dhá bhád ar an trá, agus chuaigh sé isteach i gceann acu. Ba le Síomón Peadar an bád. D'iarr Íosa ar Shíomón Peadar a bhád a bhogadh ar ais beagán ón dtrá, ionas go bhféadfadh le gach duine é a fheiceáil. D'aontaigh Síomón Peadar le seo, agus shuigh Íosa sa bhád agus mhúin sé an slua faoi Dhia.

Nuair a bhí Íosa críochnaithe ag labhairt, dúirt sé le Síomón Peadar: 'Tarraing amach san uisce domhain agus cuirigí amach bhur líonta ag iascach.'

'Thugamar an oíche go léir ag iascaireacht,' a d'fhreagair Síomón Peadar. 'Agus níor rugamar ar rud ar bith.' Ansin stop Síomón Peadar agus rinne sé smaoineamh ar feadh nóiméid. Bhraith sé rud éigin sa tslí a labhair Íosa leis, agus mar sin bhí muinín ag Síomón Peadar as. Ansin, dúirt sé, 'Ach mar gheall ar d'fhocalsa, cuirfidh mé amach na líonta.'

Mar sin, chuir Síomón Peadar a líonta amach agus, beagnach ar an bpointe boise, thosaigh na héisc ag snámh isteach iontu. Go gairid, bhí an oiread sin éisc gafa acu go raibh an baol ann go mbrisfeadh a líonta! D'iarr Síomón Peadar ar a chuid cairde i ndhá bhád eile teacht i gcabhair air. Deartháireacha a bhí sna fir seo - Séamas agus Eoin. Tháinig siad láithreach chun cabhrú lena gcara Síomón Peadar. Go gairid, líon siad na báid go barr go dtí go raibh siad ar tí dul faoi!

Bhí ionadh ar Shíomón Peadar, ar Shéamas agus ar Eoin faoin ngabháil éisc a thóg siad. Bhí a fhios acu gur duine speisialta a bhí in Íosa. Theastaigh uathu a bheith cairdiúil leis. Mar sin, nuair a tharraing siad na báid aníos ar an trá, d'fhág siad gach uile ní agus lean é.

Tar éis duit an sliocht Scrioptúrtha a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cén fáth go raibh ar Íosa dul isteach i mbád Shíomóin Pheadair?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas a mhothaigh Síomón Peadar, meas tú, nuair a chonaic sé na héisc go léir ag snámh isteach ina líonta? Cad a cheap sé faoi Íosa ina dhiaidh seo?
- Conas a bhí Séamas agus Eoin cairdiúil le Síomón Peadar? Cad a tharlódh dá mba an rud é nár tháinig siad chun cabhrú leis? An cuimhin leat am nuair a chuidigh tú le cara a bhí i ngátar?
- Cén fáth, dar leat, gur theastaigh ó Shíomón Peadar, ó Shéamas agus ó Eoin a bheith cairdiúil le Íosa? Cad iad na cineálacha rudaí a cheapann tú a rinne siad le chéile? Cad a cheapann tú gur mhúin Íosa dóibh?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Fríos Balla – Cuid a hAon

Tosaigh trí a iarraidh ar na páistí a oiread de chairde Íosa a ainmniú agus is féidir leo. Is féidir leo Síomón Peadar, Séamas agus Eoin a chur leis an liosta ón scéal, 'Íosa agus na hIascairí'.

Ansin déan ceann de na teimpléid nó píosa páipéir a dháileadh ar gach páiste. Iarr orthu duine a tharraingt nó a dhathú ionas gur féidir leat fríos balla a dhéanamh de chairde Íosa.

Is féidir leat an fríos balla seo a shuíomh ar bhruacha Muir na Gailíle agus páipéar gorm a úsáid chun an fharraige a léiriú, agus trí pháipéar gainimh a chur ar an gcladach. Is féidir leat éisc a ghreamú leis an bhfarraige freisin.



## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Íosa agus Matha'

Inis do na páistí gur mhaith leat scéal a léamh faoin gcaoi ar tháinig le hÍosa bualadh le cara eile. Matha an t-ainm a bhí air.

**'Íosa agus Matha'**
*(Curtha in oiriúint ó Mharcas 2:13-19; Matha 9:9)*



Chaith Íosa a lán ama ar bhruach Farraige na Gailíle. Go minic, lean na sluaite é ag iarraidh é a fheiceáil, agus éisteacht leis. Theastaigh uathu foghlaim uaidh. D'inis Íosa leo faoi Dhia agus an grá mór a bhí aige dóibh.

Lá amháin, agus é ag siúl ar an trá, chonaic Íosa bailitheoir cánach ina shuí ina oifig. Matha ab ainm dó agus an post a bhí aige ná airgead a bhailiú ó na daoine. 'Cáin' a ghlaodh ar an airgead seo. Thabharfadh Matha an cháin do na Rómhánaigh, mar is iad siúd a bhí i gceannas na tíre ag an am. Níor thaitin bailitheoirí cánach le go leor daoine – mar níor theastaigh uathu go dtógfaí an beagán a bhí acu uathu.

Chuala Matha faoi Íosa cheana. Chuala sé an dea-scéala a d'inis Íosa faoi ghrá Dé do na daoine. An lá sin, nuair a chonaic Íosa Matha, dúirt sé leis: 'Lean mise.' Agus sin díreach mar a rinne Matha.

Níos déanaí an lá sin, bhí Íosa ag ithe i dteach Mhatha. Bhí a lán de chairde Íosa i láthair freisin. Bailitheoirí cánach ab ea cuid acu agus daoine nach raibh an-mheas orthu a bhí i gcuid eile. Ach chuir Íosa fáilte roimh gach duine, agus theastaigh uaidh a bheith cairdiúil leo go léir.

Shíl roinnt daoine go raibh Íosa as a mheabhair. 'Cad chuige a bhfuil tú ag ithe leo siúd?' ar siad. 'Ní daoine maithe cneasta iad. Tá cuid acu suarach agus olc.' Ach d'fhreagair Íosa: 'Teastaíonn uaim go mbeadh gach duine cairdiúil liom; ní hamháin daoine atá go maith agus a dhéanann an rud ceart i gcónaí. Ba mhaith liom go mbeadh gach duine ag éisteacht liom agus ag foghlaim uaim.'

Tar éis an sliocht Scrioptúrtha a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cad a rinne Íosa, Matha agus a gcairde eile an tráthnóna sin?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- N'fheadar… cad iad na cineálacha rudaí a cheapann tú a mhúin Íosa na daoine faoi Dhia?
- Cén fáth, dar leat, a bhí Íosa ag iarraidh Matha agus daoine cosúil leis a bheith cairdiúil leis? Cén fáth nár roghnaigh sé ach na daoine a bhí maith agus cineálta chun a bheith cairdiúil leis?
- N'fheadar ... an gceapann tú go raibh an ceart ag Íosa a bheith cairdiúil le gach duine, nó an dóigh leat nár chóir d'Íosa a bheith cairdiúil ach le daoine a bhí cineálta agus go maith? Cén fáth?

## DÁN

### 'Íosa agus a Chairde'

Léigh an dán seo do na páistí. Úsáid gníomhartha má tá siad oiriúnach.

**Íosa agus a Chairde**
Bhí go leor cairde ag Íosa,
Nuair a bhí sé beo fadó.
Roinnt acu a bhailigh cáin,
Roinnt eile, b'éisc a ngnó.

Ba mhinic Íosa ar cuairt tí,
Chun comhrá a dhéanamh leo,
Ina shuí amuigh faoin ngrian,
Íosa agus a chairde, fadó.

D'inis sé faoi ghrá Dé dóibh.
Bhí iontas orthu dá bharr.
'Níor chualamar an méid seo riamh.'
Agus mhol siad Dia os ard.

Le dorchadas na hoíche bhí sé in am,
Chun slán a fhágáil leis,
Bheadh cumha ar a chairde,
Go dtiocfadh sé ar ais.



## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 10: Foghlaimíonn na páistí faoi ghlao chairde Íosa: Síomón Peadar, Séamas, Eoin agus Matha.

### Sa Bhaile

Lch. 11: Léann na páistí agus a dteaghlaigh an dán 'Íosa agus a Chairde' le chéile. Tugtar cuireadh dóibh comhrá a dhéanamh faoi, agus conas is féidir leo a thaispeáint go bhfuil siad cairdiúil le hÍosa. Tugtar cuireadh dóibh *An Phaidir* a rá le chéile freisin.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Bhí a lán cairde ag Íosa. Ina measc bhí Símón Peadar, Séamas, Eoin agus Matha. Bhí Íosa ag iarraidh go mbeadh gach duine cairdiúil leis, is cuma cé a bhí iontu nó cad a bhí déanta acu roimhe sin.

## AG COMHRÁ

### Faoi a bheith Cairdiúil le hÍosa

Tosaigh trí aird na bpáistí a tharraingt chuig an fríos balla. Déan comhrá faoi chairde Íosa ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- N'fheadar ... cén fáth a gceapann tú gur theastaigh ó a lán daoine a bheith cairdiúil le hÍosa?
- An gceapann tú gur mhaith le hÍosa a bheith cairdiúil leat? Ar mhaith leat a bheith cairdiúil le hÍosa? Cén fáth nó cén fáth nár mhaith leat?
- Na daoine a bhí beo in aimsir Íosa bhí siad in ann comhrá a dhéanamh leis, béilí a ithe leis agus dul ag iascaireacht ar Mhuir na Gailíle leis. Ní féidir linn aon cheann de na rudaí sin a dhéanamh le hÍosa inniu, mar sin cad iad na bealaí inar féidir linn a thaispeáint go bhfuilimid cairdiúil le hÍosa?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Fríos Balla – Cuid a dó

Inis do na páistí gur féidir leo a thaispeáint do gach duine a thagann isteach sa seomra ranga gur cairde Íosa iad freisin trí phictiúr a tharraingt díobh féin don fríos balla, agus é a chur in éineacht le cairde Íosa. Dáil amach an páipéar. Cuirfidh na páistí a gcuid pictiúr leis an bhfríos balla mar chuid den phaidir a leanann.



# PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** An tseachtain seo, bhíomar ag foghlaim faoi Shíomón Peadar, Séamas, Eoin agus Matha. Theastaigh ó Íosa go mbeidis cairdiúil leis. Teastaíonn ó Íosa go mbeifeá cairdiúil leis freisin.

Anois le do ghuth inmheánach abair le hÍosa conas a bhraitheann tú faoi a bheith cairdiúil leis.

Abair i mo dhiaidh: Cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar do ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá*)

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*)

(*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

**M:** Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Éist anois. Éist le hÍosa agus é ag iarraidh ort a bheith cairdiúil leis. Éist agus d'ainm á rá ag Íosa. (*Sos*)

Bhí Síomón Peadar cairdiúil le hÍosa; bhí Séamas cairdiúil le hÍosa; agus bhí Eoin cairdiúil le hÍosa. Ar mhaith leatsa a bheith cairdiúil le hÍosa freisin? Bí ag caint le hÍosa anois, ag baint úsáid as do ghuth inmheánach. (*Sos*)

Ní féidir leat cluichí a imirt le hÍosa, nó béile a ithe leis, nó dul ar saoire leis, ar an mbealach is féidir leat a dhéanamh le do chairde eile, ach conas is féidir leat a thaispeáint go bhfuil tú cairdiúil le hÍosa? Bí ag caint le hÍosa anois. (*Sos*)

Iarr ar Íosa cabhrú leat a bheith ag gníomhú mar a chara. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt arís.

Táimid tar éis pictiúir dúinn féin a tharraingt chun a thaispeáint go bhfuilimid cairdiúil le hÍosa. Cuirimis na pictiúir sa spás urnaí, in aice le hÍosa agus a chairde eile.

*Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid pictiúr a chur sa spás urnaí ina n-aonar nó i ngrúpaí, mar is cuí.*

**M:** Le críochnú, guímis le chéile an phaidir a mhúin ár gcara Íosa dúinn:

**Le chéile:** Ár nAthair atá ar neamh,  
Go naofar d'ainm,  
Go dtaga do ríocht,  
Go ndéantar do thoil ar an talamh  
Mar a dhéantar ar neamh.  
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,  
Agus maith dúinn ár bhfiacha,  
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,  
Agus ná lig sinn i gcathú,  
Ach saor sinn ó olc. Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# Ceacht 3: Leigheas Íosa daoine

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Léirigh míorúiltí Íosa do dhaoine conas a theastaigh ó Dhia go mbeadh an domhan. Ba chomharthaí de Ríocht Dé iad, a raibh na daoine ag fanacht léi agus a bhí i láthair ar domhan cheana féin trí Íosa. Trí Íosa bhí grá, trócaire agus atrua Dé fíor agus gníomhach ar domhan. Insíonn an scéal i gceacht na seachtaine seo conas, i gCafarnáum, a leigheas Íosa fear nach raibh ábalta siúl tar éis dá chairde an fear a ísliú síos tríd an díon ar a mhata. Léiríonn an scéal dílseacht cairde an fhir nuair a chonaic siad nach mbeidís in ann teacht i láthair Íosa tríd an doras, go raibh siad cruthaitheach go leor chun bealach eile a fháil. Is scéal é faoi chreideamh, creideamh an duine agus creideamh a chairde.

Bhuail na páistí le míorúiltí Íosa mar chuid de *I nGrá Dé* i Naíonáin Shinsearacha/B2, lena n-áirítear Íosa ag tabhairt bia do shlua mór daoine, Íosa ag ciúiniú an stoirm ar Muir na Gailíle, agus Íosa ag leigheas Bartaiméas, fear dall.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Don Ghníomhaíocht Ealaíne beidh na nithe seo a leanas ag teastáil ó gach páiste:
  - » Cóip den teimpléad (thíos), má roghnaíonn tú é a úsáid
  - » Píosa fabraice
  - » Dhá mhaide líreacáin
  - » Roinnt gliú

# Féachaimis …

## PAIDIR

### An Phaidir

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu deirimid 'go raibh maith agat' do Dhia, as ár gcairde.
Deirimid le chéile, 'Go raibh maith agat, a Dhia'.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** As ár gcairde ar scoil, go raibh maith agat, a Dhia.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** As ár gcairde inár bpobal, go raibh maith agat, a Dhia.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** As ár gcairde atá ina gcónaí i bhfad uainn, go raibh maith agat, a Dhia.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** As Íosa, ár gcara, go raibh maith agat, a Dhia.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** Dún do shúile, agus smaoinigh ar cheann de do chairde a ba mhaith leat buíochas a ghabháil astu le Dia. Samhlaigh an duine sin. (*Sos*)

Bain úsáid as do ghuth inmheánach chun ainm an duine sin a rá.
Ghabh buíochas as an duine sin. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt.

**M:** Le críochnú, guímis le chéile an phaidir a mhúin ár gcara Íosa dúinn:

**Le chéile:** Ár nAthair atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
Agus ná lig sinn i gcathú,
Ach saor sinn ó olc. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …


## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### Leigheas Íosa fear nach raibh siúl na gcos aige

Déan comhrá faoi conas a éiríonn le daoine nach bhfuil siúl na gcos acu nó a mbíonn sé deacair orthu bogadh timpeall,a  dul ó áit go háit (cathaoireacha rothaí, srl). Ar ais in aimsir Íosa, áfach, bhí na daoine sin ag brath ar a gcairde chun iad a iompar ó áit go háit. Ansin iarr ar na páistí cén fáth ar theastaigh ó chairde an fhir seo é a thabhairt chuig Íosa. Féach an féidir leo cuimhneamh ar aon scéalta leighis eile ón mBíobla. Ansin léigh, 'Pairilíseach á leigheas ag Íosa'.

**'Pairilíseach á Leigheas ag Íosa'**

*(Curtha in oiriúint ó Mhatha 9:1-2, 6-8 agus Marcas 2:1-4, 10-12)*



Chaith Íosa a lán dá chuid ama ag teagasc daoine faoi Dhia agus faoi ghrá Dé dóibh. Ba mhaith leis labhairt le daoine, agus ba mhaith leo a bheith ag éisteacht leis. Go gairid, bhí go leor daoine ag bailiú chun Íosa a fheiceáil agus chun éisteacht leis, cibé áit a chuaigh sé.

Lá amháin, chuaigh Íosa go baile Cafarnáum. Chuaigh sé isteach i dteach, i dtreo is go bhféadfadh sé suí síos agus labhairt leis na daoine a bhí ina gcónaí ann. Go luath scaipeadh an scéal ar fud an bhaile faoi cén teach ina raibh Íosa, agus go gairid bhí go leor leor daoine bailithe ann. Bhí an oiread sin daoine bailithe sa teach nach raibh aon áit fágtha, fiú amháin taobh amuigh den doras! Bhí scuaine de dhaoine ar an tsráid chun radharc ar Íosa a fháil.

Is ansin a tháinig ceathrar, agus a gcara, a raibh pairilis air, á iompar acu; ach toisc  an slua a bhí ann, ní fhéadfaidís dul in aice le hÍosa. Bhí an-díomá ar an gceathrar  cara. Chreid siad gur Mac Dé a bhí in Íosa, agus chreid siad freisin go bhféadfadh sé a gcara a leigheas, ach ní raibh dul isteach acu.

Na daoine a bhí ag breathnú ar seo go léir, bhí siad ag súil go gcasfadh an ceathrar timpeall agus a gcara á thabhairt abhaile leo … ach ní dhearna. D'fhéach siad ar an doras, ach bhí an iomarca daoine ann. D'fhéach siad ar na fuinneoga, ach bhí siad ró-bheag. Ansin, d'fhéach siad in airde. Chonaic siad céimeanna ar thaobh an tí, ag dul i dtreo an dín, agus bhí an smaoineamh céanna acu go léir. Chreid siad i ndáiríre dá bhféadfaidís a gcara a chur i láthair Íosa go leigheasfaí é.

Shiúil na cairde na céimeanna in airde, rinne siad poll sa díon díreach os cionn Íosa, agus, nuair a bhí sé sin déanta acu, d'ísligh siad a gcara anuas ar a mhata. Nuair a chonaic Íosa an méid grá a bhí ag na daoine dá gcara, agus cé mhéid a chreid siad ann, dúirt sé leis an bhfear a raibh pairilis air: 'Éirigh, tóg do mhata leat, agus téigh abhaile!'

Agus an fear a raibh pairilis air, nach raibh in ann bogadh go dtí an nóiméad sin, sheas sé in airde agus shiúil sé amach as an teach. Ní fhéadfadh na daoine a bhí bailithe sa teach radharc a súl a chreidiúint. Bhí eagla ar chuid acu. Ghabh roinnt eile buíochas le Dia. Bhí a fhios acu anois gur tháinig Íosa chun grá Dé do gach duine a thaispeáint, go háirithe dóibh siúd cosúil leis an bhfear a raibh pairilis air.

Tar éis an sliocht Scrioptúrtha a léamh, déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á úsáid agat:

- Cén fáth, dar leat, a bhailigh an oiread sin daoine chun Íosa a fheiceáil? Cad a chuala siad faoi? Cén fáth ar thug a chairde an fear seo chuig Íosa?
- N'fheadar … cén fáth, dar leat, a chuidigh Íosa leis an bhfear seo? Cad a insíonn an scéal seo dúinn faoi Íosa? Cad a thugaimid ar na scéalta seo faoi conas a leigheas Íosa daoine nach raibh in ann siúl nó a bhí an-tinn?
- Samhlaigh gur tusa an fear a leigheasadh. Cad a déarfá le hÍosa? Cad a déarfá le do chairde? Cad é an an chéad rud a dhéanfá tar éis duit a bheith in ann siúl?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### An fear nach raibh siúl na gcos aige

Dáil an teimpléad nó píosa páipéir bán do na páistí, agus tabhair cuireadh dóibh pictiúr a tharraingt/a dhathú agus an pictiúr den fhear nach raibh siúl na gcos aige a ghearradh amach. Ansin déan an fhabraic agus dhá mhaide líreacáin a thabhairt do gach páiste. Taispeáin conas na bataí líreacáin a ghreamú den fhabraic chun sínteán a dhéanamh. Ansin taispeáin do na páistí conas an fear nach raibh siúl na gcos aige a ghreamú leis an 'sínteán'. Tabhair cuireadh na páistí a gcuid saothar ealaíne a thabhairt abhaile leo agus é a úsáid chun an scéal a insint dá gcuid teaghlaigh.



## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### Múinteoir i Ról

Téigh ar ais ar an scéal faoi conas a leigheas Íosa an fear nach raibh siúl na gcos aige. Bain úsáid as athinsint ciorclach: Tosaíonn páiste amháin an scéal agus cuireann páistí eile leis, go dtí go mbíonn an scéal críochnaithe. Is féidir leat tosú trí a rá, 'Lá amháin, tháinig Íosa go baile darb ainm Cafarnáúm'.

Déan comhrá leis na páistí arís faoin gcaoi ar mhothaigh an fear nuair a bhí sé slánaithe. Cabhraigh leo a shamhlú cén chaoi a bheadh sé muna bhféadfaidís bogadh ar chor ar bith, agus ansin a shamhlú go bhfhéadfaidís méar, lámh, cos, a bhogadh don chéad uair … Mínigh gurb é sin an chuma a bhí ar an bhfear sa scéal. Ansin iarr ar na páistí smaoineamh ar na ceisteanna a chuirfidís ar an bhfear a leigheasadh, má bhí sé ina seomra ranga anois. Ag baint úsáid as an teicníc 'Múinteoir i Ról', lig do na páistí agallamh a chur ort agus tú i ról an fhir a leigheasadh. Lean na céimeanna seo:

- Socraigh ar rud éigin le taispeáint go bhfuil tusa, an múinteoir, i ról.
- Iarr ar na páistí féachaint go cúramach ort agus a fheiceáil céard is féidir leo a fháil amach fút.
- Spreag iad chun na rudaí a d'fhoghlaim siad fút a insint duit nuair a thagann tú as ról.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 12: Déanann na páistí machnamh ar phictiúr a léiríonn conas a leigheas Íosa fear nach raibh siúl na gcos aige.

### Sa Bhaile

Lch. 13: Léann na páistí an scéal lena dteaghlaigh. Tugtar cuireadh dóibh feisin comhrá a dhéanamh faoi conas is féidir leo grá a thaispeáint dá gcairde, agus conas guí le chéile.



# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Lá amháin, tugadh fear nach raibh in ann siúl chuig Íosa. Thug a chairde é chuig Íosa, mar chreid siad go bhféadfadh Íosa é a leigheas. Nuair a chonaic Íosa an grá a bhí ag na daoine seo dá gcara, agus nuair a chonaic sé conas mar a chreid siad ann féin, leigheas Íosa an fear nach raibh in ann siúl.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu gabhaimid buíochas d'Íosa as a bheith cairdiúil linn. Gabhaimid buíochas leis as a bheith ann, nuair atá duine éigin ag teastáil uainn chun labhairt leis. Bíonn eolas ag Íosa faoin méid atá uainn, fiú sula iarraimid air é. Gabhaimis buíochas leis as sinn a mhúineadh faoi Dhia agus as grá Dia dúinn a léiriú. Le chéile, guímis: 'A Íosa, ár gcara, gabhaimid buíochas leat'.

**P:** A Íosa, ár gcara, gabhaimid buíochas leat.

**M:** Toisc go mbíonn tú ann i gcónaí chun éisteacht linn.
**P:** A Íosa, ár gcara, gabhaimid buíochas leat.

**M:** Toisc gur mhúin tú sinn faoi Dhia agus grá Dé dúinn.
**P:** A Íosa, ár gcara, gabhaimid buíochas leat.

**M:** Toisc gur thaispeáin tú dúinn conas a bheith cneasta le daoine atá tinn.
**P:** A Íosa, ár gcara, gabhaimid buíochas leat.

**M:** Toisc gur mhúin tú dúinn conas guí.
**P:** A Íosa, ár gcara, gabhaimid buíochas leat.

**M:** Guímis le chéile an phaidir a mhúin ár gcara Íosa dúinn:

**Le chéile:** Ár nAthair atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
Agus ná lig sinn i gcathú,
Ach saor sinn ó olc. Áiméan.

**M:** A Dhia Ghrámhair,
Go raibh maith agat as ár gcairde go léir.
Cabhraigh linn a bheith cairdiúil le daoine eile.
Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna agus ár gcara.

**Le chéile:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 4: Mhúin Íosa dá chairde conas maireachtáil

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Chuir Máthair Beannaithe Treasa as Calcúta fíor-bhrí an ghrá in iúl nuair a dúirt sí gur cóir tabhairt do dhaoine eile go dtí go ngortaíonn sé. Is cinnte gurb é sin an sampla a sholáthraíonn an bhaintreach sa scéal seo ón Soiscéal, 'An Bhean a Thug gach a raibh Aici'. Tugann an scéal sampla maith dúinn freisin de Íosa mar mhúinteoir. Ag féachaint ar an mbean ag teacht isteach sa teampall agus ag tairiscint an méid beag a bhí aici, bhailigh Íosa a deisceabail gar dó ionas go bhféadfaidís foghlaim uaithi. Is cinnte gur 'nóiméad múinteoireachta' a bhí ann agus ghabh Íosa leis go díograiseach.

An tseachtain seo, ba mhaith linn rud éigin de bhrí an scéil seo a léiriú do na páistí i gcomhthéacs a saol féin. Déanaimid iarracht deiseanna a thabhairt dóibh chun coincheap na comhroinnte a phlé, agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leo roinnt go flaithiúil le daoine eile. Bíonn daoine a leanann Íosa cóir agus cothrom le daoine eile.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Liathróid bhog

# Féachaimis …

## SCÉAL

### 'Scéal Chaleb'

Tosaigh trí cheist a chur ar na páistí faoi thréimhse nuair a roinn siad le duine éigin eile nó nuair a roinn duine éigin eile leo. Fiafraigh dóibh an cuimhin le duine ar bith am nár theastaigh uathu roinnt le duine eile. Mínigh dóibh nach mbíonn sé éasca roinnt i gcónaí, go háirithe nuair nach mbíonn mórán agat. Ansin léigh 'Scéal Chaleb'.



**'Scéal Chaleb'**

Bhí Caleb seacht mbliana d'aois nuair a bhuail stoirm ollmhór a bhaile i Mainile. Cathair atá i Mainile i dtír ar a dtugtar na hOileáin Fhilipíneacha uirthi, agus tá sí na mílte míle ar shiúl ó Éirinn. Mhair Caleb agus a mháthair, Kim, an stoirm de bhrí go ndeachaigh siad isteach i bpoll faoin talamh. Bhí greim acu ar a chéile ar feadh beagnach uair an chloig go dtí go raibh an stoirm imithe.

Nuair a tháinig siad aníos ar an tsráid, thuig Caleb agus Kim go raibh an t-ádh leo. Thóg an stoirm a mbaile, ach bhí siad fós le chéile. Fuair go leor daoine bás i rith an stoirm, cuid dá gcomharsana agus dá gcairde ina measc.

Chuaigh Caleb agus Kim go dtí scoil Chaleb, mar dúradh leo go mbeadh bia ar fáil inti. Ar deireadh tháinig siad go dtí an scoil agus bhí siad tuirseach, brónach agus an-ocrach.



Chuir bean chineálta fáilte rompu ag an doras. 'Tá brón orm,' ar sise. 'Níl blaincéid ab bith fágtha, ach is féidir libh dul a chodladh anseo anocht más mian libh.'

'Go raibh maith agat,' arsa Kim. 'An bhfuil aon rud le nithe agat?'

'Níl ach beagán againn,' a d'fhreagair sí. 'Tá an oiread sin daoine ann a bhfuil ocras orthu.' Thug sí píosa aráin do Kim agus píosa eile do Chaleb.



'Go raibh maith agat,' arsa Kim.

Chuaigh Caleb agus Kim isteach i halla na scoile. Bhí na céadta máithreacha, aithreacha agus leanaí ann. Bhí cuma brónach ar gach duine. Bhí a gcuid éadaí salach, bhí cuid acu fliuch fós, agus bhí go leor, leor acu ag caoineadh.

Fuair Caleb agus Kim spás ar an urlár in aice le fuinneog briste. Shuigh Kim síos agus chlaon sí in aghaidh an bhalla. 'Suigh im' ucht,' a dúirt sí le Caleb. Rinne Caleb mar a d'iarr a mháthair air, agus d'fhill sí a lámha grámhara timpeall air. 'Beidh gach rud ceart go leor,' a dúirt sí.

'Tá mé an-ocrach,' arsa Caleb, agus dhún sé a shúile.


Thosaigh a Mhamaí ag gol. 'Tá a fhios agam,' ar sise. 'Ach tabharfaidh an t-arán seo misneach dúinn go maidin. Ansin déanfaimid iarracht teacht ar níos mó bia. Ach anois, gabhaimid buíochas le Dia go bhfuilimid slán agus go bhfuil áit chodlata againn. Anois bí ag ithe.'



Thóg Caleb píosa den arán agus chuir sé ina bhéal é. Bhí an t-arán tirim, ach ag an am sin, d'íosfadh sé rud ar bith.

Díreach ansin, tháinig teaghlach eile agus shuigh siad in aice le Kim agus Caleb. D'fhéadfadh le Caleb éisteacht leis an athair agus é ag caint lena bpáistí. 'Níl aon rud gur féidir linn a dhéanamh,' ar seisean. 'Níl aon bhia fágtha acu. Beidh orainn fanacht anseo go maidin agus ansin b'fhéidir go mbeidh bia ar fáil.'

Thosaigh an leanbh sa teaghlach – cailín a bhí inti - ag caoineadh. Chuir a máthair ina hucht í, díreach mar a rinne máthair Chaleb roimhe sin. 'Shhhh,' ar sise, go bog, agus í á luascadh go réidh. 'Beidh gach rud ceart go leor'.



D'fhéach Caleb ar a phíosa aráin. Strac sé píosa eile de agus chuir ina bhéal é. Ansin d'fhéach sé ar an dteaghlach

• • •

• • •

arís. Ní raibh aige ach an píosa aráin seo, ach ní raibh dada acu san. Go mall, shín sé amach a lámh agus thug sé a raibh fágtha dá aráin don teaghlach eile.

D'fhéach Kim ar Chaleb, 'A mhic,' a dúirt sí go bog. 'Níl go leor dúinn féin againn.'



'Tá sé ceart go leor,' arsa Caleb. 'Tá gá níos mó acu san ná mar atá againn.'

D'fhéach an teaghlach eile ar Chaleb, agus geit orthu. D'fhéach an t-athair ar Kim. 'An bhfuil sé sin ceart go leor?' Ar sé.

Chlaon Kim a ceann agus í ag gáire.

Go mall, shín an cailín a lámh amach agus ghlac sí an píosa aráin as láimh Chaleb. Bhris Kim a píosa aráin i dtrí chuid, agus roinn sí leis an mháthair agus leis an athair é.

An oíche sin, dúirt an dá theaghlach a gcuid paidreacha, ag gabháil buíochais le Dia as iad go léir a choinneáil sábháilte agus chuimhnigh siad ar na daoine go léir a fuair bás. Ghabh an teaghlach, a ghlac an t-arán ó Chaleb, buíochas le Dia freisin as Chaleb agus a mháthair. Cé nach raibh ach an beagán acu, roinn siad é go léir.

Tar éis duit an scéal a léamh, déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth, dar leat, a thug Caleb an bia beag a bhí aige don dteaghlach eile? Cad iad na focail a úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar an méid a rinne sé?
- Conas a mhothaigh an teaghlach eile nuair a fuair siad an t-arán ó Chaleb?
- Ar éirigh leat cabhrú le duine éigin mar seo riamh mar a rinne Caleb agus Kim? Conas a rinne tú é? Cén fáth gur maith an rud é cabhrú le daoine eile nuair is féidir linn?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

Inniu, guímis ar son daoine nach bhfuil an oiread acu is atá againn. Déarfaidh mise: 'A Thiarna éist Linn' agus freagróidh sibhse: 'A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.'

**M:** A Thiarna, éist linn.
**P:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**M:** Ar son daoine a bhfuil cónaí orthu i dtíortha ina bhfuil an aimsir contúirteach. (*Sos*)
A Thiarna éist linn.
**P:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**M:** Ar son daoine nach bhfuil aon tithe acu chun cónaí iontu. (*Sos*)
A Thiarna éist linn.
**P:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**M:** Ar son daoine nach bhfuil go leor bia le nithe acu. (*Sos*)
A Thiarna éist linn.
**P:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**M:** Ar son daoine a fuair baill dá dteaghlaigh bás i stoirmeacha nó i ndrochaimsir. (*Sos*)
A Thiarna éist linn.
**P:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**M:** Cuirfimid críoch lenár bpaidir inniu agus *An Phaidir* a rá le chéile - an phaidir a mhúin Íosa dúinn. Abróidh mise an chéad chuid den *Phaidir*, agus is féidir libhse an dara cuid a rá:

**M:** Ár nAthair atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.

**P:** Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
Agus ná lig sinn i gcathú,
Ach saor sinn ó olc. Áiméan.


*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

Tabhair isteach an sliocht Scrioptúrtha 'An Bhean a Thug Gach a raibh Aici' trína rá leis na páistí, lá amháin, go bhfaca Íosa bean a bhí an-fhlaithiúil. Fuair fear céile na mná seo bás, mar sin tugadh 'baintreach' uirthi. Cuidigh leis na páistí a mheabhrú go dtagann na scéalta faoi Íosa ón mBíobla. Ansin léigh 'An Bhean a Thug Gach a raibh Aici'.

**'An Bhean a Thug Gach a raibh Aici'**
(*Curtha in oiriúint ó Lúcás 21:1-4 agus Marcas 12:41-44*)



Lá amháin, chuaigh Íosa agus a chairde ar cuairt chuig an teampall in Iarúsailéim. Ba mhinic a bhí Íosa ann cheana. Ar ócáid amháin, nuair a bhí sé ina bhuachaill óg, chaith sé trí lá sa teampall ag caint leis na múinteoirí. Ní raibh a fhios ag a mháthair, Muire, nó ag a athair altrama, Iósaef, cá raibh sé agus bhí siad an-bhuartha dá bharr. Gach uair a tháinig Íosa go dtí an teampall, chuimhnigh sé ar an lá a tháinig Muire agus Iósaef air ann.

Nuair a shiúil Íosa isteach sa teampall ar an lá seo, d'fhéach sé timpeall. Chonaic sé go leor daoine a bhí an-saibhir. Bhí éadaí galánta orthu agus bhí seirbhísigh á leanúint. D'fhéach Íosa orthu agus iad ag cur airgead isteach i mbosca. Ba do na bochtáin an t-airgead seo.

Ansin, tháinig sean-bhaintreach an treo. Bean bheag a bhí inti agus í cromtha, agus bata adhmaid á úsáid aici. Bhí a fhios ag Íosa, trí bhreathnú uirthi, nach raibh mórán aici. Bhreathnaigh sí tuirseach agus ocrach. D'fhéach Íosa faoi mar a shiúil an bhean go mall suas go dtí an bosca. Agus chonaic sé dhá bhonn bheaga dhonna, cúpla cent/pingin, á chur isteach sa bhosca aici.

Ghlaoigh Íosa a chairde le chéile agus d'inis sé leo an méid a tharla. 'An bhaintreach bhocht seo,' ar sé, 'chuir sí níos mó sa bhosca ná na daoine eile.' Bhí mearbhall ar chairde Íosa. Ní raibh a fhios acu cad a bhí i gceist aige. Mhínigh Íosa: 'Chuir na daoine eile an méid a bhí le spáráil acu isteach sa bhosca ach an bhean bhocht seo – chuir sí gach a raibh aici isteach.'

Tar éis an sliocht Scrioptúrtha a léamh, déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á úsáid agat:

- Cad iad na focail a d'úsáidfeadh Íosa, dar leat, le cur síos a dhéanamh ar an méid a rinne an bhaintreach bhocht? An bhfuil siad cosúil leis na focail a d'úsáid tú chun cur síos a dhéanamh ar Chaleb?
- N'fheadar … cén fáth, dar leat, a ghlaoigh Íosa a chairde le chéile chun a raibh feicthe aige a insint dóibh? Cad a bhí sé ag iarraidh a mhúineadh dóibh? Cén chaoi ar chuir an bhaintreach níos mó sa bhosca ná na daoine eile?
- Dá mbeadh mála mór milseán agat conas a bhraithfeá faoi iad a roinnt le do chairde? Cad a tharlódh mura mbeadh ach mála beag milseán agat? Ar mhiste leat iad a roinnt le do chairde uile? Mura mbeadh ach milseán amháin agat? An dtabharfá do dhuine eile é?

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### Íomhánna Socair

Roinn an rang i gceithre ghrúpa. Tabhair cuireadh do gach grúpa ceann de na radhairc seo a leanas ón scéal a aithris:

1. Íosa agus a chairde ag comhrá le chéile agus iad ag dul go dtí an teampall.
2. Daoine saibhre sa teampall ag cur airgead isteach sa bhosca.
3. An sean bhaintreach ag teacht isteach sa teampall agus ag cur airgead isteach sa bhosca, fad is a bhí na daoine ina seasamh in aice léi ag féachaint uirthi.
4. Íosa ag caint lena dheisceabail faoin méid a chonaic sé.

Iarr ar na páistí gach ceann dá radhairc a chur i ngníomh agus, ag pointe áirithe, abair leo a bheith socair, d'fhonn íomhá shocair a chruthú. Tabhair cuireadh dóibh siúd atá san íomhá shocair, smaoineamh ar na mothúcháin a theastaíonn uathu a thaispeáint ar a n-aghaidheanna ag an nóiméad sin. Fiafraigh de na leanaí eile, nach bhfuil san íomhá shocair, smaoineamh a dhéanamh ar an méid atá gach carachtar sa radharc ag smaoineamh nó ag mothú.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Cluiche le Scéal

Tosaigh trí na páistí a bhailiú i gciorcal ar an urlár. Mínigh do na páistí nuair a rollaíonn tú an liathróid i dtreo páiste amháin ba chóir dóibh tosú ag insint beagán den scéal faoin bhean a thug gach a raibh aici. Ansin rollfaidh an páiste sin an liathróid chuig duine éigin eile a leanann ag insint an scéil. Déantar é seo arís go dtí go mbeidh an scéal ar fad inste.

Ina dhiaidh sin, déan an liathróid a rolladh chuig roinnt páistí arís. An uair seo, deir na páistí an méid a d'fhoghlaim siad faoin bhaintreach ón scéal seo.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 14: Téann na páistí I ngleic leis an scéal 'An Bhean a Thug gach a Raibh Aici'.

### Sa Bhaile

Lch. 15: Déanann na páistí machnamh ar 'roinnt' bunaithe ar a bhfuil foghlamtha acu ón scéal. Tugtar cuireadh dóibh freisin comhrá a dhéanamh lena dteaghlaigh faoi na bealaí inar féidir leo roinnt leo siúd atá i ngátar, agus guí le chéile ar a son.



# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Lá amháin, nuair a bhí Íosa sa teampall, chonaic sé baintreach ag tabhairt dhá bhonn bheaga chun cabhrú leo siúd a bhí i ngátar. Bhí daoine eile, níos saibhre sa teampall an lá sin freisin, ach bhog flaithiúlacht na baintrí Íosa. In ionad an méid a bhí le spáráil aici a thabhairt, thug sí gach a raibh aici.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** An tseachtain seo, bhíomar ag smaoineamh agus ag caint faoi na bealaí gur féidir linn roinnt le daoine nach bhfuil mórán acu. Tá a fhios againn gurb é seo a dteastaíonn Íosa orainn a dhéanamh. Chonaic sé faoi mar a roinn an bhaintreach bhocht an méid a bhí aici, agus dúirt sé lena chairde a sampla a leanúint. Mhúin Íosa dá lucht leanúna gur chóir go mbeadh grá speisialta acu do dhaoine atá bocht. Bainfimid úsáid inniu as ár nguth inmheánach chun a insint le Dia faoi na bealaí gur féidir linn an méid atá againn a roinnt le daoine eile.

Abair i mo dhiaidh: Cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar do ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá*)

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*)

(*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

**M:** Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Anois, le do ghuth inmheánach, abair le Dia faoi ocháid nuair a roinn tú an méid a bhí agat le duine eile.

(*Sos*)

Abair le Dia an méid a mhothaigh tú nuair a rinne tú é sin.

(*Sos*)

Conas mar a mhothaigh an duine ar roinn tú leo?

(*Sos*)

An féidir leat smaoineamh ar bhealach ar bith ina bhféadfá an méid atá agat a roinnt le Kim agus Caleb? Déan comhrá le Dia faoi sin.

(*Sos*)

Iarr cabhair ar Dhia an méid atá agat a roinnt le daoine eile.

(*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt arís.

**M:** Cuirfimid críoch lenár bpaidir inniu agus *An Phaidir* a rá le chéile - an phaidir a mhúin Íosa dúinn. Abróidh sibhse an chéad chuid den *Phaidir*, agus is féidir liomsa an dara cuid a rá:

**P:** Ár nAthair atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.

**M:** Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
Agus ná lig sinn i gcathú,
Ach saor sinn ó olc. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 5: Tagann cairde Íosa le chéile ag an Aifreann

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Seo an chéad cheann i sraith ceachtanna ar an Aifreann atá scaipithe ar fud an chláir *I nGrá Dé* do Rang a hAon/B3. Cuirfear na paidreacha agus na freagraí a bhaineann leis an gcuid seo den Aifreann (Na Deasghnátha Tosaigh) in aithne na bpáistí sa cheacht seo. Léiríonn an tseirbhís urnaí ag deireadh an téama seo an chuid seo den Aifreann.

Ceann de phríomhphrionsabail an chláir *I nGrá Dé* ná go gcuirtear an tAifreann in aithne na bpáistí diaidh ar ndiaidh. 'Sna Naíonáin Shóisearacha/B1, d'fhoghlaim siad go dtéann na daoine, a bhaineann leis an Eaglais, ar Aifreann ar an Domhnach chun buíochas a ghabháil le Dia. I Naíonáin Shinsearacha/B2, tugadh isteach iad ar choincheap an pharóiste. Chuir an dá chlár seo cuid de na rudaí atá san eaglais in aithne na bpáistí: an altóir, Cros chéasta, fuinneoga daite, suíocháin agus stoil urnaí, Umar baiste, Umar uisce coisricthe, Coinneal na Cásca agus pictiúir agus dealbha.

An tseachtain seo, foghlaimeoidh na páistí go dtosaíonn an tAifreann de ghnáth le hamhrán. Tagann Comhartha na Croise ina dhiaidh sin agus an beannú, 'Go raibh an Tiarna libh'. Tabharfar eolas dóibh freisin faoi chuid de na daoine a mbíonn ministreacht acu san eaglais.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Roinnt uisce coisricthe agus babhla.

# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### Ár mBaile

Tosaigh trí a iarraidh ar na páistí an oiread foirgnimh ina bpobal áitiúil agus is féidir leo a ainmniú: an séipéal, ionad pobail, siopa áitiúil, bialann, oifig an phoist, srl.
Ansin iarr ar na páistí na háiteanna seo a leanas a ainmniú:

- Seo áit a dtéann daoine chun béile a bheith acu. (*bialann*)
- Seo áit a dtéann daoine chun cluichí a imirt. (*ionad spóirt*)
- Seo áit a dtéann daoine nuair a bhíonn siad tinn. (*ionad sláinte*)
- Seo áit a dtéann páistí chun foghlaim. (*scoil*)
- Seo áit a mbailíonn daoine le guí a dhéanamh. (*séipéal*)

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Nuair a théimid ar Aifreann, ceanglaímid le chéile le go leor daoine eile atá cairdiúil le hÍosa. Bailímid le chéile chun guí, agus chun buíochas a ghabháil le Dia as gach rud atá againn. Bímid bailithe le chéile toisc gur cairde Íosa sinn. Nuair a ghearraimid comhartha na croise orainn féin le huisce coisricthe agus sinn ag dul isteach sa séipéal, cuirtear i gcuimhne dúinn gur dhoirt an sagart uisce coisricthe ar an gceann nuair a baisteadh sinn. Déanaimis sinn féin a bheannú le huisce coisricthe anois.

*Doirt roinnt uisce coisricthe isteach i mbabhla. Iompaigh an babhla chuig gach páiste, agus tabhair cuireadh dóibh iad féin a bheannú.*

**M:** A Thiarna Ghrámhair,
Go raibh maith agat as ár bhfoirgnimh eaglaise, inar féidir le cairde Íosa bailiú le chéile. Beannaigh gach duine a oibríonn in ár séipéal chun é a choinneáil glan, te agus fáilteach. Sin é ár nguí chugat trí Chríost, ár gcara.

**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## DAOINE A OIBRÍONN SAN EAGLAIS

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Ciallaíonn na focail 'ministreacht a dhéanamh' ná 'freastal'. Tá níos mó ná obair nó post i gceist leis an dtéarma 'ministreacht'. Is seirbhís faoi leith atá i gceist a tháirgeann duine éigin san Eaglais.

Ar leathanach 16 de leabhar na bpáistí tá pictiúir éagsúla de dhaoine a oibríonn san Eaglais. Cuir an bhéim ar an ról atá ag na daoine seo go léir chun a chinntiú gur ceiliúradh iontach é an tAifreann, áit a dtugaimid buíochas le Dia as gach rud atá againn, thar aon rud eile, as beatha, bás agus Aiséirí Íosa.









1. **An Sagart:** Cuidíonn sagairt linn aithne níos mó a chur ar Dhia agus an grá atá ag Dia dúinn. Bíonn sé i gceannas freisin nuair a théimid go dtí an séipéal chun guí le chéile. Oibríonn mórchuid de na sagairt i bparóiste – áit ina bhfuil cónaí ar na daoine i dteaghlach Dé. Conas a d'aithneofá an sagart ag an Aifreann? Cad a thugtar ar an bparóiste seo? An bhfuil ainm an tsagairt/na sagart sa pharóiste seo ar eolas ag duine ar bith?
2. **An Cór:** Stiúrann siad na daoine ag an Aifreann san amhránaíocht. Is bealach eile í an amhránaíocht chun guí chun Dé. Cá suíonn/seasann an cór sa séipéal agaibh? An bhfuil aithne agat ar aon duine atá i gcór an pharóiste?
3. **An Sacraisteoir:** Osclaíonn agus dúnann an sacraisteoir an séipéal, déanann sí/sé cinnte de go mbíonn sé te agus fáilteach, lasann sé/sí na coinnle agus déanann sí/sé cinnte de go mbíonn gach rud ullamh a theastaíonn ón sagart don Aifreann. An bhfuil a fhios ag éinne cé hé/hí an sacraisteoir atá inár séipéal? Mura bhfuil, iarraimid ar an sagart é an chéad uair eile a fheicimid é.
4. **Freastalaithe na hAltóra:** Cuidíonn na buachaillí agus na cailíní seo leis an sagart le linn an Aifrinn trí rudaí a dhéanamh cosúil leis an chros a iompar ag tús an Aifrinn agus cabhrú leis an sagart ag an altóir. Conas a aithneofá freastalaithe na haltóra ag an Aifreann? An bhfuil aithne agat ar aon duine gur freastalaí altóra iad? Cén fáth go dtaitníonn sé leo bheith mar fhreastalaithe na haltóra?

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tá an tAifreann ar cheann de na rudaí ina thaispeánann cairde Íosa go leanann siad é. Nuair a théimid chuig an Aifreann ar an Domhnach, bailímid le chéile le daoine eile atá cairdiúil le hÍosa. Cuidíonn siad seo linn guí agus smaoineamh ar Dhia. Cuidíonn go leor daoine chun ceiliúradh iontach ar ghrá Dé a dhéanamh den Aifreann.

## AG COMHRÁ

### Faoi dhul ar Aifreann

Déan comhrá leis na páistí faoi dhul ar Aifreann ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad é an rud is fearr, dar leat, maidir le dul ar Aifreann?
- An gceapann tú go bhfuil Íosa ag iarraidh go dtiocfadh a chairde le chéile ar an Domhnach? Cén fáth?
- An gceapann tú go bhféadfá dul ar Aifreann (arís) go luath? Cé ba mhaith leat go mbeadh in éineacht leat?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 16: Déanann na páistí machnamh ar an obair a dhéanann an sagart, an sacraisteoir, an cór agus freastalaithe na hAltóra.

### Sa Bhaile

Lch. 17: Léann agus déanann na páistí cleachtadh ar na freagraí a bhaineann le Deasghnátha Tosaigh an Aifrinn, lena dteaghlaigh. Spreagtar na teaghlaigh guí le chéile agus freastal ar Aifreann le chéile.



# Seirbhís Urnaí

Téama: Íosa

*Is é an áit is feiliúnaí don tseirbhís urnaí seo le tarlú ná sa séipéal. B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do shéiplíneach na scoile a bheith páirteach libh. Muna bhfuil sé sin indéanta, d'fhéadfadh sé tarlú sa seomra ranga. Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Mar ullmhúchán:**

- Tabhair cóip den *Bhíobla Naofa* leat chuig an séipeal, má tá tú chun an Soiscéal a léamh as.

**M:** Seasaimis chun iomann a chanadh, díreach mar a dhéanaimid ag an Aifreann.

**Iomann Oscailte:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

(*Fanann na leanaí ina seasamh*)

**M:** Ag an Aifreann, cuirimid tús lenár nguí le *Comhartha na Croise*, déanaimis é sin anois.

*Comhartha na Croise*

**M:** Bailíonn cairde Íosa le chéile i séipéil ar fud an domhain gach Domhnach. Cruinnímid le chéile le guí chun Dé, díreach mar a mhúin Íosa dúinn. Cruinnímid le buíochas a ghabháil le Dia as an méid atá againn. Bímid ag éisteacht freisin le scéalta ón mBíobla. Le seachtainí beaga anuas, bhíomar ag foghlaim faoi Íosa agus faoi na rudaí go léir a rinne agus dúirt sé. Chuir Dia Íosa chugainn chun méid a ghrá dúinn a thaispeáint agus chun sinn a mhúineadh conas grá a thabhairt do dhaoine eile. Múinteoir agus fear leighis ba ea Íosa. Léirigh sé dúinn, ina ghníomhartha agus ina fhocail, conas grá a thabhairt do dhaoine eile. Éistimis arís leis an scéal faoi conas a leigheas Íosa fear nach raibh siúl na gcos aige.

Is féidir leat an sliocht seo a léamh ón *mBíobla Naofa* freisin (Marcas 2:1-4, 11-12):

**Cúpla lá ina dhiaidh sin chuaigh Íosa ar ais go Cafarnáum , agus scaip an nuacht go raibh sé sa bhaile. Tháinig an oiread daoine le chéile nach raibh slí ann fiú amháin os comhair an dorais. Bhí Íosa ag labhairt an bhriathair leo nuair a tháinig ceathrar fear, ag iompar pairilisigh chuige. Toisc an slua, áfach, níorbh fhéidir leo teacht gar dó. Mar sin, rinne siad poll sa díon díreach os cionn an áit ina raibh Íosa. Nuair a bhí poll sa díon déanta acu, lig siad an fear síos, agus é ina luí ar a mhata. Dúirt Íosa leis an bpairiliseach, 'Deirim leat, éirigh in airde, tóg do mhata leat, agus téigh abhaile!' Fad is a bhí gach duine ag féachaint, d'éirigh an fear in airde, bhailigh sé a mhata, agus as go brách leis. Bhí alltacht ar gach duine agus thug siad glóir do Dhia á rá: 'Ní fhacamar a léithéid seo riamh!'**



*Tabhair cuireadh do na páistí suí síos.*

**M:** Bhí go leor cairde ag Íosa. An féidir le héinne iad a ainmniú?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt.*

**M:** D'fhoghlaim cairde Íosa uaidh. Shiúil siad leis ó bhaile go baile, chonaic siad faoi mar a roinn sé grá Dé le gach duine agus faoi mar a d'éist siad lena raibh á rá aige faoi Dhia. Ach ní féidir linn Íosa a fheiceáil faoi mar a rinne a chairde. Tá Íosa imithe abhaile chuig Dia, an t-Athair, ar neamh. Agus tá cairde Íosa, a mhair i bhfad ó shin, imithe abhaile chun na flaithis freisin.

Ach tá cairde ag Íosa fós ar domhan - daoine cosúil leatsa agus liomsa! Agus cé nach féidir linn Íosa aiséirithe a fheiceáil, tá a fhios againn go bhfuil sé fós linn ar bhealach an-speisialta. Conas is féidir linn a thaispeáint gur cairde Íosa sinn? Cad a dhéanann cairde Íosa?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt.*

**M:** Ceann de na rudaí gur féidir linn, mar cairde Íosa a dhéanamh ná, guí chun Dé, ár nAthair, díreach mar a mhúin Íosa dúinn. Guímid *An Phaidir* gach uair a chruinnímid le chéile ag an Aifreann. Seasaimis, mar sin, agus guímis *An Phaidir* anois.

Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:





**Páistí:** Ár nAthair atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
Agus ná lig sinn i gcathú,
Ach saor sinn ó olc. Áiméan.


**M:** Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna, agus tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn. Cabhraigh linn leanúint ar aghaidh ag taispeáint gur cairde d'Íosa, do Mhac,
sinn, trí chaitheamh le daoine mar a dhéanfadh sé,
- go háirithe iad siúd
atá tinn, brónach nó lag.
Sin é ár nguí chugat trí Chríost, ár gcara.

**Gach duine:** Áiméan.

**Amhrán Deiridh:** Can amhrán oiriúnach.











# Téama 3: An Aidbhint agus An Nollaig

Ceacht 1: Ag feitheamh ar an solas.
Ceacht 2: Is é Íosa an Solas.
Ceacht 3: Tá an feitheamh thart.

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Muire**
- D'éist Muire le Dia agus d'fhreagair sí a ghlaoch
- Ghlaoigh Dia ar Mhuire le bheith ina máthair ag Íosa
- Bhí misneach ag Muire agus chuir sí a muinín i nDia

### Briathar Dé

**An Scrioptúr Naofa: Plean grámhar Dé don Slánú**
- Ís 9:2. Chonaic na daoine a shiúil sa dorchadas solas iontach
- Ís 66:13. Tugann Dia sólás dá mhuintir mar a thugann máthair sólás dá leanbh

**An Scrioptúr Naofa: Breith agus Óige Íosa**
- Mth 1:18-25. Breith Íosa
- Mth 2:1 -12. An Triúr Saoithe
- Lúc 1:26-38. Teachtaireacht an Aingil
- Lúc 1:39-45. Cuairt Mhuire ar Eiliosaibeit
- Lúc 2:1-20. Scéal bhreith Íosa
- Lúc 2:22-40. Toirbhirt an Linbh Íosa sa Teampall: Anna agus Simeon

**An Scrioptúr Naofa: Saol Poiblí Íosa**
- Eoin 8:12. Íosa solas an tsaoil

### Liotúirge agus Urnaí

**Urnaí: Paidreacha Breise**
- Beannú fleasc agus coinnle na hAidbhinte

**An Bhliain Liotúirgeach**
- Tráth den bhliain atá san Aidbhint chun ullmhú le haghaidh theacht Íosa ar an saol
- Tráth den bhliain atá san Nollaig nuair a cheiliúrann Críostaithe breith Íosa, Solas an tSaoil

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 1:

### Cuspóir Foghlama 1

Beatha Íosa
c. *Breith agus óige Íosa.*
Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi ar na himeachtaí seo:
- Teachtaireacht Ghaibriéil, Aingeal, do Mhuire - Lúcás 1:26-38.
- Cuairt Mhuire ar Eiliosaibeit - Lúcás 1:39-45.
- Daonáireamh na Rómhánach - Lúcás 2:1-3.
- An turas go Beithil - Lúcás 2:4-5.
- Breith Íosa - Lúcás 2:6-7.
- Na hAoirí, na Saoithe, Héaród - Lúcás 2:8-20; Matha 2:1-12.

# Ceacht 1: Ag feitheamh ar an solas

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Ceiliúrann ceacht na seachtaine seo an tosach de shéasúr na hAidbhinte agus déanann sé iniúchadh uirthi mar shéasúr feithimh le dóchas agus le háthas. Ar dtús, cuirtear an bhéim ar thaithí na bpáistí ar fanacht agus bogann an ceacht ar aghaidh chun an bhéim a aistriú go daoine áirithe a bhí ag fanacht go foighneach le breith Íosa.

Tá séasúr na hAidbhinte clúdaithe cheana féin mar chuid de *I nGrá Dé* sna Naíonáin Shóisearacha/B1 agus sna Naíonáin Shinsearacha/B2. I Naíonáin Shóisearacha/B1, lean na páistí laethanta na hAidbhinte ag baint úsáid as féilire Aidbhinte. I Naíonáin Shinsearacha/B2, cuireadh an bhéim ar an Aidbhint mar thréimhse solais sa gheimhreadh, séasúr an dorchadais. Úsáideadh fleasc na hAidbhinte mar bhealach chun na seachtainí a chomhaireamh go dtí an Nollaig. Úsáidtear na míreanna sin sa cheacht seo freisin.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Don chéad urnaí:
  - Bláthfhleasc Aidbhinte. Is féidir é seo a cheannach nó é a dhéanamh ag baint úsáid as na moltaí atá ar líne
  - 'Mainséar folamh' (Bosca bróg clúdaithe le páipéar siúcra dubh)
  - Féilire Aidbhinte. Is féidir é seo a cheannach, nó a dhéanamh trí na moltaí a tugtar a úsáid
- Don Ghníomhaíocht Ealaíne:
  - Cóip den teimpléad (thíos) do gach páiste, má roghnaíonn tú é a úsáid
  - Siosúr, roinnt gliú agus crián dubh agus buí do gach páiste




# Féachaimis …

## MAIDIR LE BHEITH AG FEITHEAMH

Tabhair cuireadh do na páistí labhairt le páiste in aice leo faoi am nuair a bhí siad ag fanacht ar rud éigin maith le tarlú. Spreag iad chun comhrá a dhéanamh faoin rud a raibh siad ag fanacht leis, faoin dóchas a bhí acu agus faoi na mothúcháin a bhí acu. Nuair atá na páistí tar éis na nithe seo a roinnt, tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad é mar a mhothaigh an feitheamh? Arbh fhiú é?
- An dtéann an t-am thart go mall nó go tapa nuair a bhíonn tú ag feitheamh? Cad iad cuid de na rudaí a dhéanann daoine chun an t-am a chaitheamh nuair a bhíonn siad ag feitheamh?
- Nuair a smaoiníonn tú ar an rud atá tú ag fanacht leis, conas a bhraitheann tú?




Críochnaigh trí a mheabhrú do na páistí go bhfuilimid anois i dtréimhse speisialta ag fanacht leis an Nollaig. Féach an féidir leo an focal 'Aidbhint' a thabhairt duit agus cuir i gcuimhne dóibh gur tréimhse atá ann ina fhanaimid go lúcháireach chun breith Íosa a cheiliúradh.



# PAIDIR

*Sula dtosaíonn tú, roghnaigh cúigear pháiste chun míreanna éagsúla a iompar go dtí an spás urnaí le linn an phaidir: beirt pháiste chun an t-éadach corcra/ corcairghorm a iompar, agus triúr pháiste chun Fleasc na hAidbhinte, Féilire na hAidbhinte agus an mainséar folamh a iompar. Bíodh an spás urnaí folamh sula dtosaíonn an urnaí.*

*Comhartha na Croise*

**M:** Tosaíonn Aidbhint an tseachtain seo. Tréimhse ar leith atá ann nuair a bhímid ag feitheamh go foighneach le haghaidh breith Íosa um Nollaig. Déanaimid an t-éadach inár spás urnaí a athrú chun Aidbhint a thabhairt chun chuimhne dúinn. Bainimid amach an t-éadach glas agus ina ionad cuirimid éadach corcra/corcairghorm ann. Cuireann sé seo i gcuimhne dúinn go bhfuilimid ag fanacht le breith Íosa, Mac Dé, a cheiliúradh.

*Cuireann na páistí an t-éadach corcra/corcairghoirm sa spás urnaí. Ansin tabhair cuireadh don pháiste atá ag iompar Fleasc na hAidbhinte é a chur sa spás urnaí freisin.*

**M:** Is é seo ár bhFleasc Aidbhinte. Lasfaimid na coinnle ar an bhfleasc mar a thagann gach seachtain nua san Aidbhint. Inniu, lasfaimid an chéad choinneal - coinneal chorcra. Fad is atá sé seo á dhéanamh againn, canaimis *(iomann oiriúnach)* le chéile.

*Ansin seinn/can an chéad véarsa de iomann oiriúnach agus spreag na páistí a bheith páirteach sa cheol. Las an chéad choinneal chorcra fad is atá an iomann ag seinm.*

**M:** A Íosa, is tusa an solas a gheall Dia a sheoladh chugainn. Táimid ag súil go lúcháireach chun do bhreith a cheiliúradh um Nollaig.

*Tabhair cuireadh don pháiste leis an bhFéilire Aidbhinte, é a chur sa spás urnaí.*

**M:** Bealach eile atá ann i bhFéilire na hAidbhinte, chun ár bhfeitheamh do bhreith Íosa a cheiliúradh um Nollaig, - bealach chun laethanta na hAidbhinte a chomhaireamh. Agus gach lá á mharcáil againn, táimid ag fanacht go lúcháireach chun breith Íosa a cheiliúradh.

*Marcáil an líon riachtanach de na laethanta ar an bhFéilire Aidbhinte, go dtí go sroicheann tú dáta an lae inniu.*

**M:** A Íosa, is tusa an solas a gheall Dia a sheoladh chugainn. Táimid ag súil go lúcháireach chun do bhreith a cheiliúradh um Nollaig.

*Tabhair cuireadh don pháiste leis an mainséar folamh, é a chur sa spás urnaí.*

**M:** Cuireann an mainséar folamh i gcuimhne dúinn nach bhfuil an Nollaig fós ann. Díreach mar a bhí Muire ag fanacht ar a leanbh, táimid ag fanacht freisin chun breith Íosa a cheiliúradh.

**M:** A Íosa, ár gcara,
Is tusa an solas a gheall Dia a sheoladh chugainn.
Agus sinn ag súil go lúcháireach chun do bhreith a cheiliúradh um Nollaig,
cabhraigh linn fanacht go foighneach, agus áthas a bheith orainn ag fanacht.

**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'An Pobal a bhí ag siúl sa dorchadas'

Inis do na páistí go bhfuil tú chun sliocht gearr a léamh ón mBíobla dóibh. Mínigh dóibh gur scríobhadh an sliocht seo i bhfad sular rugadh Íosa, nuair a bhí daoine ag feitheamh le Dia chun duine a chur chucu chun cabhrú leo. Ba é Íseáia a scríobh an sliocht.

Fear maith naofa ab ea Íseáia, agus roghnaigh Dia é chun a insint do na daoine an méid a bhí ag teastáil uaidh go ndéanfadh siad. D'inis Íseáia faoi Dhia do na daoine. Bhí Dia ag iarraidh go mbeadh a fhios ag na daoine go ndéanfadh sé rudaí a athrú dóibh, agus go mbeadh an saol níos fearr acu sa todhchaí. Seo ceann de na rudaí a d'inis sé dóibh.



**'An Pobal a bhí ag Siúl sa Dorchadas'** (Íseáia 9:1)
**'An pobal a bhí ag siúl sa dorchadas, chonaic siad solas mór; agus ar mhuintir na tíre gruama tá solas ag lonrú.'**

Tar éis an sliocht Scrioptúrtha a léamh, déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á úsáid agat:

- Cé acu is fearr: siúl sa dorchadas nó siúl sa solas? Cén fáth? Cad a bheadh deacair faoi bheith ag siúl sa dorchadas? Ar shiúil tú riamh sa dorchadas? Cén chaoi a raibh sé?
- Cé acu is fearr: siúl sna scáthanna nó siúl sa ghrian? Cén fáth?
- An ndúirt duine ar bith leat riamh gur thug tú ardú croí dóibh? Cad a bhí i gceist acu? Conas a mhothaigh siad sular tháinig tú? Cad a rinne tú chun ardú croí a thabhairt dóibh? Conas is féidir leat ardú croí a thabhairt do dhuine?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Na daoine a shiúl ón Dorchadas go dtí an Solas

Tabhair na teimpléid do na páistí, agus cuidigh leo na figiúirí a dhéanamh mar seo a leanas:




- Gearr timpeall an líne leanúnach ar an dtaobh amuigh de gach figiúr.




- Fill gach figiúr ar an líne poncaithe i lár.



- Cuir dath dubh ar cheann de na figiúirí.



- Cuir dath buí ar an dá fhigiúr eile.



- Greamaigh na figiúirí le chéile ionas go ndéanann siad duine 3D.

Nuair a bheidh an saothar ealaíne críochnaithe, léigh an sliocht Scrioptúrtha ó Íseáia arís agus iarr ar na páistí a bhfigiúr féin a bhogadh, 'ag siúl' ón dorchadas go dtí an solas - .i. ag iompú óna íomhá dhubh go dtí a íomhá buí ag an am cuí. Cabhróidh sé seo leis na páistí a thuiscint bheith ag bogadh ón dorchadas (dubh) go dtí an solas (buí).

Inis do na páistí gurb é seo a gheall Dia do na daoine - go mbogfadh siad ó bheith ag siúl sa dorchadas go bheith ag siúl sa solas.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### ‘Anna agus Simeon’

Tosaigh trí fhocail Íseáia, fáidh, a thabhairt chun cinn - ‘An pobal a bhí ag siúl sa dorchadas, chonaic siad solas mór.’ Mínigh gur gheall Dia go seolfadh sé solas speisialta ar domhan - solas nach bhfacthas riamh cheana. Ansin inis do na páistí go léifidh tú scéal faoi bheirt anois - fear darb ainm Simeon agus bean darb ainm Anna - a chaith a saol ag fanacht leis an solas seo. Léigh an sliocht Scrioptúrtha, ‘Anna agus Simeon’.

**‘Anna agus Simeon’**

(*Curtha in oiriúint ó Lúcás 2:25, 36*)



Bhí fear maith naofa ann tráth darbh ainm Simeon. Chuaigh Simeon go dtí an teampall gach lá chun a bheith ag feitheamh agus guí ar son an solas a bhí geallta ag Dia. Bhí dóchas ag Simeon go bhfeicfeadh sé féin an solas lá éigin. Ní raibh sé cinnte fiú amháin, cén cruth a bheadh ar an solas a bhí geallta ag Dia, ach bhí a fhios aige, nuair a thiocfadh sé, go mbeadh sé an-speisialta.

Bhí duine eile ann freisin a chaith a lán ama sa teampall le Simeon. Anna ab ainm di. Bhíodh sí ag guí freisin, agus ag faire chun an solas a bhí geallta ag Dia a fheiceáil. Bhí Anna ag fanacht agus ag fanacht ar an solas seo. Ní raibh sí cinnte chomh maith, cén cruth a bheadh ar an solas a bhí geallta ag Dia, ach bhí a fhios aici, nuair a thiocfadh sé, go mbeadh sé an-speisialta.

Tar éis an sliocht Scrioptúrtha a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu, ‘Cad air a bhí Simeon agus Anna ag fanacht?’ Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Bhí Simeon agus Anna ag fanacht le fada ar an solas a gheall Dia a sheoladh. Conas a bhrath siad, dar leat, agus iad ag fanacht?
- N’fheadar ... an gceapann tú gur chaill Simeon agus Anna misneach riamh as a bheith ag fanacht leis an solas a gheall Dia a sheoladh? Cén fáth nó cén fáth nár chaill siad?

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### Rólimirt

Eagraigh na páistí ina mbeirteanna, agus tabhair ról Anna do pháiste amháin agus ról Simeon do pháiste eile. Iarr ar na páistí nóiméad a chaitheamh ag smaoineamh ar a gcarachtar féin, Anna nó Simeon, agus mar a chaith siad a gcuid ama sa teampall, ag fanacht leis an solas a gheall Dia a sheoladh. Ansin tabhair cuireadh do na páistí an comhrá idir Anna agus Simeon a shamhlú. Roghnaigh péire nó dhó chun an rólimirt a chur i láthair don rang..

Críochnaigh trí chomhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna den chineál céanna:

- Gheall Dia go gcuirfeadh sé solas chuig na daoine a bhí ag siúl sa dorchadas. N’fheadar… cé/cad a bhí i gceist ag Dia?
- Cén chaoi a bhfuil Íosa cosúil le solas? Dá dtiocfadh Íosa isteach sa seomra seo anois, an gcuirfeadh sé gile air? Conas?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 18: Déanann na páistí machnamh ar conas a bhí Simeon agus Anna ag feitheamh ar an solas a gheall Dia a sheoladh.

### Sa Bhaile

Lch. 19: Déanann na páistí agus a dteaghlaigh comhrá faoi na rudaí atá ar siúl acu agus iad ag fanacht le ceiliúradh a dhéanamh ar bhreith Íosa, Lá Nollag. Tugtar cuireadh dóibh paidir a rá le chéile freisin.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tríd an bhfáidh Íseáia, gheall Dia solas a chur chuig na daoine a shiúil sa dorchadas. D'fhan go leor daoine ag fanacht leis an solas a gheall Dia a sheoladh. D'fhan siad agus d'fhan siad go foighneach agus ní raibh amhras orthu riamh go dtiocfadh an solas. Bhí Simeon agus Anna ar bheirt de na daoine seo. Le linn na hAidbhinte, bímid freisin ag feitheamh ar Íosa, an solas a gheall Dia a sheoladh.

## AG COMHRÁ

### Faoin Solas a gheall Dia a Sheoladh

Tosaigh trí a fhiafraí de na páistí cé hé an solas a gheall Dia go seolfadh sé ar domhan? Déan comhrá faoi seo ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad iad na cineálacha éagsúla soilse a fheiceann tú tráth seo na bliana?
- Chuir Dia Íosa ar domhan. Is é Íosa an solas a gheall Dia go seolfadh sé. Cad iad na bealaí ina bhfuil Íosa cosúil le solas?
- Táimid ag fanacht le breith Íosa a cheiliúradh díreach cosúil le Anna agus Simeon. Táimid ag fanacht le bogadh ó bheith ag siúl sa dorchadas go bheith ag siúl sa solas. Cad iad na rudaí atá á dhéanamh agat agus tú ag fanacht le hÍosa, solas an domhain?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

*Seinn an chéad véarsa de iomann oiriúnach agus spreag na páistí páirt a ghlacadh ag canadh. Las an chéad choinneal chorcra nuair atá an ceol ag seinm.*

**M:** Na daoine a bhí sa dorchadas tá solas iontach feicthe acu. (*Sos*) Le linn séasúr na hAidbhinte, bímid ag fanacht chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhreith Íosa. An Domhnach seo chugainn, tosóimid ar an dara seachtain den Aidbhint agus lasfar an dara coinneal, coinneal chorcra eile, in eaglaisí agus i dtithe ar fud an domhain. Inniu, ag baint úsáid as ár nguthanna inmheánacha, deirimis le hÍosa go bhfuilimid ag súil lena bhreith a cheiliúradh um Nollaig.

Abair i mo dhiaidh: Cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar do ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá*)

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*)

(*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

**M:** Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, inis le hÍosa cén fáth go bhfuil tú ag súil lena bhreith a cheiliúradh um Nollaig. (*Sos*)

Cé a bheidh in éineacht leat agus tú ag ceiliúradh Lá Nollag? Inis a n-ainmneacha d'Íosa. (*Sos*)

Iarr ar Íosa iad a bheannú agus iad ag fanacht. (*Sos*)

Agus iarr ar Íosa tusa a bheannú freisin agus tú ag fanacht. (*Sos*)

Anois, éist le hÍosa. Féach an bhfuil rud ar bith le rá aige duit inniu. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt arís.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Is é Íosa an Solas

## SULA DTOSAÍONN TÚ

An tseachtain seo, cloiseann na páistí scéal Chuairt na Maighdine Muire ar Eiliosaibeit, agus déanann siad iniúchadh ar an gcaidreamh idir Muire agus Eiliosaibeit. Sular rugadh Íosa, thug sé lúcháir do dhaoine: léim an leanbh le háthas i mbroinn Eiliosaibeit nuair a bheannaigh Muire í. Ina shaol poiblí, lean Íosa leis ag tabhairt an Dea-Scéal lúcháireach faoi ghrá Dé don domhan: trí radharc na súl a thabhairt do na daill, éisteacht do na bodhair, agus siúlóid do na bacaigh. Tá an lúcháir seo le fáil againn freisin, inniu: is trí Íosa a éirímid níos gaire do Dhia, ár nAthair. An tseachtain seo, leanann na páistí ag machnamh ar bheith ag fanacht ar bhreith Íosa agus leanann siad orthu ag marcáil na laethanta ar féilire na hAidbhinte.

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### Faoi Chol Ceathracha

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoi chol ceathracha ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An bhfuil col ceathracha ag duine ar bith sa rang seo? An féidir leat an méid col ceathrar atá agat a chomhaireamh? Féachaimis cé a bhfuil an méid is mó acu. An bhfuil éinne anseo nach bhfuil aon chol ceathracha acu?
- An bhfuil col ceathrar agat atá an-speisialta duit? Cén fáth go bhfuil an col ceathrar sin chomh speisialta? An maith leat é sin a roinnt linn?
- An bhfuil col ceathracha ag duine ar bith a chónaíonn i gcéin? An dtéann tú riamh chun bualadh leo? Cén chaoi a raibh an turas? Cad a rinne tú nuair a chonaic tú do chol ceathrar tar éis aistear chomh fada sin?

Críochnaigh trí insint do na páistí go mbeidh siad ag foghlaim, i rith na seachtaine, faoi Mhuire agus a col ceathrar, Eiliosaibeit, agus faoin am speisialta a chaith siad le chéile.

## PAIDIR

### Sé do Bheatha, a Mhuire

*Comhartha na Croise*

*Seinn an chéad agus an dara véarsa de iomann oiriúnach agus spreag na daltaí páirt a ghlacadh sa cheol. Las an chéad agus an dara coinneal ar Fhleasc na hAidbhinte le linn an cheoil.*

**M:** 'Na daoine a bhí sa dorchadas tá solas iontach feicthe acu'. (*Sos*). Tá páirt an-tábhachtach ag Muire i scéal teacht Íosa. Guímis inniu an phaidir *Sé do Bheatha, a Mhuire*. Tá gníomhartha ag dul leis an bpaidir.
Deanaimis iad le chéile.

Sé do bheatha, a Mhuire...
*(Ardaigh do dheasóg agus sín amach ar dheis í)*

Atá lán de ghrásta...
*(Ardaigh do chitóg agus sín amach ar chlé í)*

Tá an Tiarna leat.
*(Tabhair do dhá lámh isteach, agus déan iad a fhilleadh thar do chroí)*

Is beannaithe thú idir mhná...
*(Scuab do dheasóg os do chomhair amach, ó chlé go deas, ag pointeáil chuig gach duine sa rang)*

Agus is beannaithe toradh do bhroinne, Íosa.
*(Lig ort leanbh a bheith á luascadh i do bhaclainn agat)*

A Naomh Mhuire...
*(Ardaigh do dheasóg agus sín amach ar dheis í)*

A mháthair Dé...
*(Ardaigh do chitóg agus sín amach ar chlé í)*

Guigh orainn, na peacaigh...
*(Cuir na lámha i riocht urnaí)*

Anois...
*(Sín an dá lámh i dtreo na talún)*

Agus ar uair ár mbáis...
*(Pointeáil i dtreo caol na láimhe)*

Áiméan.
*(Cuir na lámha i riocht urnaí)*

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tugtar 'Teachtaireacht an Aingil' ar chuairt an Aingil Gaibriéil chuig Muire chun cuireadh Dé a thabhairt di a bheith mar mháthair d'Íosa. Déanaimid 'Teachtaireacht an Aingil' a cheiliúradh ar an 25ú Márta - díreach naoi mí roimh Lá Nollag. Is féidir leat an féasta seo a mhíniú do na páistí má cheapann tú gur cuí é a dhéanamh.

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### An Múinteoir i Ról

Fiafraigh de na páistí cad iad na ceisteanna a chuirfidís ar Mhuire dá mbeidís sa seomra léi nuair a d'imigh an t-Aingeal Gaibriéil. Agus an Múinteoir i Ról Mhuire, lig do na páistí na ceisteanna sin a chur ort. Dírigh ar mhisneach Mhuire agus ar a muinín i nDia. Luaigh ainm Eiliosaibeit freisin, agus go mbeifeá ag tabhairt cuairt uirthi chun í a fheiceáil.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### Cuairt na Maighdine Muire ar Eiliosaibeit




Mínigh do na páistí, ar ais ag an am nuair a thug Muire cuairt ar Eiliosaibeit, nach raibh na bóithre cosúil leis na bóithre atá againn inniu. Bhí siad garbh agus lán le deannach, mar sin is dócha gur thóg sé trí nó ceithre lá ar Mhuire siúl chun bualadh le Eiliosaibeit. Cuir i gcuimhne do na páistí



nach raibh aon mhodh meicniúil iompair ann ag an am. Tabhair cuireadh do na páistí a theacht ar an bhfáth gur shocraigh Muire an turas a dhéanamh, agus ar thaistil sí ina haonar.

Ina dhiaidh sin léigh an sliocht Scrioptúrtha do na páistí.

**'Cuairt Mhuire ar Eiliosaibeit'**
(*Curtha in oiriúint ó Lúcás 1:39-45*)



Go luath tar éis don aingeal Muire a fhágáil, d'ullmhaigh Muire í féin agus rinne sí deifir cuairt a thabhairt ar a col ceathrar, Eiliosaibeit. Chónaigh Eiliosaibeit i bhfad ó Mhuire ach chuir Muire chun bóthair. Nuair a tháinig sí go teach Eiliosaibeit, chuaigh Muire isteach sa teach áit a raibh cónaí ar Eiliosaibeit lena fear céile, Zachairias. Bhí Eiliosaibeit ag iompar clainne ag an am sin freisin, agus nuair a chuala sí guth Mhuire, bhíog an naíonán ina broinn!

Níor chreid Eiliosaibeit an méid a tharla. Bhí a fhios aici i gcónaí gur duine an- chneasta ab ea Muire, ach anois bhí sí cinnte de go raibh sí roghnaithe ag Dia do rud éigin an-speisialta. Agus dúirt sí i nguth ard, 'Is beannaithe tú idir mná, agus is beannaithe toradh do bhroinne!'

Bhí áthas ar Mhuire. Bhí a fhios ag Eiliosaibeit go raibh Muire ag iompar clainne agus go mbeadh leanbh aici … agus ní leanbh ar bith a bheadh ann – ach Mac Dé. Dúirt Eiliosaibeit le Muire, 'Óir féach, nuair a chuaigh glór do bheannachtha i mo chluasa, bhíog an naíonán i mo bhroinn le háthas. Anois, tá a fhios agam go cinnte … choinnigh Dia a chuid gealltanas solas iontach a chur chugainn. Is é a Mhac féin a bheidh inár measc!'

Tar éis duit an sliocht Scrioptúrtha a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le, 'Cén teach a rinne Muire cuairt air?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- N'fheadar ... cén fáth ar bhog leanbh Eiliosaibeit istigh inti nuair a labhair Muire? Cén fáth, dar leat, go raibh leanbh Eiliosaibeit ar bís faoi Íosa ag teacht ar domhan?
- Dúirt Eiliosaibeit le Muire, 'Is beannaithe thú idir mhná, agus is beannaithe toradh do bhroinne!' Cár chuala tú na focail seo roimhe seo?
- Insíonn an Bíobla dúinn gur fhan Muire le Eiliosaibeit ar feadh trí mhí. N'fheadar… cad a rinne siad le linn na tréimhse sin?

## DÁN

### 'Cúpla Nóiméad'

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoi dhá nóiméad tábhachtacha i saol Mhuire: ar dtús, tháinig an tAingeal Gaibriéil chun a rá léi go raibh sí chun a bheith ina máthair d'Íosa; agus sa dara háit, chuaigh sí chun cuairt a thabhairt ar a col ceathrar, Eiliosaobeit, a d'fhéadfadh a rá léi go raibh leanbh an-speisialta á iompar aici - níos speisialta ná aon leanbh eile. Ba é leanbh Mhuire an solas a gheall Dia a sheoladh. Ansin taispeáin Póstaer 4 do na páistí agus léigh an chéad dá véarsa den dán, 'Cúpla Nóiméad'. Úsáid gníomhartha de réir mar is cuí.

**Cúpla Nóiméad**

Nuair a tháinig an tAingeal chuig Muire
Bhí imní uirthi ar ndóigh,
Ach nuair a d'inis sé di a scéal
Ní dhearna sí dearmad go deo.

Nuair a d'imigh sí féin ar a turas
Bhí imní uirthi ar ndóigh,
Ach nuair a thug Eiliosaibeit póg di
Ní dhearna sí dearmad go deo.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 20: Déanann na páistí machnamh ar Chuairt na Maighdine Muire.

### Sa Bhaile

Lch. 21: Tugtar cuireadh do pháistí agus do theaghlaigh comhrá a dhéanamh faoi ócáidí nuair a thug siad cuairt ar ghaolta a chónaigh i bhfad uathu. Iarrtar orthu *'S é do bheatha, a Mhuire* a ghuí le chéile freisin.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Go luath tar éis don Aingeal Gaibriéil Muire a fhágáil, chuaigh sí chun cuairt a thabhairt ar a col ceathrar, Eiliosaibeit, a bhí ina cónaí i bhfad uaithi. Bhí Eiliosaibeit ag iompar clainne freisin agus, a luaithe a chonaic sí Muire, léim an leanbh istigh inti le háthas. Bhí a fhios ag Eiliosaibeit nach gnáth leanbh a bhí á iompar ag Muire - ba é an solas a gheall Dia a sheoladh.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Cantar carúil Nollag san Eaglais i rith shéasúr na Nollag. Maireann séasúr na Nollag go dtí an Domhnach i ndiaidh 6ú Eanáir.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

*Seinn an chéad agus an dara véarsa de iomann oiriúnach agus spreag na daltaí páirt a ghlacadh sa cheol. Las an chéad agus an dara coinneal ar Fhleasc na hAidbhinte le linn an cheoil.*

**M:** 'Na daoine a bhí sa dorchadas tá solas iontach feicthe acu'. (*Sos*) I rith séasúr na hAidbhinte, bímid ag feitheamh chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhreith Íosa, an solas a gheall Dia a sheoladh chugainn. Ar an Domhnach seo chugainn, tosóimid ar an tríú seachtain den Aidbhint agus lasfar an tríú coinneal, an choinneal bhándearg, in eaglaisí agus i dtithe ar fud an domhain. Táimid go léir ag feitheamh ar an rud céanna - Íosa, solas an domhain, an solas a gheall Dia a sheoladh chugainn.

Fadó, fadó ó shin, d'fhan daoine ag feitheamh don solas freisin.

**M:** A Íosa ár gcara,
Is tú an solas a gheall Dia a sheoladh chugainn.
Bhí go leor daoine ag feitheamh ar do bhreith - Muire, Eiliosaibeit, Zachairias, Simeon agus Anna.
Táimid freisin ag fanacht anois chun ceiliúradh a dhéanamh ar do lá bhreithe.
Cabhraigh linn fanacht go foighneach agus áthas a bheith orainn inár bhfeitheamh.

**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# Ceacht 3: Tá an feitheamh thart

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Seo an ceacht deireanach de na trí cheacht ar an téama an Aidbhint agus an Nollaig. Cuirtear an bhéim anseo ar mhachnamh lúcháireach agus ceiliúradh ar bhreith Íosa i mBeithil. Tugann na páistí cuairt arís ar scéal na breithe atá cur amach acu cheana sa tsraith *I nGrá Dé* do Naíonáin Shóisearacha/B1 agus do Naíonáin Shinsearacha/B2. I mbliana, cuirtear teacht Íosa ar domhan i láthair mar chomhlíonadh gealltanais Dé. Is é Íosa an solas gur gheall Dia a sheoladh. Fiú amháin i ndorchadas an gheimhridh, cabhraíonn an Nollaig linn cuimhneamh go bhfuil maitheas, solas agus grá ann sa domhan. In Íosa feicimid gach rud atá go maith agus go grámhar: an solas a gheall Dia seoladh.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Na figiúirí seo a leanas ón mhainséar: Muire, Íosa, Iósaef, na saoithe agus na haoirí le cur isteach sa mhainséar folamh.
- Dáil amach cuirí chuig an tseirbhís urnaí ag deireadh an téama, má tá sé ar intinn agat cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí/do bhaill teaghlaigh, do shéiplíneach na scoile nó do éinne eile.

# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT

### Ordóga in airde, ordóga thíos

Can (nó seinn) *Oíche Chiúin* leis na páistí. . Ansin léigh amach na ráitis seo a leanas ceann i ndiaidh a chéile. Nuair a bheidh gach ráiteas léite amach, roghnaíonn na páistí aontú nó easaontú leis trí na hordóga a ardú nó a ísliú. Tar éis gach ráiteas a léamh, déan comhrá leis na páistí ag úsáid na nithe thíos.

- Feicimid go leor soilse um Nollaig.
  - » Tabhair cuireadh do na páistí labhairt faoi na soilse a fheiceann siad mórthimpeall orthu um Nollaig.
- Táim ag tnúth go mór leis an Nollaig.
  - » Cuir ceist ar chuid de na páistí lena n-ordóga in airde cén fáth go bhfuil siad ag tnúth leis an Nollaig.
- Tréimhse í an Nollaig le bheith ag tabhairt.
  - » Tabhair cuireadh do chuid de na páistí labhairt faoi cuid de na rudaí a thugtar dóibh um Nollaig.
- Tréimhse í an Nollaig chun grá a thaispeáint.
  - » Tabhair cuireadh do chuid de na páistí labhairt faoi bhealaí ina dtaispeánaimid grá um Nollaig.
- Tréimhse cheiliúrtha í an Nollaig.
  - » Fiafraigh de na páistí conas a cheiliúrann siad an Nollaig ina dtithe féin.
- Tréimhse chuimhne í an Nollaig.
  - » Iarr ar na páistí cuid de na daoine, rudaí agus scéalta a gcuimhneoidh siad orthu um Nollaig, a liostáil.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

*Seinn an chéad, an dara agus an tríú véarsa de iomann oiriúnach agus spreag na páistí a bheith páirteach sa cheol. Las an dá coinneal corcra agus an coinneal bándearg ar Fhleasc na hAidbhinte le linn na véarsaí cuí.*

**M:** Na daoine a bhí sa dorchadas tá solas iontach feicthe acu. (*Sos*) Inniu déanaimis cuimhneamh ar na daoine nach bhfuil áthas orthu i mbliana agus sinn go léir ag fanacht don Nollaig. B'fhéidir go mbraitheann siad brónach toisc nach bhfuil aon solas ina saol. Déarfaidh mise, 'Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad, a ghuímid' ag deireadh gach paidir. Is féidir libhse a rá, 'Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad gach lá.'

**M:** Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad, a ghuímid.
**P:** Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad gach lá.

**M:** A Dhia, beannaigh iad siúd a bhfuil brón orthu. Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad, a ghuímid.
**P:** Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad gach lá.

**M:** A Dhia, beannaigh iad siúd nach bhfuil cairde acu. Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad, a ghuímid.
**P:** Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad gach lá.

**M:** A Dhia, beannaigh iad siúd nach bhfuil go leor bia acu. Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad, a ghuímid.
**P:** Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad gach lá.

**M:** A Dhia, beannaigh iad siúd a bhfuil eagla orthu. Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad, a ghuímid.
**P:** Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad gach lá.

**M:** A Dhia, beannaigh iad siúd atá tinn. Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad, a ghuímid.
**P:** Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad gach lá.

**M:** Dúnaimis ár súile anois agus guímis go mbeidh solas Íosa le feiceáil ag na daoine go léir atá ag siúl sa dorchadas. (*Sos*)

**M:** Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad, a ghuímid.
**P:** Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad gach lá.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Breith Íosa'

Cuir i gcuimhne na bpáistí cé chomh cóngarach agus atá sé don Nollaig trí fhleasc agus féilire na hAidbhinte a thaispeáint dóibh. Dírigh a n-aire chuig an mainséar folamh.

Ansin inis do na páistí gur tháinig an t-am faoi dheireadh chun Íosa a theacht ar an saol. Fiafraigh de na páistí cá háit a bhfuil scéal bhreith Íosa le fáil. Léigh an sliocht Scrioptúrtha 'Breith Íosa'.

**'Breith Íosa'**
(*Lúcás 2:1-7*)



**Ag an am sin d'ordaigh Impire Agust daonáireamh a thógáil san Impireacht Rómhánach. Mar sin chuaigh gach duine go dtí a bhaile dúchais féin chun clárú. Chuaigh Iósaef ó Bhaile Nazarat sa Ghailíl go dtí Beithil in Iúdáia, áit bhreithe Rí Dháiví. Chuaigh Iósaef ansin toisc go raibh sé de shliocht Dháiví. Chuaigh sé le clárú in éineacht le Muire, a bhean chéile. Bhí sí ag iompar clainne agus cé go raibh siad i mBeithil, bhí sé in am di a leanbh a thabhairt ar an saol. Rug sí a céadghin mic, agus chuir i gcrios ceangail é, agus shín i mainséar é, de bhrí nach raibh slí dóibh san ósta.**

Toisc go bhfuil na páistí chomh heolach ar an sliocht Scrioptúrtha seo, bain úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo chun na páistí a dhíriú ar dhearcthaí Mhuire agus Iósaef:

- Dá ma tusa Muire, conas a cheapfá a bhraithfeá nuair a chuala tú an nuacht faoin daonáireamh?
- Dá mba tusa Iósaef, conas a bhraithfeá nuair a thuig tú nach raibh áit ar bith i mBeithil le fanacht inti?
- Dá mba tusa Muire nó Iósaef, conas a mhothaigh tú nuair a rugadh an leanbh Íosa?

## DÁN

### 'Cúpla Nóiméad'

Tabhair an chéad dá véarsa den dán chun cuimhne:

**Cúpla Nóiméad**
Nuair a tháinig an tAingeal chuig Muire
Bhí imní uirthi ar ndóigh,
Ach nuair a d'inis sé di a scéal
Ní dhearna sí dearmad go deo.

Nuair a d'imigh sí féin ar a turas
Bhí imní uirthi ar ndóigh,
Ach nuair a thug Eiliosaibeit póg di
Ní dhearna sí dearmad go deo.

Ansin cuir na véarsaí eile den dán in aithne na bpáistí:

Nuair a chuala Muire faoi Bheithil
Bhí imní uirthi ar ndóigh,
Ach nuair a dúirt Iósaef 'Beidh mise leat'
Ní dhearna sí dearmad go deo.

Nuair nach bhfuair siad aon lóistín
Bhí imní ar Mhuire ar ndóigh,
Ach nuair a chuala sí uan ag méileach
Ní dhearna sí dearmad go deo.

Nuair a chaoin an babaí den chéad uair
Bhí imní ar Mhuire ar ndóigh,
Ach nuair a tháinig meangadh ar a bhéal
Ní dhearna sí dearmad go deo.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Na hAoirí'

Inis an scéal faoi na hAoirí do na páistí.

**'Na hAoirí'**

(*Lúcás 2:8-20*)



**Agus bhí aoirí sa taobh tíre céanna, amuigh faoin spéir, ag faireacháin oíche i mbun a dtréada. Agus sheas aingeal an Tiarna láimh leo, agus shoilsigh glóir an Tiarna ina dtimpeall, agus bhí uamhan agus eagla mhór orthu. Agus dúirt an t-aingeal leo: 'Ná bíodh eagla oraibh: óir féach, tá dea-scéala agam daoibh a chuirfidh áthas mór ar an bpobal uile: rugadh Slánaitheoir daoibh inniu – is é Críost an Tiarna é – i gcathair Dháiví. Agus is comhartha daoibh é seo: gheobhaidh sibh naíonán i gcrios ceangail agus é ina luí i mainséar.' Agus bhí go tobann, mar aon leis an aingeal, cuallacht de shlua na bhflaitheas ag moladh Dé agus ag rá: 'Glóir do Dhia in uachtar neimhe, agus síocháin ar talamh don mhuintir ar a bhfuil a ghnaoi!' Agus nuair a d'imigh na haingil uathu sna flaithis, dúirt na haoirí le chéile: 'Téimis anonn go Beithil, agus feicimis an ní seo a tharla a d'inis an Tiarna dúinn.'**

**Agus d'imigh go deifreach, agus fuair siad Muire agus Iósaef, agus an naíonán ina luí sa mhainséar. Agus ar a fheiceáil dóibh, d'inis siad an ní a dúradh leo mar gheall ar an leanbh seo. Agus cách a chuala, b'ionadh leo na nithe a dúirt na haoirí leo. Agus thaiscigh Muire ina cuimhne na nithe seo uile, ag machnamh orthu ina croí. Agus chuaigh na haoirí ar ais ag ghlóiriú agus ag moladh Dé faoinár chuala siad agus a bhfaca siad, de réir mar a bhí ráite leo.**

Úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna chun na páistí a dhíriú ar dhearcthaí na n-aoirí:

- Más rud é go raibh tú mar aoire sa pháirc an oíche sin, conas a bhraithfeá nuair a chonaic tú na haingil?
- Conas a bhraithfeá nuair a bhuail tú leis an leanbh Íosa sa stábla?
- Cad iad na cineálacha rudaí a déarfá le daoine nuair a bhuail tú leo an lá dar gcionn?

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Na Saoithe'

Cuir an sliocht Scrioptúrtha deiridh i láthair na bpáistí.

**'Na Saoithe'**

(*Matha 2:1, 9-11*)



**Rugadh Íosa i mBeithil Iúdáia. Go gairid ina dhiaidh sin, tháinig roinnt fir, a rinne staidéar ar na réaltaí, ón Oirthear go hIarúsailéim. Chonaic siad réalta san oirthear agus bhí a fhios acu go raibh tábhacht ag baint léi. Lean siad í agus chuaigh an réalta ar aghaidh go dtí gur stad sí os cionn na háite inar rugadh Íosa. Chuaigh siad isteach sa stábla agus nuair a chonaic siad an leanbh le Muire a mháthair, d'umhlaigh siad go talamh ag déanamh ómóis dó. Agus d'oscail siad a gcistí agus d'ofráil siad tabhartais dó, ór agus túis agus miorra.**

Úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna chun na páistí a dhíriú ar dhearcthaí na saoithe:

- Dá mba dhuine de na saoithe thú, conas a bhraithfeá nuair a tháinig tú go Beithil ar deireadh?
- An rachfá ar do ghlúine agus adhradh a thabhairt d'Íosa? Cén fáth?
- Cad a bheadh á rá agat leis na daoine gur bhuail tú leo ar an mbealach abhaile?

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Rugadh Íosa i stábla bunúsach i mBeithil. Tháinig aingil i láthair aoirí, a bhí ag tabhairt aire dá tréada i bpáirceanna in aice láimhe, agus d'inis siad dóibh faoi bhreith Íosa. D'fhág siad na páirceanna agus chuaigh siad go dtí an stábla. Chonaic saoithe ón Oirthear réalta sa spéir a thug le fios dóibh go raibh rud éigin iontach tar éis a tharla. Lean siad an réalta agus thug sí go dtí áit bhreithe Íosa iad.

## AG COMHRÁ

### Faoin Nollaig a Cheiliúradh

Tarraing aird na bpáistí chuig fleasc na hAidbhinte. Cuir i gcuimhne dóibh go rabhamar ag fanacht go foighneach don lá nuair a dhéanfaimis ceiliúradh ar bhreith Íosa, agus tá an lá sin beagnach linn anois. Ansin cuir na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna orthu chun machnamh agus roinnt cinntí faoin Nollaig a dhéanamh:

- Smaoinigh ar na rudaí atá á dhéanamh agat sa bhaile agus tú ag fanacht leis an Nollaig:
  - » An bhfuil tú ag cuimhneamh ar Íosa le gach rud a dhéanann tú?
  - » Agus tú ag siopadóireacht nó ag féachaint ar an teilifís, an mbíonn sé éasca nó deacair cuimhneamh go mbaineann an Nollaig le hÍosa? Cén fáth?
  - » An gceapann tú gur chóir gurb é Íosa an rud is tábhachtaí faoin Nollaig? Má cheapann tú amhlaidh, conas is féidir leat a chinntiú nach ndéanann tú dearmad ar Íosa?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 22: Déanann na páistí machnamh ar scéal na Nollag.

### Sa Bhaile

Lch. 23: Tugtar cuireadh do pháistí agus do theaghlaigh smaoineamh faoi conas is féidir leo an Nollaig a cheiliúradh. Tugtar cuireadh dóibh guí le chéile freisin.

# Seirbhís Urnaí

Téama: An Aidbhint agus an Nollaig

*Más féidir, iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr orthu a gcathaoireacha a iompú i dtreo an spáis urnaí. Cinntigh go mbeidh an mainséar folamh ina phointe fócasach sa spás urnaí. B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do bhaill teaghlaigh agus/nó do shéiplíneach na scoile freastal ar an tseirbhís urnaí.*



**Mar ullmhúchán, beidh ort:**

- *Ochtar páiste a roghnú mar léitheoirí. B'fhéidir gur mhaith leat na téacsanna a fhótachóipeáil agus iad a dháileadh amach roimh an tseirbhís urnaí.*
- *Roghnaigh cúigear páiste chun na figiúirí don mhainséar a chur isteach sa spás urnaí .i. Íosa, Muire, Iósaef, na saoithe agus na haoirí. Is féidir leat do fhigiúirí féin a úsáid nó iad a dhéanamh, ag baint úsáid as na teimpléid atá ar fáil ar líne.*

*Comhartha na Croise*

**M:** Nuair a lasaimid na coinnle ar Fhleasc na hAidbhinte, tabharfaimis chun cuimhneamh faoi mar a bhíomar ag feitheamh le ceithre seachtaine anuas. Bhíomar ag fanacht le haghaidh na Nollag agus anois tá sé beagnach anseo.

*Seinn ceithre véarsa de iomann oiriúnach agus spreag na páistí a bheith páirteach sa cheol. Las na ceithre coinnle ar Fhleasc na hAidbhinte le linn an cheoil.*

**Léitheoir 1: Sliocht as leabhar Íseáia, fáidh:**
Na daoine a shiúl sa dorchadas tá solas iontach feicthe acu. Chónaigh siad i dtír lán de scáileanna, ach anois tá solas ag taitneamh orthu.

**M:** Chreid na daoine go seolfadh Dia, a Mhac Íosa, solas an domhain, chucu. Guímis le chéile, 'Is méanar dóibh siúd a bhfuil muinín acu i ngealltanas Dé.'

**Pobal:** Is méanar dóibh siúd a bhfuil muinín acu i ngealltanas Dé.

**Léitheoir 2:** Bhí Anna agus Simeon ag feitheamh ar an solas a gheall Dia. Is méanar dóibh siúd a bhfuil muinín acu i ngealltanas Dé.

**Pobal:** Is méanar dóibh siúd a bhfuil muinín acu i ngealltanas Dé.

**Léitheoir 3:** Bhíog an naíonán i mbroinn Eiliosaibeit nuair a tháinig Muire ar cuairt chuici. Is méanar dóibh siúd a bhfuil muinín acu i ngealltanas Dé.

**Pobal:** Is méanar dóibh siúd a bhfuil muinín acu i ngealltanas Dé.

**Léitheoir 4:** Thug Iósaef aire do Mhuire fad is a bhí siad ag feitheamh le teacht Íosa. Is méanar dóibh siúd a bhfuil muinín acu i ngealltanas Dé.

**Pobal:** Is méanar dóibh siúd a bhfuil muinín acu i ngealltanas Dé.

*Tabhair cuireadh do pháiste an dealbh de Iósaef a chur sa mhainséar.*

**Léitheoir 5:** Bhí Muire ag feitheamh go dóchasach le teacht Íosa. Is méanar dóibh siúd a bhfuil muinín acu i ngealltanas Dé.

**Pobal:** Is méanar dóibh siúd a bhfuil muinín acu i ngealltanas Dé.

*Tabhair cuireadh do pháiste an dealbh de Mhuire a chur sa mhainséar.*

**Léitheoir 6: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Lúcáis:**
Le linn dóibh a bheith i mBeithil, bhí sé in am do bhreith Íosa. Rug Muire a céadghin mic, agus chuir i gcrios ceangail é, agus shín i mainséar é, de bhrí nach raibh slí dóibh san ósta.

*Tabhair cuireadh do pháiste an dealbh den leanbh Íosa a chur sa mhainséar.*

**Léitheoir 7:** D'fhan na haoirí sna chnoic ag feitheamh ar na haingil. Glóir do Dhia sna harda!

**Pobal:** Glóir do Dhia sna harda!

*Tabhair cuireadh do pháiste an dealbh de na haoirí a chur sa mhainséar.*

**Léitheoir 8:** D'fhan na saoithe lá i ndiaidh lae chun réalta lonrach a fheiceáil. Chan na haingil, 'Glóir do Dhia sna harda!'

**Pobal:** Glóir do Dhia sna harda!

*Tabhair cuireadh do pháiste an dealbh de na saoithe a chur sa mhainséar.*

**M:** Tá mainséar na Nollag críochnaithe againn anois. Tá deireadh lenár bhfeitheamh. Tá Íosa, an solas a gheall Dia dúinn, linn anois.

**M:** A Dhia ár nAthair,
Chuir tú Íosa chugainn chun méid do ghrá dúinn a thaispeáint.
Is é Íosa an solas a gheall tú a sheoladh chugainn.
Bíodh ár gceiliúradh ar a bhreith geal agus áthasach,
Agus go dtógfaimis a sholas do dhaoine eile.
Sin é ár nguí chugat trí Íosa, ár gcara.

**P:** Áiméan.

**Amhrán Deiridh:** 'Oíche Chiúin' (*nó iomann oiriúnach eile*)

## SLEACHTA A BHAINEANN LEIS AN TSEIRBHÍS URNAÍ

**Léitheoir 1: Sliocht as leabhar Íseáia, fáidh.** Na daoine a shiúl sa dorchadas tá solas iontach feicthe acu. Chónaigh siad i dtír lán de scáileanna, ach anois tá solas ag taitneamh orthu.

**Léitheoir 2:** Bhí Anna agus Simeon ag feitheamh ar an solas a gheall Dia. Is méanar dóibh siúd a bhfuil muinín acu i ngealltanas Dé.

**Léitheoir 3:** Bhíog an naíonán i mbroinn Eiliosaibeit nuair a tháinig Muire ar cuairt chuici. Is méanar dóibh siúd a bhfuil muinín acu i ngealltanas Dé.


**Léitheoir 4:** Thug Iósaef aire do Mhuire fad is a bhí siad ag feitheamh le teacht Íosa. Is méanar dóibh siúd a bhfuil muinín acu i ngealltanas Dé.

**Léitheoir 5:** Bhí Muire ag feitheamh go dóchasach le teacht Íosa. Is méanar dóibh siúd a bhfuil muinín acu i ngealltanas Dé.

**Léitheoir 6: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Lúcáis:**
Le linn dóibh a bheith i mBeithil, bhí sé in am do bhreith Íosa. Rug Muire a céadghin mic, agus chuir i gcrios ceangail é, agus shín i mainséar é, de bhrí nach raibh slí dóibh san ósta.

**Léitheoir 7:** D'fhan na haoirí sna chnoic ag feitheamh ar na haingil. Glóir do Dhia sna harda!

**Léitheoir 8:** D'fhan na saoithe lá i ndiaidh lae chun réalta lonrach a fheiceáil. Chan na haingil, 'Glóir do Dhia sna harda!'



# Téama 4: Ar Aifreann, cloisimid an Soiscéal

## Ceacht 1: Bhí alltacht ar chách a chuala é.
## Ceacht 2: Éistimid leis an Soiscéal ag an Aifreann.

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Chuir Dia an tAthair Íosa chugainn chun toil Dé a dhéanamh
- Ba mhúinteoir é Íosa (Mc 2:13; Mth 5:2)

**Rúndiamhair na hEaglaise**

- Is ionann an Eaglais agus pobal daoine bailithe le chéile ag éisteacht le Briathar Dé agus ag maireachtáil de réir an tSoiscéil
- Tagann Caitlicigh le chéile chun adhradh a dhéanamh mar phobal i bparóiste

### Briathar Dé

**An Bíobla**

- Is é Íosa Críost an duine atá lárnach sa Bhíobla do Chríostaithe
- Mar bhaill de chlann Dé, éistimid le hÍosa ag labhairt linn trí na Soiscéil

**An Scrioptúr Naofa: Breith agus Óige Íosa**

- Lúc 2:41-52. Íosa i measc na n-ollúna sa Teampall

**An Scrioptúr Naofa: Saol Poiblí Íosa**

- Eoin14:9-10. 'An té a chonaic mise, chonaic sé an tAthair.'

### Liotúirge agus Urnaí

**Urnaí: Urnaí Fhoirmeálta**

- Freagraí uile an Aifrinn: An Fhaoistin Choiteann, Kyrie, Sanctus, An Phaidir, Agnus Dei, A Thiarna ní fiú mé

**An tAifreann: Struchtúr an Aifrinn (Liotúirge an Bhriathair)**

- Nuair a léimid os ard as an Scrioptúr Naofa táimid ag craobhscaoileadh Briathar Dé

### Móráltacht Chríostaí

**Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé**

- Tabhair onóir do d'athair is do do mháthair mar is comhair

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 1:

### Cuspóir Foghlama 1

**Beatha Íosa**

c. *Breith agus óige Íosa.*
Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi ar na himeachtaí seo:

- Saol teaghlaigh agus gnásanna i Nazarat.
- An scéal faoi Íosa sa teampall - Lúcás 2:41-52.

# Ceacht 1: Bhí alltacht ar chách a chuala é.

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Díríonn an ceacht seo ar chuairt an Teaghlaigh Naofa go dtí an teampall in Iarúsailéim le linn féile Cháisc na nGiúdach. Ceiliúrann Cáisc na nGiúdach saoirse na n-Iosraeilíteach ó sclábhaíocht san Éigipt. Ar a dturas ar ais ón bhféile thug Muire agus Iósaef faoi deara go raibh Íosa, dhá bhliain déag d'aois, ar iarraidh agus nuair a chuaigh siad ar ais go Iarúsailéim tháinig siad air sa teampall, teach a athar, ag éisteacht le múinteoirí an teampaill agus ag cur ceisteanna orthu. Bhí iontas orthu go léir faoi eagna Íosa. D'fhill Íosa ar ais go Nazarat lena thuismitheoirí agus bhí sé umhal dóibh.

Tá an scéal 'Íosa sa Teampall' cloiste ag na páistí cheana féin mar chuid den chlár *I nGrá Dé* sna Naíonáin Shóisearacha/B1.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Liathróid bhog
- An phaidrín a rinne na páistí mar chuid den cheacht séasúrach ar an gCoróin Mhuire



# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### Faoi Scéalta

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoi scéalta ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna.

- Cad é an scéal is fearr leat? Inis dúinn é.
- Cé acu is fearr leat - scéalta a léamh tú féin nó duine éigin ag léamh scéalta duit? Cén fáth?
- An bhfaca tú scannán ar bith riamh a raibh scéal maith ann? Inis dúinn faoi.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Cluiche le Scéal

Ag leanúint ón ngníomhaíocht thuas, roghnaigh scéal atá ar eolas ag na páistí go léir. Cruinnigh na páistí i gciorcal ar an urlár. Mínigh dóibh nuair a rollaíonn tú an liathróid i dtreo páiste amháin go dtosóidh siad ag insint beagán den scéal. Ansin rollfaidh an páiste sin an liathróid go duine éigin eile a leanfaidh ag insint an scéil. Leanann sé seo ar aghaidh go dtí go n-insítear an scéal iomlán. Má bhíonn an t-am agat, imir an cluiche arís le scéal eile.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Gabhaimid buíochas anois as na scéalta iontacha atá ar eolas againn. Is féidir le roinnt scéalta sinn a chur ag gáire. Is feidir le roinnt scéalta eile brón a chur orainn. Tá roinnt scéalta spreagúil. Múineann roinnt scéalta eile teachtaireachtaí tábhachtacha dúinn. Baineann roinnt scéalta linn agus lenár dteaghlaigh.

Dún do shúile ar feadh nóiméid agus smaoinigh ar na scéalta is fearr leat.

(*Sos*)

Anois le chéile, deirimid, 'Gabhaimid buíochas leat, a Dhia.'

**M:** As na scéalta sona. Gabhaimid buíochas leat, a Dhia.
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia.

**M:** As na scéalta brónacha. Gabhaimid buíochas leat, a Dhia.
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia.

**M:** As na scéalta greannmhara. Gabhaimid buíochas leat, a Dhia.
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia.

**M:** As na scéalta spreagúla. Gabhaimid buíochas leat, a Dhia.
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia.

**M:** As na scéalta a mhúineann sinn. Gabhaimid buíochas leat, a Dhia.
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia.

**M:** As na scéalta a mbaineann tábhacht leo inár dteaghlaigh. Gabhaimid buíochas leat, a Dhia.
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia.

**M:** As na scéalta a insímid, as na scéalta a léimid, as na scéalta a chloisimid, gabhaimid buíochas leat, a Dhia.
**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## SCÉAL

### Tugann an Teaghlach Naofa cuairt ar Iarúsailéim

Taispeáin an Bíobla do na páistí agus cuir i gcuimhne dóibh go bhfuil go leor scéalta ann - scéalta faoi Íosa, scéalta a d'inis Íosa, agus scéalta a chuala Íosa nuair a bhí sé ina bhuachaill beag. Inis dóibh go bhfuil siad chun scéal a chloisteáil inniu faoi Íosa nuair a bhí sé dhá bhliain déag d'aois.



1. **An Teaghlach Naofa I Nazarat**
   - Cuir i gcuimhne na bpáistí gur fhás Íosa aníos i sráidbhaile Nazarat le Muire agus Iósaef. Rinne sé na rudaí céanna agus a rinne na leanaí eile. D'imir sé cluichí, chabhraigh sé lena thuismitheoirí agus ghuigh sé chun Dé. Nuair a bhí sé níos sine, d'fhoghlaim Íosa faoi a bheith ag obair le hadhmad agus chuidigh sé le Iósaef a bhí ina shiúinéir.



2. **An Teaghlach Naofa ag dul go Iarúsailéim**
   - Mínigh do na páistí gur thaistil daoine Giúdacha go hIarúsailéim gach bliain chun ceiliúradh a dhéanamh ar fhéile Cháisc na nGiúdach. Maidir le teaghlach Íosa, bhí tréimhse an-fhada i gceist chun an turas seo a dhéanamh. Tarlaíonn an scéal seo nuair a bhí Íosa dhá bhliain déag d'aois agus thaistil sé lena thuismitheoirí go hIarúsailéim le haghaidh féile Cháisc na nGiúdach.



3. **An Turas go hIarúsailéim**
   - Inis do na páistí gur thaistil go leor daoine as go leor áiteanna go hIarúsailéim d'fhéile Cháisc na nGiúdach a cheiliúradh. Cathair mhór thábhachtach ab ea Iarúsailéim.
   - Fiafraigh de na páistí an ndeachaigh siad ar saoire riamh. An bhfuil aon difríochtaí ann idir turas Íosa agus an saoire a bhí acu lena dteaghlaigh?

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### An Buachaill Íosa sa Teampall

Taispeáin an Bíobla do na páistí arís agus inis dóibh go bhfuil an scéal a chloisfidh siad inniu ón chuid sin den Bíobla ar a dtugtar na Soiscéil air. Is é Íosa an duine lárnach sa Bhíobla. Tá scéalta faoi Íosa agus scéalta a d'inis Íosa sna Soiscéil. Mínigh go bhfuil ceithre leagan den Soiscéal ann, agus gur scríobh Matha, Marcas, Lúcás agus Eoin iad. Labhraíonn Íosa linn trí na Soiscéil. Inis do na páistí go dtagann an scéal atá siad ar tí a chloisteáil ón Soiscéal de réir Lúcáis.

**'An Buachaill Íosa sa Teampall'**



(*Curtha in oiriúint ó Lúcás 2:41-52*)

Gach bliain, théadh Iósaef agus Muire go hIarúsailéim i gcóir féile na Cásca. Nuair a bhí Íosa dhá bhliain déag d'aois, thóg siad ann é mar ba ghnách. Nuair a bhí an fhéile thart, chuaigh siad abhaile, ach d'fhan Íosa in Iarúsailéim ina ndiaidh, gan fhios dá thuismitheoirí. Cheap siad go raibh sé leis an ngrúpa, agus mar sin thaistil siad ar feadh lae agus ansin thosaigh siad á lorg i measc a ngaolta agus a gcairde. Agus nuair nach bhfuair siad é, chuaigh siad ar ais go hIarúsailéim á lorg.

Ar an tríú lá, tháinig Muire agus Iósaef ar

• • •

…

Íosa sa teampall ina shuí leis na múinteoirí, ag éisteacht leo agus ag cur ceisteanna chucu. Agus bhí ionadh ar chách mar gheall ar a fhreagraí. Nuair a chonaic a thuismitheoirí é, ghabh iontas iad, agus dúirt a mháthair leis: 'A mhic, cad chuige a ndearna tú é seo orainn? Féach, bhí d'athair agus mé féin do do lorg go cráite.'

Ach dúirt Íosa leo: 'Cad chuige a mbeadh sibh do mo lorg? Nach raibh a fhios agaibh gur i dteach m'Athar a bheinn?' Ach níor thuig siad a fhreagra. Chuaigh Íosa ar ais go Nazarat le Muire agus Iósaef. Bhí meas aige orthu, agus bhí Íosa ag dul ar aghaidh in eagna agus i bpearsa agus i ngrásta i láthair Dé agus daoine.

Tar éis an sliocht Scrioptúrtha a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cá raibh Íosa, Muire agus Iósaef ag dul?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Bhí iontas ar na múinteoirí sa teampall faoi fhreagraí Íosa. Cén chaoi a raibh an oiread sin eolais ag Íosa faoi Dhia? Cé uaidh/uaithi a d'fhoghlaim sé an méid sin ar fad? Cé a mhúineann tusa faoi Dhia?
- De réir mar a d'fhás Íosa aníos, bhí meas aige ar Mhuire agus ar Iósaef. Cad iad na bealaí, dar leat, inar thaispeáin sé é sin? Cad a rinne sé chun meas a thaispeáint dóibh? Conas a léirímid, sa rang seo, meas ar a chéile?
- D'fhás Íosa i ngrá le Dia agus le daoine eile. Cén chaoi, dar leat, a léirigh Íosa a ghrá do Dhia agus do dhaoine eile? Conas is féidir leat grá a thaispeáint do dhaoine eile?
- Dúirt Íosa le Muire, 'Nach raibh a fhios agat gur i dteach m'Athar a bheinn?' Cén fáth ar ghlaoigh Íosa teach a Athar ar an Teampall? Bhí Íosa ag rá le Muire go gcaithfeadh sé obair a Athar a dhéanamh. Cén sort oibre a bhí i gceist aige?

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### Rólimirt

Tosaigh tríd an scéal, 'An Buachaill Íosa sa Teampall' a thabhairt chun cuimhneamh. Ansin roinn na páistí ina mbeirteanna agus tabhair ról Íosa do pháiste amháin agus ról chara óg Íosa don pháiste eile. Iarr orthu an comhrá a aithris a bhí acu nuair a tháinig Íosa ar ais i Nazarat.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Cad atá ar eolas agat?

Cruinnigh na páistí i gciorcal ar an urlár. Mínigh dóibh nuair a rollaíonn tú an liathróid i dtreo páiste amháin go ndeir siad ceann de na rudaí atá foghlamtha acu faoi Íosa ón sliocht Scrioptúrtha. Ansin rollfaidh an páiste sin an liathróid chuig páiste éigin eile a inseoidh rud eile a d'fhoghlaim siad faoi Íosa ón sliocht. Mínigh nach féidir an fíric céanna a athrá díreach tar éis é a bheith ráite ag duine eile.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 24: Scrúdaíonn na páistí an scéal 'An Buachaill Íosa sa Teampall'.

### Sa Bhaile

Lch. 25: Déanann na páistí machnamh ar conas is féidir leo meas a bheith acu ar an teaghlach. Tugtar cuireadh dóibh freisin deichniúr den Choróin Mhuire a rá le chéile.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Nuair a bhí Íosa dhá bhliain déag d'aois, chuaigh sé féin, Muire, agus Iósaef go hIarúsailéim le haghaidh féile darb ainm Cáisc na nGiúdach. Ar a mbealach abhaile, thuig Muire agus Iósaef nach raibh Íosa in éineacht leo. Tar éis trí lá, tháinig siad air sa teampall ag éisteacht leis na múinteoirí agus ag caint leo. D'fhill Íosa ar Nazarat le Muire agus Iósaef agus ba mhac maith measúil é. D'fhás sé níos mó agus níos críonna agus d'fhoghlaim sé níos mó faoi na rudaí a theastaigh ó Dhia é a dhéanamh.

## AG COMHRÁ

### Faoi ómós a thabhairt do thuismitheoirí agus do theaghlaigh

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh arís faoin méid a insíonn Lúcás linn: go raibh meas ag Íosa ar Mhuire agus ar Iósaef. Spreag na páistí chun smaoineamh faoi conas a rinne sé an méid sin. Ansin tabhair cuireadh do na páistí chun smaoineamh ar an gcaoi ar féidir leo meas a thaispeáint dá gcuid teaghlaigh féin freisin agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á úsáid agat:

- An féidir leat smaoineamh ar am nuair a thaispeáin tú meas le do thuismitheoirí, nó leis na daoine a chónaíonn leat, nó le baill eile ded' theaghlach? Roinn le páiste eile.
- An bhfuil sé éasca i gcónaí meas a thaispeáint dár dtuismitheoirí agus dár dteaghlaigh? An gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach é a dhéanamh? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- An féidir leat smaoineamh ar rud amháin gur féidir leat a dhéanamh an tseachtain seo chun meas a thaispeáint le do thuismitheoirí, nó leis na daoine a chónaíonn leat, agus le baill eile ded' theaghlach?

## PAIDIR

### An Choróin Mhuire

**Mar ullmhúchán, beidh ort:**

- Ceann amháin de na bealaí seo a leanas a roghnú chun deichniúr den Choróin Mhuire a ghuí leis na páistí:

1. Deir tú (an múinteoir) an chéad chuid de gach paidir, agus iarr ar na páistí an dara cuid a rá. Bain úsáid as Paidrín chun cabhrú libh deich *Sé do Bheatha, a Mhuire* a chomhaireamh.
2. Iarr ar pháiste amháin an chéad chuid de gach paidir a rá, agus tabhair cuireadh don chuid eile den rang an dara cuid a fhreagairt. Tabhair an Paidrín don pháiste atá i gceannas na paidre.
3. Tabhair cuireadh do ghrúpa bheag páiste an chéad chuid de gach paidir a rá, agus iarr ar an gcuid eile den rang freagra a thabhairt.
4. Roinn an rang ina dhá leath, agus tabhair cuireadh do leath amháin an chéad chuid de gach paidir a rá, agus iarr ar an dara leath freagra a thabhairt.

**M:** Bhí an-áthas ar Mhuire agus ar Iósaef nuair a tháinig siad ar Íosa sa teampall. Guímis deichniúr den Choróin Mhuire le chéile anois, ag cuimhneamh ar an nóiméad sólásach sin i saol an Teaghlaigh Naofa – *Fáil an Linbh Íosa sa Teampall*.

Guí *Ár nAthair* amháin, deich *Sé do Bheatha, a Mhuire* agus *Glóir don Athair* amháin.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Éistimid leis an Soiscéal ag an Aifreann

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Díríonn an ceacht seo ar an gcuid sin den Aifreann a thugtar Liotúirge an Bhriathair air. Is le linn an chuid seo den Aifreann, ní amháin go ndéantar na sleachta a léamh, ach déantar iad a fhógairt freisin. An cuid is tábhachtaí de na sleachta ná forógra an tSoiscéil. Le meas a thaispeáint don Soiscéal seasann an pobal, beannaíonn siad an Soiscéal tríd an 'Alleluia' a chanadh le chéile, freagraíonn siad beannacht an tsagairt agus gearann siad Comhartha na Croise trí huaire orthu féin mar chomhartha a ngrá agus a ndílseacht do Bhriathar Dé.

Seo an dara ceann i sraith ceachtanna ar an Aifreann atá ar fáil in *I nGrá Dé* - an clár do Rang a hAon/B3. Moltar go rachaidh tú ar ais ar cuid de na paidreacha, na freagraí agus na gníomhartha ó na Deasghnátha Tosaigh (a múineadh mar cuid de Théama 2) agus ansin na freagraí agus na gníomhartha ón gcuid seo den Aifreann a chur leo. Ar an mbealach sin, leanfaidh na páistí orthu ag foghlaim faoin Aifreann de réir a chéile.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóip den teimpléad leis an leabharmharc (thíos) ionas go mbeidh go leor ann do gach páiste. B'fhéidir gur mhaith leat cárta a úsáid seachas páipéar.
- Go leor cóipeanna den teimpléad a bhaineann le freagraí ar an Soiscéal (thíos) ionas go mbeidh ceann ann do gach péire páiste.

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### Faoi Leabharmharcanna

Taispeáin leabhar do na páistí a bhfuil leabharmharc taobh istigh de. Dírigh aire na bpáistí chuig an leabharmharc agus déan comhrá leo faoi ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth, dar libh, go bhfuil leabharmharc sa leabhar seo?
- Cad a tharlódh dá mbainfinn an leabharmharc seo amach as an áit ina bhfuil sé agus é a chur isteach in áit éigin eile? An mbeadh an duine atá ag léamh an leabhair buartha? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?
- An gceapann sibh go bhfuil leabharmharcanna tábhachtach? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?

Ansin taispeáin leabhar tagartha mór do na páistí, ina bhfuil cúpla leabharmharc/roinnteoirí ann. Mínigh dóibh go scarann siad seo na codanna éagsúla den leabhar amach ó chéile. Ar deireadh, taispeáin an Bíobla do na páistí agus mínigh dóibh go bhfuil go leor codanna sa Bhíobla freisin, agus chun teacht ar na codanna éagsúla go héasca, úsáidtear leabharmharcanna nó roinnteoirí.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Leabharmharcanna a bhaineann leis an Soiscéal

Tóg ceithre leabharmharc (thíos), ceann ó gach Soiscéal. Roghnaigh páiste chun ceann acu seo a roghnú. Léigh amach ainm an scéil agus ainm an tSoiscéil as a thagann sé, agus cuir an leabharmharc sa suíomh ceart sa Bhíobla.

Ansin iarr ar pháiste eile leabharmharc eile a roghnú agus lean ar aghaidh mar a rinne tú cheana. Lean ar aghaidh le seo go dtí go mbeidh ceithre scéal ó na Soiscéil luaite le leabharmharcanna - ceann ó gach Soiscéal. Spreag na páistí chun a fheiceáil go bhfuil na leabharmharcanna go léir suite i gcuid amháin den Bhíobla. Cuir in iúl do na páistí gur scéalta ar fad iad ó na Soiscéil. Sna Soiscéil faighimid scéalta faoi Íosa agus faighimid scéalta freisin a d'inis Íosa.

Cuir i gcuimhne do na páistí go bhfuil na Soiscéil scríofa ag ceathrar údar: Matha, Marcas, Lúcás agus Eoin.

Ansin déan an chuid eile de na teimpléid (thíos) a roinnt ar an rang agus tabhair cuireadh do na páistí iad a mhaisiú mar is mian leo. Spreag na páistí an scéal atá ainmnithe ar a leabharmharc a insint don duine atá in aice leo. Beidh na leabharmharcanna maisithe ag teastáil ó na páistí le linn na hurnaí thíos.




## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** A Íosa, ár gcara, tá go leor scéalta sna Soiscéil a chabhraíonn linn aithne a chur ort agus ar do theagasc. Go raibh maith agat as gach ceann de na scéalta sin.

*Iarr ar na páistí a gcuid leabharmharcanna a chur sa spás urnaí, ceann ar cheann. Agus an méid sin á dhéanamh acu, deir siad ainm an scéil ar a leabharmharc os ard, mar shampla 'Ceansú na Stoirme'.*

**M:** A Thiarna Íosa,
Cuidigh linn foghlaim fút trí scéalta as na Soiscéil a léamh. Tá a fhios againn go bhfuil an t-Athair feicthe acu siúd a chonaic tú féin. Cabhraigh linn meas don Bhíobla a thaispeáint i gcónaí, toisc gur Briathar Dé dúinn é.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## AN SOISCÉAL

Tosaigh trí mheabhrú cé mhéad Soiscéal atá ann agus ainmneacha na n-údar a scríobh iad. Ansin fiafraigh de na páistí an bhfuil a fhios acu cathain a thagann daoine le chéile chun éisteacht leis an Soiscéal. Mínigh dóibh go léann an sagart scéal faoi Íosa ó na Soiscéil ag gach Aifreann. Tabhair an méid seo a leanas faoi deara:

- Go seasann na daoine chun fáilte a chur roimh an Soiscéal
- Go gcanann na daoine 'Alleluia' mar bhealach chun fáilte a chur roimh an Soiscéal
- Go ndéanann na daoine *Comhartha na Croise* ar a gclár éadain, ar a mbeola, agus ar a gcroíthe sula mbíonn an Soiscéal fógartha
- Go bhfógraíonn an sagart an Soiscéal
- Go bhfuil freagraí ann a deirimid ag tús agus ag deireadh an tSoiscéil

## SAGART

**Dialóg roimh agus tar éis an tSoiscéil**

Cuidigh leis na páistí a thabhairt chun cuimhne go ndeir an sagart agus na daoine rudaí áirithe roimh agus tar éis an tSoiscéil. Déan na freagraí seo a leanas a chleachtadh leis na páistí.

**Sagart [S]:** Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal [P]:** Agus le do spiorad.

**S:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir A.,
**P:** Glóir duit, a Thiarna.

Nuair a bhíonn cleachtadh ag na páistí ar na freagraí thuas, múin na comharthaí a ghabhann leis na focail 'Glóir duit, a Thiarna', leo. Séard atá i gceist anseo ná *Comhartha na Croise* a ghearradh orthu féin faoi thrí. Gearrtar *Comhartha na Croise* ar an éadan, ar na beola agus ar an gcroí. Cleachtaigh é seo leis na páistí.

Tabhair i gcuimhne na bpáistí go bhfuil freagra deiridh amháin ann, a deirtear ag deireadh an tSoiscéil:

**S:** Soiscéal an Tiarna.
**P:** Moladh duit, a Chríost.

Cleachtaigh an freagra seo leis na páistí.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Paidir a ghlaonn ar fhocal an tSoiscéil is ea *Comhartha na Croise* a ghearradh faoi thrí. Comhartha é go bhfuilimid ar tí éisteacht lenár smaointe (ceann), ár gcuid cainte (beola) agus ár ngníomhartha (croí) chun iad a athnuachan. Déantar tuilleadh iniúchta ar seo sa chuid eile den cheacht.

## GNÍOMHAÍOCHT TIMPEALLÁIN

### Freagraí ar an Soiscéal a Mheabhrú

Tosaigh tríd an comhrá roimh agus tar éis an tSoiscéil a chleachtadh leis na páistí. Ansin roinn an rang ina dhá leath. Cuidigh le leath an ranga ciorcal a fhoirmiú agus an leath eile chun ciorcal eile a dhéanamh a théann timpeall ar an gcéad cheann. Tugann na páistí ar an dtaobh istigh aghaidh amach i dtreo na bpáistí ar an dtaobh amuigh. Tabhair na luaschártaí do na páistí sa chiorcal istigh. Tá ar na páistí sa chiorcal eile an freagra ceart a sholáthar. (m.sh. Má deir an luaschárta, 'Soiscéal an Tiarna', freagraíonn páiste, 'Moladh duit, a Chríost').

Nuair a sholáthraíonn tú an comhartha (m.sh. bualadh bos) bogann na páistí sa chiorcal seachtrach céim amháin ar deiseal, agus fanann na páistí sa chiorcal eile sa suíomh céanna. Sa tslí sin beidh gach páiste ag seasamh os comhair duine nua agus beidh deis acu na freagraí a chleachtadh le páiste difriúil.



# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Fógraítear an Soiscéal ag an Aifreann. Cantar an Alleluia roimh an Soiscéal. Tá focail áirithe, gothaí agus gníomhartha áirithe ann a dhéanann na daoine roimh agus tar éis an Soiscéal a léamh ag an Aifreann.

## AG COMHRÁ

**Faoi** Comhartha na Croise **a ghearradh faoi thrí**
Déan an comhrá roimh agus tar éis an Soiscéal a chleachtadh leis na páistí. D'fhéadfá cuireadh a thabhairt do chuid de na páistí páirt an tsagairt a ghlacadh. Ansin dírigh ar *Comhartha na Croise* a ghearradh faoi thrí. Mínigh do na páistí gur paidir chiúin atá inti a dhéanaimid sula gcloisimid an Soiscéal:

- (Comhartha na Croise *a ghearradh ar an éadan*) Oscail ár n-intinn go gcloisfimid an Soiscéal
- (Comhartha na Croise *a ghearradh ar na beola*) Oscail ár mbeola go labhróimid faoin Soiscéal
- (Comhartha na Croise *a ghearradh thar an gcroí*) Oscail ár gcroí go mairfimid mar a thaispeánann an Soiscéal dúinn

Déan comhrá leis na páistí faoi na gníomhartha seo ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Oscail ár n-intinn go gcloisfimid an Soiscéal: Is gnách go gcloisimid lenár gcluasa, mar sin cad a chiallaíonn sé seo? Cén fáth go gcaithfimid ár n-intinn a oscailt chun rud éigin a chloisteáil?
- Oscail ár mbeola go labhróimid faoin Soiscéal: Conas a d'fhéadfaimis labhairt faoin Soiscéal? An bhfuil éinne ann go bhféadfá scéal a insint ón Soiscéal dóibh?
- Oscail ár gcroí go mairfimid mar a thaispeánann an Soiscéal dúinn: An féidir leat smaoineamh ar rud éigin a d'fhéadfá a dhéanamh chun a thaispeáint go bhfuil tú ag maireachtáil mar a thaispeáin Íosa dúinn?

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar na gníomhartha thuas, tabhair nóiméad do na páistí cinneadh a dhéanamh faoi cad ba mhaith leo a dhéanamh sa bhaile nó ar scoil a thaispeánann go gcloiseann siad an Soiscéal, go labhraíonn siad faoin Soiscéal nó go maireann siad de réir an tSoiscéil.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 26: Léann na páistí faoi fhógairt an tSoiscéil agus cleachtaíonn siad *Comhartha na Croise* faoi thrí mar chuid den chomhrá roimh an Soiscéal.

### Sa Bhaile

Lch. 27: Léann na páistí na freagraí a úsáidtear roimh agus tar éis an tSoiscéil. Tugtar cuireadh dóibh comhrá a dhéanamh lena dteaghlaigh faoin scéal ón Soiscéal is fearr leo agus paidir a rá le chéile.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: Cloisimid an Soiscéal ag an Aifreann

*Is é an áit is feiliúnaí don tseirbhís urnaí seo le tarlú ná sa séipéal. B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do shéiplíneach na scoile a bheith páirteach libh. Muna bhfuil sé sin indéanta, d'fhéadfadh sé tarlú sa seomra ranga. Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Mar ullmhúchán:**

- *Roghnaigh ceathrar páiste mar léitheoirí. Tá an méid atá le léamh acu ar fáil thíos, agus b'fhéidir gur mhaith leat iad a fhótachóipeáil agus a dháileadh roimh an tseirbhís urnaí.*

- *Tabhair cóip den* Bhíobla Naofa *leat chuig an séipeal, má tá tú chun an Soiscéal a léamh as.*

**M:** Seasaimis chun iomann a chanadh, díreach mar a dhéanaimid ag an Aifreann.

**Iomann Oscailte:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

(*Fanann na leanaí ina seasamh*)

*Comhartha na Croise*

**M:** Bailíonn cairde Íosa le chéile i séipéil ar fud an domhain gach Domhnach. Cruinnímid le chéile le guí chun Dé, díreach mar a mhúin Íosa dúinn. Cruinnímid le buíochas a ghabháil le Dia as an méid atá againn. Bímid ag éisteacht freisin le scéalta faoi Íosa. Tagann na scéalta seo ó na Soiscéil. Éistimis anois le ceann de na scéalta sin. Ar dtús canaimis 'Alleluia' le fáilte a chur roimh an Soiscéal.

*Can 'Alleluia'*

**M:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Lúcáis. (Lúcás 2:41-50)
**P:** Glóir duit, a Thiarna. (*Gearr fíor na croise ar an éadan, ar na beola agus ar an gcroí*)

Is féidir leat an scéal seo a léamh ón *mBíobla Naofa* freisin (*Lúcás 2:41-50*)

**Théadh tuismitheoirí Íosa gach bliain go hIarúsailéim i gcóir féile na Cásca. Agus nuair a bhí Íosa dhá bhliain déag d'aois chuaigh siad go dtí an féile, mar ba ghnáth. Nuair a bhí an féile thart, thosaigh siad ag filleadh abhaile ach d'fhan an buachaill Íosa in Iarúsailéim i ngan fhios dá thuismitheoirí. Cheap siad go raibh sé sa ghrúpa agus mar sin thaisteal siad ar feadh lae sular thosaigh siad á lorg i measc a ngaolta. Nuair nach bhfuair siad é, chuaigh siad ar ais go Iarúsailéim á lorg. Ar an tríú lá fuair siad sa Teampall é ina shuí i measc na máistrí ag éisteacht leo agus ag cur ceisteanna chucu. Agus bhí alltacht ar chách a bhí ag éisteacht leis mar gheall ar a fhreagraí. Nuair a chonaic a thuismitheoirí é, bhí iontas orthu, agus dúirt a mháthair leis: 'A mhic, cén fáth a ndearna tú é seo orainn? Bhí Iósaef agus mé féin do do lorg go cráite.' Agus dúirt sé leo: 'Cad chuige a raibh sibh do mo lorg? Nach raibh a fhios agaibh gur i dteach m'Athar a bheinn?' Ach níor thuig siad an freagra a labhair sé leo.**

**M:** Soiscéal an Tiarna.
**P:** Moladh duit, a Chríost.

*Tabhair cuireadh do na páistí suí síos.*

**M:** Nuair a éistimid leis an scéal seo ón Soiscéal, foghlaimímid faoi conas a mhair Íosa lena theaghlach, faoin meas a bhí aige dá thuismitheoirí agus an chaoi a thaispeáin sé grá dóibh. Mar cairde d'Íosa teastaíonn uainn maireachtáil cosúil leis. Mar sin deirimis le chéile: 'Mairimid cosúil le hÍosa.'
**P:** Mairimid cosúil le hÍosa.

**Léitheoir 1:** Nuair a labhraíaimid go cineálta le daoine eile ...
**P:** Mairimid cosúil le hÍosa.

**Léitheoir 2:** Nuair a thugaimid cabhair sa bhaile ...
**P:** Mairimid cosúil le hÍosa.

**Léitheoir 3:** Nuair a éistimid le Briathar Dé ...
**P:** Mairimid cosúil le hÍosa.

**Léitheoir 4:** Nuair a dhéanaimid beart de réir Briathar Dé ...
**P:** Mairimid cosúil le hÍosa.

**M:** A Dhia Ghrámhair, oscail ár n-intinn, gur féidir linn do Bhriathar a chloisteáil.
**P:** Glóir duit, a Thiarna. (*Gearr fíor na croise ar an éadan, ar na beola agus ar an gcroí*)

**M:** A Dhia Ghrámhair, oscail ár mbeola, gur féidir linn labhairt faoi do ghrá.
**P:** Glóir duit, a Thiarna. (*Gearr fíor na croise ar an éadan, ar na beola agus ar an gcroí*)

**M:** A Dhia Ghrámhair, oscail ár gcroíthe, gur féidir

linn maireachtáil mar a iarrann Íosa orainn.
**P:** Glóir duit, a Thiarna. (*Gearr fíor na croise ar an éadan, ar na beola agus ar an gcroí*)

**M:** Sin é ár nguí chugat trí Chríost, ár gcara.

**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

**Iomann Deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

## SLEACHTA DON SEIRBHÍS URNAÍ AG DEIREADH AN TÉAMA

**Léitheoir 1:** Nuair a labhraíaimid go cineálta le daoine eile ...

**Léitheoir 2:** Nuair a thugaimid cabhair sa bhaile ...

**Léitheoir 3:** Nuair a éistimid le Briathar Dé ...

**Léitheoir 4:** Nuair a dhéanaimid beart de réir Briathar Dé ...


**Dea-scéala Mhuire**
Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcás




**Beirtear Íosa**
Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcás



**Tugann na hAoirí cuairt ar an Stábla**
Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcás




**Tugann na Saoithe cuairt ar an Stábla**
Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Matha



**Beannaíonn Íosa na Páistí**
Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Marcas



**Is é Íosa an tAoire Maith**
Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Eoin




**An Suipéar Déanach**

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Matha



**Faigheann Íosa bás ar an gCros**

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Marcask



**Tá Íosa Aiséirithe!**

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcás



**Múineann Íosa dá gCairde conas Guí**

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Matha



**Buaileann Simeon agus Anna le hÍosa**

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcás



**Tháinig siad ar Íosa sa Teampall**

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcás




**Tugann Íosa Bia do na Daoine**
Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Eoin



**Cuireann Íosa smacht ar an Stoirm**
Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Marcas




**Tugann Íosa Radharc na Súl d'Fhear**
Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Marcas



**Nochtann Íosa é féin dá Cairde**
Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Eoin



**An Bhean a Thug Gach a raibh Aici**
Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Marcas



**Íosa agus na hIascairí**
Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcás



**Sagart:** Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal:** Agus le do spiorad.

**Sagart:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir

______________________________

**Pobal:** Glóir duit, a Thiarna.

**Sagart:** Soiscéal an Tiarna.
**Pobal:** Moladh duit, a Chríost.

**Sagart:** Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal:** Agus le do spiorad.

**Sagart:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir

______________________________

**Pobal:** Glóir duit, a Thiarna.

**Sagart:** Soiscéal an Tiarna.
**Pobal:** Moladh duit, a Chríost.

# Téama 5: Athmhuintearas:

Ceacht 1: Téimid ar strae.
Ceacht 2: An Chaora Chaillte.
Ceacht 3: Ceiliúraimid maithiúnas Dé i Sacraimint an Athmhuintearais.

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Dé**

- Tá Dia grámhar, trócaireach (Salm 86: 15; Salm 103:8)

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Bhain Íosa úsáid as scéalta chun a lucht leanúna a mhúineadh agus tugtar parabail ar na scéalta seo (Mth 4:2)

### Briathar Dé

**Saol Poiblí Íosa**

- Mc 2:15-17. Bailitheoirí cánach agus peacaigh
- Mth 18:12-14; Lúc 15: 1-7. An chaora a chuaigh ar strae

### Liotúirge agus Urnaí

**Urnaí: Urnaí Fhoirmeálta**

- An Gníomh Dóláis

**Urnaí: Paidreacha Breise**

- Scrúdú coinsiasa simplí

### Na Sacraimintí

- Is ceiliúradh de mhaithiúnas agus de ghrá Dé í Sacraimint an Athmhuintearais
- I Sacraimint an Athmhuintearais admhaímid gur theip orainn grá a thabhairt do Dhia agus dá chéile
- Leanann Dia air ag tabhairt grá dúinn, fiú nuair a dhéanaimid peaca
- Nuair a roghnaímid an rud mícheart a dhéanamh, déanaimid peaca in aghaidh Dé, an té ar chóir dúinn a ghráú thar chuile ní
- Iarrann Dia orainn aiféal a bheith orainn faoinár bpeacaí agus glacadh lena mhaithiúnas
- Bíonn Críost, an tAoire Maith, i gcónaí ar thóir na gcaorach atá ar strae
- Tugann an Tiarna Íosa maithiúnas dúinn i Sacraimint an Athmhuintearais
- Is gníomh í Sacraimint an Athmhuintearais ina bhfuil trí ghníomh ann a dhéanann an t-aithríoch maraon le haspalóid an tsagairt. Admhaíonn an t-aithríoch go ndearna sé peaca, go bhfuil aiféal air agus go ndéanfaidh sé cúiteamh agus go dtabharfaidh sé gealltúint go dtiocfaidh feabhas ar a iompar
- Tá Críostaithe in ann an t-olc atá déanta acu trí pheaca a dhéanamh a chur ar ceal trí aithrí
- Nílimid ag maireachtáil mar a d'iarr Íosa orainn nuair a dhéanaimid peaca
- Nílimid ag taispeáint grá mar a d'iarr Íosa orainn nuair a dhéanaimid peaca
- Ní trí thimpist a dhéanaimid peaca. Ciallaíonn sé sin 'Tá a fhios agam go bhfuil mé ag déanamh an rud mícheart agus fós roghnaím é a dhéanamh'

### Móráltacht Chríostaí

**Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé**

- Gríosaíonn glór Dé sinn chun an rud ceart a dhéanamh agus an droch rud nó an rud mícheart a sheachaint

**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**

- Iarrann Dia orainn grá, ceartas agus síocháin a léiriú inár gcaidrimh le daoine eile

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 1:

### Cuspóir Foghlama 2

**An Eaglais Chríostaí**

b. Adhradh agus urnaí. Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí a thuiscint:

- Go bhfuil amanna speisialta ceiliúrtha i bhféilire na hEaglaise.

# Ceacht 1: Téimid ar strae

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Baineann an ceacht seo úsáid as sraith gearrscéalta faoi chailín darb ainm di Shauna nach dtugann grá do Dhia agus do dhaoine eile. Déanann Cuid I de scéal Shauna cur síos ar na drochroghanna a rinne sí agus spreagann sé seo díospóireacht faoi amanna nuair a chaillimid ár mbealach freisin. Tugann Cuid II den scéal spreagadh chun labhairt faoi conas a mhothaímid nuair a pheacaimid. Taispeánann Cuid III conas is féidir linn a rá go bhfuil brón orainn agus leorghníomh a dhéanamh. Tugtar deis do na na páistí ansin féachaint conas a mhothaíonn sé nuair a bhíonn gach rud i gceart arís.

Cuireann an ceacht seo béim ar eispéireas Shauna de bheith 'caillte'. Tógann sé seo bonn don chéad cheacht eile áit a mbuailfidh siad leis an bparabal faoin Seachránaí Caorach, agus faoi conas a dhéanann Dia cuardach ar an té atá caillte i gcónaí.




# Féachaimis …

## SCÉAL

### Scéal Shauna – Cuid 1

Tosaigh trí a insint do na páistí gur mhaith leat scéal a léamh dóibh faoi chailín darb ainm di Shauna. Ansin léigh 'Scéal Shauna' - Cuid I.

**'Scéal Shauna' – Cuid 1**




'Maith go leor, tá sé in am gach rud a chur in ord! Bíodh gach rud socraithe againn sula mbaintear an clog,' a dúirt an t-Uasal Ó Murchú agus é gar do am imeachta.

'Cuirigí na leabhair isteach sna málaí. Bígí cinnte go bhfuil gach rud agaibh. Cuimhnígí gur iarr mé oraibh, mar chuid den obair bhaile, rud éigin a thabhairt ar scoil amárach mar chuid den cheacht matamaitice. An féidir le duine ar bith a chur i gcuimhne dom cad atá i gceist agam?'

'Sea, a mhúinteoir,' arsa Síomón, 'tá orainn coimeádán ó bhaile, a bhfuil toilleadh aon lítear aige, a thabhairt ar scoil linn.'


'Tá an ceart agat, a Shíomóin, maith thú! Cuimhnígí ar na coimeádáin aon lítear, gach duine! Bheadh cartán bainne, buidéal seampú, buidéal plaisteach ... in oiriúint. Is cuma cen sort coimeádán atá ann fad is atá toilleadh aon lítear aige. Bí cinnte go mbeidh sé agaibh amárach mar beidh sé ag teastáil chun uisce a thomhas. Anois, seasaigí go ciúin, cuirigí bhur lámha le chéile agus guímis le chéile.'



Baineadh an clog agus d'fhág na páistí an seomra ranga. D'fhág Shauna slán ag an Uasal Ó Murchú agus bhrostaigh sí síos an bóthar.

Bhí deifir ar Shauna dul abhaile. Lá breithe a col ceathrar a bhí ann agus bhí sí ag dul go dtí a cóisir. Dá mbeadh an aimsir in oiriúint, bheadh preabchaisleán ann. Agus bhí an ghrian ag taitneamh! Bheadh spraoi iontach acu!

Nuair a tháinig sí abhaile, chuaigh sí díreach go dtí a seomra leapa, bhain sí a héadaí scoile di agus chuir sí roinnt éadaí áille uirthi.



Nuair a bhí sí críochnaithe, ghlaoigh sí ar a máthair. 'Táim réidh! An féidir linn imeacht anois?'

'Níl sé ach a trí a chlog!' a d'fhreagair a máthair. 'Ní thosaíonn an cóisir ach ar a ceathair a chlog. Is féidir leat tabhairt faoi d'obair bhaile idir an dá linn!'

'A trí a chlog?' a dúirt Shauna léi féin. 'Thar barr!' Thosaigh an clár teilifíse, a thaitin go mór le Shauna ag an am sin, agus theastaigh uaithi é a fheiceáil. 'Níl aon obair bhaile agam,' ar sise lena máthair. 'An bhfuil cead agam, mar sin, féachaint ar an dteilifís sula n-imeoimid?'

'Bhuel, má tá tú cinnte nár iarr an t-Uasal Ó Murchú ort rud ar bith a dhéanamh, tá cead agat féachaint ar an dteilifís.'

Bhí a fhios ag Shauna gur inis sí bréag ach theastaigh uaithi féachaint ar an gclár teilifíse agus d'fhéadfadh sí an coimeádán a fháil nuair a thiocfadh sí abhaile ón gcóisir nuair a bheadh an chuid eile dá obair bhaile á dhéanamh aici. Go gairid ina dhiaidh sin, d'imigh siad go dtí an chóisir. Bhí an-spraoi ag Shauna ann, ag preabadh, ag damhsa agus ag ithe. Bhí sé in am codlata nuair a tháinig sí abhaile agus bhí sí chomh tuirseach sin go ndeachaigh sí díreach isteach sa leaba agus thit sí ina codladh láithreach.



Bhí sé déanach ar an mhaidin dár gcionn nuair a dhúisigh Shauna agus d'ith sí a bricfeasta go tapaidh. Rug sí ar a mála, chuir sí a cóta uirthi agus rith sí ar scoil. Is ar éigin a raibh sí taobh istigh de gheata na scoile nuair a bhaineadh an clog.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le, 'Cén obair bhaile matamaitice a bhí ag Shauna?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cén fáth, dar leat, nach ndearna Shauna a obair bhaile roimh an gcóisir? An raibh sé sin go maith mar rogha? Cén fáth nó cén fáth nach raibh? An gceapann tú go raibh a fhios ag Shauna nár rogha mhaith a bhí ann?
- Cén fáth, dar leat, ar inis Shauna bréag lena máthair? Arbh rogha mhaith é sin? An gceapann tú go raibh a fhios aici nár rogha mhaith é seo? Cén chaoi a bhraithfeadh a máthair dá mbeadh a fhios aici gur inis Shauna bréag di?
- Uaireanta déanaimid drochroghanna freisin. An ndearna tú drochroghanna riamh cosúil le Shauna? An féidir leat cuimhneamh cén fáth go ndearna tú an drochrogha sin?

Mínigh do na páistí, nuair a bhíonn a fhios againn go bhfuil rud éigin mícheart, ach roghnaímid fós é a dhéanamh, déanaimid peaca. Séard is peaca ann ná gan grá a thabhairt do Dhia agus dár gcomharsa.

## PAIDIR

### An Gníomh Dóláis

*Comhartha na Croise*

**M:** A Íosa, ár gcara,
Mhúin tú dúinn conas an rud ceart a dhéanamh.
Thaispeáin tú dúinn conas roghanna maithe a dhéanamh freisin.
Uaireanta, is orainn féin amháin a bhímid ag smaoineamh agus mar thoradh ar sin déanaimid roghanna dona.
Cabhraigh linn brón a bheith orainn faoi seo, agus iarracht eile a dhéanamh maireachtáil mar a mhúin tú dúinn, trí ghrá a thabhairt do Dhia agus do dhaoine eile.

**M:** Inniu, tá paidir nua le foghlaim againn – *An Gníomh Dóláis*. Sa phaidir seo, gabhaimid buíochas le Dia as a ghrá, agus deirimid leis go bhfuil brón orainn faoi na hamanna sin nár léiríomar grá dó agus do dhaoine eile. Is féidir libh gach líne a athrá i mo dhiaidh:

A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht do ghrá dom.
Tá brón orm faoi mo pheacaí uile:
Nach raibh grá agam duitse ná do dhaoine eile.
Cabhraigh liom mo shaol a chaitheamh ar nós Íosa
Agus gan peaca a dhéanamh arís.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## SCÉAL

### Scéal Shauna – Cuid 2

Tosaigh trí dhul ar ais ar an gcéad chuid de scéal Shauna. Iarr ar na páistí a shamhlú cad a tharlóidh ina dhiaidh sin. Ansin léigh 'Scéal Shauna' - Cuid II.

**'Scéal Shauna' – Cuid 2**



Go luath tar éis bhaint an chloig, d'iarr an t-Uasal Ó Murchú ar na páistí a gcuid coimeádáin a thógáil amach. Bhí náire ar Shauna anois mar chuimhnigh sí nach ndearna sí a obair bhaile. Bhí coimeádán ag gach dalta eile sa rang agus ba í Shauna an t-aon dalta amháin nach raibh ceann aici. Nuair a d'iarr an t-Uasal Ó Murchú di cén fáth nach raibh coimeádán aici, in



ionad an fhírinne a insint, d'inis Shauna bréag.

'Ó, a Uasail Ó Murchú, tharla rud uafásach sa bhaile aréir. Bhí timpiste ag an madra againn agus bhí orainn í a thabhairt go dtí an tréidlia. Bhí sí ag cur fola go dona agus shíleamar nach mairfeadh sí. Bhíomar buartha go mór, ach bhí an tréidlia in ann í a shábháil. Bhíomar in ann í a thógáil abhaile ach bhí orainn cúram a thabhairt di i rith na hoíche. Rinne mé dearmad glan ar m'obair bhaile dá bharr!'




'Ó, a Shauna!' arsa an t-Uasal Ó Murchú. 'Tá brón orm an méid sin a chloisteáil. Tá súil agam go mbeidh do mhadra ceart go leor. Guímis ar a son nuair a bheidh ár bpaidreacha á rá againn. Ná bíodh imní ort faoi nach bhfuil an coimeádán agat. Conas a d'fhéadfá cuimhneamh air agus an méid sin ar siúl? An roinnfidh éinne a gcuid coimeádán le Shauna?' Chuir Síomón a lámh in airde láithreach. 'Á, go raibh maith agat a Shíomóin,' arsa an t-Uasal Ó Murchú,'nach deas uait an méid sin a dhéanamh.'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le, 'Cén bréag a d'inis Shauna?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas a mhothaigh Shauna, dar leat, nuair a d'iarr an múinteoir ar na páistí a gcuid coimeádán a thógáil amach? N'fheadar ... cén fáth nár inis Shauna an fhírinne don Uasal Ó Murchú?
- Conas a mhothaigh Shauna nuair a thairiscint Síomón roinnt léi? Dá mbeifeá in áit Shauna cad air a bheifeá ag smaoineamh? Conas a bheithfeá ag mothú? An mbeadh imní ort faoi rud ar bith?
- Nuair a bhí na páistí ag guí ar son madra gortaithe Shauna ag am urnaí, conas a bheadh Shauna, meas tú? Cén chomhairle a d'fhéadfá a thabhairt do Shauna?

## AG COMHRÁ

### Faoi Dhialann Shauna

Déan comhrá leis na páistí faoi conas a bhraith Shauna an tráthnóna sin, nuair a tháinig sí abhaile ón scoil. Tar éis dóibh roinnt moltaí a dhéanamh, mínigh go gcuireann Shauna in iúl dúinn conas a bhí sí ag mothú toisc gur scríobh sí faoi ina dialann. Inis do na páistí go léifidh tú Dialann Shauna dóibh.

**Dialann Shauna**
Braithim go huafásach anois. Rinne mé praiseach de gach rud! Nuair a tháinig mé abhaile ón scoil inné bhí sceitimíní orm mar gheall ar an gcóisir, gur theastaigh uaim dul ann láithreach. Bhí mé réidh don spraoi. Nuair a dúirt Mam nach mbeimis ag imeacht láithreach, bhí díomá orm. Ansin, nuair a dúirt sí liom go mbeinn in ann m'obair bhaile a dhéanamh fad is a bhí mé ag fanacht, dúirt mé liom féin: 'Níl seans ar bith ann, déanfaidh mé mo scíth a ligean!' Mar sin, bheartaigh mé féachaint ar an dteilifís. D'inis mé bréag le mo Mhamaí agus dúirt mé léi nach raibh aon obair bhaile agam. Tá brón orm faoin bhréag sin anois. Ní féidir liom breathnú ar Mham anois. Cén fáth nach ndúirt mé léi: 'A Mham, ní bhfuaireamar a lán obair bhaile, mar sin an bhfuil sé ceart go leor é a dhéanamh nuair a thiocfaidh mé abhaile ón gcóisir?' B'fhéidir go mbeadh sí toilteanach an méid sin a dhéanamh, agus ansin chuirfeadh sí i gcuimhne dom é. Tá brón orm gur inis mé bréaga. Is orm féin amháin a bhí mé ag smaoineamh. Ba chuma liom faoi aon duine eile. Braithim a bheith caillte. Agus ansin ar scoil inniu, rinne mé praiseach arís! Tuilleadh bréaga! Cén fáth nár inis mé an fhírinne? D'fhéadfadh roinnt trioblóid a bheith agam dá bharr ach bheinn ag mothú níos fearr ná mar atá mé anois. Braithim a bheith caillte. D'inis mé bréag leis an Uasal Ó Murchú. Agus bhí ar Shíomón a choimeádán a roinnt liom. Bhí an rang ag guí ar son mo mhadra - atá breá i gcónaí! Ó mo léan. Braithim a bheith caillte. Ba mhaith liom gach rud a bheith ceart arís.

Tar éis iontráil na dialainne a léamh, dírigh aird na bpáistí ar conas a ndearna Shauna cur síos ar an gcaoi a bhraith sí a bheith 'caillte'. Déan comhrá faoi seo agus na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna á n-úsáid agat:

- Cad a bhí i gceist ag Shauna nuair a dúirt sí gur bhraith sí a bheith caillte? An raibh sí caillte i ndáiríre? Cén fáth, dar leat, gur mhothaigh sí caillte?
- An cuimhin leat am nuair a bhí tú caillte i ndáiríre - am nuair nach bhféadfá teacht air do theaghlach nó ar do chairde? Inis dúinn faoi.
- Ar mhothaigh tú riamh 'caillte' faoi mar a bhí Shauna? Cineál difriúil 'caillte' atá i gceist anseo. B'fhéidir gur mhothaigh tú caillte toisc go ndúirt tú nó go ndearna tú rud éigin mícheart, agus bhí tú ag mothú go dona faoi.
- Cé uaidh a mhothaigh Shauna caillte? Cad ba chóir di a dhéanamh ionas nach mbraithfeadh sí caillte a thuilleadh?
- Cad ba cheart do Shauna a dhéanamh anois, dar leat?

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### Lána Choinsiasa

Roinn an rang ina dhá leath. Inis le leath amháin gur mhaith leat go ndéarfaidís le Shauna gan an fhírinne a insint. Inis don leath eile gur mhaith leat go dtabharfaidís comhairle do Shauna a bréag a admháil agus a rá go bhfuil brón uirthi. Déan comhrá le gach grúpa faoi cén fáth go mbeadh maitheas ag baint lena gcomhairle, b'fhéidir.

Ansin tabhair cuireadh don dá leath den rang seasamh, os comhair a chéile, b'fhéidir ar thaobhanna éagsúla den seomra. Déanfaidh sé seo 'lána coinsiasa'. Mínigh go rachaidh tú i ról mar Shauna, agus go gcaithfidh siad a rá leat cad atá le déanamh agat agus cén fáth. Ansin siúl go mall síos tríd an spás idir an dá ghrúpa, ag fiafraí de na páistí ó gach taobh chun a insint duit cad atá le déanamh agat, duine amháin ag an am. Ag deireadh na gníomhaíochta, inis do na páistí nach bhfuil tú fós cinnte faoi cad atá le déanamh agat.

## SCÉAL

### Scéal Shauna – Cuid 3

Téigh ar ais ar phríomhphointí Scéal Shauna go dtí seo. Ansin léigh 'Scéal Shauna' - Cuid III.

### 'Scéal Shana' – Cuid 3



Thug máthair Shauna faoi deara gur fhan sí ina seomra ar feadh i bhfad. Bhí sí buartha faoi Shauna toisc nach raibh sí mar a bhíodh sí de ghnáth an lá sin.

Chuaigh Mam isteach ina seomra agus chonaic sí go raibh Shauna ag scríobh ina dialann. 'An bhfuil tú ceart go leor, Shauna? Tá tú anseo ar feadh i bhfad. An bhfuil aon rud cearr leat?'

Bhí áthas ar Shauna gur tháinig a Mamaí isteach. Rith Shauna chuici agus thug barróg di. 'Tá brón orm a Mham. Tá praiseach déanta agam. D'inis mé bréag leat inné agus tá cúrsaí níos measa ó shin.' Thosaigh Shauna ag gol. Lean Mam ag tabhairt barróga di agus a rá léi go mbeadh gach rud ceart go leor. Nuair a stop Shauna ag gol d'iarr Mam uirthi an scéal iomlán a insint di. Nuair a chuala sí an scéal, dúirt Mam le Shauna go ndearna sí rogha dona nuair a d'inis sí bréaga. Ach ansin dúirt Mamaí nach mbeadh Shauna caillte go deo. Mhínigh sí di nuair a bhíonn a fhios againn go mbíonn rud éigin mícheart déanta againn, gur féidir linn a rá go mbíonn brón orainn agus maithiúnas a iarraidh ón duine a ghortaíomar. 'Tugaimid athmhuintearas ar sin,' a duirt Mam léi. Agus mhínigh Mam di freisin, gur gá dúinn beart a dhéanamh, roghanna maithe a dhéanamh as sin amach.


Lá arna mhárach, bhí Shauna agus a Mamaí ag an scoil go luath. D'iarr siad labhairt leis an Uasal Ó Murchú ar feadh cúpla



nóiméad roimh am scoile. D'inis Shauna dó faoi na bréaga a dúirt sí leis. Dúirt sí go raibh brón uirthi agus go ndéanfadh sí iarracht rudaí a mhaitheamh. Bhí ionadh ar an Uasal Ó Murchú an méid sin a chloisteáil. Bhí díomá air gur inis Shauna bréaga, ach bhí bród air freisin gur inis sí an fhírinne ar deireadh.

'Shauna, tá rud an-deacair déanta agat inniu - teacht agus caint liom. Go raibh maith agat as rogha maith a dhéanamh. Maithim duit é agus tá a fhios agam go ndéanfaidh gach duine eile amhlaidh. Is duine an-speisialta tú inár rang agus táimid go léir cairdiúil leat.'

Níos déanaí ar maidin, nuair a bhí paidreacha



na maidine á rá ag an rang, ghuigh Shauna an *Gníomh Dóláis*. Thuig sí, nuair a d'inis sí bréaga, nár léirigh sí grá do Dhia nó do dhaoine eile. Ghuigh sí:

'A Dhia,
Gabhaim buíochas leat as ucht do ghrá dom.
Tá brón orm faoi mo pheacaí uile:
Nach raibh grá agam duitse ná do dhaoine eile.
Cabhraigh liom mo shaol a chaitheamh ar nós Íosa
Agus gan peaca a dhéanamh arís.
Áiméan.'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le, 'Cad a tharla nuair chuaigh Mam isteach i seomra Shauna?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An gceapann tú go ndearna Shauna an rogha ceart nuair a d'inis sí an fhírinne don Uasal Ó Murchú? Cén fáth nó cén fáth nach ndearna sí? Conas a mhothaigh sí ag deireadh an scéil, meas tú?
- Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar fhreagair an tUas Ó Murchú scéal Shauna? Cén sórt duine é, meas tú? An cuimhin leat am nuair a thug duine maithiúnas duit, faoi mar a thug an t-Uasal Ó Murchú do Shauna? Roinn é seo le páiste eile.
- Dúirt Shauna *An Gníomh Dóláis* sa rang an lá sin. An dóigh leat gur thug Dia maithiúnas di? Conas atá a fhios agat? Conas a mhothaigh Shauna nuair a chuaigh sí chuig an Uasal Ó Murchú agus a scéal a insint dó?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 28: Déanann na páistí idirdhealú idir phictiúir a léiríonn roghanna maithe agus drochroghanna.

### Sa Bhaile

Lch. 29: Léann na páistí agus a dteaghlaigh achoimre de Scéal Shauna, agus déanann siad comhrá faoi na hamanna nuair nach raibh grá acu do dhaoine eile. Tugtar cuireadh dóibh freisin *An Gníomh Dóláis* a rá le chéile.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Rinne Shauna drochrogha nuair a d'inis sí bréag lena máthair, a múinteoir agus a cairde ar scoil. Níor mhair sí mar is mian le Dia dúinn agus mhothaigh sí caillte. Uaireanta déanaimid drochroghanna cosúil le Shauna. Is féidir linn a sampla a leanúint trí leithscéal a ghabháil leo siúd atá gar dúinn agus trí a rá le Dia go bhfuil brón orainn freisin. Is mar seo a dhéanaimid réiteach le Dia agus le daoine eile.

## AG COMHRÁ

### Cad a dhéanfá?

Tosaigh trí dhul ar ais ar an scéal faoin drochrogha a rinne Shauna, agus úsáid an focal 'peaca' chun cur síos a dhéanamh ar amanna nuair a dhéanaimid rud atá a fhios againn atá mícheart. Ansin léigh amach gach ceann de na trí chás thíos, ceann i ndiaidh a chéile, ag fiafraí de na páistí cén freagra a roghnóidís. Ag an gcéim seo den ghníomhaíocht, níl aon díospóireacht ann.

1. Tá Sorcha i ngiúmar dona mar deir a hathair go caithfidh sí teacht isteach ó bheith ag imirt lena cairde agus a dinnéar a bheith aici. Theastaigh uaithi fanacht amuigh ag imirt leis na buachaillí agus na cailíní eile. Nuair a thagann cara anall chuici chun slán a fhágáil léi, brúnn Sorcha é. Tá sé gortaithe, agus tosaíonn sé ag caoineadh. An ndéanann sí …
   a. 'Há, há!' a rá agus rith léi?
   b. Abair 'tá brón orm' agus dul ar ais go dtí a teach?
   c. Inis dá cara go bhfuil brón mór uirthi agus mínigh cén fáth go bhfuil sí i ngiúmar dona?

2. Tá bosca lóin nua ag cara Ádam, Liam, gur mian le hÁdam i ndáiríre. Tá Liam á thaispeáint dó gach duine. Tá éad mór ar Ádam. Mar sin, nuair nach bhfuil éinne ag féachaint, cuireann Ádam bosca lóin Liam faoi cheilt taobh thiar de roinnt leabhar sa seomra ranga. Tagann Liam ar ais ón gclós agus tá sé an-trína chéile. An ndéanann Ádam …
   a. Ligean air gur aimsigh sé bosca lóin Liam, agus é a thabhairt ar ais dó?
   b. Tada a rá?
   c. Inis do Liam cad a rinne sé, agus a thaispeáint dó cá chuir sé i bhfolach é?

3. Tugann Dylan bréagán nua isteach ar scoil agus tá Josh i ndáiríre ag iarraidh imirt leis, ach ní ligean Dylan leis. Ceapann Josh go bhfuil sé seo éagórach i ndáiríre. Éiríonn Josh an-trína chéile agus glaonn sé ainm ar Dylan. Glaonn Dylan an múinteoir thall chun a insint di cad a dúirt Josh. An ndéanann Josh …
   a. Abair gur thug sé ainm ar Dylan, ach go raibh an locht air féin, toisc go raibh Dylan ag cur isteach air?
   b. Mínigh go raibh sé ar buile le Dylan agus a rá go bhfuil brón air?
   c. Inis don mhúinteoir go bhfuil Dylan ag insint bréige – agus nár thug sé ainm air?

Tar éis dul trí na cásanna thuas, tóg gach ceann i ndiaidh a chéile. Iarr ar na páistí a gcuid freagraí a roinnt leis an duine in aice leo. Ansin bíodh díospóireacht ranga agaibh ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth, dar leat, a ghníomhaigh an duine sa scéal ar an mbealach seo?
- Cén freagra a roghnaigh tú? Cén fáth? Cén fáth go gceapann tú nach mbeadh na roghanna eile go maith?
- Ar tharla rud éigin cosúil le seo riamh duit? Cad a rinne tú?

## PAIDIR

### An Gníomh Dóláis

*Comhartha na Croise*

**M:** Uaireanta déanaimid rudaí a bhfuil a fhios againn atá mícheart. Ag na hamanna seo, is minic a bhraithimid easaontaithe ó dhaoine eile agus ó Dhia.

Déanaimis smaoineamh anois ar na huaireanta

a rinneamar rudaí, a raibh a fhios againn a bhí mícheart; rudaí nár léirigh grá do Dhia agus do dhaoine eile. (*Sos*)

Is féidir linn a insint le Dia go bhfuil brón orainn as na huaireanta seo tríd *An Gníomh Dóláis* a rá le chéile:

A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht do ghrá dom.
Tá brón orm faoi mo pheacaí uile:
Nach raibh grá agam duitse ná do dhaoine eile.
Cabhraigh liom mo shaol a chaitheamh ar nós Íosa
Agus gan peaca a dhéanamh arís.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: An Chaora Chaillte

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Sa cheacht seo, tá sé mar aidhm againn eispéiris na bpáistí faoi a bheith caillte, sa ceacht roimhe seo, a nascadh le heispéireas an Seachránaí Caorach sa pharabal a d'inis Íosa. Tagann an t-Aoire Maith ar an gcaora a bhí caillte tar éis í a chuardach. Ar an gcaoi chéanna, tá súil againn go dtuigfidh na páistí go ndéanann Dia cuardach orthu siúd atá caillte, agus go dteastaíonn uaidh iad a thabhairt ar ais le bheith in éineacht leis féin agus le daoine eile. Nuair a tharlaíonn sé seo, bíonn ceiliúradh lúcháireach ann.

Tá an Parabal faoin Seachránaí Caorach speisialta sa mhéid is go dtugann sé léargas dúinn ar Íosa, an t-Aoire Maith, ag dul go díograiseach sa tóir ar an gcaora amháin atá 'caillte'. Taispeánann sé dúinn an cúram atá ag Íosa faoi gach duine againn. Bíonn a fhios aige nuair a bhíonn duine ar strae agus braitheann sé in éagmais an duine sin. Is le grá a théann Íosa ag cuardach an duine atá ar strae. Baineann tábhachtach le gach duine in aghaidh Dé.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Maidir leis an nGníomhaíocht Ealaíne:
  - Cóip den teimpléad (thíos) do gach ceann páiste. Ba chóir é seo a fhótachóipeáil ar chárta, más féidir.
  - Siosúr agus gliú do gach páiste
  - Olann chadáis, snáitheanna de dhathanna difriúla olann agus aon ábhair eile a roghnaíonn tú don rang chun a gcuid caorach a mhaisiú
  - Páipéar glas nó éadach chun an 'pháirc' a chur in iúl ina gcuirfidh na páistí a gcuid 'caorach'

# Féachaimis …

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Caoirigh a chruthú

Dáil an teimpléad (thíos) ar na páistí agus iarr ar gach duine a ainm a scríobh go soiléir ar thaobh íochtair a gcuid caorach. Ansin tabhair cuireadh do na páistí a gcuid caorach a mhaisiú. Spreag na páistí chun roinnt gnéithe suntasacha a chur ar aghaidh a gcuid caorach, ionas go mbeidh siad in ann a insint cé na caoirigh atá acu gan a n-ainm a lorg. Nuair a bheidh na caoirigh maisithe, tabhair treoir do na páistí a gcuid caorach a fhilleadh ar an líne phoncaithe ionas go seasfaidh sí léi féin.

Nuair a bheidh na páistí críochnaithe, tabhair cuireadh dóibh a gcuid caorach a chur in aithne don rang, agus labhairt faoi cuid dá gnéithe suntasacha (olann, dath, srl.). Bíodh áit sa seomra ranga, in aice leis an spás urnaí nó gar dó, mar 'pháirc'. Cuir é seo in iúl trí pháipéar glas nó éadach a leagan san áit. Nuair a bheidh go leor ama ag na páistí súgradh lena gcuid caorach, tabhair cuireadh dóibh a gcuid caorach a chur áit éigin sa 'pháirc'.



## PAIDIR

### Salm 23

*Comhartha na Croise*

**M:** Éist le focail an sailm seo atá le fáil sa Bhíobla. Tugtar Salm 23 air. Sa salm seo, iarraimid ar Dhia aire a thabhairt dúinn amhail is dá mbeadh sé ina aoire orainn. Is féidir leat do shúile a dhúnadh agus tú ag éisteacht, más mian leat.

**M:** Tabhair aire dom, a Thiarna,
Mar a dhéanfadh aoire do chaoirigh ina thréad.

Seol mé chuig an gcompord
Áit a bhfuil ciúnas agus suaimhneas.
Seol mé chun taisteal tríd an domhan
Ag siúl céim ar chéim leat.

Fiú nuair atá brón agus scáth ann
Ní bheidh mé eaglach nó ní chaillfidh mé dóchas.
Tá tú in éineacht liom
Gach lá de mo shaol.

Tabhair aire dom, a Thiarna,
Mar a dhéanfadh aoire do chaoirigh ina thréad.

Bímis inár suí go ciúin ar feadh nóiméid agus cuimhnigh go bhfuil Dia anseo linn. (*Sos*)

**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## GNÍOMHAÍOCHT

### Caora Chaillte

Cruinnigh na páistí timpeall na 'páirce', agus iarr orthu a gcuid caorach a aithint. Mínigh gur seo a dhéanann aoire maith gach lá: seiceáileann sé/sí na caoirigh.

B'fhéidir go dtabharfaidh páiste amháin faoi deara go bhfuil caora in easnamh, ach muna dtugann, tabhair leideanna don rang. Chomh luath agus a aithníonn siad go bhfuil caora ar iarraidh, lig ort nach bhféadfadh a leithéid a tharla, agus fiafraigh den pháiste an bhfuil siad cinnte. Comhairigh na caoirigh leis na páistí féachaint an bhfuil ceann ar iarraidh. Ansin déan comhrá leis an úinéir, ag úsáid ceisteanna cosúil le, 'Cá bhfaca tú í roimhe seo?', 'An bhfuil tú cinnte gur chuir tú sa phairc í?' srl.

Spreag an páiste chun breathnú timpeall an tseomra chun an chaora a lorg. Spreag na páistí go léir chun í a fháil, más gá. Nuair a bheidh an chaora aimsithe, déan ceiliúradh le babhta bualadh bos. Ansin déan comhrá leis an úinéir arís, ag fiafraí conas a mhothaigh an páiste áirithe nuair a cailleadh an chaora, agus conas atá siad ag mothú anois os rud é go bhfuarthas í.

Déan comhrá leis an gcuid eile den rang ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Ar chaill tú rud éigin luachmhar riamh? An cuimhin leat conas a mhothaigh tú nuair a fuair tú amach gur chaill tú é? An bhfuair tú é? Conas a mhothaigh tú nuair a fuair tú é? Roinn do fhreagraí le páiste eile.
- Dá mba í do chaora a bhí ar iarraidh inniu, conas a bhraithfeá, dar leat?

Críochnaigh trí a rá cé chomh iontach is atá sé go bhfuil an chaora ar ais arís agus cé chomh sásta is atá an t-úinéir arís.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### An Parabal faoin Seachránaí Caorach

Inis do na páistí go n-inseoidh tú parabal dóibh anois a d'inis Íosa uair amháin faoi chaora chaillte. Mínigh gur scéal is ea parabal le bríonna i bhfolach ann, agus gur minic a d'inis Íosa parabail dá chairde chun cabhrú leo níos mó a thuiscint faoi Dhia. Ansin léigh 'An Parabal faoin Seachránaí Caorach'. Mínigh go dtagann sé as an Soiscéal de réir Mhatha.

**'An Seachránaí Caorach'**
(*Curtha in oiriúint ó Mhatha 18:12-14*)



Lá amháin, bhí Íosa ag múineadh a chairde faoi Dhia. Theastaigh uaidh go mbeadh aithne acu ar mhéad an ghrá a bhí ag Dia dóibh.

Mar sin, dúirt Íosa, 'Cad is dóigh libh? Má bhíonn céad caora ag duine agus aon chaora amháin díobh a dhul amú, nach bhfágfaidh sé an naoi nóchad ar na sléibhte agus dul ag lorg an tseachránaí? Agus más rud é go bhfaigheann sé í, deirim libh go fírinneach, is mó is cúis áthais leis í ná an naoi nóchad a bhí gan dul amú. Mar an gcéanna, ní hé toil Dé é go gcaillfí aon duine díobh.'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cé mhéad caora a bhí sa tréad?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Ní féidir linn riamh a bheith caillte ó Dhia ar an mbealach a raibh an chaora sa scéal caillte ón aoire, ach an bhfuil amanna ann nuair a mhothaímid go bhfuilimid caillte ó Dhia? An cuimhin leat an scéal faoi Shauna? An cuimhin leat cén fáth ar mhothaigh sí a bheith caillte?
- Cén chaoi a mhothaíonn an chaora chaillte, dar leat, nuair a bhíonn sí aimsithe? Conas a mhothaigh Shauna nuair a d'inis sí dá Mam agus dá múinteoir faoin méid a rinne sí mícheart? Ar bhraith sí go raibh sí caillte fós?
- Cad a cheapann tú a insíonn an parabal dúinn faoi Dhia? An gceapann tú go bhfuil Dia cosúil le Aoire Maith? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### Rólimirt

Téigh ar ais ar an bParabal faoin Seachránaí Caorach. Tosaíonn páiste amháin leis an scéal a insint agus leanann páistí eile leis ag cur líne leis an scéal go dtí go mbíonn an scéal ar fad críochnaithe. Is féidir leatsa tosú mar seo: 'Lá amháin, d'inis Íosa scéal faoi aoire.'

Ansin roinn na páistí i ngrúpaí de chúigear. Socraíonn gach grúpa ar róil a chomhaltaí – páiste amháin i ról na caorach caillte, páiste eile mar úinéir na gcaorach agus na páistí eile mar chuid den tréad. Spreag na páistí a shamhlú cén fáth ar imigh an chaora ar strae ón aoire: ar cuireadh isteach uirthi? Ar theastaigh uaithi imeacht ar shiúl? An ndeachaigh sí áit éigin a dúradh léi gan dul? Tabhair roinnt ama do na páistí a ról a chleachtadh bunaithe ar an bParabal faoin Seachránaí Caorach. Ansin tabhair cuireadh dóibh a gcuid drámaíochta a chur i láthair don chuid eile den rang.

Tar éis do gach grúpa páirt a ghlacadh sa rólimirt, mínigh go ndúirt Íosa linn gurb eisean an t-Aoire Maith. Cuir i gcuimhne dóibh go bhfuil gach caora luachmhar d'aoire maith – agus go háirithe na cinn atá caillte. Ní theastaíonn ón Aoire Maith go mbeimis caillte. Teastaíonn uaidh go mbeimis in éineacht leis féin agus le daoine eile. Is ansin a bheidh áthas orainn. Nuair a thagann Íosa orainn agus nuair a thagaimid ar ais go dtí an tréad, bíonn ceiliúradh iontach ann. Ar an gcaoi chéanna, bíonn áthas ar Íosa, an t-Aoire Maith, nuair a bhímid in éineacht leis.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 30: Léann na páistí an Parabal faoin Seachránaí Caorach.

### Sa Bhaile

Lch. 31: Tugtar cuireadh do theaghlaigh comhrá a dhéanamh faoin méid a insíonn an parabal faoin Seachránaí Caorach dúinn faoi Dhia. Tugtar cuireadh dóibh freisin Salm 23 a ghuí le chéile.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Nuair nach mbíonn grá againn do Dhia agus dá chéile, bímid cosúil leis an Seachránaí Caorach. Sa Pharabal faoin Seachránaí Caorach, deir Íosa linn go ndéanfaidh sé cuardach go dtí go dtagann sé ar aon duine againn nach bhfuil gar do Dhia. Tógfaidh sé ar ais sinn chuig Dia agus chuig daoine eile. Nuair a tharlaíonn sé seo, bíonn ceiliúradh mór ann.

## AG COMHRÁ

### Faoin Aoire Maith

Déan comhrá leis na páistí faoin Aoire Mhaith, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An féidir leat smaoineamh ar am nuair a mhothaigh tú a bheith caillte ó Dhia - am nuair nach raibh grá agat do Dhia nó do dhaoine eile? Smaoinigh air ar feadh nóiméid.
- An mothú maith é a bheith caillte ó Dhia? Cén fáth go mbraitheann sé níos fearr a bheith gar do Dhia agus do dhaoine eile?
- N'fheadar ... an gceapann tú go rachaidh Íosa i gcónaí chun sinn a lorg nuair a mhothaímid caillte ó Dhia? An stopfaidh sé den chuardach riamh? Cén fáth nó cén fáth nach stopfaidh sé? Conas a bhraitheann tú faoi sin?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Nuair nach dtugaimid grá do Dhia nó do dhaoine eile, is féidir linn a bheith easaontaithe agus brónach. Ní theastaíonn ó Dhia go mbeimis amhlaidh. Teastaíonn ó Dhia go mbeimis gar dó. Nuair a fhillimid ar Dhia, bíonn áthas orainn agus ar Dhia freisin.
Guímis le chéile, 'Cuardaíonn tú agus tagann tú orainn, a Dhia'.
**P:** Cuardaíonn tú agus tagann tú orainn, a Dhia.

**M:** Nuair nach roinnimid lenár gcairde, agus tuigimid go bhfuil a gcuid cairdeas caillte againn, is féidir linn a bheith easaontaithe agus uaigneach. Is ansin, a chuardaíonn tú agus a thagann tú orainn, a Dhia.
**P:** Cuardaíonn tú agus tagann tú orainn, a Dhia.

**M:** Nuair atá rud éigin déanta againn a chuireann ár dteaghlaigh trína chéile, is féidir linn a bheith easaontaithe agus uaigneach. Is ansin, a chuardaíonn tú agus a thagann tú orainn, a Dhia.
**P:** Cuardaíonn tú agus tagann tú orainn, a Dhia.

**M:** Nuair atáimid suarach le daoine eile agus go mbíonn a fhios againn gur ghortaíomar iad, is féidir linn a bheith easaontaithe agus uaigneach ina dhiaidh sin. Is ansin, a chuardaíonn tú agus a thagann tú orainn, a Dhia.
**P:** Cuardaíonn tú agus tagann tú orainn, a Dhia.

**M:** Cuardaíonn tú agus tagann tú orainn, a Dhia. Tá tú réidh i gcónaí maithiúnas a thabhairt dúinn. Gabhaimid buíochas leat as a bheith gar linn i gcónaí agus as grá a thabhairt dúinn i gcónaí. Guímis anois *An Gníomh Dóláis* le chéile.

**P:** A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht do ghrá dom.
Tá brón orm faoi mo pheacaí uile:
Nach raibh grá agam duitse ná do dhaoine eile.
Cabhraigh liom mo shaol a chaitheamh ar nós Íosa
Agus gan peaca a dhéanamh arís.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Ceiliúraimid maithiúnas Dé i Sacraimint an Athmhuintearais

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Shauna agus an taithí a bhí aici ar a bheith caillte, agus gur aithin sí go ndearna sí rud éigin mícheart, rinne sí é a admháil agus d'iarr sí athmhuintearas. Sin iad na céimeanna a bhaineann le Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh.

Fiú mura bhfuil na páistí i do rang ag ceiliúradh Sacraimint an Athmhuintearais don chéad uair i mbliana, tá sé tábhachtach go ndéanfá an ceacht seo a mhúineadh. Sa tslí sin, beidh eolas éigin faighte ag na páistí ar an sacraimint sula dtosaíonn siad ar a n-ullmhúchán dó amach anseo.

Is í an fhoirm Athmhuintearais a mhúintear sa cheacht seo ná an dara foirm den Deasghnáth.

Insíonn *Deasghnáth an Athmhuintearais* dúinn cén fáth go bhfuil sé tábhachtach go gceiliúrtar Sacraimint an Athmhuintearais mar phobal, le hadmháil aonair agus maithiúnas mar chuid de: 'Taispeánann ceiliúradh mar phobal níos soiléire nádúr eaglasta an athmhuintearais. Éisteann an pobal le chéile le briathar Dé, a fhógraíonn a thrócaire agus a thugann cuireadh dóibh tiontú; ag an am céanna scrúdaíonn siad a saoil maidir le briathar Dé agus cabhraíonn siad lena chéile trí urnaí coiteann. Tar éis do gach duine a chuid peacaí a admháil agus maithiúnas a fháil, tugann siad go léir moladh le chéile do Dhia as a ghníomhartha iontacha.'

# Féachaimis …

## SCÉAL SHAUNA

Téigh ar ais ar 'Scéal Shauna' ó cheacht 1 den téama seo agus straitéis ciorclach á úsáid agat. Tosaíonn duine amháin ag insint an scéil agus leanann an chéad duine eile leis, ag cur líne leis go dtí go mbeidh an scéal críochnaithe. Is féidir leatsa tosú ag rá, 'Bhí Shauna ar bís toisc gurbh é breithlá a col ceathrar a bhí ann.'

Seo thíos achoimre ar an méid a mhúineann an scéal dúinn:

1. Ní thaispeánaimid grá do dhaoine eile nó do Dhia nuair a dhéanaimid rud a bhfuil a fhios againn atá mícheart.
2. Is féidir linn smaoineamh ar a bhfuil déanta againn agus a thuiscint gur peaca é.
3. Is féidir linn a rá go bhfuil brón orainn.
4. Is féidir linn maithiúnas a fháil.
5. Is féidir linn athmhuintearas a dhéanamh le Dia agus le daoine eile.

## PAIDIR

### An Gníomh Dóláis

*Comhartha na Croise*

**M:** Guímis *An Gníomh Dóláis* le chéile agus sinn ag tabhairt ár bpeacaí chun cuimhne:

A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht do ghrá dom.
Tá brón orm faoi mo pheacaí uile:
Nach raibh grá agam duitse ná do dhaoine eile.
Cabhraigh liom mo shaol a chaitheamh ar nós Íosa
Agus gan peaca a dhéanamh arís.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis …

## SACRAIMINT AN ATHMHUINTEARAIS

Tabhair chun cuimhne go ndúirt Shauna go raibh brón uirthi agus ghuigh sí an *Gníomh Dóláis* le Dia. Ansin mínigh do na páistí go bhfuil bealach eile, an-speisialta, ina ndéanaimid réiteach le Dia agus le daoine eile. Is é sin trí Shacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh. I Sacraimint an Athmhuintearais, deirimid leis an sagart go bhfuil brón orainn as an méid a rinneamar. Cabhraíonn sé linn a thuiscint go dtugann Dia maithiúnas dúinn agus gur féidir linn a bheith inár gcairde le Dia arís. Inis do na páistí go gceiliúrfaidh siad Sacraimint an Athmhuintearais don chéad uair i mbliana (nó an bhliain seo chugainn).

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Moltar duit an focal 'Athmhuintearas' a úsáid seachas aon fhocal eile agus tú ag múineadh na páistí faoin sacraimint seo. Trí úsáid a bhaint as an bhfocal 'athmhuintearas' athraíonn an fócas ó pheaca agus cúiteamh go hathaontú agus athmhuintearas le Dia agus le daoine eile. Is léiriú i bhfad níos cruinne é seo ar nádúr na sacraiminte seo.

### Ceiliúradh Sacraimint an Athmhuintearais

Seo a leanas conas Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh. Dírigh aire na bpáistí chuig na pictiúir ar leathanach 32 dá leabhar.



**Pictiúr 1: Smaoinímid ar na huaireanta nár thugamar grá do Dhia ná do dhaoine eile.**

- Cad a fheiceann tú sa phictiúr?
- Má tá na páistí seo ag ullmhú don athmhuintearas, cad iad na smaointe atá acu, meas tú?

Mínigh do na páistí, sula ndéanaimid Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh, go smaoinímid ar na huaireanta ná thugamar grá do Dhia ná do dhaoine eile. Is féidir linn smaoineamh ar conas a d'iarr Íosa orainn grá a thabhairt do dhaoine eile. Ansin, is féidir linn smaoineamh ar na huaireanta nár mhaireamar mar a d'iarr Íosa orainn; amanna nuair a ghortaíomar daoine eile, nuair a thógamar rud nár bhain linn, nó nuair a d'iniseamar bréaga. Cuideoidh an sagart linn smaoineamh ar na huaireanta seo.



**Pictiúr 2: Adhmhaímid ár bpeacaí don sagart.**

- Cad a fheiceann tú sa phictiúr?
- Cé leis a bhfuil an cailín ag caint? Cad a cheapann tú atá á rá aici?

Mínigh gur smaoinigh an cailín seo ar a cuid gníomhaíochtaí, agus gur thuig sí go bhfuil roinnt rudaí déanta aici ar mhaith léi a rá go bhfuil brón uirthi futhu. Tá sí tagtha chuig an séipéal chun Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh. Sa phictiúr seo feicimid í ag insint don sagart faoi amanna nuair nach raibh grá aici do Dhia agus do dhaoine eile.

Tá an sagart ag éisteacht leis an gcailín. Tá Dia leo. Tugtar 'admháil' ar an gcuid seo de Shacraimint an Athmhuintearais. Tá an cailín ag insint a peacaí don sagart. Tá admháil á dhéanamh aici.



**Pictiúr 3: Tugann an sagart breithiúnas aithrí dúinn.**

- An uair seo, tá an sagart ag caint le buachaill. Tá an sagart ag labhairt ar son Dé. Cad a cheapann tú a bhfuil Dia ag iarraidh a rá leis an mbuachaill?

Mínigh, tar éis dúinn ár bpeacaí a admháil, go labhraíonn an sagart linn ar feadh nóiméid. Iarrann sé orainn ansin roinnt paidreacha a rá nó gníomh cineálta a dhéanamh a chabhróidh linn teacht níos gaire le Dia arís. Tugtar 'breithiúnas aithrí' ar seo. Cuidíonn an 'breithiúnas aithrí' linn an dochar a dhéanann peaca a mhaitheamh. Deirimid nó déanaimid ár mbreithiúnas aithrí tar éis dúinn an sagart a fhágáil.



**Pictiúr 4: Maitheann an sagart ár bpeacaí dúinn in ainm Dé.**

- Cad atá á dhéanamh ag an sagart sa phictiúr seo, dar leat?

Guímid *An Gníomh Dóláis* ansin. Ansin maitheann an sagart ár bpeacaí dúinn. Tugtar maithiúnas ar seo. Tugann an sagart maithiúnas do pheacaí in ainm Íosa Críost.
Tá an maithiúnas labhartha in ainm Dé. Taispeánann sé maithiúnas Dé dúinn, agus taispeánann sé go bhfuilimid réitithe leis. Táimid réidh ansin chun tosú arís.

**Pictiúr 5: Déanaimid iarracht maireachtáil arís mar a d'iarr Íosa orainn.**
Féach an ghníomhaíocht ealaíne thíos.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Ag Tosú Arís

Téigh ar ais ar na gníomhartha a bhaineann le Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh ag baint úsáid as Póstaer 6. Ansin mínigh do na páistí, nuair a fhágaimid an séipéal, go mbímid réidh le tosú arís. Táimid réidh le maireachtáil mar a léirigh Íosa dúinn arís. Iarr ar na páistí samplaí a thabhairt ar conas is féidir linn é seo a dhéanamh. Ansin tabhair píosa páipéir bán do gach páiste agus iarr orthu pictiúr díobh féin a tharraingt ag maireachtáil mar a d'iarr Íosa orthu.



# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Is bealach speisialta í Sacraimint an Athmhuintearais do na daoine a bhaineann le teaghlach Dé bualadh le Dia, a rá leis go bhfuil brón orthu agus maithiúnas uaidh a cheiliúradh. Nuair a dhéanaimid Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh:

… Tuigimid go raibh amanna ann nuair nach raibh grá againn do dhaoine eile agus do Dhia.
… Admhaímid ár bpeacaí do shagart.
... Glacaimid lenár mbreithiúnas aithrí.
... Maitheann an sagart ár bpeacaí dúinn in ainm Dé.

Tar éis Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh, tosaímid arís chun gníomhú mar chairde Íosa.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 32: Léann na páistí faoi na céimeanna atá i gceist i gceiliúradh Sacraimint an Athmhuintearais.

### Sa Bhaile

Lch. 33: Léann nó canann páistí agus a dteaghlaigh focail an amhráin 'Tá Brón Orm' agus déanann siad comhrá faoi conas, i Sacraimint an Athmhuintearais, a deirimid le Dia go bhfuil brón orainn faoi na hamanna nach raibh grá againn do dhaoine eile agus do Dhia. Tugtar cuireadh do theaghlaigh guí a dhéanamh le chéile, ag gabháil buíochais le Dia as a mhaithiúnas.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: Athmhuintearas

*Is í an áit is feiliúnaí don tseirbhís urnaí seo le tarlú ná sa séipéal. B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do shéiplíneach na scoile a bheith páirteach libh. Nuair a thagann sibh ag an séipéal, taispeáin an seomra athmhuintearais/bosca faoistine do na páistí agus mínigh dóibh gur anseo de ghnáth a cheiliúrtar Sacraimint an Athmhuintearais; is minic anois, áfach, a cheiliúrtar an Chéad Fhaoistin sa sanctóir (an ceantar thart ar an altóir).*

*Muna bhfuil sé sin indéanta, an seirbhís urnaí a eagrú sa séipéal, d'fhéadfadh sé tarlú sa seomra ranga. Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Mar ullmhúchán:**

- *Tabhair cóip den* Bhíobla Naofa *leat chuig an séipeal, má tá tú chun an Soiscéal a léamh as.*

**M:** Seasaimis chun iomann tosaigh a chanadh.

**Iomann Tosaigh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

(*Fanann na leanaí ina seasamh*)

**M:** Éistimis arís leis an bParabal faoin Seachránaí Caorach. Tagann an parabal ón Soiscéal de réir Naomh Matha. Ar dtús, canaimis 'Alleluia' le fáilte a chur roimh an Soiscéal.

*Can 'Alleluia'*

**M:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Matha.
**P:** Glóir duit, a Thiarna. (*Gearr fíor na croise ar an éadan, ar na beola agus ar an ucht*). Is féidir an parabal seo a léamh ón *mBíobla Naofa* freisin (Matha 18:12-14).

**'Cad is dóigh libh? Má bhíonn céad caora ag duine agus aon chaora amháin díobh a dhul amú? Fágfaidh sé an naoi nóchad eile ar na sléibhte agus dul ag lorg an chaora chaillte. Nuair a fhaigheann sé í, deirim libh, is mó is cúis áthais leis í ná an naoi nóchad a bhí gan dul amú. Mar an gcéanna, ní hé toil bhur nAthar ar neamh go gcaillfí aon duine amháin de na rudaí beaga seo.'**

**M:** Soiscéal an Tiarna.
**P:** Moladh duit, a Chríost.

*Tabhair cuireadh do na páistí suí síos.*

**M:** Guímis le chéile, ag gabháil buíochais le Dia as sinn a chuardach agus as sinn a aimsiú. Deirimis le chéile, 'A Dhia, go raibh maith agat as sinn a chuardach nuair atáimid caillte.'

**M:** Uaireanta ní féidir linn maireachtáil mar a d'iarr Íosa orainn.
**P:** A Dhia, go raibh maith agat as sinn a chuardach nuair atáimid caillte.

**M:** Uaireanta táimid suarach lenár gcairde.
**P:** A Dhia, go raibh maith agat as sinn a chuardach nuair atáimid caillte.

**M:** Uaireanta déanaimid dearmad guí chugat.
**P:** A Dhia, go raibh maith agat as sinn a chuardach nuair atáimid caillte.


**M:** Uaireanta insímid bréaga.
**P:** A Dhia, go raibh maith agat as sinn a chuardach nuair atáimid caillte.


**M:** A Dhia Ghrástúil,
Maidir le gach ceann de na huaireanta nuair nach raibh grá againn duit nó do dhaoine eile,
Go raibh maith agat as sinn a chuardach.
Maith dúinn ár bpeacaí agus cabhraigh linn maireachtáil ar nós Íosa.
**P:** Áiméan.

**M:** Guímis *An Gníomh Dóláis* le chéile agus sinn ag tabhairt ár bpeacaí chun cuimhne:

A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht do ghrá dom.
Tá brón orm faoi mo pheacaí uile:
Nach raibh grá agam duitse ná do dhaoine eile.
Cabhraigh liom mo shaol a chaitheamh ar nós Íosa
Agus gan peaca a dhéanamh arís.
Áiméan.

**Amhrán Deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.





# Téama 6: Ag Ceiliúradh an Aifrinn

Ceacht 1: Ofrálaimid bronntanais.
Ceacht 2: 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa'.
Ceacht 3: Cothaíonn an Chomaoineach Naofa sinn.

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Is é Íosa an bronntanas is mó a thug an tAthair dúinn
- Thaitin sé go mór le hÍosa a bheith ag ceiliúradh agus ag roinnt lena chairde (Lúc 10:38-42)
- Roinn Íosa An Suipéar Déanach lena chairde ar Dhéardaoin na Comaoineach agus b'é seo an chéad Eocairist (1 Cor 11:23-26)

**Rúndiamhair na hEaglaise**

- Tagann Caitlicigh le chéile chun adhradh a dhéanamh mar phobal i bparóiste

### Briathar Dé

**An Scrioptúr Naofa: Saol Poiblí Íosa**

- Eoin 12:1-8. Roinneann Íosa béile lena chairde

**An Scrioptúr Naofa: Páis agus Bás Íosa**

- Lúc 22:7-20/Mth 26:17-29. An Suipéar Déanach

### Liotúirge agus Urnaí

- Láithreacht na hEocairiste
  - » Is í an Eocairist Naofa Corp agus Fuil Íosa faoi ghné an aráin agus an fhíona
  - » Tá Íosa i láthair san Eocairist. Is í an Eocairist Fíor- Láithreacht Íosa, agus cothaíonn an Eocairist sinn agus tugann sí neart agus misneach dúinn Íosa a leanúint
- An Béile Naofa
  - » Ba é an Suipéar Déanach an chéad Aifreann. Rinne Íosa an Suipéar Déanach a cheiliúradh lena chairde ar an oíche sula bhfuair sé bás
  - » Ag an Aifreann roinneann clann an pharóiste béile naofa le chéile díreach mar a rinne Íosa ag an Suipéar Déanach
  - » Thug Íosa an Eocairist dúinn ag an Suipéar Déanach
- Íobairt Chuimhneacháin
  - » Dúirt Íosa linn: 'déanaigí é seo i gcuimhne ormsa'
  - » Ag an Aifreann cuirtear i gcuimhne dúinn go bhfuair Íosa bás agus gur aiséirigh sé ó mhairbh le go sábháilfí an domhan
  - » Tá Íosa ag iarraidh go mbeimis aontaithe leis féin agus lena chéile
  - » Nuair a ithimid 'Arán na Beatha' tagann Íosa chugainn agus méadaíonn ár gcaidreamh le Dia agus lena chéile
- Struchtúr an Aifrinn
  - » Ullmhúchán don Chomaoineach: Íosa a onórú, iarrtar orainn troscadh a dhéanamh ó bhia agus ó dheoch ar feadh, ar a laghad uair a chloig sula nglacfaimid an Chomaoineach. (Ní bhriseann uisce agus/nó comhgais leighis troscadh na hEocairiste)
  - » Glacaimid leis an gcomaoineach le meas agus le hurraim…ar an teanga nó inár lámh
  - » Ainmneacha, feidhmeanna agus an bhrí a bhaineann leis na nithe a úsáidtear i gceiliúradh na hEocairiste: altóir, éadach altóra, éide an tsagairt, cailís, paiteana, cruibhéid, coinnle altóra, ailb, casal, stoil

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 1:

### Cuspóir Foghlama 1

**Foilsiú Dé**

Dia agus an Bíobla
d. *Ministreacht Íosa.*
Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi ar na nithe seo:

- Íosa agus a Chuid cairde - Lúcás 10:38-42.

**Beatha Íosa**

e. *Páis, bás agus aiséirí Íosa.*
Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí bheith eolach ar na príomhimeachtaí a bhain le páis, bás agus aiséirí Íosa:

- An Suipéar Déanach - Lúcás 22:7-20.

# Ceacht 1: Ofrálaimid bronntanais

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Is féidir an tAifreann a roinnt ina dhá chuid – Liotúirge an Bhriathair (a rinneadh mar chuid de Théama 4) agus Liotúirge na hEocairiste. Tosaíonn Liotúirge na hEocairiste nuair a dhéantar an t-arán agus an fíon a ofráil. Cuireann na paidreacha ag an am seo i gcuimhne dúinn gur toradh na talún agus saothar lámha an duine atá san arán agus gur toradh na finiúna agus saothar lámha an duine atá san fhíon freisin. Taobh thiar de na frásaí seo tá síolta, grian, am, báisteach, plandáil, cúram, daoine, saothair, imní, brabús, caillteanas, allas, boladh agus blas. Le linn an Aifrinn, déanfar 'arán na beatha dúinn' as an arán agus 'deoch spioradálta dúinn' as an fhíon.

An tseachtain seo, tar éis dul ar ais ar an gcéad chuid den Aifreann, dírímid ar Liotúirge na hEocairiste, le béim ar leith curtha ar na bronntanais a thugtar go dtí an altóir. Foghlaimeoidh na páistí freisin faoi na soithí naofa agus earraí eile a bhíonn ar an altóir.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Bosca folamh clúdaithe
- Cóip den teimpléad (thíos) do gach páiste, má roghnaíonn tú é a úsáid



# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### Bronntanas do mo Sheanmháthair

Taispeáin an bronntanas clúdaithe do na páistí agus iarr orthu chun cúiseanna a sholáthar le go dtabharfadh duine bronntanas ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Ar tugadh bronntanas duit riamh? Cé a thug duit é? Céard a bhí ann? Cén fáth go bhfuair tú é - an raibh ócáid speisialta i gceist?
- Ar thug tú bronntanas do dhuine éigin riamh? Cad a thug tú? Cén fáth ar thug tú an bronntanas? Cathain a d'fhéadfaimis bronntanas a thabhairt do dhuine?

Inis do na páistí gur bronntanas clúdaithe ó pháiste dá seanmháthair atá ann. Iarr ar na páistí buille faoi thuairim a thabhairt ar cad a cheapann siad a d'fhéadfadh a bheith ann. Tar éis dóibh roinnt buille faoi thuairim a thabhairt, roghnaigh páiste amháin chun an bronntanas a oscailt, agus taispeáin dóibh nach bhfuil aon rud istigh ann. Ansin iarr ar na páistí an bronntanas nach féidir a fheiceáil a d'fhéadfadh a bheith ann. Déan comhrá leis na páistí faoi na cineálacha bronntanais nach féidir a fheiceáil:

- Cad iad na cineálacha bronntanais a d'fhéadfaimis a thabhairt do dhaoine nach féidir é a cheannach i siopa, agus nach féidir clúdach a chur orthu? Cad iad na bronntanais nach féidir a fheiceáil ar chor ar bith?
- Ar thug tú bronntanas riamh do dhuine nach féidir a fheiceáil? Céard a bhí ann? Cén fáth ar thug tú é?

Críochnaigh trí a mhíniú nuair a thugaimid bronntanas do dhuine, ní gá é a bheith clúdaithe, nó fiú a bheith infheicthe. D'fhéadfadh gur barróg, póg, gníomh cineálta nó focal cineálta a bheith i gceist. Is bronntanais ghrá iad seo go léir.

## PAIDIR

### An Phaidir (le gníomhartha)

*Comhartha na Croise*

**M:** Tá go leor bronntanais gur féidir linn a ofráil do dhaoine. Is féidir linn ár ngáire, ár gcineáltas, ár gcabhair agus ár bpaidreacha a ofráil. Thug Dia go leor bronntanais dúinn freisin. Gabhaimis buíochas le Dia as na bronntanais iontacha a thug sé dúinn. Is é an freagra do gach ceann de na paidreacha seo a leanas ná, 'Buíochas le Dia'.
**P:** Buíochas le Dia.

**M:** Do bhronntanas ár gcoirp, ón gceann go barraicíní (*cuir na lámha ar an gceann, lúb chun teagmháil leis na barraicíní*), buíochas le Dia.
**P:** Buíochas le Dia.

**M:** Do bhronntanas gach buille mo chroí (*cuir na lámha ar an gcroí - lámh amháin thar an gceann eile, bog an lámh thíos go mall ag déanamh aithris ar bhuille an chroí*), buíochas le Dia.
**P:** Buíochas le Dia.

**M:** Do bhronntanas análáithe (*cuir na lámha faoin smig agus lean an anáil leis na lámha faoi mar a ritheann sí amach as an mbéal*), buíochas le Dia.
**P:** Buíochas le Dia.

**M:** Do bhronntanas an ghrá i ngach duine (*gluais an lámh i gciorcal i leith daoine eile*), buíochas le Dia.
**P:** Buíochas le Dia.

**M:** Guímis le chéile anois an phaidir a mhúin Íosa dúinn. Tá an phaidir seo ar eolas againn cheana féin, ach anois cuirimid roinnt gníomhartha leis an chéad chuid. Is féidir libh na gníomhartha agus na focail a dhéanamh/athrá i mo dhiaidh:

Ár nAthair, atá ar neamh (*lámha trasna ar an ucht*)
Go naofar d'ainm (*lámha sínte amach chomh hard leis na guaillí*)
Go dtaga do ríocht (*lámha sínte amach, ard os cionn an chloiginn*)
Go ndéantar do thoil ar an talamh mar a dhéantar ar neamh (*ceann umhlaithe, lámha le chéile ar tosach*)

Áiméan

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## AN TAIFREANN

### An tAifreann

Téigh ar ais ar an méid a deirtear roimh agus tar éis an tSoiscéil.

**Roimh**
**Sagart:** Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal:** Agus le do spiorad.

**S:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir …

**P:** Glóir duit, a Thiarna. *(Gearr fíor na croise ar an éadan, ar na beola agus ar an gcroí)*

**I ndiaidh**
**S:** Soiscéal an Tiarna.
**P:** Moladh duit, a Chríost.



## ULLMHÚ NA MBRONNTANAS

### Ullmhú na mBronntanas

Mínigh do na páistí go bhfuil sibh chun breathnú ar an gcéad chuid eile den Aifreann. Téigh ar ais ar an gcomhrá a bhí agaibh maidir le bronntanais. Mínigh do na páistí go cuirimid bronntanais ar fáil do Dhia, ag an Aifreann.

Mínigh dóibh gur bronntanais aráin agus fíona atá iontu ach go dtiocfaidh athrú orthu i rith an Aifrinn. Mínigh go gcuirtear an t-arán i láthair ar phláta ar a dtugtar paiteana, agus go gcuirtear an fíon i láthair i gcruibhéid.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Is iad na bronntanais amháin ba chóir a thabhairt chuig an altóir ag an am seo ná bronntanais aráin, fíona agus airgid a bailíodh ó na daoine do riachtanais an pharóiste. Is fíor-bhronntanais iad seo, a thugtar go deonach. Ní thógfar ar ais iad ag deireadh an Aifrinn. Is le linn an mhórshiúil ag tús an Aifrinn an áit chun earraí eile a iompar chuig an altóir.

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### Nithe don Altóir

Tosaigh trí cheist a chur ar na páistí faoina dtaithí ar an mbord a ullmhú le haghaidh béile sa bhaile. Déan comhrá faoi cé a ullmhaíonn an bord, na nithe éagsúla a úsáidtear, srl. Ansin, aimsíonn na páistí na nithe éagsúla a bhíonn ar an altóir de ghnáth.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 34: Déanann na páistí scrúdú ar an méid atá foghlamtha acu faoin Aifreann.

### Sa Bhaile

Lch. 35: Déanann na páistí agus a dteaghlaigh machnamh ar Ullmhú na mBronntanas. Tugtar cuireadh dóibh comhrá a dhéanamh faoi na bronntanais gur féidir leo a thabhairt do Dhia, agus iarrtar orthu guí le chéile freisin.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tosaíonn Liotúirge na hEocairiste le hUllmhú na mBronntanas, an uair nuair a thugaimid bronntanais do Dhia. Arán agus fíon na bronntanais a thairgtear agus tugtar iad seo chuig an altóir. Is féidir linn bronntanais a thairiscint do Dhia freisin – bronntanais a bheith cineálta agus cabhrach do dhaoine eile, agus bronntanais grá agus gáire.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Mo Bhronntanais do Dhia

Tosaigh trí mheabhrú a dhéanamh ar na bronntanais a thugtar go dtí an altóir mar chuid d'ullmhúchán na mBronntanas: bronntanais aráin agus fíona. Ansin tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh ar na bronntanais eile a d'fhéadfaidís a thabhairt do Dhia: cineáltas agus grá, cairdeas agus flaithiúlacht do dhaoine eile. Is féidir linn bronntanas ár ngrá a thabhairt do Dhia freisin. Dáil na teimpléid (thíos) nó píosaí bána páipéir amach agus iarr ar na páistí pictiúr a tharraingt agus scríobh faoin mbronntanas nach féidir a fheiceáil agus a thabharfaidh siad chuig Dia an chéad uair eile a bheidh siad ag an Aifreann.




## PAIDIR

### An Phaidir

*Comhartha na Croise*

**M:** Guímis le chéile anois an phaidir a mhúin Íosa dúinn.

Ár nAthair, atá ar neamh (*lámha trasna ar an ucht*)
Go naofar d'ainm (*lámha sínte amach chomh hard leis na guaillí*)
Go dtaga do ríocht (*lámha sínte amach, ard os cionn an chloiginn*)
Go ndéantar do thoil ar an talamh mar a dhéantar ar neamh (*ceann umhlaithe, lámha le chéile ar tosach*)

Áiméan

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa.'

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Díríonn an ceacht seo ar Íosa ag roinnt bia le daoine agus ar an bhéim a chuir sé ar am a chaitheamh lena chairde. Déantar é seo ar dtús trí scéal Martha agus Máire a insint, sula dtugtar cuireadh do na páistí dul i ngleic arís le scéal an Suipéar Deireanach atá foghlamtha acu cheana féin in *I nGrá Dé* Naíonáin Shóisearacha/B1 agus Naíonáin Shinsearacha/B2. Bogaimid ar aghaidh ansin chun focail Íosa ag an Suipéar Déanach a nascadh le focail an tsagairt le linn ceiliúradh an Aifrinn. Ar an mbealach seo, tá súil againn go bhfeicfidh na páistí, trína rannpháirtíocht san Aifreann, go bhfuil siad ag freagairt do chuireadh Íosa 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa'.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Plátaí páipéir agus naipcíní le haghaidh lóin roinnte
- Liathróid bhog
- Tarraing cailís agus abhlann ar phíosa mór de pháipéar/páipéar balla
- Beidh píosaí páipéir crèpe ag teastáil ó na páistí agus gliú chun an líníocht a mhaisiú.

# Féachaimis …

## GNÍOMHAÍOCHT

### Lón Roinnte

Cuir i gcuimhne na bpáistí go mbeidh lón speisialta ag an rang inniu, lón ina roinnfidh siad bia lena chéile. Tabhair cuireadh do na páistí ar mian leo bia a roinnt chun é a thabhairt chuig do dheasc (nó bord oiriúnach eile). Nuair a bheidh an bia ar fad bailithe le chéile, gabh buíochas leis na páistí as a bheith chomh flaithiúil agus a gcuid bia a roinnt le daltaí an ranga. Ansin tabhair cuireadh do na páistí suí i gciorcal, agus tusa in éineacht leo. Ba chóir do gach duine a dheochanna féin a thabhairt leo. Cuir tús leis an lón roinnte agus *Altú roimh Bhia* a rá le chéile.

**M:** Agus muid ag guí an *Altú roimh Bhia* is cuimhin linn cá as a dtagann ár mbia agus iarraimid ar Dhia an bia atáimid ar tí a roinnt a bheannú.

**Gach duine:**
Beannacht ó Dhia orainne atá ag suí chun boird le chéile.
Beannacht ar an mbia a ithimid inniu.
Beannacht ar na lámha a d'ullmhaigh dúinn é.
Beannacht a Dhia dhílis orainn féin.
Áiméan.

Ansin cuir an bia timpeall an chiorcail agus tabhair cuireadh do gach páiste píosa a thógáil. Iarr orthu gan aon rud a ithe go dtí go mbíonn bia ag gach duine. Nuair a bhíonn bia ag gach duine, tabhair cuireadh do na páistí a gcuid bia a ithe agus taitneamh a bhaint as. Spreag na páistí chun comhrá a dhéanamh le páistí eile i rith an bhéile agus bíodh comhrá ranga ann freisin faoi ábhair spéise cosúil le chluichí a imríodh le déanaí; cláir teilifíse; leabhair atá á léamh acu faoi láthair srl. Bíodh atmaisféar oscailte ann ionas go dtosaíonn na páistí ag féachaint ar am béile mar am chun scéalta a roinnt agus chun bia a ithe. Críochnaigh an lón roinnte agus *Altú tar éis Bia* a rá le chéile:

**Gach duine:**
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug bia dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug cairde dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug gach rud dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia. Áiméan.

## AG COMHRÁ

### Faoinár Lón Roinnte

Nuair a bheidh an lón roinnte críochnaithe bíodh comhrá ann faoi. Spreag iad chun cuimhneamh ar na gnéithe éagsúla den lón: thairg páistí éagsúla bia; bhí an bia roinnte; d'fhan gach duine go dtí go raibh bia ag gach éinne; agus rinne gach duine comhrá lena chéile. Úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad a bhí difriúil faoin mbealach inar itheamar ár lón inniu? Ar thaitin sé leat? Cén fáth nó cén fáth nár thaitin sé?
- Ar roinn tú béile riamh le do theaghlach, nó le do chairde mar seo? Inis dúinn faoi.
- An gceapann tú go bhfuil difríocht ann idir bia a ithe agus béile a roinnt? Cad iad na difríochtaí? Cad a theastaíonn uait don dá rud? Cad a theastaíonn uait chun béile a roinnt?



## PAIDIR

### An Phaidir

*Comhartha na Croise*

**M:** Roinneamar béile le chéile inniu. Nuair a roinnimid béile le chéile bímid ag caint leis na daoine eile atá ag ithe linn. Roinnimid scéalta leo fúinn féin agus faoin méid atá á dhéanamh againn. Mar sin, tá níos mó i gceist ag béile seachas a bheith ag ithe amháin.

Dún do shúile agus smaoinigh ar am nuair a roinn tú béile le do theaghlach nó le cairde. Smaoinigh faoi conas a mhothaigh tú. (*Sos*)

Ar mhaith le duine ar bith buíochas a ghabháil le Dia as béile a roinn tú le do theaghlach nó le do chairde? I ndiaidh gach paidir, is féidir leis an chuid eile againn 'Moladh go deo le Dia' a rá.

**P:** Moladh go deo le Dia.

*Iarr ar na páistí a gcuid paidreacha a rá.*

**M:** An tseachtain seo caite d'fhoghlaimíomar conas an chéad chuid den Phaidir a rá agus gníomhartha á úsáid. Guímis *An Phaidir* le chéile anois:

Ár nAthair, atá ar neamh (*lámha trasna ar an ucht*)
Go naofar d'ainm (*lámha sínte amach chomh hard leis na guaillí*)
Go dtaga do ríocht (*lámha sínte amach, ard os cionn an chloiginn*)
Go ndéantar do thoil ar an talamh mar a dhéantar ar neamh (*ceann umhlaithe, lámha le chéile ar tosach*)

Foghlaimímis na gníomhartha don chuid eile den Phaidir anois. Is féidir libh na gníomhartha agus na focail a dhéanamh/athrá i mo dhiaidh:

Ár n-arán laethúil, tabhair dúinn inniu (*lámha sínte amach, ag sméideadh i do threo féin*)
Agus maith dúinn ár bhfiacha (*ceann umhlaithe, lámha ar an ucht*)
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin (*croitear lámh go cairdiúil leis an bpáiste in aice leat*)
Agus ná lig sinn i gcathú (*lámha sínte amach ar tosach, lámha ag brú amach uait*)
Ach saor sinn ó olc. (*lámha le chéile ar tosach, ceann umhlaithe*)
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### Tugann Íosa cuairt ar Mharta agus Máire

Tosaigh tríd an lón roinnte a thabhairt chun cuimhne. Cuir i gcuimhne na bpáistí chomh maith leis an mbia a roinnt, roinn an rang a gcuid ama agus scéalta le chéile. Inis dóibh nuair a bhí Íosa ar an saol ba bhreá leis am den chineál seo a chaitheamh lena cairde freisin. Mínigh dóibh go léifidh tú scéal anois ón mBíobla a chuireann síos ar am nuair a chuaigh Íosa chun cuairt a thabhairt ar theach cuid dá chairde. Ansin léigh an scéal, 'Tugann Íosa Cuairt ar Mhartha agus Máire'. Mínigh gur as an Soiscéal de réir Lúcáis é.

**'Tugann Íosa cuairt ar Mharta agus Máire'**
(*Curtha in oiriúint ó Lúcás 10:38-42*)



Chuaigh Íosa agus a chairde ar a mbealach agus tháinig siad chuig sráidbhaile, áit a raibh cónaí ar bhean darbh ainm Marta. Bhí aithne ag Íosa ar Mharta agus ar a deirfiúr, Máire. Chuir Marta fáilte roimh Íosa isteach ina teach. Bhí Máire, deirfiúr Marta, sa teach an lá céanna. Ba mhaith le Máire éisteacht le hÍosa agus comhrá a dhéanamh leis. Mar sin, shuigh sí ag cosa Íosa agus d'éist sí leis an méid a bhí á insint aige faoi Dhia agus faoi ghrá Dé don domhan. D'éirigh Marta crosta le Máire, mar go raibh sí fágtha leis an obair ar fad. Tar éis tamaill, chuaigh Marta chuig Íosa agus dúirt: 'A Thiarna, an ea nach cás leat gur fhág mo dheirfiúr an freastal fúmsa i m'aonar? Abair léi mar sin lámh chúnta a thabhairt dom.' Ach d'fhreagair Íosa í, 'A Mharta, a Mharta, tá imní ort agus buaireamh mar gheall ar mhórán nithe! Ach sa lá atá inniu ann, níl ach riachtanas amháin ann. Suigh anseo agus déan comhrá linn. Ná bíodh imní ort faoi aon rud eile. Roghnaigh Máire an pháirt is fearr.'

Tar éis an sliocht Scrioptúrtha a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu, 'Cé a bhí ag déanamh na hoibre go léir sa teach?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas a chuir Martha fáilte roimh Íosa, dar leat, an lá sin? Cad a dúirt sí leis? Cad a rinne sí chun fáilte a chur roimhe?
- Cén fáth, dar leat, ar thaitin le Máire labhairt le hÍosa? An maith leat bheith ag éisteacht faoi Íosa? Cén fáth nó cén fáth nach maith leat? An gceapann tú gur thaitin le hÍosa am a chaitheamh le Martha agus Máire?
- N'fheadar… cad leis a raibh Martha chomh gnóthach a choinnigh ó Íosa í? An gceapann tú go raibh ionadh uirthi nuair a d'iarr Íosa uirthi stop a chur leis an méid a bhí ar siúl aici chun am a chaitheamh leis? Cén fáth nó cén fáth nach raibh?

Críochnaigh trí insint do na páistí gur sampla é seo de go leor scéalta sa Bhíobla inar chaith Íosa am ag comhrá lena chairde agus ag roinnt a chuid saol leo. Mínigh dóibh go bhfaighimid deis am a chaitheamh le hÍosa, éisteacht leis trí na scéalta a chloisimid ó na sleachta agus ár saol agus ár mbronntanais a roinnt leis trí urnaí agus trí na bronntanais a ofrálaimid san Aifreann.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'An Suipéar Déanach'

Cuir comhthéacs 'An Suipéar Déanach' i gcuimhne na bpáistí: an oíche sula bhfuair Íosa bás, chruinnigh sé a chairde le chéile agus bhuail siad le chéile chun béile a ithe. Béile an-speisialta a bhí sa bhéile seo. Ní raibh sé in am dóibh ithe toisc go raibh ocras orthu. Béile a bhí ann inar roinn siad scéalta fúthu féin agus faoina dteaghlaigh a mhair fadó, fadó, ó shin. Tugtar béile Cháisc na nGiúdach ar an mbéile seo. Le linn an bhéile seo dhéanfadh Íosa arán agus fíon a bheannú agus ansin iad a thabhairt dá chairde le nithe. Seo an bealach a bhí aige le míniú dóibh go mbeadh sé i gcónaí leo. Ansin bailigh na páistí isteach i gciorcal ar an mbealach céanna a bhailigh siad don lón roinnte. Nuair a bheidh siad ina suí, cuir an béile sin i gcuimhne dóibh – an béile nuair a roinn siad bia agus scéalta lena chéile.

Ansin iarr ar na páistí éisteacht leis an méid a tharla ag an Suipéar Déanach. Seo rud nár tharla riamh cheana. Mínigh go dtagann an sliocht ón Soiscéal de réir Mhatha.

**'An Suipéar Déanach'**
(*Curtha in oiriúint ó Mhatha 26:26-28*)
*Lig ort go bhfuil arán agat i do lámha. Taispeáin do na páistí é gan focal a rá. Sín amach é amhail is dá mbeadh sé á thairiscint agat dóibh é, agus abair na focail seo a leanas go mall, ag déanamh aithris ar ghníomhartha Íosa:*

Le linn dóibh bheith ag ithe, thóg Íosa arán, agus ar a bheannú dó, bhris é agus thug dá chairde é ag rá: 'Tógaigí, ithigí: is é seo mo chorp'.

*Cuir uait an 't-arán' agus glac an 'cupán'.*

Ansin thóg sé cupán, thug buíochas le Dia, agus thug dóibh é ag rá: 'Ólaigí uile as seo, óir is í seo m'fhuilse atá le doirteadh ar son mórán chun peacaí a mhaitheamh.' Agus ansin dúirt sé: 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa.' (Sos)

Tar éis duit an sliocht a léamh, tabhair cuireadh do na páistí gníomhartha Íosa a dhéanamh agus an téacs thuas á léamh agat.

## BUNÚ NA NAOMH-SHACRAIMINTE

Mínigh do na páistí, nuair a deir an sagart na focail a dúirt Íosa ag an Suipéar Déanach, go n-athraítear an t-arán agus an fíon go corp agus fuil Íosa. Mar sin, tar éis an chuid seo den Aifreann, bíonn Íosa i láthair linn ar bhealach atá nua agus difriúil. Tugann Íosa é féin dúinn sa Chomaoineach Naofa. Cuireann a Chorp agus a Fhuil Bronntanas Íosa ar an gcros, i láthair dúinn.

Taispeáin Póstaer 7. Ansin déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Tar éis don sagart focail Íosa a rá, an mbíonn an chuma chéanna ar an arán agus ar an bhfíon agus a bhí roimhe seo? An gceapann tú go mbíonn an blas céanna orthu? Cad atá athraithe?
- N'fheadar ... cén fáth, dar leat, go dteastaíonn ó Íosa é féin a thabhairt dúinn sa Chomaoineach Naofa?
- Tar éis duit an Comaoineach Naofa a fháil, beidh Íosa in éineacht leat ar bhealach nua agus speisialta. Cabhróidh Íosa leat grá a thabhairt do dhaoine eile mar a d'iarr sé ar a chairde a dhéanamh. Conas a bhraitheann tú faoi sin?

## PAIDIR

### Paidir roimh Chomaoineach

Mínigh do na páistí go bhfuil paidir speisialta ann a nguímid agus muid ag ullmhú chun Íosa a fháil sa Chomaoineach Naofa. Léigh an phaidir seo do na páistí, agus cuidigh leo í athrá i do dhiaidh.

**Paidir roimh Chomaoineach**
A Thiarna Íosa, tar chugam.
A Thiarna Íosa, tabhair dom do ghrá.
A Thiarna Íosa, tar chugam agus tabhair tú féin dom.

A Thiarna Íosa, a chara na bpáistí, tar chugam.
A Thiarna Íosa, is tú mo Thiarna agus mo Dhia.
Moladh leat, a Thiarna Íosa Críost.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 36: Déanann na páistí machnamh ar na focail a dúirt Íosa ag an Suipéar Déanach, agus ar an gcaoi a léirítear iad sna focail a deir an sagart ag an Aifreann.

### Sa Bhaile

Lch. 37: Léann na páistí *an Phaidir roimh Chomaoineach* lena dteaghlaigh a dtugtar cuireadh dóibh é a rá lena gcuid leanaí. Tugtar cuireadh dóibh comhrá a dhéanamh freisin faoin gcaoi ar féidir leo grá a thaispeáint do dhaoine eile. Nuair a ghlacaimid an Comaoineach Naofa, cuidíonn Íosa linn grá a thabhairt do dhaoine eile, mar a d'iarr sé ar a chairde a dhéanamh.



# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Bhí Íosa ina chara maith dóibh siúd timpeall air. Ba bhreá leis am a chaitheamh le daoine, agus béilí a roinnt leo. Ag an Suipéar Déanach, roinn Íosa béile speisialta lena chairde. Bhí a fhios ag Íosa gurb é seo an béile deireanach a roinnfeadh sé leo agus theastaigh uaidh bealach speisialta a thabhairt dóibh le cuimhneamh air. Mar sin, thóg sé arán agus fíon agus trína fhocail agus a ghníomhartha, thaispeáin sé dá chairde go mbeadh leo i gcónaí. Tá Íosa Críost fós linn inniu agus tá sé i láthair ar bhealach an-speisialta sa Chomaoineach Naofa.

## AG COMHRÁ

### Faoi Comaoineach Naofa a ghlacadh

Tosaigh tríd an scéal faoi Íosa ag tabhairt cuairt ar Mhartha agus Máire a thabhairt chun cuimhne. Iarr ar na páistí a shamhlú conas a mhothaigh Martha agus Máire Íosa a bheith ina dteach, ag bualadh ar a ndoras, ag siúl isteach, agus ina shuí in aice leo. Ní féidir linn suí síos agus béile a bheith againn le hÍosa ar an mbealach céanna le Máire agus Martha. Tá a fhios againn go bhfuair Íosa bás ar an gcros. Agus tá a fhios againn freisin gur éirigh Íosa ó na mairbh, agus go bhfuil sé anois sa bhaile le Dia an t-Athair ar neamh. Ansin déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An bhfuil Íosa fós linn inniu? Cén chaoi? An gceapann tú gur mian le hÍosa a bheith cairdiúil linn? Conas is féidir linn a thaispeáint gur cairde le hÍosa muid?
- An bhfuil tú ag tnúth le hÍosa a ghlacadh sa Chomaoineach Naofa den chéad uair? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil tú?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Cailís agus Abhlann

Taispeáin an pictiúr a tharraing tú do na páistí. Ansin tabhair cuireadh dóibh an pictiúr a mhaisiú ag úsáid páipéar crèpe.



## PAIDIR

### An Phaidir

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, tugaimis ár moladh d'Íosa atá aiséirithe ó mhairbh. Is é an freagra ar gach paidir ná: 'Moladh duit, ár dTiarna Aiséirithe.'
**P:** Moladh duit, ár dTiarna Aiséirithe.

**M:** Léirigh tú méid do ghrá dúinn ar bhealaí éagsúla. Deir d'fhocail, do scéalta, do chuid teagaisc, agus gach a rinne tú go bhfuil grá agat dúinn.
Moladh duit, ár dTiarna Aiséirithe.
**P:** Moladh duit, ár dTiarna Aiséirithe.

**M:** Ag an Suipéar Déanach, ghlac tú arán, bhris é agus roinn tú le do chairde é. Ba é seo do bhéile deireanach le do chairde. Dúirt tú leo é seo a dhéanamh i gcuimhne ort.
Moladh duit, ár dTiarna Aiséirithe.
**P:** Moladh duit, ár dTiarna Aiséirithe.

**M:** Ghlac tú an cupán ansin a bhí líonta le fíon agus dúirt tú le do chairde go ndoirtfeá fola dóibh.
Moladh duit, ár dTiarna Aiséirithe.
**P:** Moladh duit, ár dTiarna Aiséirithe.

**M:** Ag an Aifreann ceiliúraimid an ócáid speisialta seo leat. Cuimhnímid ar do bheatha, ar do bhás agus ar do aiséirí agus ceiliúraimid freisin go mbíonn tú linn i gcónaí.
Moladh duit, ár dTiarna Aiséirithe.
**P:** Moladh duit, ár dTiarna Aiséirithe.

**M:** Cuirimis críoch lenár nguí le chéile agus an phaidir a mhúin Íosa dá chairde a rá. Mar cairde d'Íosa, guímid fós an phaidir seo le chéile. Déanaimis na gníomhartha le chéile freisin.

Ár nAthair, atá ar neamh (*lámha trasna ar an ucht*)
Go naofar d'ainm (*lámha sínte amach chomh hard leis na guaillí*)
Go dtaga do ríocht (*lámha sínte amach, ard os cionn an chloiginn*)
Go ndéantar do thoil ar an talamh mar a dhéantar ar neamh (*ceann umhlaithe, lámha le chéile ar tosach*)
Ár n-arán laethúil, tabhair dúinn inniu (*lámha sínte amach, ag sméideadh i do threo féin*)
Agus maith dúinn ár bhfiacha (*ceann umhlaithe, lámha ar an ucht*)
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin (*croitear lámh go cairdiúil leis an bpáiste in aice leat*)
Agus ná lig sinn i gcathú (*lámha sínte amach ar tosach, lámha ag brú amach uait*)
Ach saor sinn ó olc. (*lámha le chéile ar tosach, ceann umhlaithe*)
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Cothaíonn an Chomaoineach Naofa sinn

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Creideann Caitlicigh go bhfuil Íosa i láthair go fírinneach sa Chomaoineach Naofa, go n-athraítear substaint an aráin agus an fhíona go corp agus fuil Chríost. Glaoimid tras-substaintiú air seo. Ciallaíonn sé sin go bhféachann an t-arán agus an fíon mar an gcéanna, ach athraítear substaint an aráin agus an fhíona go Corp agus Fuil Chríost. Trí chumhacht an Spioraid Naoimh, 'bíonn corp agus fuil Chríost i láthair i ndáiríre agus tugtar i ndáiríre iad '(*One Bread, One Body* uimh. 50). Dá bhrí sin tá sé mícheart agus míchruinn an téarma 'Arán naofa' nó a leithéid a úsáid le páistí. Ní 'Arán naofa' atá ann. Seo fíorláithreacht Íosa. Ag an Suipéar Déanach, roinn Íosa é féin lena lucht leanúna. Roinntear an bronntanas céanna linn sa Chomaoineach Naofa.

Is rúndiamhair í an Eocairist: ní bheimid in ann a thuiscint go hiomlán go deo conas a athraíonn an t-arán agus an fíon mar cuid den Aifreann. Cé go bhfeictear nach n-athraíonn an t-arán agus an fíon creidimid go bhfuil níos mó ann. Dúirt Íosa linn gurb eisean 'Arán na Beatha'; ní bia fisiceach atá ann, ach cothú don chroí, don anam agus don intinn.

Díríonn an ceacht deiridh sa téama seo ar conas ullmhú don Chomaoineach Naofa, agus conas é a ghlacadh go hómósach.

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### Maidir le Tábhacht Bia inár Saol Laethúil

Cuir na páistí i mbun díospóireachta faoi bhia agus an tábhacht a bhaineann le bia mar fhoinse cothaithe dár gcoirp. Úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén bia agus deoch a bhí agat ó d'éirigh tú ar maidin? Roinn leis an duine in aice leat.
- An mbeadh sé go maith gan aon rud a ithe i rith an lae? Cén fáth nó cén fáth go mbeadh?
- Cén fáth go dteastaíonn bia agus deoch uainn? Conas a bhraitheann tú mura mbíonn go leor bia nó dí agat?

Déan comparáid idir riachtanas daoine maidir le bia agus riachtanas gluaisteáin maidir le breosla. Ní féidir le carr gan peitreal nó díosal a thiomáint. Mínigh go bhfuil sé mar an gcéanna do dhaoine maidir le bia. Teastaíonn bia uainn chun muid a chothú agus chun fuinneamh a thabhairt dúinn chun na rudaí go léir a chaithfimid a dhéanamh gach lá, a dhéanamh.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Ordóg in Uachtar/Ordóg in Íochtar

Léigh na ráitis seo a leanas agus iarr ar an páistí a n-ordóga a chur in uachtar má aontaíonn siad leis an ráiteas agus na hordóga in íochtar mura n-aontaíonn siad. Má bhíonn easaontas ann, bíodh díospóireacht ghairid agaibh.

- Tá bia sláintiúil tábhachtach chun ár gcoirp a chothú.
- Tá go leor bia le nithe ag gach duine ar domhan.
- Is féidir linn a dhéanamh gan bia ar feadh cúpla lá agus beimid go breá.
- Nuair a bhíonn ocras orm, tagann fuaimeanna ó mo bholg.
- Bia an-mhaith dár gcoirp atá i milseáin.
- Níl aon bhia ag daoine áirithe inniu.
- Is féidir linn buíochas a ghabháil le Dia as an mbia a ithimid.

Críochnaigh trí insint do na páistí, díreach mar a chaithfear ár gcoirp a chothú ionas go mbeidh fuinneamh againn chun na rudaí go léir a theastaíonn uainn a dhéanamh, sa tslí céanna cothaíonn an Comaoineach Naofa sinn le go mbeimid in ann maireachtáil agus grá a roinnt mar a d'iarr Íosa orainn. Déan comhrá faoi seo ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Tugann Íosa é féin dúinn sa Chomaoineach Naofa ionas gur féidir linn maireachtáil mar a mhúin sé dúinn. Conas a d'iarr Íosa orainn caitheamh lena chéile?
- An féidir leat smaoineamh ar am nuair a thaispeáin tú grá do dhaoine eile agus do Dhia, mar a d'iarr Íosa ort? Abair linn faoi.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Gabhaimid buíochas le Dia as an mbia atá le n-ithe againn gach lá. Cothaíonn an bia seo ár gcoirp. Gabhaimid buíochas freisin le Dia as an gcothú a fhaighimid sa Chomaoineach Naofa. Bainimis úsáid as ár nguthanna inmheánacha chun buíochas a ghabháil le hÍosa toisc go dtugann sé é féin dúinn sa Chomaoineach Naofa. Bímis socair agus ciúin anois.

*Can amhrán oiriúnach i dtreo is go mbeidh na páistí socair agus ciúin.*

*Ceadaigh don dlúthdhiosca dul chuig 'Ceol Machnamhach', agus fág an ceol seo ag seinm sa chúlra don chuid eile den phaidir.*

**M:** Anois ó táimid socair agus ciúin, dúnaimis ár súile. (*Sos*)

Smaoinigh ar na daoine go léir a bhfuil grá acu duit. Seo iad na daoine a roinneann leat, atá cineálta leat, a thugann aire duit agus a dhéanann comhrá leat. B'fhéidir gur baill de do theaghlach iad nó b'fhéidir gur cairde leat iad. Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, abair gach ceann dá n-ainmneacha. (*Sos*)

Anois gabh buíochas le Dia as a ghrá a bhíonn linn i gcónaí. Ní imíonn grá Dé uainn riamh agus cothaíonn sé sinn i gcónaí. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt arís.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## AG ULLMHÚ DON CHOMAOINEACH NAOFA

Mínigh do na páistí go bhfuil bealaí áirithe ann inar féidir linn ullmhú chun Íosa a ghlacadh sa Chomaoineach Naofa. Labhair trí gach ceann de na pointí seo a leanas leis na páistí.

- Ní ithimid ar feadh uair an chloig roimh Chomaoineach.
- Deirimid paidir speisialta sula bhfaighimid Comaoineach Naofa. Tugtar an *Phaidir roimh Chomaoineach* uirthi.
- Cuirimid ár lámha le chéile nuair a shiúlaimid i dtreo na haltóra chun an Comaoineach Naofa a ghlacadh.
- Déanaimid cinnte go bhfuil ár lámha glan.
- Cuirimid ár dteanga amach nó cuirimid ár lámha amach ar bhealach speisialta chun an Comaoineach Naofa a ghlacadh - lámh chlé thar lámh dheis (dóibh siúd atá deaslámhach) nó an lámh dheas ar chlé (dóibh siúd atá ciotógach).
- Guímid go ciúin tar éis an Comaoineach Naofa a ghlacadh. Tar éis Comaoineach, deirimid *an Phaidir tar éis Comaoineach*.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tugtar Ministrí Neamhghnáthacha orthu siúd a dháileann Comaoineach Naofa leis an sagart. An cúis le seo ná gurb é an sagart nó an deagánach an 'gnáth' ministir.

## PAIDIR

### Paidir tar éis Comaoineach

Déan athdhéanamh ar an *bPaidir roimh Chomaoineach* leis na páistí…

A Thiarna Íosa, tar chugam.
A Thiarna Íosa, tabhair dom do ghrá.
A Thiarna Íosa, tar chugam agus tabhair tú féin dom.

A Thiarna Íosa, a chara na bpáistí, tar chugam.
A Thiarna Íosa, is tú mo Thiarna agus mo Dhia.
Moladh leat, a Thiarna Íosa Críost.

*Ansin abair leis na páistí go bhfuil paidir ann ba chóir a úsáid i ndiaidh Comaoineach freisin. Léigh an phaidir do na páistí, agus cabhraigh leo é a athrá i do dhiaidh.*

**Paidir tar éis Comaoineach**
A Thiarna Íosa, gráim agus adhraim thú.
Is tú mo chara dílis.
Fáilte romhat, a Thiarna Íosa.
Go raibh maith agat as teacht chugam.

Go raibh maith agat, a Thiarna Íosa,
As ucht tú féin a thabhairt dom.
Cabhraigh liom do ghrá a léiriú
Cibé áit a mbím.

Bí taobh liom, a Thiarna Íosa,
Fan in aice liom go deo.
Beannaigh sinn, na páistí, atá faoi do chúram
Agus tabhair ar neamh sinn chun cónaithe leat féin.

Táim réidh anois, a Thiarna Íosa,
Tá grá agam go leor.
Táim réidh anois le do ghrá a thabhairt
Sa bhaile is don saol mór.

# GNÍOMHAÍOCHT

## Ag Glacadh an Comaoineach Naofa

Múin do na páistí conas a lámha a choinneáil nuair atá Comaoineach á fáil acu agus cleachtaigh glacadh an Chomaoineach Naofa leo. Críochnaigh trí thábhacht an Chomaoineach Naofa a chur in iúl dóibh: Tugann Íosa bronntanas dó féin dúinn sa Chomaoineach Naofa. Cothaíonn sé seo sinn agus tugann sé neart speisialta dúinn a chuidíonn linn maireachtáil ar an mbealach is mian le hÍosa dúinn maireachtáil. Ansin déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- N'fheadar ... cén fáth ar fhág Íosa bronntanas é féin dúinn sa Chomaoineach Naofa?
- Cén chaoi a bhfuil Íosa ag iarraidh orainn a thaispeáint gur sinne a chairde, agus gur chothaigh sé muid sa Chomaoineach Naofa?



# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tugann Íosa é féin dúinn sa Chomaoineach Naofa. Cuidíonn sé seo linn maireachtáil mar a chairde. Tá sé tábhachtach ullmhú don Chomaoineach Naofa, agus é a ghlacadh go hómósach.

## AG COMHRÁ

### Faoin Chéad Comaoineach Naofa

Áit a bhfuil páistí ag ullmhú chun an Chéad Comaoineach Naofa a cheiliúradh, déan comhrá leo ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad air a bhfuil tú ag tnúth faoin Chéad Chomaoineach Naofa a cheiliúradh?
- An é sin an t-aon uair amháin a ghlacaidh tú Íosa sa Chomaoineach Naofa? Cathain eile is féidir leat dul go Comaoineach Naofa? An gceapann tú go bhfuil sé níos tábhachtaí nó gan a bheith chomh tábhachtach dul ar Aifreann tar éis duit do Chéad Chomaoineach Naofa a cheiliúradh?
- Nuair a sheoltar ón Aifreann sinn, seoltar chun maireachtáil cosúil le hÍosa. Cuideoidh an Comaoineach Naofa linn é sin a dhéanamh. Cad iad na bealaí inar féidir leat maireachtáil cosúil le hÍosa?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 38: Léann na páistí faoi bhealaí éagsúla inar féidir leo ullmhú chun Íosa a ghlacadh sa Chomaoineach Naofa.

### Sa Bhaile

Lch. 39: Léann na páistí agus a dteaghlaigh an *Paidir tar éis Comaoineach* le chéile agus déanann siad comhrá faoi cé chomh tábhachtach is atá sé an Comaoineach Naofa a ghlacadh go hómósach.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: Eocairist

*Is é an áit is feiliúnaí don tseirbhís urnaí seo le tarlú ná sa séipéal. B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do shéiplíneach na scoile a bheith páirteach libh. Muna bhfuil sé sin indéanta, d'fhéadfadh sé tarlú sa seomra ranga. Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Mar ullmhúchán:**

- *Roghnaigh beirt pháiste mar léitheoirí. Tá an méid atá le léamh acu ar fáil thíos, agus b'fhéidir gur mhaith leat iad a fhótachóipeáil agus a dháileadh roimh an tseirbhís urnaí.*

- *Tabhair cóip den* Bhíobla Naofa *leat chuig an séipeal, má tá tú chun an Soiscéal a léamh as.*

---

**M:** Seasaimis chun iomann a chanadh, díreach mar a dhéanaimid ag an Aifreann.

**Iomann Oscailte:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

(*Fanann na páistí ina seasamh*)

*Comhartha na Croise*

**M:** Le seachtainí anuas, bhíomar ag foghlaim níos mó faoin Aifreann. Am speisialta atá ann i gceiliúradh an Aifrinn - am nuair a thagann daoine le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh ar shaol, ar bhás agus ar aiséirí Íosa. Tá a fhios againn go bhfuil Íosa i láthair linn go fírinneach ag an Aifreann: sna daoine a bhailíonn le chéile, sa sagart, sna sleachta ón mBíobla agus sa Chomaoineach Naofa. Bímid ag tnúth leis an am nuair is féidir linn Íosa a ghlacadh sa Chomaoineach Naofa. Éistimis anois leis an méid a tharla ag an Suipéar Déanach. Is ansin a d'iarr Íosa orainn cuimhneamh a dhéanamh air nuair a bheadh sé imithe uainn.

*Can 'Alleluia'*

**M:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Mhatha.
**P:** Glóir duit, a Thiarna. (*Gearr fíor na croise ar an éadan, ar na beola agus ar an gcroí*)

Is féidir leat an scéal seo a léamh ón *mBíobla Naofa* freisin (*Matha 26:26-28*)

**Le linn dóibh bheith ag ithe, thóg Íosa píosa aráin, agus ar a bheannú dó, bhris agus thug dá dheisceabail é. 'Tógaigí agus ithigí,' a dúirt sé, 'óir is é seo mo chorp.' Ansin thóg sé cupa agus ar altú dó, thug dóibh é ag rá: 'Ólaigí uile as seo, óir is í seo m'fhuilse an tiomna, atá le doirteadh ar son mórán chun peacaí a mhaitheamh.'**

**M:** Soiscéal an Tiarna.
**P:** Moladh duit, a Chríost.

*Tabhair cuireadh do na páistí suí síos.*

**M:** Ag an Aifreann ullmhóimid agus cuirimid bronntanais aráin agus fíona i láthair. Déanaimis smaoineamh ar sin ar feadh nóiméid.

**Léitheoir 1:** Tugann arán beathú agus cothú dúinn.
**Léitheoir 2:** Is é Íosa arán na beatha.

**Léitheoir 1:** Tugann an talamh arán dúinn mar thoradh.
**Léitheoir 2:** Roinn Íosa arán le daoine eile.

**Léitheoir 1:** Tugann an fhíniúin fíon dúinn mar thoradh.
**Léitheoir 2:** Roinn Íosa béilí le daoine eile.

**M:** Dúnaimis ár súile agus déanaimis smaoineamh ar bhronntanais eile is féidir linn a ofráil ag an Aifreann - bronntanais nach féidir a fheiceáil nó a theagmháil. Bronntanais cosúil le cineáltas, dea-bhéasa, aoibh ghháire, ag roinnt le daoine eile. (*Sos*)

Is féidir linn na bronntanais seo a roinnt le daoine eile, go háirithe leo siúd atá i ngátar. Ofrálaimis na bronntanais sin do Dhia anois. Cogar isteach i do lámh an bronntanas gur mhaith leat a ofráil inniu. (*léirigh conas cogar a dhéanamh i nglac do láimhe*)

Iompaigh an bronntanas sin anois agus fág é in aice na haltóra.

*Tabhair cuireadh do na páistí siúl chun cinn lena 'mbronntanais'. Is féidir le gach páiste an 'bronntanas' a fhágáil sa sanctóir in aice na haltóra. Nuair a fhilleann siad ar ais, fanann siad ina seasamh.*

**M:** A Íosa ár gcara,
Gabhaimid buíochas leat as bronntanas na beatha agus as bronntanas na beatha le daoine eile.
Gabhaimid buíochas leat as bronntanas an Chomaoinigh Naofa, ina dtugann tú tú féin dúinn.
Guímid go mbeidh cothú le fáil againn sa Chomaoineach chun maireachtáil ar an mbealach a mhúin tú dúinn.

**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

**Amhrán Deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

## SLEACHTA DON TSEIRBHÍS URNAÍ

**Léitheoir 1:** Tugann arán beathú agus cothú dúinn.

**Léitheoir 2:** Is é Íosa arán na beatha.

**Léitheoir 1:** Tugann an talamh arán dúinn mar thoradh.

**Léitheoir 2:** Roinn Íosa arán le daoine eile.

**Léitheoir 1:** Tugann an fhíniúin fíon dúinn mar thoradh.

**Léitheoir 2:** Roinn Íosa béilí le daoine eile.

# Mo Bhronntanas do Dhia

# Téama 7: An tSeachtain Mhór agus An Cháisc

Ceacht 1: Íosa in Iarúsailéim
Ceacht 2: Tá Íosa aiséirithe

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Íosa Críost**
- Fuair Íosa bás ar an gcrois ar Aoine an Chéasta de bhrí go raibh grá aige do Dhia agus dúinne
- Thóg Dia an tAthair Íosa ó na mairbh ar Dhomhnach Cásca

### Briathar Dé

**An Scrioptúr Naofa: Saol Poiblí Íosa**
- Eoin 6:38. 'De bhrí gur tháinig mé anuas ó neamh'

**An Scrioptúr Naofa: Páis agus Bás Íosa**
- Lúc 23:33-49. Bás agus adhlacadh Chríost; an gadaí maith
- Eoin 12:12-16. Ag dul isteach go Iarúsailéim

**An Scrioptúr Naofa: Aiséirí Íosa agus an Chincís**
- Eoin 20:1, 11-18. Casann Máire Mhaigdiléana le hÍosa aiséirithe

### Liotúirge agus Urnaí

**Urnaí: Urnaí Fhoirmeálta**
- Freagraí an Aifrinn
- Sanctus

**Urnaí: Paidreacha Breise**
- Cuid de na stáisiúin ar thuras na croise
- Glacann Íosa leis an gcrois, titeann Íosa, faigheann Íosa bás

**An Bhliain Liotúirgeach**
- Tráth atá sa tSeachtain Mhór chun cuairt Íosa ar Iarúsailéim (Domhnach na Pailme), An Suipéar Déanach maraon le páis agus bás Íosa a thabhairt chun cuimhne
- Cuireann na craobhacha pailme turas Íosa go Iarúsailéim i gcuimhne dúinn
- Is í an chrois comhartha ghrá Íosa dá Athair agus dúinne
- Is pictiúir iad Stáisiúin na Croise a insíonn scéal bháis Íosa
- Ar Dhomhnach Cásca ceiliúrann na Críostaithe Aiséirí Íosa ó mhairbh
- Tá an Tiarna Íosa fós linn mar dúirt sé 'Táim in éineacht libh i gcónaí'
- Thóg Dia Íosa ó mhairbh le go mbeadh sé in ann a bheith inár dteannta

### Móráltacht Chríostaí

**OCG i gComhthéacs Críostaí**
- Is bronntanas ó Dhia é mo theaghlach
- Tá grá Íosa i láthair nuair a thugann ár dtuismitheoirí/caomhnóirí grá dá chéile

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 1:

### Cuspóir Foghlama 1

**Foilsiú Dé**
Beatha Íosa
*e. Páis, bás agus aiséirí Íosa.*
Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí bheith eolach ar na príomhimeachtaí a bhain le páis, bás agus aiséirí Íosa:

- Nuair a tháinig Sé isteach go hIarúsailéim - Eoin 12:12-16.
- An triail agus an céasadh - Lúcás 22:66-71, Lúcás 23:1-43.
- A bhás agus a adhlacadh - Lúcás 23:44-56.

# Ceacht 1: Íosa in Iarúsailéim


## SULA DTOSAÍONN TÚ

Chuala na páistí cheana faoi bhás agus Aiséirí Íosa sa chlár *I nGrá Dé* roimhe seo. I mbliana, cloisfidh siad cuntas níos fearr faoin tSeachtain Mhór, ag tosú le hiontráil bhuacach Íosa in Iarúsailéim. Leagaimid an bhéim ar an gcaoi a raibh an naimhdeas i gcoinne Íosa ag fás, agus ar an difríocht a bhí ann idir ghlóir Domhnach na Pailme agus uaigneas agus éadóchas Aoine an Chéasta. Tabharfaimid na páistí isteach freisin chuig scéal an fhir ar a dtugtar an 'gadaí maith' air, duine den bheirt a céasadh le hÍosa.

An tseachtain seo, tugaimid cuireadh do na páistí páirt a ghlacadh le spiorad agus le ceiliúradh na Seachtaine Móire trí ghníomhaíochtaí ealaíne, drámaíochta agus ceoil.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- An teimpléad (thíos) fótachóipeáilte do gach páiste, má roghnaíonn tú é a úsáid, agus siosúr do gach páiste freisin



# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### Rólimirt

Déan comhrá leis na páistí faoi fhoireann áitiúil atá ar eolas acu - foireann CLG club nó contae, mar shampla, nó an fhoireann náisiúnta sacair nó rugbaí. Roghnaigh grúpa beag páiste agus iarr orthu dul i ról foirne. Inis don chuid eile de na páistí gur chóir dóibh dul i ról mar lucht tacaíochta. Mínigh, toisc nach bhfuil am agat prapaí a dhéanamh, gur féidir leis na páistí aon rud a úsáid chun tacaíocht a thabhairt don bhfoireann.

Ina dhiaidh sin, ceistigh roinnt leanaí, agus iad fós i ról, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

**Lucht tacaíochta**
Conas a mhothaigh tú nuair a chonaic tú an fhoireann ag teacht amach? Cad ba mhaith leat a rá leo?

**Foireann**
An raibh tú sásta an lucht tacaíochta a fheiceáil nuair a tháinig tú amach? Cén fáth?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Guímis inniu ar son na ndaoine a thugann tacaíocht dúinn: ár máithreacha agus ár naithreacha, ár seanmháithreacha agus ár seanaithreacha, ár dteaghlaigh agus ár gcairde. Tá grá acu dúinn, tá siad taobh linn, agus tugann siad tacaíocht dúinn. Is tríd a gcuid grá, gur féidir linn grá Dé a mhothú. Tosóimis trí bhuíochas a ghabháil le Dia as
*(... Ainmnigh duine éigin a bhfuil tú buíoch astu, agus tabhair míniú gairid faoin fáth a n-áiríonn tú sa phaidir iad.)*

*Lig do na páistí a gcuid paidreacha a rá.*

**M:** Dia Ár nAthair,
Go raibh maith agat as na daoine go léir a thugann tacaíocht dúinn agus a bhíonn taobh linn i gcónaí.
Tá a fhios againn gur bronntanas uait atá inár dteaghlaigh agus inár gcairde.
Tá do ghrá le feiceáil nuair atá grá ag ár dteaghlaigh dá chéile agus grá acu dúinn.
Cabhraigh linn tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do dhaoine eile.
Guímid ár bpaidir trí Íosa, ár gcara.
**P:** Áiméan.

# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### Tagann Íosa go hIarúsailéim

Tosaigh trí a thabhairt chun chuimhneamh go rinne Íosa, a theaghlach agus a chairde ceiliúradh ar fhéile Cáisc na nGiúdach gach bliain. Chuaigh siad go cathair Iarúsailéim chun an fhéile seo a cheiliúradh. Mínigh do na páistí ar Cháisc na nGiúdach áirithe seo, an ceann deireanach a bheadh á caitheamh ag Íosa, gur tháinig slua mór daoine amach ar na sráideanna chun é a fheiceáil. Ansin léigh, 'Tagann Íosa go hIarúsailéim'. Mínigh go dtagann an sliocht seo ón Soiscéal é de réir Eoin.

**'Tagann Íosa go hIarúsailéim'**
(*Curtha in oiriúint ó Eoin 12:12-14*)



Tráth na Cásca a bhí ann agus tháinig go leor daoine go dtí cathair Iarúsailéim chun í a cheiliúradh. Ansin, chuala an slua go raibh Íosa ag teacht go Iarúsailéim freisin, agus theastaigh ó go leor acu bualadh leis. Chuala siad faoi Íosa cheana féin, agus theastaigh uathu éisteacht leis agus bualadh leis.

Nuair a bhí Íosa agus a chairde ag teacht isteach sa chathair, thóg na daoine craobhacha pailme agus amach leo ina choinne, agus na gártha á gcur suas acu: 'Hósanna! Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna! Hósanna! Hósanna!' Agus fuair Íosa asal óg agus chuaigh isteach sa chathair air fad is a bhí na daoine go léir ag ligean gártha molta agus ag glaoch.

Tar éis an sliocht Scrioptúrtha a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cad a chroith na daoine fad is a bhí Íosa ag teacht isteach sa chathair?'
Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth go raibh an oiread sin daoine ag iarraidh bualadh le hÍosa? Cad a cheapann sibh a chuala siad faoi?
- Má bhí cónaí ort in Iarúsailéim siar in aimsir Íosa, an rachfá amach chun bualadh leis agus é ag teacht isteach sa chathair? Cén fáth nó cén fáth nach rachfá? Cad a dhéanfá nuair a chonaic tú é? Cad a déarfá dá mbeifeá ann?
- Cad í an chosúlacht atá ann idir an bealach inar chuir daoine fáilte roimh Íosa go hIarúsailéim agus na bealaí inar chuir an lucht tacaíochta fáilte roimh Foireann na hÉireann ag na Cluichí Oilimpeacha Speisialta? Cad atá difriúil?

Críochnaigh trí a insint do na páistí go dtugaimid 'Domhnach na Pailme' ar an lá gur tháinig Íosa isteach i gcathair Iarúsailéim le sluaite móra ag cur fáilte roimhe go háthasach. Spreag iad le buille faoi thuairim a thabhairt ar cén fáth gur tugadh an t-ainm sin ar an lá.

## PAIDIR

### Sanctus

Tosaigh trí chuidiú leis na páistí cuimhneamh ar an méid a scairt an slua nuair a tháinig Íosa isteach i gcathair Iarúsailéim: 'Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna! Hósanna!' Mínigh go ndéantar cuimhneamh ar na focail sin nuair a deirimid paidir áirithe ag an Aifreann. Tugtar an *Sanctus* ar an bpaidir sin. Ansin, abair focail an *Sanctus* agus spreag na páistí na focail a athrá i do dhiaidh, líne ar líne. Mínítear na focail thíos.

**M:** Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua.
*(Séard is brí le 'Dia na Slua' ná go bhfuil Dia cumhachtach nó neartmhar. Mar sin, sa líne seo, deirimid go bhfuil Dia naofa agus cumhachtach.)*
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.
*(Chruthaigh Dia an domhan ar fad agus gach rud atá ar neamh agus ar talamh.)*
Hósanna sna harda.
*(Ciallaíonn 'Hósanna' 'Moladh le Dia'.)*
Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna.
*(Is iad seo na focail a dúirt na daoine nuair a tháinig Íosa isteach i Iarúsailéim. Bhí Íosa beannaithe, agus tháinig sé ó Dhia ar neamh, in ainm Dé.)*
Hósanna sna harda.

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### Bailiúchán Fuaimeanna

Téigh ar ais ar an scéal 'Tagann Íosa go hIarúsailéim' ag baint úsáid as Póstaer 8 mar áis amhairc. Ansin iarr na páistí a shamhlú go bhfuil duine de na daoine atá sa phóstaer dall. Ní fheiceann siad cad atá ar siúl, ach is féidir leo a chloisteáil go bhfuil rud éigin ag tarlú. Pléigh na fuaimeanna a bheadh le cloisteáil ag an duine seo: béicíl, craobhacha á bhriseadh as na crainn, daoine ag brú ar a chéile chun radharc níos fearr a fháil srl. Ansin cuidigh leis na páistí bailiúchán fuaimeanna a chruthú trí na fuaimeanna a chuala an duine dall nuair a bhí Íosa ag teacht isteach in Iarúsailéim a athchruthú.


## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Céasadh Íosa'

Mínigh do na páistí, cúpla lá tar éis d'Íosa teacht isteach in Iarúsailéim agus na daoine ag scairteadh go háthasach, gabhadh é agus cuireadh chun báis é. Ansin léigh 'Céasadh Íosa'. Inis do na páistí go dtagann sé ón Soiscéal de réir Lúcáis.

**'Céasadh Íosa'**

(*Curtha in oiriúint ó Lúcás 22:54, 23:1, 24, 33, 40-46*)



Go luath tar éis do Íosa agus a chairde a Suipéar Déanach a chríochnú, tháinig cuid de na daoine, ar theastaigh uathu deireadh a chur le hÍosa, ina láthair. Tar éis dóibh é a ghabháil thóg siad go Pioláit é. Rialóir na tíre a bhí i bPioláit. Dúirt sé gur chóir Íosa a chur chun báis. Thug roinnt saighdiúirí cros mhór throm d'Íosa le hiompar, agus d'inis dó é a iompar go dtí barr cnoic. Turas fada a bhí ann, agus bhí Íosa an-tuirseach, ró-thuirseach, i ndáiríre, agus fad is a bhí sé ag iompar na croise thit sé trí huaire. Faoi dheireadh nuair a shroich Íosa barr an chnoic, céasadh ar an gcros é. Céasadh beirt fhear eile leis ag an am céanna, duine acu ar dheis Íosa agus an duine eile ar a chlé. Bhí an dlí briste ag na fir seo. Coirpigh a bhí iontu. Labhair ceann de na coirpigh le hÍosa, agus d'iarr sé ar Íosa cuimhneamh air nuair a rachadh sé abhaile chun na flaithis. Gheall Íosa leis: 'Beidh tú in éineacht liom inniu ar neamh.'

Bhí Íosa ar crochadh ar an gcros ar feadh trí uair an chloig. Sheas cuid dá chairde agus a mháthair in aice na croise. Theastaigh uathu a bheith gar le hÍosa mar go raibh grá mór acu dó. Agus é ar crochadh ar an gcros, d'éirigh Íosa an-tuirseach agus an-lag. Bhí a fhios aige go raibh sé ag fáil bháis. Is ansin a ghuigh sé paidir do Dhia an t-Athair: 'A Athair, cuirim mo shaol isteach i do lámha' Ansin, fuair Íosa bás.

Thóg cairde Íosa a chorp anuas den gcros agus d'fhill i línéadach é. Chuir siad a chorp i dtuama, agus roll cloch mhór ag béal an tuama. Bhí an dealramh ann gurb shin deireadh an scéil ... ach arbh ea?

Tar éis an sliocht Scrioptúrtha a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cad a thug na saighdiúirí d'Íosa le hiompar?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- N'fheadar ... cá raibh na daoine go léir a chuir fáilte roimh Íosa go Iarúsailéim ar Dhomhnach na Pailme? Cén fáth nach raibh siad ag an gcéasadh?
- Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar an gcoirpeach a d'iarr ar Íosa cuimhneamh air nuair a chuaigh sé abhaile ar neamh? Cén tuairim a bhí ag Íosa ar an bhfear seo, meas tú?
- Is é an líne dheireanach den scéal ná 'Bhí an dealramh ann gurb shin deireadh an scéil ... ach arbh ea?' An bhfuil a fhios agat cad a tharla ina dhiaidh sin?

Críochnaigh trí insint do na páistí go dtugaimid 'Aoine an Chéasta' ar an lá a céasadh Íosa.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Ceistíonn a lán daoine cén fáth go ndeirimid go bhfuil an lá ina bhfuair Íosa bás 'maith'. An chúis le seo ná gur lean Aiséirí Íosa a chéasadh. Thug an t-Aiséirí beatha nua dóibh siúd a chreideann, agus is cinnte go bhfuil sé sin 'go maith'.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 40: Léann na páistí an scéal 'Tagann Íosa go hIarúsailéim'.

### Sa Bhaile

Lch. 41: Déanann na páistí machnamh lena dteaghlaigh ar a bhfuil foghlamtha acu an tseachtain seo, agus tugtar cuireadh dóibh an Sanctus a ghuí le chéile.



# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Ar Dhomhnach na Pailme, cuimhnímid gur mharcaigh Íosa isteach in Iarúsailéim ar asal. Bhí go leor de na daoine ar bís Íosa a fheiceáil. Chroith siad craobhacha pailme agus scairt siad, 'Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna'. Níos déanaí an tseachtain sin, d'iompaigh cuid de na daoine sin i gcoinne Íosa, agus níor labhair siad ar a shon nuair a ghabhadh agus nuair a chéasadh é. Is cuimhin linn céasadh Íosa ar an lá a dtugaimid Aoine an Chéasta air.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Duilleoga do Dhomhnach na Pailme




Tosaigh trí dhul ar ais ar na himeachtaí a tharla ar Dhomhnach na Pailme agus ar Aoine an Chéasta leis na páistí. Ansin mínigh dóibh go ndéantar an dá lá seo a cheiliúradh le linn seachtain an-speisialta a thugaimid an tSeachtain Mhór uirthi. Fiafraigh de na páistí buille faoi thuairim a thabhairt ar an bhfáth go dtugtar an t-ainm sin uirthi.

Fiafraigh de na páistí an féidir leo an focal, a scairt na daoine nuair a chonaic siad Íosa, a thabhairt chun cuimhne. Cuir i gcuimhne dóibh go gciallaíonn an focal 'Hósanna', 'Moladh le Dia'. Ansin tabhair cóip den teimpléad (thíos) nó píosa páipéir bán do gach páiste. Iarr orthu an pailm a tharraingt agus a dhathú, agus chun 'Hósanna' a scríobh sa lár. Ansin dáil na siosúir amach agus iarr ar na páistí a gcuid duilleoga a ghearradh amach.

Críochnaigh trí a insint do na páistí, nuair a théimid go dtí an Aifreann ar Dhomhnach na Pailme, éistimid leis an Soiscéal a thugann cur síos faoin gcaoi ar tháinig Íosa isteach i gcathair Iarúsailéim. Déanaimid é seo agus duilleoga pailme á gcoinneáil inár lámha againn. Beannaíonn an sagart na duilleoga pailme seo, agus coinnítear inár dtithe iad i gcaitheamh na bliana. Cuireanna na duilleoga pailme turas Íosa go hIarúsailéim i gcuimhne dúinn. Ag an Aifreann ar Dhomhnach na Pailme, cloisimid cuntas faoi bhás Íosa freisin.



## PAIDIR

### Sanctus

*Comhartha na Croise*

**M:** An tseachtain seo, rinneamar cuimhneamh ar an méid a tharla nuair a tháinig Íosa go dtí cathair Iarúsailéim, ag marcaíocht ar asal. Cúpla lá ina dhiaidh sin, cuireadh Íosa chun báis. Léimis an scéal ón mBíobla. Fad is atá sé á léamh agam, is féidir libh bhur gcraobhacha pailme a ardú san aer.

*Is féidir leat an sliocht seo a léamh ón* mBíobla Naofa *freisin (Eoin 12:12-14).*

**M:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Eoin.
**P:** Glóir duit, a Thiarna. (*Gearr fíor na croise ar an éadan, ar na beola agus ar an gcroí*)

**Lá arna mhárach, chuala an slua mór a tháinig don fhéile, go raibh Íosa ag teacht go Iarúsailéim. Mar sin thóg siad craobhacha ó chrainn pailme agus amach leo ina choinne agus iad ag béicíl: 'Moladh le Dia! Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna! Moladh Dé ar rí Iosrael!' Agus fuair Íosa asal óg agus thosaigh sé ag marcaíocht air.**

**M:** Soiscéal an Tiarna.
**P:** Moladh duit, a Chríost.

*Tabhair cuireadh do na páistí a gcraobhacha pailme a chur ar ais ar a mbinsí/faoina gcathaoireacha.*

**M:** An lá sin, bhí na daoine corraithe mar theastaigh uathu Íosa a fheiceáil. Theastaigh uathu gártha a ligean agus béicíl ar a shon. Theastaigh uathu é a mholadh freisin. Is féidir linn Íosa a mholadh freisin. Is féidir linn é sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as na focail chéanna a scread na daoine ar an lá sin. Guímis an *Sanctus* le chéile:

**Gach duine:** Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua.
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.
Hósanna sna harda.
Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna.
Hósanna sna harda.

**M:** A Íosa, ár gcara,
Is cuimhin linn conas a tháinig tú isteach i gcathair Iarúsailéim ar Dhomhnach na Pailme.
Mhol na daoine tú an lá sin.
Ach is cuimhin linn freisin conas a d'iompaigh roinnt de na daoine céanna i d'aghaidh ar Aoine an Chéasta.
Go molaimis tú i gcónaí agus go bhfanaimis gar duit.
Cabhraigh linn a mheabhrú gur tusa ár múinteoir agus ár gcara.
Cabhraigh linn maireachtáil mar a d'iarr tú orainn.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# Ceacht 2: Tá Íosa aiséirithe

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Le linn a shaol léirigh Íosa go raibh sé níos láidre ná an bás: feicimid é seo i dtógáil Lazaras ó mhairbh, le hiníon Iárais agus le mac na baintrí i Naim. Ach bhí i bhfad níos mó i gceist le hAiséirí Íosa ná mar a bhí leis na daoine seo. Ardaíodh na daoine sin ó mhairbh, ach d'fhill siad ar ais chuig an saol a bhí acu roimh a mbás. Uair éigin ina dhiaidh sin, fuair siad bás arís. Bhí Íosa, áfach, ardaithe go saol nua agus difriúil, saol saor ón mbás. Cruthú atá in Aiséirí Íosa go bhfuil an bás curtha i gcéill aige anois agus do chách. Seo í an fhírinne lárnach de theachtaireacht na Críostaíochta, agus bunús an chreidimh, an dóchais agus an ghrá: 'Agus más rud é nach bhfuil Críost aiséirithe is baoth bhur gcreideamh agus tá sibh in bhur bpeacaí go fóill.' (1Cor 15:17). Gheobhaimid bás fós sa chorp ach i gcreideamh tá súil againn aiséirí ó na mairbh mar a gheall Íosa.

Go dtí seo sa tsraith *I nGrá Dé*, chuala na páistí na scéalta faoin dTuama Folamh (Lúc 24:1-12) agus faoi mar a thaispeáin Íosa Aiséirithe é féin dá dheisceabail ar bhruacha Mhuir na Gailíle (Eoin 21:1-14). I mbliana, léirimid an teagmháil a bhí ag Máire Mhaigdiléana le hÍosa Aiséirithe sa Soiscéal de réir Eoin (Eoin 20:1, 11-18).

# Féachaimis …

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### Íosa in Iarúsailéim

Déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo:

- Conas a mhothaigh Íosa, meas tú, nuair a chuaigh sé ag marcaíocht isteach in Iarúsailéim ar an asal? An gceapann tú go raibh ionadh air nuair a d'iompaigh an oiread sin daoine ina choinne faoi dheireadh na seachtaine sin?
- An cuimhin leat am nuair a stop duine le bheith cairdiúil leat? Conas a mhothaigh sé sin?
- Cérbh iad na daoine a sheas le hÍosa i gcónaí? An raibh a chairde go léir ann nuair a d'éag sé? Cén fáth a gceapann sibh gur fhág cuid acu é?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Tá a fhios againn go bhfuil Dia linn i gcónaí. Bhí Dia in éineacht le hÍosa agus é ag fáil bháis ar an gcros, agus tá Dia linn inniu. Déanaimis cuimhneamh ar cad a tharla an lá a fuair Íosa bás. Bímis socair agus ciúin.

*Can amhrán oiriúnach. Ansin seinn 'Ceol Machnamhach' ar an dlúthdhiosca, agus fág ag seinm é sa chúlra don chuid eile den urnaí.*

**M:** Anois ó táimid socair agus ciúin, dún na súile. (*Sos*)

Samhlaigh tú féin ar ais in aimsir Íosa. Samhlaigh duit féin go raibh tú ann ar an lá a fuair Íosa bás. (*Sos*)

Féach mar a thógann Íosa an chros trom. Tá a fhios agat go bhfuil an chros ró-throm dó. (*Sos*)

Siúl le hÍosa mar a dhéanann sé a dhícheall dul tríd na sráideanna plódaithe. (*Sos*)

Féach mar a thiteann Íosa faoi mheáchan na croise. (*Sos*)

Tá cuma brónach, eaglach air. Tá brón ortsa leis, ach tá a fhios agat go bhfuil Dia leis agus is eol le hÍosa é sin freisin. (*Sos*)

Tá Dia in éineacht leat inniu agus gach lá. An bhfuil rud ar bith ba mhaith leat a rá le Dia inniu? Má tá, bain úsáid as do ghuth inmheánach. (*Sos*)

Tá Dia i gcónaí ann chun cabhrú linn. Is féidir linn labhairt le Dia i gcónaí. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

**M:** A Dhia Ghrámhair,
Bhí tú le hÍosa i gcónaí, fiú ar an lá a fuair sé bás.
Cabhraigh linn a mheabhrú go mbíonn tú linn chomh maith.
Cuidigh linn labhairt leat, agus bheith ag éisteacht leat.
Sin é ár nguí chugat trí Íosa, ár gcara.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### Buaileann Máire Mhaigdiléana le hÍosa, agus é aiséirithe

Léigh, 'Máire Mhaigdiléana agus Íosa Aiséirithe' do na páistí. Mínigh gur as an Soiscéal de réir Eoin a thagann an sliocht.

**'Máire Mhaigdiléana agus Íosa Aiséirithe'**



(*Curtha in oiriúint ó Eoin 20:1, 11-16, 18*)

Go moch maidin Domhnaigh tháinig Máire Mhaigdiléana, agus an dorchadas fós ann, chun an tuama, áit a raibh Íosa curtha, agus chonaic sí go raibh an chloch mhór imithe ó bhéal an tuama. Sheas Máire lasmuigh den tuama agus í ag gol. D'fhéach sí isteach sa tuama, agus chonaic sí dhá aingeal in éidí geala ina suí mar ar luigh corp Íosa.

'Cén fáth a bhfuil tú ag gol, a bhean,' ar siad léi. D'fhreagair sí: 'Thóg duine éigin corp Íosa leo, agus níl a fhios agam cár chuir siad é!'

Ansin d'iompaigh Máire thart agus chonaic sí Íosa ina sheasamh ansiúd, ach níor aithin sí gurbh é Íosa é.

'A bhean, cén fáth a bhfuil tú ag gol?' d'fhiafraigh sé di. 'Cé atá á lorg agat?'

Mheas Máire gurbh é an garraíodóir a bhí ann. Mheas sí freisin go mb'fhéidir go raibh corp Íosa tógtha aige, mar sin dúirt sí leis: 'A dhuine uasail, más tusa a thóg é, inis dom cár chuir tú é agus tabharfaidh mé liom é.'

'A Mháire,' arsa Íosa léi. D'iompaigh sise agus bhí a fhios aici láithreach cé a bhí ann. 'A Mháistir!' a dúirt sí.

Dúirt Íosa le Máire dul chuig a chairde, chun a rá leo go raibh sé aiséirithe ó mhairbh, agus go mbeadh sé ag dul ar ais go luath ar neamh, chun a bheith le Dia an t-Athair.

Mar sin, chuaigh Máire Mhaigdiléana agus d'inis do chairde Íosa go bhfaca sí Íosa. D'inis sí leo chomh maith an meid a d'iarr sé uirthi a rá leo.

Tar éis an sliocht Scrioptúrtha a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cé a cheap Máire a raibh sí ag caint leis?' Ansin tochail níos doimhne agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas a mhothaigh Máire nuair a chonaic sí gur rolladh an chloch ó bhéal an tuama? Cad a cheap sí a bhí tar éis a tharla d'Íosa?
- Cén fáth ar ghlaoigh Máire 'Máistir' ar Íosa? Cad iad na rudaí a mhúin Íosa do Mháire agus dá chairde? B'shin an t-aon fhocal amháin a dúirt Máire le hÍosa. Dá mbeifeá ann an lá sin, cad a déarfá leis?
- Cad a dúirt cairde eile Íosa, dar leat, nuair a tháinig Máire chun a rá leo go raibh Íosa aiséirithe ó mhairbh?

## DÁN

### Máire Mhaigdiléana


Tosaigh trí mheabhrú a dhéanamh ar an sliocht Scrioptúrtha, 'Máire Mhaigdiléana agus Íosa Aiséirithe' leis na páistí. Ansin léigh an dán, 'Máire Mhaigdiléana' don rang. Tá sé scríofa amhail is gur Máire í féin a scríobh é.

**Máire Mhaigdiléana**
'Cén fáth an gol, a Mháire?'
Chuala mé aingeal a rá.
'Táim ag caoineadh faoi mo Mháistir,
Luigh sé anseo tráth.
Ach is cosúil gur ghoid strainséir
Uaim é níos luaithe sa lá!'

'Cén fáth an gol, a Mháire?'
D'iarr strainséir orm go cneasta.
'Táim ag caoineadh faoi mo Mháistir
Nach bhfeicfidh mé é feasta!'
'A Mháire Mhaigdiléana!'
Ansin a dúirt guth Íosa.

'Cén fáth an gáire, a Mháire?'
Dúirt na haspail go brónach,
'Ar maidin bhí tú ag gol
Ach anois tá tú gealgháireach!'
'Déanaim gáire mar gheall ar ár Máistir
A d'aiséirigh go lúchaireach!'

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Is tráth ceiliúrtha agus áthas í an Cháisc. Is focal Eabhraise é an focal 'Alleluia' a ciallaíonn, 'Moladh le Dia'. Déantar é a ghuí ar bhealach ar leith i gcaitheamh an chaoga lá de shéasúr na Cásca.



# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Trí lá tar éis d'Íosa bás a fháil agus a adhlacadh, chuaigh Máire Mhaigdiléana go dtí a thuama. Rolladh an chloch ar shiúl ón mbealach isteach. Sheas Máire taobh amuigh, ag caoineadh. Shíl sí gur thug duine éigin corp Íosa leo. Ansin, tháinig Íosa Aiséirithe i láthair Mháire, agus dúirt sé léi a rá lena chairde go raibh sé aiséirithe.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 42: Scrúdaíonn na páistí scéal na Cásca agus léann siad faoin gcaoi a ndéanann teaghlaigh áirithe an Cháisc a cheiliúradh.

### Sa Bhaile

Lch. 43: Léann na páistí an scéal, 'Buaileann Máire Mhaigdiléana le hÍosa, agus é aiséirithe' lena dteaghlaigh. Tugtar cuireadh dóibh comhrá a dhéanamh le chéile faoin gcaoi a mhothaigh Máire, agus faoin gcaoi a ndéanfaidh siad an Cháisc a cheiliúradh i mbliana. Tá paidir le rá le chéile freisin.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: An tSeachtain Mhór agus an Cháisc.

*Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Mar ullmhúchán:**

- *Roghnaigh cúigear páiste mar léitheoirí. Tá an méid atá le léamh acu ar fáil thíos, agus b'fhéidir gur mhaith leat iad a fhótachóipeáil agus a dháileadh roimh an tseirbhís urnaí.*

---

*Comhartha na Croise*

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** An tseachtain seo, bhíomar ag smaoineamh ar na laethanta roimh bháis Íosa. Tugaimid *An tSeachtain Mhór* ar na laethanta seo. Chuireamar dath ar chraobhacha pailme chun cabhrú linn cuimhneamh ar cheann de na rudaí a tharla i rith na seachtaine sin. An féidir le duine ar bith cuimhneamh ar an scéal sin?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt ag baint úsáid as Póstaer 8 mar áis amhairc.*

**M:** Nuair a tháinig Íosa isteach i gcathair Iarúsailéim, bhí áthas an domhain ar na daoine é a fheiceáil. Bhí scéalta cloiste ag cuid mhaith acu faoi dhaoine a leigheas Íosa. Chreid siad go bhféadfadh sé iad a mhúineadh faoi Dhia ar bhealach nach bhféadfadh le haon duine eile. Nuair a chonaic siad é, bhéic siad, 'Hósanna! Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna.' Is féidir linn na focail sin a rá le chéile, mar chuid den *Sanctus*. Guímis le chéile anois é.

**Gach duine:** Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua.
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.
Hósanna sna harda.
Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna.
Hósanna sna harda.

**M:** Cúpla lá ina dhiaidh sin, cuireadh Íosa chun báis ag daoine nár mhaith leo an méid a dúirt sé faoi Dhia. Ach bhí roinnt daoine ann a sheas an fód le hÍosa. Cé atá in ann cuimhneamh orthu?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt. Tabhair leid dóibh nuair is gá, chun an coirpeach a chéasadh le hÍosa a chur san áireamh. Cuir i gcuimhne dóibh gur iarr sé ar Íosa cuimhneamh air nuair a rachadh Íosa ar ais chuig Dia an tAthair ar neamh.*

**M:** Má ba é seo deireadh an scéil, scéal an-bhrónach go deimhin a bheadh ann. Ach ní deireadh an scéil é. Tá a fhios againn gur tharla rud iontach trí lá ina dhiaidh sin: d'aiséirigh Íosa ó mhairbh! Agus bhí Máire Mhaigdiléana ar cheann de na daoine ba thúisce a thuig an méid sin. Cuirimis a scéal i gcuimhne dúinn féin anois. Agus cuirimis fáilte roimh an Soiscéal agus sinn ag seasamh chun 'Alleluia' a chanadh.

*Can 'Alleluia'*

**M:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Eoin.
**P:** Glóir duit, a Thiarna. (*Gearr fíor na croise ar an éadan, ar na beola agus ar an gcroí*)

Is féidir leat an scéal seo a léamh ón *mBíobla Naofa* freisin (*Eoin 20:1, 11-16, 18).*

**Go moch, maidin Domhnaigh, agus an dorchadas fós ann, chuaigh Máire Mhaigdiléana chun an tuama agus chonaic sí go raibh an chloch mhór imithe ó bhéal an tuama. Bhí Máire ina seasamh lasmuigh in aice an tuama agus í ag gol. Chrom sí síos agus d'fhéach sí isteach sa tuama, agus chonaic dhá aingeal in éidí geala ina suí mar a luigh corp Íosa, aingeal acu ag an gceann agus an t-aingeal eile ag na cosa. 'Cén fáth a bhfuil tú ag gol, a bhean,' ar siad léi.**

**D'fhreagair sí: 'Mar gur thóg siad mo Thiarna, agus nach eol dom cár chuir siad é!' Ansin d'iompaigh sí thart agus chonaic sí Íosa ina sheasamh ansiúd ach níor aithin sí gurbh é Íosa é.**

**'A bhean, cén fáth a bhfuil tú ag gol? Cé atá uait?**

**Mheas sí gurbh é an garraíodóir é agus dúirt leis: 'A dhuine uasail, más tusa a thóg é, inis dom cár chuir tú é agus tabharfaidh mé liom é.'**

**'A Mháire,' arsa Íosa léi. D'iompaigh sise agus dúirt: 'A Mháistir!.'**

**Chuaigh Máire Mhaigdiléana chuig na deisceabail agus d'inis sí leo go bhfaca sí an Tiarna agus an méid a ndúirt sé léi.**

**M:** Soiscéal an Tiarna.
**P:** Moladh duit, a Chríost.

*Tabhair cuireadh do na páistí suí síos.*

**M:** Déanaimid aiséirí Íosa a cheiliúradh lenár dteaghlaigh agus lenár gcairde, Domhnach Cásca. Lá iontach atá ann. Ar an lá sin, deirimid 'Alleluia!' ar bhealach ar leith. Inniu guímis 'Alleluia! Alleluia!' le chéile.
**P:** Alleluia! Alleluia!

**Léitheoir 1:** A Thiarna Íosa, d'aiséirigh tú ó na mairbh.
**Gach duine:** Alleluia! Alleluia!

**Léitheoir 2:** Agus anois tá tú sa bhaile le Dia ar neamh.
**Gach duine:** Alleluia! Alleluia!

**Léitheoir 3:** Ach a Íosa, tá a fhios againn go bhfuil tú fós inár measc.
**Gach duine:** Alleluia! Alleluia!

**Léitheoir 4:** Tá tú inár measc inniu ar bhealach nua éagsúil.
**Gach duine:** Alleluia! Alleluia!

**Léitheoir 5:** Feicimid arís thú, lá éigin.
**Gach duine:** Alleluia! Alleluia!

**M:** A Íosa, ár gcara,
Fuair tú bás, agus d'aiséirigh tú arís.
Cabhraigh linn d'aiséirí a cheiliúradh lenár dteaghlaigh agus lenár gcairde.
Bíodh áthas na Cásca linn i gcónaí.
Alleluia! Alleluia!
**P:** Alleluia! Alleluia!

**Amhrán Deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

*Comhartha na Croise*



## SLEACHTA A BHAINEANN LEIS AN TSEIRBHÍS URNAÍ


**Léitheoir 1:** A Thiarna Íosa, d'aiséirigh tú ó na mairbh.


**Léitheoir 2:** Agus anois tá tú sa bhaile le Dia ar neamh.


**Léitheoir 3:** Ach a Íosa, tá a fhios againn go bhfuil tú fós inár measc.

**Léitheoir 4:** Tá tú inár measc inniu ar bhealach nua éagsúil.

**Léitheoir 5:** Feicimid arís thú, lá éigin.







# Téama 8: Tá Íosa i gcónaí linn

## Ceacht 1: 'Tá mé libh i gcónaí'
## Ceacht 2: 'Cuirfidh mé cúntóir chugaibh'
## Ceacht 3: 'Imigí agus déanaigí an dea-scéala a roinnt'

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Chuaigh Íosa suas ar neamh agus tá sé ina shuí ar dheis Dé an tAthair Uilechumhachtach
- Tá an Tiarna Íosa fós linn mar dúirt sé 'Táim in éineacht libh i gcónaí'
- Chuir Íosa an Spiorad Naomh chugainn chun cabhrú linn a bheith naofa agus chun urnaí a dhéanamh

**Rúndiamhair an Spioraid Naoimh**

- Is é an Spiorad Naomh ár gcara
- Tá an Spiorad Naomh in ann cabhrú linn ár saol a chaitheamh mar a rinne Íosa agus smaoineamh ar bhriathra Íosa
- Tháinig an Spiorad Naomh chun cumhacht a thabhairt do na deisceabail um Chincís

**Rúndiamhair na hEaglaise**

- Is ionann an Eaglais agus pobal daoine bailithe le chéile ag éisteacht le Briathar Dé agus ag maireachtáil de réir an tSoiscéil
- Is fir agus mná iad na misinéirí a scaipeann an Dea Scéal in Éirinn agus thar lear. Misinéirí áitiúla (Cumann na Leanaí Misinéireachta)
- Táimid in ann an Dea Scéal go bhfuil grá ag Íosa dúinn a scaipeadh i measc ár dteaghlaigh féin agus i measc an phobail (misean)

### Briathar Dé

**An Scrioptúr Naofa: Aiséirí Íosa agus an Chincís**

- Gníomh 2:1-12. An chéad Chincís

### Liotúirge agus Urnaí

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Ag an gCincís ceiliúrann clann na hEaglaise bronntanas an Spioraid Naoimh agus Dea-Scéal Íosa

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 1:

### Cuspóir Foghlama 1

**Foilsiú Dé**

Beatha Íosa

*e. Páis, bás agus aiséirí Íosa.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí bheith eolach ar na príomhimeachtaí a bhain le páis, bás agus aiséirí Íosa:

- An t-aiséirí: an tuama folamh - Lúcás 24:1-12

### Cuspóir Foghlama 1

**An Eaglais Chríostaí**

1. *Tús agus fás.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí a thuiscint:

- Go raibh cásmhaireacht, roinnt agus urnaí le chéile mar chuid den saol san luath-Eaglais.
- Go raibh tionchar ag daoine ar fhás na hEaglaise.

# Ceacht 1: 'Tá mé libh i gcónaí'

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Daichead lá tar éis Domhnach Cásca, ceiliúraimid Deascabháil Íosa ar neamh. Ach ní chiallaíonn scéal na deascabhála nach bhfuil Íosa i láthair ar domhan a thuilleadh. Ina ionad sin, ciallaíonn sé go bhfuil tús curtha le láithreacht de chineál nua. Is féidir le hÍosa Aiséirithe a bheith i láthair do gach duine i ngach áit gan srianta spáis agus ama. Foghlaimíonn na páistí sa cheacht seo faoi Dheascabháil Íosa agus déanann siad machnamh ar ghealltúint Íosa a bheith i láthair i gcónaí: 'Tá mé libh i gcónaí' (Mt 28:20).

Seo scéal nua Scrioptúrtha do na páistí, cé gur luadh é in *I nGrá Dé* do Naíonáin Shóisearacha/B1 agus Naíonáin Shinsearacha/B2. Dúradh ansin tar éis d'Íosa bás a fháil, go ndeachaigh sé ar ais chun na flaithis le bheith le Dia an tAthair.



# Féachaimis …

## SCÉAL

### 'Lá Deiridh ag Iníon Uí Nualláin'


Tosaigh trí a iarraidh ar na páistí an bhfuil aithne acu ar mhúinteoirí a d'fhág an scoil – b'fhéidir gur fhág múinteoir a bhí ag na páistí i Naíonáin Shóisearacha/B1 nó i Naíonáin Shinsearacha/B2.

Ansin inis dóibh gur mhaith leat scéal a insint dóibh faoi mhúinteoir darbh ainm di Iníon Uí Nualláin, a d'fhág a scoil, tar éis obair inti ar feadh i bhfad. Léigh 'Lá Deiridh ag Iníon Uí Nualláin'.

**'Lá Deiridh ag Iníon Uí Nualláin'**



Lá deiridh ar scoil ag iníon Uí Nualláin a bhí ann. Bhí sí ina príomhoide ar Bhunscoil An Mhachaire Ghlais ar feadh deich mbliana agus roimhe sin mhúin sí ranganna éagsúla sa scoil le breis is fiche bliain. Bhí grá ag gach duine do iníon Uí Nualláin. Príomhoide maith a bhí inti agus tharla go leor rudaí iontacha fad is a bhí sí i gceannas na scoile. Ach anois bhí sé in am di éirí as a post.



Theastaigh ó gach duine comóradh mór imeachta a thabhairt di. Bhailigh na daltaí, foireann na scoile agus roinnt tuismitheoirí le chéile i halla na scoile le haghaidh seirbhís urnaí speisialta, chun slán a fhágáil léi ar a lá deiridh. Shuigh triúr pháiste sa líne tosaigh agus iad ag comhrá go neirbhíseach le chéile. Bhí Salma, Muireann agus Eli, roghnaithe chun bronntanais a thabhairt do iníon Uí Nualláin ag deireadh na seirbhíse urnaí. Bhí an triúr seo i gcónaí le chéile: 'Aon uair a fheiceann tú Salma, is



féidir leat a bheith cinnte de go mbeidh Muireann agus Eli in éineacht léi' a déarfadh iníon Uí Nualláin i gcónaí.

Níorbh fhada gur thosaigh an tseirbhís urnaí. Bhí sleachta ón mBíobla ann agus canadh iomainn a bhí roghnaithe go speisialta don lá. Ag deireadh na seirbhíse urnaí, thug Salma, Muireann agus Eli na bronntanais d'iníon Uí Nualláin.

Ansin ghlac an leas-phríomhoide, an t-Uasal Ó Foghlú, an micreafón. 'Bean ar leith í, iníon Uí



Nualláin' ar seisean. 'Múinteoir agus cara iontach atá inti. Agus inniu a lá deiridh sa scoil. Is é seo an uair dheireanach a mbeidh seans ag a lán againn éisteacht léi. Mar sin, don uair dheireanach, ba mhaith liom cuireadh a thabhairt d'iníon Uí Nualláin labhairt linn.' Bhog an t-Uasal Ó Foghlú ar leataobh agus thosaigh gach duine ag bualadh bos go hard. Ansin bhí gach éinne ciúin agus iad ar bís leis an méid a bhí le rá ag iníon Uí Nualláin a chloisteáil.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cad iad na hainmneacha a bhí ar an dtriúr chara a roghnaíodh chun na bronntanais a thabhairt do Iníon Uí Nualláin?' Ansin tochail níos doimhne trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur orthu:

- Conas a mhothaigh Iníon Uí Nualláin ar a lá deireanach sa scoil, meas tú? An gceapann tú go raibh sí brónach nó áthasach? Cén fáth?
- Cén cineál duine ab ea Iníon Uí Nualláin? An gceapann tú go raibh brón ar na páistí agus ar na múinteoirí toisc go raibh sí ag imeacht? Cén fáth? An cuimhin leat am nuair a bhí ar dhuine, a raibh aithne agat orthu, imeacht? D'fhéadfadh gur cara nó múinteoir nó ball teaghlaigh a bhí i gceist. Conas a mhothaigh tú nuair a bhí siad imithe?
- Ar theastaigh ó dhaoine an méid a bhí le rá ag Iníon Uí Nualláin a chloisteáil? Cén fáth nó cén fáth nár theastaigh uathu?
- Cad iad na focail dheireanacha a dúirt sí, dar leat?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Bainimis úsáid as ár nguth inmheánach chun a insint le Dia faoi uair a raibh brón orainn mar go raibh ar dhuine a raibh aithne againn orthu imeacht uainn. Abair i mo dhiaidh: cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar do ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá*)

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*)

(*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

**M:** Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, inis le Dia faoi uair a raibh brón ort mar go raibh ar dhuine a raibh aithne agat orthu imeacht uait. (*Sos*)

Inis le Dia conas mar a bhraith tú nuair a tharla sé sin. (*Sos*)

An féidir leat cuimhneamh ar an gcomhrá deireannach a bhí agat leis an duine sin? Inis le Dia faoi. (*Sos*)

Cuimhnigh go raibh Dia leat ar an lá sin, ag tabhairt grá duit. (*Sos*)

Agus tá Dia leat inniu, ag tabhairt grá duit. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt arís.

*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis …

## AG COMHRÁ

### Maidir le Focail Dheiridh


Tosaigh tríd an scéal 'Lá Deiridh ag Iníon Uí Nualláin' a thabhairt chun chuimhne. Cuir i gcuimhne na bpáistí na 'focail dheiridh' a shamhlaigh siad go ndúirt Iníon Uí Nualláin le pobal na scoile. Ansin fiafraigh de na páistí an féidir leo smaoineamh ar ócáidí nuair a bhíonn ar dhaoine roinnt 'focail dheiridh' a rá. D'fhéadfadh go mbeadh na hócáidí seo a leanas i gceist:

- 'Na focail dheiridh' a deir bainisteoir peile lena fhoireann roimh chluiche ceannais
- 'Na focail dheiridh' a deir cailín lena cairde ranga ar a lá deiridh sula dtéann sí go scoil nua
- 'Na focail dheiridh' a deir mamó nuair a fhágann sí a garpháistí tar éis saoire
- 'Na focail dheiridh' a deir múinteoir lena rang agus iad ag dul ar aghaidh chuig múinteoir nua
- 'Na focail dheiridh' a deir mamaí nó daidí lena gcuid leanaí sula dtéann siad ag obair


Ansin iarr ar na páistí smaoineamh ar na 'focail dheiridh' a d'fhéadfadh Íosa a rá lena chairde sular fhág sé iad chun dul ar ais chuig a Athair ar neamh. Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid moltaí a roinnt.

## ÓN GCÉASADH GO DEASCABHÁIL ÍOSA

Tabhair Páis, Bás agus Aiséirí Íosa chun chuimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo a leanas:




**Íosa ar an gCros**
- Cén t-ainm atá ar an lá a chuimhnímid go bhfuair Íosa bás ar an gcros?
- An raibh cairde uile Íosa ann nuair a d'éag sé? Cén fáth nó cén fáth nach raibh siad?
- Cad a tharla do chorp Íosa nuair a tógadh anuas ón gcros é?



**An Tuama Folamh**
- Cé atá in ann cuimhneamh ar an méid a tharla nuair a chuaigh Máire Mhaigdiléana go dtí an tuama trí lá tar éis d'Íosa bás a fháil?
- Cé a d'inis léi go raibh Íosa aiséirithe?
- Cad a rinne Máire ansin?



**Nochtann Íosa é féin dá Chairde ag Loch Tibirias**
- Tar éis d'Íosa éirí ó mhairbh, tháinig sé i láthair a chairde arís agus arís eile. Seo é ceann de na hamanna sin. An cuimhin le héinne an scéal seo?
- Cérbh iad na daoine a bhí ann an lá sin? Conas a mhothaigh siad, dar leat?



**Focail Dheiridh Íosa**
- Samhlaigh gurbh é seo an uair dheireanach a labhair Íosa lena chairde sula ndeachaigh sé ar neamh. Cad a cheapann tú a dúirt sé?
- An gceapann tú gur éist cairde Íosa go cúramach lena chuid focal? Cén fáth nó cén fáth nár éist siad?



**Deascabháil Íosa**
- D'fhág Íosa a chairde anois. Cá ndeachaigh sé?
- Cé hiad na daoine a bhí ann ar an ócáid sin? Conas a mhothaigh siad, dar leat?

Taispeáin do na páistí conas comhartha coirp a dhéanamh ag tabhairt le fios go ndeachaigh Íosa ar ais ar neamh. Le bosa oscailte agus géaga sínte amach, ardaigh na géaga go mall agus ag rá ag an am céanna: 'Chuaigh Íosa suas ar neamh áit a bhfuil sé ina shuí ar dheaslámh a Athar.' Déan an chomhartha seo agus na focail seo a rá arís agus arís eile agus spreag na páistí páirt a ghlacadh leat.

# AN SCRIOPTÚR NAOFA

## Focail Dheiridh Íosa

Inis do na páistí gur féidir linn focail dheiridh Íosa dá lucht leanúna a léamh sa Bhíobla. Ansin léigh an sliocht Scrioptúrtha, 'Focail Dheiridh Íosa'.

**'Focail Dheiridh Íosa'**
(*Curtha in oiriúint ó Mhatha 28:19-20 agus Eoin 14:16, 26*)



Nuair a dúirt Íosa lena chairde go raibh sé ag imeacht uathu chun a bheith leis an Athair, bhí siad an-uaigneach. Ach gheall sé dóibh go mbeadh sé leo, as seo amach, ar bhealach an-speisialta. Bheadh sé níos gaire dóibh, ach bheadh sé, chomh maith, gar do gach duine ar fud an domhain ar fad. 'Tá mé in éineacht libh i gcónaí,' a dúirt sé.

Dúirt Íosa lena chairde an méid a bhí le déanamh acu nuair a bheadh sé imithe. 'Inis do gach duine Dea-Scéala grá Dé dóibh,' ar sé. 'Múin dóibh an méid a mhúin mise daoibh'. Bhí a fhios ag Íosa nach mbeadh a chairde ábalta é seo a dhéanamh leo féin. Mar sin, gheall Íosa cúntóir a sheoladh chucu. 'Iarrfaidh mé ar m'Athair, agus tabharfaidh sé cúntóir eile daoibh, chun fanacht libh go deo,' arsa Íosa. 'An Spiorad Naomh is ea an cúntóir seo.'

Ansin chuaigh Íosa ar ais go dtí an t-Athair, ach bhí a fhios ag a chairde gurbh fíor an méid a dúirt sé. Bhí a fhios acu go mbeadh Íosa leo i gcónaí faoi mar a gheall sé. Bhí a fhios acu freisin go raibh sé leo anois ar bhealach an-difriúil. Ní raibh siad in ann é a fheiceáil níos mó, nó a ghuth a chloisteáil, nó teagmháil leis. Ach bhí a fhios acu go raibh sé níos gaire dóibh anois ná riamh. Agus toisc go raibh sé beo ar bhealach nua, thug siad ainmneacha nua dó - ainmneacha cosúil le 'Críost' agus 'An Tiarna Íosa'. Tá Íosa i gcónaí linn freisin.

Tar éis an sliocht Scrioptúrtha a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cad a gheall Íosa dá chairde?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas a mhothaigh cairde Íosa, meas tú, nuair a dúirt sé go mbeadh sé i gcónaí leo?
- Ní féidir linn Íosa a fheiceáil nó a ghuth a chloisteáil, nó lámh a leagan air, mar sin cén chaoi a bhfuil a fhios againn go bhfuil sé fós linn?
- Conas a mhothaigh cairde Íosa, dar leat, leanúint ar aghaidh lena chuid oibre mar a d'iarr sé orthu a dhéanamh? An mbeadh sé sin éasca nó deacair? Conas a gheall Íosa cabhrú leo?

# LEABHAR NA BPÁISTÍ

## Ar Scoil

Lch. 44: Léann na páistí faoi Dheascabháil Íosa agus scrúdaíonn siad gealltanas Íosa a bheith in éineacht lena chairde i gcónaí.

## Sa Bhaile

Lch. 45: Déanann na páistí agus a dteaghlaigh machnamh ar an gcaoi ina mbíonn Íosa in éineacht linn le linn gníomhaíochtaí uile an lae. Tugtar cuireadh dóibh smaoineamh ar an dtábhacht a bhaineann le sin. Tugtar cuireadh dóibh guí le chéile freisin agus buíochas a ghabháil le hÍosa as a láithreacht.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Sula ndeachaigh Íosa ar ais chun na flaithis, dúirt sé roinnt focal deiridh tábhachtacha lena chairde. Dúirt sé leo gur theastaigh uaidh go leanfaidís ar aghaidh lena chuid oibre, agus dúirt sé leo go gcuirfeadh sé cúntóir chucu chun tacú leo (an Spiorad Naomh) agus dúirt sé leo go mbeadh sé in éineacht leo i gcónaí.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Ordóga in Uachtar/Ordóga in Íochtar

Inis do na páistí go ndéanfaidh tú cur síos ar rudaí éagsúla ina saol agus má cheapann siad go mbíonn Críost in éineacht leo i rith na n-amanna sin, ba chóir dóibh 'ordóga in uachtar' a dhéanamh. Muna mbíonn Íosa in éineacht leo, ba chóir dóibh 'ordóga in íochtar' a dhéanamh.

- Nuair a éiríonn tú ar maidin
- Nuair a bhíonn do bhricfeasta agat
- Nuair a thagann tú ar scoil
- Nuair a bhíonn tú ar scoil
- Má bhíonn tú i dtrioblóid
- Agus tú ag imirt cluichí
- Agus tú ag déanamh d'obair bhaile
- Agus tú ag féachaint ar an dteilifís
- Má throidann tú le do chairde
- Nuair a bhíonn spraoi agat
- Nuair a bhíonn tú brónach
- Nuair a bhíonn fearg ort
- Nuair a bhíonn áthas ort
- Nuair a bhíonn tú sa leaba

Nuair atá na nithe thuas críochnaithe agat, cuir in iúl do na páistí go mbíonn Críost *i gcónaí linn*. Mar sin, do na hamanna go léir thuas, agus ag am ar bith eile gur féidir leo smaoineamh air, nílimid riamh linn féin. Déan comhrá leis na páistí faoi seo agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén chaoi a mbraitheann sé go bhfuil a fhios agat go mbíonn Críost leat i gcónaí?
- An bhfuil sé tábhachtach duit go mbíonn Críost leat i gcónaí?
- An labhraíonn tú lenár dTiarna Íosa riamh? Conas a dhéanann tú é sin? Céard a deir tú?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** A Thiarna Íosa Críost, dúirt tú go mbíonn tú linn i gcónaí. Gabhaimid buíochas leat as a bheith in aice linn i gcónaí – nuair atáimid gealgáireach agus nuair atáimid brónach. Guímis le chéile, 'A Thiarna Íosa, tá tú linn.'
**P:** A Thiarna Íosa, tá tú linn.

**M:** Nuair a éirímid ar maidin ...
**P:** A Thiarna Íosa, tá tú linn.

**M:** Nuair a ithimid an bricfeasta ...
**P:** A Thiarna Íosa, tá tú linn.

**M:** Nuair a shiúlaimid ar scoil ...
**P:** A Thiarna Íosa, tá tú linn.

**M:** Nuair atáimid ar scoil ...
**P:** A Thiarna Íosa, tá tú linn.

**M:** Má bhíonn trioblóid againn ...
**P:** A Thiarna Íosa, tá tú linn.

**M:** Nuair atáimid ag imirt cluichí ...
**P:** A Thiarna Íosa, tá tú linn.

**M:** Nuair a dhéanaimid an obair bhaile ...
**P:** A Thiarna Íosa, tá tú linn.

**M:** Nuair a fhéachaimid ar an dteilifís ...
**P:** A Thiarna Íosa, tá tú linn.

**M:** Má táimid ag troid lenár gcairde ...
**P:** A Thiarna Íosa, tá tú linn.

**M:** Nuair a bhíonn spórt againn ...
**P:** A Thiarna Íosa, tá tú linn.

**M:** Nuair atá brón orainn ...
**P:** A Thiarna Íosa, tá tú linn.

**M:** Nuair atá fearg orainn ...
**P:** A Thiarna Íosa, tá tú linn.

**M:** Nuair atá áthas orainn ...
**P:** A Thiarna Íosa, tá tú linn.

**M:** Nuair atáimid sa leaba ...
**P:** A Thiarna Íosa, tá tú linn.

**M:** Dúnaimis ár súile agus gabhaimis buíochas leis an Tiarna Íosa as a bheith taobh linn i gcónaí. (*Sos*)

**M:** A Thiarna Íosa,
Cabhraigh linn cuimhneamh ar do ghealltanas a bheith linn i gcónaí.
Cabhraigh linn tú a bhraith taobh linn i gcónaí. Go raibh maith agat as a bheith linn i gcónaí.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# Ceacht 2: 'Cuirfidh mé cúntóir chugaibh'

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Ag Deascabháil Íosa ar neamh, dúirt sé lena lucht leanúna go gcuirfeadh sé an Spiorad Naomh chucu chun tacú leo ina gcuid oibre ag scaipeadh an Dea-scéil faoi ghrá Dé. Tar éis na Deascabhála, chuaigh na haspail ar ais go hIarúsailéim chun fanacht agus guí don Spiorad Naomh. Bhailigh daoine eile leo agus iad ag fanacht. Go gairid ina dhiaidh sin, agus Iarúsailéim ag líonadh le daoine a tháinig ann chun féile Ghiúdach na Cincíse a cheiliúradh, tháinig an Spiorad Naomh anuas ar na haspail. An tseachtain seo, foghlaimíonn na páistí faoi theacht an Spioraid Naoimh ag an gCincís. Foghlaimíonn siad faoin ghaoth a líon an seomra uachtarach ar an lá sin agus an tionchar a bhí ag an Spiorad ar na deisceabail. Cuirtear an fócas ar shiombail na gaoithe a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an Spiorad Naomh. Úsáidtear siombailí eile chun cur síos a dhéanamh ar an Spiorad Naomh - teangacha tine agus anáil ina measc. Foghlaimeoidh na páistí níos mó faoi na siombailí sin de réir mar a théann an tsraith *I nGrá Dé* ar aghaidh.

# Féachaimis …

## AN GHAOTH

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoi aimsir an lae inniu. Faigh amach an gceapann na páistí gur lá gaofar é nó nach ea. Ansin déan comhrá faoin aimsir ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:



**Éadaí ar an líne**

- Agus éadaí ar an líne an mbíonn an ghaoth ag séideadh? Conas a bhíonn a fhios agat?
- An bhfeiceann tú an ghaoth? Mar sin cén chaoi a mbíonn a fhios againn go mbíonn sí ag séideadh?
- Cad iad na comharthaí eile den ghaoth a fheiceann tú má thugann tú aire ar lá gaofar?



**Tuirbíní gaoithe**

- An bhfaca duine ar bith anseo tuirbín gaoithe riamh cheana? An bhfuil a fhios agaibh cén úsáid a bhaintear as?
- An féidir leat smaoineamh ar bhealach ar bith eile ina úsáideann daoine an ghaoth chun cabhrú leo?



**Eitleog**

- Cad is eitleog ann? Cén fáth go mbíonn an ghaoth ag teastáil chun í a chur ag eitilt?
- Mura mbeadh gaoth ann, an mbeadh an eitleog in ann eitilt? Cén fáth?

## PAIDIR

### Glóir don Athair


*Comhartha na Croise*

**M:** (Agus pictiúr d'eitleog ina láimh ag an múinteoir) Páipéar a bhí againn sa mhéid seo go dtí go rinneamar eitleog as. Níl in eitleog ach píosa de pháipéar múnlaithe go dtí go n-athnaíonn an ghaoth í agus a chuireann í ag eitilt.

Ar an mbealach céanna, gnáth daoine a bhí i gcairde Íosa go dtí gur bhuail siad le hÍosa. Ina dhiaidh sin bhí siad athraithe. Nuair a chuaigh Íosa ar ais go dtí a Athair ar neamh, gheall sé go gcuirfeadh sé cúntóir chucu. Thabharfadh an cúntóir sin tacaíocht dóibh chun Íosa a leanúint agus chun obair Íosa a dhéanamh. Díreach faoi nach féidir leis an eitleog eitilt gan cabhair ón ngaoth, ní fhéadfadh le cairde Íosa é a leanúint gan chabhair. Tugtar an 'Spiorad Naomh' ar an gcúntóir a gheall Íosa. Guímis le chéile anois, ag tabhairt moladh do Dhia, Athair, Mac agus Spiorad Naomh:

**Le chéile:** Glóir don Athair,
Agus don Mhac,
Agus don Spiorad Naomh.
Mar a bhí ó thús,
Mar atá anois,
Mar a bheas go brách,
Le saol na saol. Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'An Chincís'

Tosaigh trí Dheascabháil Íosa ar neamh a thabhairt chun cuimhne. Cuir i gcuimhne na bpáistí an comhartha coirp a d'fhoghlaim siad le linn cheacht na seachtaine seo caite: *Bosa oscailte, géaga sínte amach, na géaga á ardú go mall fad is atá an abairt seo á rá,* 'Chuaigh Íosa suas ar neamh áit a bhfuil sé ina shuí ar dheaslámh a Athar.'
Ansin inis do na páistí go léifidh tú scéal faoi cad a tharla ina dhiaidh sin. Tagann an scéal seo ón mBíobla.

**'An Chincís'**

(*Curtha in oiriúint ó Ghníomhartha 2:1-4*)



Tar éis Deascabháil Íosa ar neamh, chuaigh a chairde ar ais go hIarúsailéim chun fanacht agus guí ar son teacht an Spioraid Naoimh, an cúntóir a bhí geallta ag Íosa. Chuaigh siad go dtí an seomra céanna ina raibh an Suipéar Déanach ceiliúrtha acu. Tháinig cairde eile d'Íosa ann, fad is a bhí siad ag feitheamh. Chaith siad an t-am ag guí le chéile. Bhí siad brónach agus uaigneach agus an-eaglach toisc nach raibh Íosa leo níos mó. Bhí dóchas acu nach dtiocfadh na saighdiúirí, a chuir Íosa chun báis, dóibh freisin.

Chaith cairde Íosa laethanta sa seomra beag, cuachta le chéile, ag guí. Ansin go tobann, mhothaigh siad rud éigin aisteach ag tarlú. Líonadh an seomra ar fad le gaoth mhór. Lonraigh solas geal, cosúil le lasracha na tine, timpeall orthu. Ansin chuimhnigh siad ar fhocail Íosa: 'Iarrfaidh mé ar m'Athair agus tabharfaidh sé cúntóir eile daoibh, chun fanacht libh go deo.' Bhí a fhios acu anois gur fíor na focail a dúirt Íosa.

Nuair a tháinig an Spiorad Naomh chucu, líonadh cairde Íosa le háthas agus le misneach. Bhí a fhios acu gur choinnigh Íosa a chuid gealltanas agus go raibh sé leo ar bhealach nua. Rith siad amach sna sráideanna chun a insint do na daoine faoi Íosa. D'iarr siad ar na daoine a bheith páirteach leo agus baisteadh aon duine a bhí ag iarraidh a bheith páirteach leo.

Tugtar 'An Chincís' ar an lá a tháinig an Spiorad Naomh go cairde Íosa.

Tar éis an sliocht Scrioptúrtha a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cá raibh cairde Íosa ar an lá sin?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén chaoi a gceapann tú go raibh a fhios ag cairde Íosa go raibh an seomra líonta le gaoth? Cad a chonaic siad nó cad a chuala siad?
- Cén fáth go raibh cairde Íosa bailithe le chéile in aon seomra amháin? Cén fáth go raibh eagla orthu? Conas ar athraíodh iad tar éis teacht an Spioraid Naoimh?
- An féidir linn an ghaoth a fheiceáil? Cén chaoi a bhfuil a fhios againn go mbíonn an ghaoth ag séideadh? An raibh cairde Íosa in ann an Spiorad Naomh a fheiceáil? Cén chaoi a raibh a fhios acu go raibh an Spiorad Naomh tar éis teacht?
- Chabhraigh an Spiorad Naomh le cairde Íosa maireachtáil mar a d'iarr Íosa orthu. Cén bealach an gceapann tú gur mhair siad as sin amach?

## GNÍOMHAÍOCHT

### Comhartha Choirp don Chincís

Iarr ar na páistí an comhartha choirp a thaispeáint arís gur tógadh Íosa in airde chun na flaithis ag an Deascabháil:

*Bosa oscailte, géaga sínte amach. Géaga a ardú go mall agus an méid seo a rá:* 'Chuaigh Íosa suas ar neamh áit a bhfuil sé ina shuí ar dheaslámh a Athar'.

Ansin múin comhartha choirp nua do na páistí chun teacht an Spioraid Naoimh ag an gCincís a léiriú:

*Tiontaigh na bosa agus bog na lámha go mall síos, agus iad go fóill sínte amach, agus abair:* 'Go gairid ina dhiaidh sin, ag an gCincís, tháinig an Spiorad Naomh anuas ar chairde Íosa.'

Nuair a bhíonn muinín ag na páistí as an gcomhartha choirp nua seo, cuir an dá comhartha le chéile.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Ullmhóidh an chomhartha nua seo na páistí do chomhartha an *epiclesis* a dhéanann an sagart le linn cheiliúradh an Aifrinn. Seo an gníomh nuair a ghlaonn an sagart ar an Spiorad Naomh teacht anuas ar an arán agus ar an bhfíon chun iad a athrú go fíorláithreacht Íosa.

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### Íomhánna Socair

Roinn an rang ina dhá leath. Iarr ar leath an ranga cleachtadh a dhéanamh ar íomhá shocair den radharc a chruthú sa seomra uachtarach *roimh* theacht an Spioraid Naoimh. Iarr ar an leath eile den rang cleachtadh a dhéanamh ar íomhá shocair den radharc *tar éis* teacht an Spioraid Naoimh a léiriú. Iarr ar na páistí smaoineamh ar na mothúcháin ba mhaith leo go dtaispeánfadh a n-íomhánna. Cuir i gcuimhne do na páistí dreach gnúise a úsáid freisin.

Nuair a bhíonn na páistí réidh, iarr ar an gcéad grúpa a léiriú a chur i láthair. Ansin seinn fuaim na gaoithe ar an CD, agus iarr ar an dara grúpa a léiriú - nuair a bhí siad líonta leis an Spiorad, a chur i láthair.

Tar éis duit an ghníomhaíocht a chríochnú, déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna. Má tá tú tar éis grianghraif a thógáil d'íomhánna socair na bpáistí, bain úsáid astu mar áis amhairc.

- Conas a d'athraigh an léiriú ar aghaidheanna na bpáistí idir an chéad agus an dara íomha?
- N'fheadar ... dá gcuirfimis an tríú híomhá shocair i láthair, cad a bheadh inti?
- Cén difríocht, dar leat, a rinne teacht an An Spioraid Naoimh ar chairde Íosa? An gceapann tú gur féidir leis an Spiorad Naomh difríocht a dhéanamh orainn freisin?

## PAIDIR

### Paidir don Spiorad Naomh

Tosaigh agus scéal na Cincíse a chur i gcuimhne na bpáistí, agus abair leo gurbh ar an lá seo a chuir Íosa an Spiorad Naomh, an cúntóir a gheall sé dá gcairde, chucu. Mínigh go dtagann an Spiorad Naomh chuig na daoine go léir atá cairdiúil le hÍosa nuair a bhaistear iad. Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn maireachtáil mar a mhúin Íosa dúinn. Ansin múin an phaidir seo a leanas do na páistí.

**Paidir don Spiorad Naomh**
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom an rud ceart a dhéanamh. Cabhraigh liom.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom maireachtáil mar a mhair Íosa. Treoraigh mé.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom guí mar a ghuigh Íosa. Múin dom é.
Áimean.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 46: Déanann na páistí machnamh ar scéal na Cincíse.

### Sa Bhaile

Lch. 47: : Tugtar cuireadh do na páistí agus dá dteaghlaigh smaoineamh ar conas is féidir leis an Spiorad Naomh cabhrú leo maireachtáil mar a mhúin Íosa, agus iarrtar orthu *an Phaidir don Spiorad Naomh* a rá le chéile.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Bhí cairde Íosa bailithe le chéile in Iarúsailéim. Bhí siad ag fanacht le teacht an Spioraid Naoimh. Chaith siad an t-am ag guí. Bhí eagla orthu agus bhraith siad in éagmais Íosa go mór. Ar lá na Cincíse, tháinig an Spiorad Naomh, a gheall Íosa dóibh, agus ní raibh eagla orthu a thuilleadh. In ionad eagla bhí misneach acu anois.

## AG COMHRÁ

### Faoin Spiorad Naomh

Tosaigh trí mheabhrú go dtagann an Spiorad Naomh dóibh siúd atá cairdiúil le hÍosa nuair a bhaistear iad. Cuidíonn an Spiorad Naomh linn maireachtáil mar mhúin Íosa dúinn. Guigh an Phaidir don Spiorad Naomh le chéile:

A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom an rud ceart a dhéanamh. Cabhraigh liom.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom maireachtáil mar a mhair Íosa. Treoraigh mé.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom guí mar a ghuigh Íosa. Múin dom é.
Áimean.

Ansin déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat:

- An cuimhin leat cén fáth go ndúramar go raibh an Spiorad Naomh cosúil leis an ngaoth? Conas a chabhraíonn an Spiorad Naomh le cairde Íosa maireachtáil mar a d'iarr sé orainn?
- Chabhraigh an Spiorad Naomh le cairde Íosa nuair a bhí eagla orthu. An féidir leat smaoineamh ar am nuair a bhí eagla ort? Inis dúinn faoi.
- An gceapann tú go bhféadfá guí chuig an Spiorad Naomh nuair a bhíonn eagla ort? Conas a d'fhéadfadh an Spiorad Naomh cabhrú leat?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Nuair a bhí cairde Íosa ró-eaglach é a leanúint, tháinig an Spiorad Naomh chucu. Chabhraigh an Spiorad Naomh leo sampla Íosa a leanúint. Is cairde Íosa sinne freisin. Mar sin is féidir leis an Spiorad Naomh cabhrú linn freisin. Déanaimis smaoineamh ar sin ar feadh cúpla nóiméad. Cuirimis tús lenár machnamh trína bheith socair agus ciúin.

*Can amhrán oiriúnach nó seinn 'Ceol Machnamhach' ar do dhlúthdhiosca agus fág ag seinm é don chuid eile den urnaí.*

**M:** Anois ó táimid socair agus ciúin, dúnaimis ár súile. (Sos)

Cuimhnigh ar am nuair a bhí tú eaglach nó scanraithe. (Sos)

Cuimhnigh conas a mhothaigh sé. (Sos)

Tháinig an Spiorad Naomh chuig cairde Íosa nuair a bhí siad eaglach. Thug an Spiorad Naomh misneach dóibh. (Sos)

In ionad a bheith ag fanacht laistigh, ar shiúl ó gach duine, theastaigh uathu rith amach agus Dea-Scéala ghrá Dé a scaipeadh. (Sos)

D'athraigh cumhacht an Spioraid Naoimh iad. Tugadh an chumhacht chéanna dúinn ag ár mBaisteadh. (Sos)

Ní theastaíonn ó Íosa go mbeadh a chairde eaglach. Teastaíonn uaidh go mbeidis lán le misneach. Sin é an fáth gur chuir sé cúntóir chucu. (Sos)

Ba é an Spiorad Naomh an cúntóir sin. (Sos)

Is cúntóir duitse freisin é an Spiorad Naomh agus is féidir leat glaoch ar an Spiorad Naomh díreach mar a rinne cairde Íosa. (Sos)

Guigh don Spiorad Naomh anois, ag iarraidh air teacht chugat. (Sos)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt.

**M:** A Thiarna Íosa,
Gheall tú cúntóir a sheoladh agus rinne tú amhlaidh.
Faoi chumhacht an Spioraid Naoimh, athraíodh do chairde ó dhaoine eaglacha do dhaoine a bhí lán de mhisneach.
Fuaireamar cumhacht chéanna an Spioraid ag ár mBaisteadh.
Guímis go n-athróidh an Spiorad Naomh sinn freisin.
**P:** Áiméan.

**M:** Guímis le chéile an *Phaidir don Spiorad Naomh:*
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom an rud ceart a dhéanamh. Cabhraigh liom.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom maireachtáil mar a mhair Íosa. Treoraigh mé.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom guí mar a ghuigh Íosa. Múin dom é.
Áimean.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: ‘Imigí agus déanaigí an dea-scéala a roinnt’

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Le teacht an Spioraid Naoimh spreagadh deisceabail Íosa dul amach agus Dea-Scéal Grá Dé a scaipeadh mar a d’iarr sé orthu a dhéanamh. Is minic a thugtar lá breithe na hEaglaise ar an gCincís. Is é seo an chéad uair a ghlac deisceabail Íosa orthu féin dul amach agus a insint do dhaoine eile faoi Íosa, fiú nuair nach raibh Íosa in éineacht leo. Cuireann sé seo tús le gníomhaíocht misinéireachta na hEaglaise a leanann ar aghaidh go dtí an lá atá inniu ann.

I rith na seachtaine seo faigheann na páistí tuiscint ar cad is brí le misean agus ansin foghlaimíonn siad faoi choimisiún Íosa dá dheisceabail. Foghlaimíonn na páistí go bhfuil gníomhaíocht mhisinéireachta ag tarlú ar fud an domhain. Déanann siad machnamh ar na bealaí éagsúla ina ndéantar Dea-Scéal Grá Dé a roinnt le daoine eile agus conas is féidir leo cabhrú le sin. Cuireann an ceacht seo an obair a dhéanann Cumann na Leanaí Misinéireachta ar fud an domhain, in aithne na bpáistí.

Bunaíodh an Cumann sa bhliain 1843 i Nancy, sa Fhrainc agus tá sé gníomhach in Éirinn ó 1853. Ó am sin tá sé scaipthe ar fud an domhain agus tá leanaí ag glacadh páirt leis i níos mó ná céad tír ar fud na cruinne. Tá an Cumann ar an eagraíocht charthanachta is sine ar domhan a bhfuil baint ag leanaí leis.

Spreagann Cumann na Leanaí Misinéireachta páistí ar fud an domhain chun guí le chéile ar son leanaí a mhaireann i mbochtaineacht agus le heagla. Spreagann sé leanaí freisin chun roinnt le leanaí eile, lena gcuid deartháireacha agus deirfiúracha a bhíonn i ngátar go minic. Gach bliain, cabhraíonn an Cumann le níos mó ná cúig mhilliún leanbh i mílte tionscadal scaipthe ar fud an domhain. Is é an carthanas oifigiúil é do leanaí ar fud an domhain atá ag an Eaglais Chaitliceach.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cruinneog nó léarscáil
- Luaschartaí de na ‘dúshláin mhisin’ do na páistí déanta as an dteimpléad (thíos).
- Bíodh taithí agat ar an Suíomh Gréasáin a bhaineann le Cumann na Leanaí Misinéireachta chun go mbeidh tú in ann na páistí a mhúineadh faoi chuid de na tionscadail atá eagraithe ag an gCumann.

# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT

### Tá misean agam!

Tosaigh trí a fhiafraí de na páistí cén ciall atá ag an bhfocal 'misean'. Inis dóibh go bhfuil misean agat dóibh agus go mbeidh tú á seoladh timpeall an seomra ranga chun tasc faoi leith a dhéanamh. Abair leo go mbeidh siad ag obair i ngrúpaí de thriúr agus go bhfuil cúig nóiméad acu chun a misean a chríochnú ar cibé bealach a roghnaíonn siad. Roinn na páistí i ngrúpaí de thriúr agus tabhair 'misean' do gach grúpa. Is é cuspóir an chluiche ná go dtuigfeadh na páistí cad is 'misean' ann agus go dtuigfeadh siad gur tasc atá ann le críochnú ar iarratas ó dhuine eile.

Tar éis cúig nóiméad, tabhair cuireadh do na páistí torthaí a misean a roinnt leis an gcuid eile den rang.

## PAIDIR

### Paidir don Spiorad Naomh

*Comhartha na Croise*

**M:** Bímis ag cuimhneamh ar na focail agus ar na gníomhartha a dhéanann cur síos ar an méid a tharla i ndiaidh báis agus aiséirí Íosa.

*Oscail bosa na láimhe, dírithe i dtreo na spéire, géaga láimhe sínte amach. Ardaigh na géaga go mall agus abair:* 'Chuaigh Íosa suas ar neamh, áit atá sé ina shuí ar dheis a Athair.'

*Tiontaigh bosa na láimhe agus ísligh géaga do láimhe síos go mall. Le do ghéaga sínte amach go fóill, abair:* 'Go gairid ina dhiaidh sin, ag an gCincís, thuirling an Spiorad Naomh ar chairde Íosa.'

**M:** A Thiarna Íosa, thug tú misean do do chairde dul amach agus insint do gach duine faoi do ghrá. Ba iad san a scaip an Dea-Scéala ar dtús le cabhair an Spioraid Naoimh. Gabhaimid buíochas leat as an Dea-Scéala a chloisteáil agus iarraimid ar an Spiorad Naomh cuidiú linn an Dea-Scéala a scaipeadh. Guímis le chéile an *Phaidir don Spiorad Naomh:*

**Gach duine:** A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom an rud ceart a dhéanamh. Cabhraigh liom.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom maireachtáil mar a mhair Íosa. Treoraigh mé.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom guí mar a ghuigh Íosa. Múin dom é.
Áimean.

*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'I ndiaidh na Cincíse'

Mínigh do na páistí go bhfuil a fhios againn conas a d'éirigh le cairde Íosa lena misean. Is féidir linn léamh faoi sa Bhíobla. Ansin léigh, 'I ndiaidh na Cincíse'.

**'I ndiaidh na Cincíse'**
(*Curtha in oiriúint ó Ghníomhartha 2:44-47*)



Tar éis don Spiorad Naomh teacht chucu ag an gCincís, thosaigh cairde Íosa ag maireachtáil ar bhealach nua. Chabhraigh an Spiorad Naomh leo guí. Tháinig siad le chéile go minic le guí chun Dé ár nAthair agus chun iomainn mholta a chanadh.

Chabhraigh an Spiorad Naomh leo freisin roinnt le chéile.

Roinn gach duine an méid a bhí acu lena chéile. Roinn siad airgead agus bia agus chónaigh siad le chéile.

Chabhraigh an Spiorad Naomh chomh maith le cairde Íosa labhairt faoi Dhia an t-Athair. Chuaigh siad ó bhaile go baile, ag insint leis na daoine faoi Dhia ár nAthair, díreach mar a rinne Íosa. Ba é seo an misean a thug Íosa dóibh.

Chabhraigh an Spiorad Naomh le cairde Íosa cuimhneamh air, faoi mar a d'iarr sé orthu ag an Suipéar Déanach. Tháinig siad le chéile ar an Domhnach chun guí le chéile. Chuaigh go leor daoine isteach i gcomhthionól le cairde Íosa agus chabhraigh an Spiorad Naomh leo grá a thaispeáint dá chéile agus maireachtáil cosúil le hÍosa.

Tar éis an sliocht Scrioptúrtha a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cad a thosaigh cairde Íosa a dhéanamh i ndiaidh na Cincíse?'
Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- N'fheadar ... cén fáth, a gceapann tú, go ndeachaigh an oiread sin daoine i bpáirt le cairde Íosa ag an am seo?
- Cad iad na cineálacha rudaí a rinne siad toisc gur theastaigh uathu maireachtáil cosúil le hÍosa? Cén bealach a mhúin Íosa dóibh maireachtáil?
- Cad iad na rudaí a rinne na cairde seo d'Íosa agus a dhéanaimid, mar chairde d'Íosa, fós inniu?

## GNÍOMHAÍOCHT AR LÍNE

### Cumann na Leanaí Misinéireachta

Cuir i gcuimhne do na páistí gur misinéir is ea duine éigin a ghlacann le misean Íosa dul agus an Dea-scéal faoi ghrá Dé do dhaoine eile a scaipeadh. Ansin abair leo gur féidir le duine ar bith a bheith ina mhisinéir - sagart, máthair, athair, agus fiú leanbh. Uaireanta tugann misinéirí cuairt ar thíortha eile.

Inis do na páistí faoi eagraíocht amháin de mhisinéirí: Cumann na Leanaí Misinéireachta. Mínigh gurb é an cumann is sine agus is mó carthanais do leanaí ar domhan. Spreagann sé páistí i ngach áit chun guí ar son páistí eile agus chun cabhrú le leanaí atá ag maireachtáil i mbochtaineacht agus le heagla. Spreagann sé leanaí freisin roinnt leo siúd atá i ngátar.

Ansin brabhsáil suíomh Gréasáin Chumann na Leanaí Misinéireachta (www.wmi.ie) agus féach ar chuid de na tionscadail a dtacaíonn an eagraíocht leo. Déan comhrá leis na páistí faoi na bealaí ina mbeidis in ann tacú le hobair Chumann na Leanaí Misinéireachta.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

I ndiaidh na Cincíse, chuaigh cairde Íosa amach go dtí gach cearn den domhan chun an Dea-Scéal a scaipeadh faoi Ghrá Dé do gach duine. Lean daoine eile leis an ngníomhaíocht mhisinéireachta seo agus leanann sí ar aghaidh sa lá atá inniu ann. Eagraíocht amháin a leanann le misean Íosa ar domhan inniu ná Cumann na Leanaí Misinéireachta.

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### Déanaimid misean Íosa a chomhlíonadh

Tosaigh trí mheabhrú a dhéanamh ar chuid de na tionscadail a dhéanann Cumann na Leanaí Misinéireachta. Ansin tabhair isteach an ghníomhaíocht idirghníomhach seo ina meaitseálann na páistí an obair a rinne Íosa (ag guí, ag múineadh faoi Dhia, daoine eile a chur san áireamh, srl.) le hobair Chríostaithe inniu. B'fhéidir go bhfuil aithne ag na páistí ar cuid de na daoine seo a leanas: (Máthair Treasa, Naomh Uinseann de Pól agus Naomh Pádraig, mar shampla) agus daoine eile gur páistí iad díreach cosúil leo féin.

Tar éis duit an ghníomhaíocht a chríochnú, déan comhrá leis na páistí faoi na bealaí inar féidir leo leanúint ar aghaidh le hobair Íosa ina saoil féin. Cuidigh leo samplaí a thabhairt.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 48: Déanann na páistí machnamh ar an misean a thug Íosa dá chairde.

### Sa Bhaile

Lch. 49: Déanann na páistí agus a dteaghlaigh comhrá faoin gcaoi ar féidir leo leanúint ar aghaidh le hobair Íosa, agus deir siad paidir Chumann na Leanaí Misinéireachta le chéile.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: Tá Íosa fós Linn

*Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Mar ullmhúchán:**

- *Roghnaigh beirt pháiste mar léitheoirí. Tá an méid atá le léamh acu ar fáil thíos, agus b'fhéidir gur mhaith leat iad a fhótachóipeáil agus a dháileadh roimh an tseirbhís urnaí.*
- *Roghnaigh seachtar páiste chun na nithe seo a leanas a iompar chuig an altóir, mar chuid den mhórshiúl oscailte:*
- *éadach bán (beirt pháiste), Bíobla, coinneal, eitleog, Póstaer 9 agus cruinneog.*
- *Taispeáin an phaidir deiridh ag an am cuí ionas gur féidir leis na páistí í a rá.*

**Amhrán Tosaigh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

**M:** Le seachtainí anuas, bhíomar ag smaoineamh ar fhocail deiridh Íosa chuig a chairde. Bhíomar ag foghlaim freisin faoi na rudaí a d'iarr Íosa ar a chairde a dhéanamh nuair a bheadh sé imithe. Tógaimis chun chuimhneamh cuid de na rudaí a d'fhoghlaimíomar le déanaí.

*Siúlann na leanaí go dtí an spás urnaí leis an éadach bán, an Bíobla, coinneal, eitleog, Póstaer 9 agus an chruinneog.*

**Léitheoir 1:** A Dhia ár nAthair, gabhaimid buíochas leat as bronntanas Íosa inár saol. Daichead lá i ndiaidh na Cásca is cuimhin linn gur fhág Íosa a chairde agus chuaigh sé ar ais chun na flaithis, chun a bheith in éineacht leat. Gheall sé nach bhfágfadh sé ina n-aonar iad agus go mbeadh sé leo i gcónaí, go deo. Tá sé fós linn inniu, i gcónaí freisin.

**Léitheoir 2:** Dúirt Íosa lena chairde, 'Tá mé ag dul ar ais go dtí an tAthair. Iarrfaidh mé air, cúntóir speisialta a chur chugaibh chun cabhrú libh.'

**Gach duine:** *Oscail bosa na láimhe, dírithe i dtreo na spéire, géaga láimhe sínte amach. Ardaigh na géaga go mall agus abair:* 'Chuaigh Íosa suas ar neamh, áit atá sé ina shuí ar dheis a Athair.'

*Tiontaigh bosa na láimhe agus ísligh géaga do láimhe síos go mall. Le do ghéaga sínte amach go fóill, abair:* 'Go gairid ina dhiaidh sin, ag an gCincís, thuirling an Spiorad Naomh ar chairde Íosa.'

**M:** Tá an Spiorad Naomh linn go fóill, díreach mar a bhí sé le cairde Íosa ar lá na Cincíse. Guímis inniu chun an Spiorad Naomh, agus iarraimid air teacht chugainn.

Abair i mo dhiaidh: cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar do ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá*)

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*)

(*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

**M:** Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Guímis na focail seo a leanas inniu: 'A Spioraid Naoimh, tar chugam.' Mar a ionanálann tú, guigh 'A Spioraid Naoimh.' (*Sos*)

Mar a easanálann tú, guigh 'tar chugam.' (*Sos*)

Guigh na focail go réidh chugat féin gach uair a ionanálann agus a easanálann tú. Ná bíodh deifir ort. (*Sos*)

A Spioraid Naoimh. (*Sos*)

Tar chugam. (*Sos*)

A Spioraid Naoimh. (*Sos*)

Tar chugam. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt.

**M:** A Thiarna Íosa,
Thug tú misean dúinn dul agus an Dea-Scéala a scaipeadh.
Seol do Spiorad Naomh chugainn chun a bheith linn fad is a thaispeánaimid do ghrá i ngach a dhéanaimid agus i ngach a deirimid.
Cabhraigh linn a bheith cneasta le chéile.
Cabhraigh linn roinnt ar a chéile.
Cabhraigh linn leithscéal a ghabháil nuair is gá.
Cabhraigh linn maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile.
Ar an mbealach seo, beidh do mhisean á leanúint againn agus beimid ag roinnt Dea-Scéala do ghrá dúinn.

**M:** Guímis inniu an phaidir ó Chumann na Leanaí Misinéireachta.

*Taispeáin an phaidir*


**M**ise ag Íosa
**I**s Íosa agamsa
**'S** amhlaidh do leanaí an domhain
**E**isean
**Á**r múineadh is ár
**N**eartú chun guí agus roinnt ár gcuid lena chéile go sroichfimid an bheatha shíoraí.
Áiméan.

**Amhrán deiridh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.

## SLEACHTA A BHAINEANN LEIS AN TSEIRBHÍS URNAÍ

**Léitheoir 1:** A Dhia ár nAthair, gabhaimid buíochas leat as bronntanas Íosa inár saol. Daichead lá i ndiaidh na Cásca is cuimhin linn gur fhág Íosa a chairde agus chuaigh sé ar ais chun na flaithis, chun a bheith in éineacht leat. Gheall sé nach bhfágfadh sé ina n-aonar iad agus go mbeadh sé leo i gcónaí, go deo. Tá sé fós linn inniu, i gcónaí freisin.

**Léitheoir 2:** Dúirt Íosa lena chairde, 'Tá mé ag dul ar ais go dtí an tAthair. Iarrfaidh mé air, cúntóir speisialta a chur chugaibh chun cabhrú libh.'



Is é an misean atá agat ná triúr a chur ag gáire.

Is é an misean atá agat ná lár-ainm triúr a fháil amach.

Is é an misean atá agat ná triúr a aimsiú sa rang a bhfuil madraí acu. Faigh amach ainmneacha a gcuid madraí.

Is é an misean atá agat ná trí chrián gorma agus trí chrián dearga a bhailiú.

Is é an misean atá agat ná triúr a aimsiú sa rang a bhfuil cait acu. Faigh amach ainmneacha a gcuid cait.

Is é an misean atá agat ná triúr a aimsiú ar mhaith leo an dath gorm.

Is é an misean atá agat ná triúr a aimsiú ar mhaith leo an dath dearg.

Is é an misean atá agat ná an clár teilifíse is fearr le triúr a fháil amach.

Is é an misean atá agat ná fiafraí de thriúr cad é an bréagán is fearr leo.

# Téama 9: Cruthú Dé

## Ceacht 1: Chruthaigh Dia an domhan
## Ceacht 2: Chruthaigh Dia sinn … táimid speisialta

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Dé**
- Tá Dia síoraí – bhí sé ann i gcónaí, tá sé ann faoi láthair agus beidh sé ann i gcónaí

**Cruthú an Domhain**
- Is é Dia ár nAthair ár gcruthaitheoir, agus tugann sé grá dúinn mar a thugann athair grá dá chuid páistí
- Chruthaigh Dia sinn le corp agus le hanam
- Is comhartha de ghrá Dé dúinn é an cruthú

**Rúndiamhair na hEaglaise**
- Tá daoine de chuile aoisghrúpa, cine, cultúr agus éirime mar bhaill de chlann Dé
- Déan ról na scoile Caitlicí mar chuid de phobal áitiúil na hEaglaise. Céard a tharlaíonn inár scoil Chaitliceach

**Traidisiúin Reiligiúnacha Eile**
- Anseo ar talamh táimid mar bhaill de theaghlach agus de phobal daonna amháin
- Tá gach duine uathúil, luachmhar i súile Dé

### Briathar Dé

**An Scrioptúr Naofa: Plean grámhar Dé don Slánú**
- Gein 1-2:4. An scéal faoi chruthú an domhain
- Gein 1:26-7. Déanta in íomhá Dé
- Salm 9:1. Ag glacadh buíochais le Dia
- Salm 95:1-7. Salm molta

### Móráltacht Chríostaí

**Dínit an Duine**
- Is é plean Dé go mbeidh grá agus meas ag daoine ar a chéile agus go mbeidh siad sona le chéile
- Thug Dia buanna, na céadfaí daonna, an corp, teanga, bronntanas na beatha dúinne, do dhaoine eile agus don domhan

**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**
- Cruthaíodh sinn dá chéile (idirspleáchas)
- Chruthaigh Dia chuile dhuine agus chuile rud agus is le Dia iad. Mar sin tá ardmheas ag Críostaithe ar dhaoine agus ar an domhan
- Tá sé de dhualgas ar chuile dhuine aire a thabhairt don timpeallacht
- Thug Dia an éirim agus an scil dúinn chun aire a thabhairt don domhan

**OCG i gComhthéacs Críostaí**
- Tá freagracht ar gach ball den teaghlach dá chéile

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 1:

### Cuspóir Foghlama 1

**Foilsiú Dé**
Dia agus an Bíobla
b. *Cúram Dé don chruthú.*
- Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi na nithe seo maidir le Críostaithe:
- Gur Dia a chruthaigh gach rud.
- Gur rud maith é an cruthú.

# Ceacht 1: Chruthaigh Dia an domhan

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá páistí inniu ag fás aníos i ndomhan ina bhfuil taighde eolaíoch ar nádúr agus ar bhunús na cruinne ag sárú teorainneacha nua go leanúnach. Cuireann an ceacht seo béim ar Dhia mar Chruthaitheoir na cruinne agus mar an príomhghluaisteoir taobh thiar dá fhás agus forbairt. Féachann sé freisin le béim a leagan ar chaidreamh leanúnach an chruthaitheora leis an gcruthú, agus ar an gcúram a thugann sé dó.

Déanann an ceacht seo forbairt bhreise ar an obair a rinneadh mar chuid de *I nGrá Dé* do Naíonáin Shóisearacha/B1 agus do Naíonáin Shinsearacha/B2, áit a rinne na páistí iniúchadh ar scéal an Chruthaithe. An tseachtain seo, spreagtar na páistí chun iontas a dhéanamh faoi rúndiamhair an Chruthaithe agus faoi na bronntanais a thug Dia do dhaoine. I rith an cheachta spreagtar iontas, spiorad buíochais agus moladh chun Dia.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Ábhar ealaíne ar fáil do na páistí chun rud éigin a dhéanamh, mar shampla taos súgartha, píosa páipéir agus siosúr, píosaí Lego, srl.
- Maidir leis an nGníomhaíocht Ealaíne:
  - Rogha irisí/íoslódáilte íomhánna de ainmhithe fiáine
  - Siosúr agus roinnt gliú do gach páiste
  - Ceithre bhileog páipéir A4 ar a bhfuil tú tar éis ciorcal a tharraingt agus ceann de na focail seo a leanas scríofa iontu: plandaí agus crainn, créatúir na spéire, créatúir na farraige, ainmhithe.



# Féachaimis …

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Rud éigin a dhéanamh as ábhair éagsúla

Déan na hábhair a dháileadh ar na páistí (nó lig dóibh a gcuid féin a roghnú), agus tabhair roinnt ama dóibh rud éigin a dhéanamh. Ina dhiaidh sin, tabhair cuireadh do leanaí áirithe cur síos a dhéanamh ar an méid a rinne siad agus cad a d'úsáid siad chun é a dhéanamh.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Rud éigin a dhéanamh agus gan aon ábhair a bheith acu

Inis do na páistí gur mhaith leat an dara deis a thabhairt dóibh chun rud éigin a dhéanamh. An uair seo tá siad chun deis a fháil rud éigin a chruthú agus gan aon ábhair a bheith acu. Abair leis na páistí a lámha a chur ar a gcuid boird, bosa i dtreo na spéire. Siúil timpeall an tseomra, agus 'tabhair' 'faic' do gach páiste chun rud éigin a dhéanamh. Buail bos gach duine go héadrom mar a thugann tú 'faic' dóibh. Ansin abair leo a gcuid súl a dhúnadh agus rud éigin a chruthú.

Tar éis cúpla nóiméad, iarr ar na páistí a súile a oscailt, agus déan comhrá leo agus na ceisteanna seo nó a léithéid de cheisteanna á úsáid agat:

- Ar chruthaigh duine ar bith rud ar bith? Cad é? An bhfuil sé fíor nó samhailteach?
- An féidir leat rud a chruthú gur féidir leat teagmháil leis agus gan ábhar ar bith a bheith agat?
- An féidir leat smaoineamh ar rud ar bith a cruthaíodh as faic? An féidir leat smaoineamh ar aon duine a chruthaigh rud ar bith as faic? Ní féidir ach le Dia amháin rud a chruthú as faic!

## PAIDIR

### Glóir don Athair

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu déanaimis iarracht a shamhlú conas mar a bhí cúrsaí ag tús an domhain. I dtús báire, ní raibh rud ar bith ann, ach níor theastaigh ó Dhia go mbeadh rudaí amhlaidh. Smaoinigh ar sin ar feadh nóiméid. Bímis socair agus ciúin anois.

*Can amhrán oiriúnach nó/agus seinn 'Ceol Machnamhach' sa chúlra don chuid eile den urnaí.*

**M:** Anois ó táimid socair agus ciúin, dúnaimis ár súile. (*Sos*)

Déan iarracht a shamhlú conas mar a bhí cúrsaí ag tús an domhain. (*Sos*)

I dtús báire, ní raibh rud ar bith ann. Ní raibh aon spéir, aon ghrian, aon ghealach agus na réaltaí ann. Ní raibh ann ach uisce ag gluaiseacht timpeall i spás dorcha, folamh. Samhlaigh é sin. (*Sos*)

Níor theastaigh ó Dhia go mbeadh rudaí amhlaidh. Theastaigh ó Dhia rud éigin a chruthú. (*Sos*)

Mar sin, chruthaigh Dia rud éigin as faic. (*Sos*)

Samhlaigh na rudaí go léir a chruthaigh Dia. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt.

**M:** A Dhia Ghrástúil,
Is tú an Cruthaitheoir iontach, an té a thug an domhan dúinn agus na bronntanais iontacha go léir ann.
Bhí tú ann ag an tús, tá tú linn anois, agus beidh tú i gcónaí linn.

Le chéile, tugaimis glóir do Dhia:

**Gach duine:** Glóir don Athair,
Agus don Mhac,
Agus don Spiorad Naomh.
Mar a bhí ó thús,
Mar atá anois,
Mar a bheas go brách,
Le saol na saol.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Scéal an Chruthaithe' – Cuid 1

Tosaigh trí mheabhrú do na páistí go raibh Dia ann i dtosach, nuair nach raibh aon rud ann, agus ba é Dia a chruthaigh an domhan agus na bhronntanais iontacha go léir atá ann. Bhí Dia in ann rud a chruthú as faic. Ansin léigh 'Scéal an Chruthaithe' - Cuid I.

**'Scéal an Chruthaithe' – Cuid 1**
(*Curtha in oiriúint ó Gheineasas 1:1-13*)



I dtús báire, ní raibh rud ar bith ann. Ní raibh an spéir ann, an ghrian ann, an ghealach agus na réaltaí ann. Ní raibh ann ach uisce ag gluaiseacht timpeall i spás dorcha folamh. Níor theastaigh ó Dhia go mbeadh rudaí mar sin.

Mar sin, rinne Dia an solas. 'Bíodh solas ann!' Ar seisean. Agus bhí an solas ann. Thug Dia 'lá' ar an solas agus 'oíche' ar an dorchadas.

Ansin, bheartaigh Dia ar an uisce sna scamaill bhána thuas a dheighilt ón uisce ar an talamh thíos. Is mar sin, a chruthaigh Dia an spéir.

Ansin dúirt Dia, 'Bíodh talamh tirim le feiceáil.' Agus tharla sé mar a dúirt sé. Tháinig an talamh tirim aníos ón uisce. Agus thug Dia 'tír' ar an talamh tirim agus 'muir' ar na huiscí le chéile.

Ansin dúirt Dia, 'Bíodh gach cineál plandaí ag fás ar an talamh.' Agus tharla sé mar a dúirt sé. Chruthaigh Dia torthaí buíonna agus torthaí glasa. Bhí glasraí ann a d'fhás sa talamh agus glasraí ann a d'fhás ar chrainn. Bhí plandaí ann le duilleoga glasa agus plandaí ann le duilleoga dearga. Bhí caora ag roinnt plandaí agus ní raibh caora ag roinnt eile. Bhí gach cineál planda ann go bhféadfaí a shamhlú!

D'fhéach Dia ar gach rud a bhí cruthaithe aige: an solas, an spéir, an fharraige, an talamh agus na plandaí. Bhí áthas ar Dhia faoi gach a bhí cruthaithe aige. D'fhéach Dia ar gach a bhí cruthaithe aige go dtí sin. Bhí sé go maith.

Tar éis an sliocht Scrioptúrtha a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cad a chruthaigh Dia ar dtús?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:


- N'fheadar ... cén fáth ar theastaigh ó Dhia an domhan a chruthú ar chor ar bith? Cén fáth nár fhág Dia gach rud mar a bhí sé, gan solas, gan ainmhithe agus gan plandaí?
- Rinneamar iarracht rud a chruthú gur féidir linn go léir a fheiceáil agus a theagmháil as faic. Ar éirigh linn? Cad a insíonn sé seo dúinn faoi Dhia?
- Conas a mhothaigh Dia faoi gach rud a chruthaigh sé? An raibh sé sásta leo? Cén fáth?

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Scéal an Chruthaithe' – Cuid II

Tosaigh trí mheabhrú a dhéanamh ar na rudaí a chruthaigh Dia ar dtús. Ansin léigh, 'Scéal an Chruthaithe' - Cuid II.

**'Scéal an Chruthaithe' – Cuid II**
(*Curtha in oiriúint ó Gheineasas 1:14-25*)



Ina dhiaidh sin, chruthaigh Dia an ghrian gheal the sa spéir chun a bheith ag lonrú i rith an lae. Ansin, chruthaigh Dia an ghealach bhreo agus na réaltaí ag drithliú i rith na hoíche. Anois, ní raibh an spéir lom – bheadh rud éigin ann i gcónaí! Bhí áthas ar Dhia leis an méid a chonaic sé.

Ansin dúirt Dia, 'Bíodh an t-uisce líonta le gach cineál créatúir. Agus bíodh éin álainn ag eitilt sa spéir os cionn an domhain.' Mar sin,

...

chruthaigh Dia ainmhithe iontacha chun cónaí san uisce. Bhí cinn mhóra agus cinn bheaga ann, cinn tanaí agus cinn ramhara ann. Bhí go leor cosa ag roinnt créatúir farraige agus roinnt eile nach raibh aon chosa orthu ar chor ar bith. Bhí cuid acu a raibh sliogáin chrua acu agus cuid eile a raibh craiceann mín acu. Bhí fiacla géara ag roinnt créatúir agus créatúir eile nach raibh fiacla ar bith acu.

Chruthaigh Dia gach cineál éan freisin chun eitilt ar fud na spéire. Bhí muiníl fada ag cuid acu, agus cosa fada ag cuid eile! Bhí gach dath gur féidir leat a shamhlú ar na héin.

D'fhéach Dia ar gach a chruthaigh sé: an ghrian, an ghealach agus na réaltaí, na créatúir san fharraige agus na créatúir san aer. Bhí áthas ar Dhia leis an méid a bhí cruthaithe aige. Bhí sé go maith.

Bhí a fhios ag Dia go raibh gach rud go maith. Bhí an spéir agus an domhan go maith, na farraigí agus na plandaí, an ghrian agus an ghealach go maith. Bhí na rudaí seo go léir go maith. Ansin, bhí na créatúir san fharraige. Bhí siad go maith freisin. Bhíodh cuid acu ag snámh ar bhun na farraige, agus léim cuid acu amach as an uisce, ag déanamh steallóg mhór!

Bhí na héin sa spéir go maith freisin. Chan siad amhráin álainn. Rinne siad neadacha freisin ó dhuilleoga agus ó chraobhóga, agus thug siad cúram dá gcuid leanaí.

Thug na hainmhithe ar an talamh cúram dá gcuid leanaí chomh maith. Rinne siad a gcuid tithe i bpoill sa talamh, nó i bpluaiseanna, nó sna crainn. Bhíodh roinnt acu ag seilg i rith an lae agus roinnt eile ag seilg istoíche, agus bhí siad go léir go maith.

Tar éis an sliocht Scrioptúrtha a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cad a chuir Dia sa spéir?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad é an créatúr is fearr leat san fharraige? Cén fáth gur maith leat é?
- Cad faoi na héin? An féidir leat roinnt éan a ainmniú agus cur síos a dhéanamh orthu? Cén ceann is fearr leat? Cén fáth ar maith leat é?
- Conas a mhothaigh Dia faoi na créatúir seo go léir? Cén fáth, dar leat, a raibh Dia sásta leo ar fad?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Colláis den Chruthú

Taispeáin an ceithre phíosa páipéir A4 agus na lipéid ar gach ceann acu do na páistí. Inis dóibh gurb é an tasc atá acu ná roinnt íomhánna a fháil a fhreagraíonn do gach ceann de na lipéid seo. Tabhair roinnt ama do na páistí chun é seo a dhéanamh. Nuair a bhíonn íomhá aimsithe acu, is féidir leo í a chur ar an gciorcal cuí. Nuair a bhíonn an gearradh amach ar fad críochnaithe acu, iarr orthu athbhreithniú a dhéanamh ar gach ceann de na ciorcail agus a chinntiú go bhfuil na híomhánna cearta sna ciorcail cearta. Ansin iarr ar na páistí na híomhánna a ghreamú go buan ar gach píosa páipéir.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 50: Déanann na páistí machnamh ar Scéal an Chruthaithe.

### Sa Bhaile

Lch. 51: Scrúdaíonn na páistí scéal an Chruthaithe lena dteaghlaigh. Ansin tugtar cuireadh dóibh comhrá a dhéanamh lena dteaghlaigh faoin gcuid is fearr leo de chruthú Dé, agus an *Glóir don Athair* a ghuí le chéile.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

I dtosach ní raibh aon rud ann agus ón 'bhfaic' seo chruthaigh Dia an domhan agus a bhronntanais iontacha - spéir, talamh, farraige, créatúir an aeir, créatúir na talún agus créatúir na spéire.

## PAIDIR

Comhartha na Croise

**M:** Bhí fear ann fadó darbh ainm Dáiví. Bhí grá mór ag Dáiví do Chruthú Dé agus mar sin scríobh sé go leor dánta ag tabhairt moladh agus buíochas do Dhia as a chruthú. Sailm a thugtar ar na dánta sin inniu, agus is féidir linn iad a léamh sa Bhíobla. Éistimis le salm anois (Salm 95):

Canaimis don Tiarna
Déanaimis gairdeas do Dhia ár slánaithe!
Tagaimis ina láthair le buíochas
Agus canaimis amhráin mholta dó,
Óir is Dia mór é go dearfa an Tiarna,
Is rí mór é os cionn na ndéithe go léir.
Rialaíonn sé an domhan ar fad,
Ó na pluaiseanna go dtí na cnoic arda.
Is leis an fharraige, óir is é a chruthaigh é;
Agus is iad a lámha a chruthaigh an talamh tirim.
Bímis umhal roimhe agus tugaimis adhradh dó;
Téimis ar ár nglúine i láthair an Tiarna a chruthaigh sinn!
Óir is é ár nDia;
Agus is sinne pobal a pháirce agus caoirigh a láimhe.

**M:** Le chéile, gabhaimis buíochas le Dia as a Chruthú. Tá roinnt gníomhartha ag dul leis an bpaidir seo. Is féidir libh iad a dhéanamh i mo dhiaidh.

Dia ionainn ... (*lámha ar an gcroí*)

Dia i bhfad uainn ... (*Coinnigh lámha amach, ar leibhéal arm, bosa na láimhe dírithe i dtreo na spéire*)

Cruthaitheoir an domhain ... (*Coinnigh na lámha in airde, ag leibhéal an ghualainn, bosa na láime dírithe i dtreo na spéire*)

Go raibh maith agat as bronntanas an Chruthaithe. (*Lámha le chéile ag guí*)

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Chruthaigh Dia sinn ... táimid speisialta

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Sa bhliain 1963 fuair Éadbhard Lorenz amach má athraítear na sonraí is lú sa saol, go n-athraítear an toradh deiridh go hiomlán. De réir 'teoiric an anoird' tugtar 'éifeacht féileacán' ar an bhfionnachtain seo - gur féidir le bualadh sciatháin féileacán ar mhór-roinn amháin a bheith ina chúis le hairicín ar an dtaobh eile den domhan!

An tseachtain seo, déanann na páistí iniúchadh ar éagsúlacht an chaidrimh a bhíonn ag daoine le bronntanais an Chruthaithe agus conas atá bronntanais an Chruthaithe ceangailte lena chéile. Treisítear an ceangal atá ann idir Dia agus bronntanais Dé tríd an seirbhís urnaí a bheidh ar siúl ag deireadh na seachtaine.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Maidir leis an nGníomhaíocht Ealaíne:
  - Rogha irisí/íoslódáilte íomhánna de dhaoine
  - Siosúr agus roinnt gliú do gach páiste
  - Dhá bhileog páipéir A3 ar a tharraing tú ciorcal agus an focal 'Daoine' scríofa ina lár
- Roinnt stiallacha de pháipéar dronuilleogach le saigheada ar a mbarr

# Féachaimis …

## SCÉAL

### 'Toto agus Marley'

Tosaigh trí insint do na páistí gur mhaith leat scéal a insint dóibh faoi dhá mhadra, ceann amháin a dtugtar Toto air agus an ceann eile Marley. Ansin léigh an scéal, 'Toto agus Marley'.

**'Toto agus Marley'**





Bhuail Toto agus Marley le chéile sa pháirc gach lá ag meán lae nuair a bhí siad amach ag siúl. Thaitin sé leis an dá mhadra bheith ag imirt le chéile nuair nach mbeadh aon choniallacha orthu. Bhí siad mór le chéile. Nuair a bheadh sé in am dul ar ais abhaile, bheadh brón orthu. Ach le himeacht aimsire, ní amháin go mbeadh brón orthu agus iad ag fágáil slán lena chéile, ach thosaigh siad ag éirí feargach chomh maith. 'Tá mo dhóthain de seo agam,' arsa Toto. 'Agus agamsa freisin!' arsa Marley. 'Ní mór dúinn teacht agus imeacht nuair a deir ár n-úinéirí linn. Ní theastaíonn uaim ach imirt anseo in éineacht leat. Níl mé ag iarraidh dul abhaile anois!'



Uair amháin, nuair a bhí a úinéir ar shiúl, cuireadh Toto isteach sna coinneála agus ní raibh seans aige dul go dtí an pháirc chun imirt le Marley. Ní raibh a fhios ag Marley cá raibh Toto. Ar deireadh, nuair a bhuail siad le chéile arís, dúirt Toto, 'Tá mo dhóthain de seo agam! Cad a cheapann tú ar an mbeirt againn a imeacht le chéile inniu? Bheimis saor ansin, gan úinéir ar bith, agus beidh gach rud go hiontach. Cad é do bharúil?' Ansin d'fhreagair Marley: 'Nach iontach an smaoineamh é sin! Tá an ceart agat! Níl siad ag teastáil uainn! Ar aghaidh linn!' Mar sin, nuair nach raibh a n-úinéirí ag faire, rith na madraí leo, amach as an bpáirc, síos an bóthar, thar na siopaí, trasna rianta an iarnróid go dtí go fuair siad áit chun dul i bhfolach inti.

Bhí spraoi ag na madraí ar dtús, ach ansin tháinig ocras orthu. 'Tá pian i mo bholg agam. Tá mé chomh hocrach sin! 'arsa Marley. 'Mise freisin!' arsa Toto. De réir mar a tháinig an dorchadas bhí brón ag teacht ar na madraí toisc gur imigh siad leo. 'Ba mhaith liom bheith sa bhaile!' arsa Toto. 'Mise freisin!' arsa Marley. Shuigh siad síos le chéile agus thosaigh siad ag caint faoi na rudaí iontacha a bhí acu sa bhaile. Thuig siad go raibh gá acu lena n-úinéirí. Shocraigh siad dul ar ais go dtí an pháirc an lá dár gcionn agus b'fhéidir go mbeadh seans acu bualadh lena n-úinéiri ann.





An lá dár gcionn, chuaigh Marley agus Toto ar ais go dtí an pháirc, díreach mar a bhí beartaithe acu. Nuair a shroich siad an pháirc baineadh geit astu. Bhí a n-úinéirí ann á lorg, agus ag iarraidh ar dhaoine an raibh a madraí feicthe acu. 'Tá ár madraí ar iarraidh,' arsa a n-úinéirí. 'Táimid uaigneach gan iad. Ní bhíonn aon spórt againn nuair a thagaimid abhaile ón obair, agus níl aon chara againn chun a bheith ina luí san ucht agus sinn ag breathnú ar an teilifís. Níl aon spraoi againn fad is atá Toto agus Marley ar iarraidh. Ba mhaith linn iad a fháil ar ais!'

'Woof!' arsa Marley. 'Woof, Woof!' arsa Toto. Bhí siad uaigneach gan a n-úinéirí freisin.

Mar sin, tháinig Toto, Marley agus a n-úinéirí le chéile arís, agus mhair siad go léir go sona sásta le chéile.

Tar éis an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cár bhuail an dá madra lena chéile?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An gceapann tú go raibh an ceart ag na madraí rith ar shiúl? An gceapann tú gur chaith a n-úinéirí go héagórach leo? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- Cén fáth, dar leat, ar bhraith na madraí in

éagmais a n-úinéirí? Conas a mhothaigh an bheirt úinéir, dar leat, nuair a thuig siad go raibh a gcuid madraí imithe?

- An bhfuil aon ainmhithe agat a dtugann tú aire dóibh? Cad iad na bealaí ina dtugann tú aire dóibh? Cé acu a bhfuil an t-ádh leo - iadsan nó tusa - nó an bhfuil an t-ádh agaibh go léir?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, déanaimis iarracht a shamhlú go bhfuilimid faoin tuath. Samhlaigh duit féin go bhfuil tú i bpáirc bhog le féar glas, lá samhraidh te.

Chun tosú abair i mo dhiaidh: cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar do ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá*)

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*)

(*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

**M:** Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Samhlaigh tú féin i bpáirc ghlas álainn, i do luí ar an bhféar glas te. Más mian leat, samhlaigh teas na gréine ar do chraiceann. (*Sos*)

Éist le fuaimeanna cruthaithe Dé. Cad is féidir leat a chloisteáil? (*Sos*)

B'fhéidir gur féidir leat ceol na n-éan a chloisteáil, nó na hainmhithe agus iad ag déanamh fuaimeanna éagsúla. (*Sos*)

Breathnaigh thart ar dhathanna álainn an Chruthaithe - gorm na spéire, dath glas an fhéir, dath donn an domhain agus dath buí na gréine. B'fhéidir gur féidir leat tuar ceatha a fheiceáil, agus dathanna iontacha air. (*Sos*)

Blas na bolaithe iontacha a théann tríd an aer agus a chuireann Cruthú Dé i gcuimhne dúinn. (*Sos*)

Sín amach do lámh agus déan teagmháil leis an chuid is fearr leat de Chruthú Dé. Fág do lámh ansin ar feadh tamaill agus, ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, abair 'Tá sé go maith!' (*Sos*)

Breathnaigh thart timpeall ort sula bhfágann tú, féach ar na radharcanna iontacha atá le feiceáil, éist leis na fuaimeanna glórmhara, blas na bolaithe éagsúla, téigh i dteagmháil le Cruthú Dé. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

**M:** Le críoch a dhéanamh tugaimis moladh do Dhia, a chruthaigh an domhan agus gach rud ann:

**Gach duine:** Glóir don Athair,
Agus don Mhac,
Agus don Spiorad Naomh.
Mar a bhí ó thús,
Mar atá anois,
Mar a bheas go brách,
Le saol na saol.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Scéal an Chruthaithe' – Cuid III

Tosaigh trí mheabhrú a dhéanamh ar an scéal, 'Toto agus Marley'. Cuidigh leis na páistí na rudaí a lua a thug Toto agus Marley dá úinéirí, mar shampla cuideachta agus spraoi. Ansin ainmnigh na rudaí a thug a n-úinéirí dá madraí, mar shampla bia agus foscadh. Ansin taispeáin Póstaer 10 do na páistí, agus bain úsáid as chun codanna éagsúla den Chruthú a thabhairt chun cuimhne. Iarr orthu an bhfuil a fhios acu cé a theastaigh ó Dhia a thabharfadh aire do na rudaí sin go léir. Ansin léigh 'Scéal an Chruthaithe' - Cuid III.

**'Scéal an Chruthaithe' – Cuid III**

(*Curtha in oiriúint ó Gheineasas 1:25-26*)



Bhí a fhios ag Dia go raibh rud éigin eile ag teastáil ón domhan - rud éigin speisialta. Bhí rud éigin an-mhaith ag teastáil ón domhan. Mar sin, chruthaigh Dia daoine. (*Sos ar feadh nóiméad*) Theastaigh ó Dhia go dtabharfadh daoine cúram do na héisc, do na héin, agus do na hainmhithe, agus go dtabharfadh siad aire dá chéile. Mar sin, chruthaigh Dia daoine chun iad a bheith cosúil leis féin. Bheidís maith, cineálta agus grámhar. Bheidís go maith ag rudaí éagsúla, ach, ag obair le chéile, bheidís in ann aire a thabhairt don domhan. Nuair a chonaic Dia é seo go léir, bhí a fhios aige nach raibh sé ach 'go maith' amháin. Bhí daoine speisialta. Bhí siad an-mhaith.

Tar éis an sliocht Scrioptúrtha a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cad a chruthaigh Dia nuair a chonaic sé go raibh rud éigin speisialta ag teastáil ón domhan?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Ba é plean Dé i gcónaí daoine a chruthú. Cad atá difriúil faoi dhaoine? Cad a bhí i bplean Dé do dhaoine?
- An féidir leat smaoineamh ar am nuair a rinne tú rud éigin a bhí mar chuid de phlean Dé do dhaoine? Am nuair a bhí tú maith agus cineálta agus grámhar, díreach mar a bhí beartaithe ag Dia do dhaoine?

Críochnaigh trí a mhíniú gur ullmhaigh Dia an domhan ar fad dúinn. Bhí Dia ag iarraidh orainn maireachtáil i ndomhan álainn leis na rudaí seo go léir ann.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Coláis de Dhaoine

Tosaigh trí scéal an Chruthaithe maidir le daine a thabhairt chun cuimhne na bpáistí tríd an bpíosa seo a leanas ó scéal an Chruthaithe a léamh: 'Ach bhí a fhios ag Dia go raibh rud éigin eile ag teastáil ón domhan - rud éigin speisialta. Bhí rud éigin an-mhaith ag teastáil ón domhan. Mar sin, chruthaigh Dia daoine ... Chruthaigh Dia daoine chun iad a bheith cosúil leis féin. Bheidís maith, cineálta agus grámhar.'

Ansin cuir i láthair na bpáistí íomhánna de dhaoine ó gach cultúr, aois agus cumas. Iarr orthu roinnt íomhánna a thaithníonn leo a ghearradh amach agus iad a ghreamú i gceann de na ciorcail.

Tar éis duit an ghníomhaíocht a chríochnú, spreag an páistí le breathnú ar an gcolláis agus déan comhrá leo ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- N'fheadar ... cén fáth, dar leat, ar shocraigh Dia ar dhaoine a chruthú? Cén chuma a bheadh ar an domhan muna mbeadh daoine ann?
- Cén fáth ar chruthaigh Dia gach duine difriúil óna chéile? Cén chuma a bheadh air dá mbeimis go léir mar an gcéanna?
- N'fheadar ... dá mbeadh Dia ina mhúinteoir nó ina bhreitheamh ar seó teilifíse, cad iad na marcanna a thabharfadh sé as daoine a chruthú?


## GNÍOMHAÍOCHT

### Ceangail a dhéanamh

Tarraing aird na bpáistí chuig na ceithre chiorclán colláisí a thaispeánann bronntanais Chruthaithe Dé, a rinne siad mar chuid de Cheacht 1: 'Chruthaigh Dia an domhan'. Cuir an dá chiorcal móra ar gach taobh de na ciorcail bheaga. Ansin tóg saighead agus cuir í ag pointí éagsúla, mar shampla, ag dul ó dhaoine go plandaí/crainn; ag dul ó ainmhithe go daoine; ag dul ó ainmhithe go créatúir na farraige. Déan é seo arís le saigheada breise. Más féidir, déan na gníomhartha seo go ciúin, le gluaiseachtaí malla, ag tarraingt aird na bpáistí chuig an méid atá á dhéanamh agat, seachas rud ar bith a déarfá.

Nuair a bheidh tú críochnaithe, déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth ar chuir mé na saigheada sin go léir idir na rudaí difriúla go léir a chruthaigh Dia? An féidir libh a mhíniú conas atá dhá cheann ar bith de na rudaí sna ciorcail éagsúla ceangailte le chéile?
- Ba é plean Dé don Chruthú ná go mbeadh gach rud ag brath ar a chéile ... an gceapann sibh gur plean maith é? Tá na daoine sna ciorcail is mó toisc gur chruthaigh Dia iad chun aire



a thabhairt do na nithe eile ar domhan. An gceapann sibh go bhfuil daoine go maith ag an obair sin? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil siad?
- Is é plean Dé do dhaoine ná go mbeimis go léir ag obair le chéile chun aire a thabhairt don domhan. Cén chaoi an léiríonn ár scoil go dtugaimid aire do chruthú Dé? Cad mar gheall ar ár bpobal paróiste?

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Is iomaí bronntanas iontach atá i gCruthú Dé. Tá na bronntanais seo go léir ceangailte lena chéile. Níl aon ní neamhthábhachtach; is codanna luachmhara iad uile den Chruthú. Is é Cruthú daoine ardphointe Chruthú Dé. Tá daoine ceangailte lena chéile agus le bronntanais eile an Chruthaithe.

## AG COMHRÁ

### Faoin Cheangal atá ann idir muid féin agus an Cruthú

Tosaigh trí mheabhrú a dhéanamh ar na bealaí ina bhfuil daoine ceangailte leis an gcuid eile de Chruthú Dé ag úsáid an cholláis a rinneadh le déanaí. Ansin déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat:

- Má tá baint againn go léir lena chéile, cén chaoi ar chóir dúinn caitheamh leis an chuid eile den Chruthú? Conas a d'fhéadfaimis é sin a dhéanamh?
- An féidir leat smaoineamh ar bhealach atá agat cheana féin a thaispeánann go bhfuil meas agat ar na naisc atá ann idir tú féin agus an chuid eile den Chruthú? An bhfuil aon rud níos mó a d'fhéadfá a dhéanamh?
- An féidir leat smaoineamh ar am nuair nár thaispeáin tú meas don Chruthú? Cén athrú a d'fhéadfá a dhéanamh amach anseo?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 52: Cuireann na páistí agallamh ar chara chun a fháil amach cad atá speisialta faoi/fúithi.

### Sa Bhaile

Lch. 53: Déanann na páistí agus a dteaghlaigh comhrá faoin gcaoi a thugann siad cúram cheana féin don domhan a rinne Dia, agus spreagtar iad chun tabhairt faoi rud amháin breise sa tseachtain seo chugainn. Tá paidir le rá le chéile freisin.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: An Cruthú

*Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Mar ullmhúchán:**

- *Abair leis na páistí go mbeidh siad ag déanamh gníomh éigin le linn an phaidir. Múin dóibh conas an comhartha 'maith' a dhéanamh* (déan cruth 'O' leis an ordóg agus an mhéar thosaigh fad is atá sméideadh cinn á dhéanamh agat) *agus an comhartha do 'an-mhaith'.* (Ordóga in airde fad is atá sméideadh cinn á dhéanamh)

**Amhrán Tosaigh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

**M:** I dtús báire, ní raibh rud ar bith ann. Ansin dúirt Dia, 'Bíodh solas ann!' Thug Dia 'lá' ar an solas agus 'oíche' ar an ndorchadas. Ina dhiaidh sin, chruthaigh Dia an spéir. Agus cad a dúirt Dia?
**Pobal:** Dúirt Dia, 'Tá sé seo go maith!'

**M:** Ansin, chruthaigh Dia an fharraige agus an talamh, plandaí agus crainn. Agus cad a dúirt Dia?
**Pobal:** Dúirt Dia, 'Tá sé seo go maith!'

**M:** Ansin chruthaigh Dia an ghrian, an ghealach agus na réaltaí agus ina dhiaidh sin chruthaigh Dia créatúir na farraige agus créatúir na spéire. Agus cad a dúirt Dia?
**Pobal:** Dúirt Dia, 'Tá sé seo go maith!'

**M:** Ansin, chruthaigh Dia na hainmhithe. Agus cad a dúirt Dia?
**Pobal:** Dúirt Dia, 'Tá sé seo go maith!'

**M:** Bhí a fhios Dia go raibh gach rud a chruthaigh sé go maith.
Ach bhí a fhios ag Dia freisin go raibh gá do rud éigin eile ar domhan. Mar sin, chruthaigh Dia daoine.
**Pobal:** Dúirt Dia, 'Tá sé seo an-maith!' (*Ordóga in airde fad is atá sméideadh cinn á dhéanamh*)

**M:** Dún do shúile ar feadh nóiméid. (*Sos*)

An bhfuil rud ar bith ba mhaith le héinne a rá le Dia, faoi na rudaí atá foghlamtha againn le dhá sheachtain anuas, fúinn féin agus faoi chruthú Dé? (*Sos*)



**M:** Nuair atá tú réidh, oscail do shúile. Is féidir leat paidir a rá anois - amach os ard nó ciúin duit féin. I ndiaidh duit an phaidir a rá (amach os ard nó i gciúnas do chroí), abair 'Áiméan' agus déarfaimid 'Áiméan' freisin. Ansin, rachaimid ar aghaidh go dtí an chéad duine eile.

*Téigh timpeall chuig gach páiste, ag tabhairt deis dóibh paidir a rá os ard nó go ciúin.*

**Pobal:** Dia ionainn ... (*lámha ar an gcroí*)
Dia i bhfad uainn ... (*Coinnigh lámha amach, ar leibhéal arm, bosa na láimhe dírithe i dtreo na spéire*)
Cruthaitheoir an domhain ... (*Coinnigh na lámha in airde, ag leibhéal an ghualainn, bosa na láime dírithe i dtreo na spéire*)
Go raibh maith agat as bronntanas an Chruthaithe. (*Lámha le chéile ag guí*)

**Amhrán Deiridh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.

# Téama 10: I nGrá Dé

Ceacht 1: Ag Maireachtáil I nGrá.
Ceacht 2: Ag Fás I nGrá

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Íosa Críost**
- Mhúin Íosa dúinn conas maireachtáil le grá inár saol: grá do Dhia, grá do dhaoine eile

### Briathar Dé

**Saol Poiblí Íosa**
- Eoin 13:34-35. Aithne an ghrá

### Liotúirge agus Urnaí

**Urnaí: Urnaí Fhoirmeálta**
- Paidir Thurais

**Urnaí: Paidreacha Breise**
- Urnaí chun meas ar dhaoine eile a léiriú

### Móráltacht Chríostaí

**Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé**
- Tugann Íosa aithne nua dúinn-Dlí an Ghrá (ChEC 1823)
- Seo é Dlí an Ghrá Íosa: tabhair grá dá chéile mar a thug mise grá daoibh (Eoin 13:34-35)

**Saoirse agus Freagracht an Duine**
- Nuair a roghnaímid freagairt do ghrá Dé, éirímid níos cosúla leis

**OCG i gComhthéacs Críostaí**
- Tá Íosa inár dteannta le linn dúinn a bheith ag fás agus ag athrú
- Cuir san áireamh: Scéalta a bhaineann leis an mhaith vs. an t-olc, faoi ghníomhartha cearta agus míchearta. Scéalta a léiríonn luachanna morálta Críostaíochta ar nós síochánaíocht, carthanacht, ceartas sóisialta, idirspleáchas, aire do na heasláin, aire don domhan, maithiúnas, cairdeas, fáilte a chur roimh an strainséir, tábhacht an teaghlaigh, misneach déileáil le míchumas

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 1:

### Cuspóir Foghlama 1

**Foilsiú Dé**
Dia agus an Bíobla
*d. Ministreacht Íosa.*
- Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi ar na nithe seo:
- Teagasc Íosa ar ghrá, ar mhaithiúnas agus ar umhlaíocht.

# Ceacht 1: ‘Ag Maireachtáil I nGrá

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tugtar Dlí an Ghrá ar an ordú a thug Íosa dá chairde ‘grá a thabhairt dá chéile’ (Eoin 15:12). Iarrann Íosa orainn caitheamh le daoine eile mar a chaith sé leo; le cineáltas, le bá, meas, imní, grá, fírinne, macántacht agus ceartas. Tá sé ag iarraidh orainn breathnú ar dhaoine eile mar a d’fhéach sé orthu. Is éasca míthuiscint a dhéanamh ar Dhlí an Ghrá. Smaoiníonn go leor daoine láithreach go mbaineann Dlí an Ghrá le cairde agus teaghlaigh grámhara ach déanann siad dearmad go minic go mbaineann sé leis an strainséir, an dídeanaí, an duine a chuireann isteach orainn agus fiú ár naimhde. Seo fíorbhrí an ghrá Chríostaí.

An tseachtain seo, déanaimid iarracht cabhrú leis na páistí Dlí an Ghrá a chur i bhfeidhm ina saol féin. Cuirimid i gcuimhne dóibh nach leor a rá gur breá leo daoine eile, caithfidh siad gníomhú ar an meon sin agus é a thaispeáint. Molaimid dóibh é seo a dhéanamh trí samplaí de pháistí eile, a léiríonn grá ina saol, a thabhairt dóibh, sula n-iarraimid orthu gníomh grá a dhéanamh iad féin.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Ceann de na cásanna (thíos) do gach grúpa de thriúr
- Cóip den teimpléad (thíos) do gach páiste



# Féachaimis ...

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, rinneamar smaoineamh ar go leor samplaí den chaoi ina léiríonn daoine grá dúinn. Caithimis roinnt ama inniu ag gabháil buíochas le Dia as na daoine sin go léir, agus an grá atá acu dúinn. Is féidir linn labhairt le Dia ag baint úsáid as ár nguthanna inmheánacha. Chun tús a dhéanamh bímis socair agus ciúin.

*Can amhrán oiriúnach nó 'Ceol Machnamhach' ar dhlúthdhiosca, agus fág ag seinm é sa chúlra don chuid eile den urnaí.*

**M:** Anois ó táimid socair agus ciúin, dúnaimis ár súile. (*Sos*)

Smaoinigh ar feadh nóiméid faoi dhuine a léirigh grá duit. B'fhéidir gur duine éigin i do theaghlach atá ann, cara, comharsa, nó duine éigin anseo sa scoil.
Samhlaigh an duine sin i do cheann. (*Sos*)

Smaoinigh ar an am a léirigh siad grá duit. (*Sos*)

Anois, ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, abair 'go raibh maith agat' do Dhia faoin duine sin. (*Sos*)

Anois, smaoinigh ar am nuair a thaispeáin tú grá do dhuine éigin eile. B'fhéidir gur duine éigin i do theaghlach a bhí ann, cara, comharsa, nó duine éigin anseo sa scoil. Samhlaigh an duine sin i do cheann. (*Sos*)

Smaoinigh ar conas a mhothaigh tú nuair a thaispeáin tú grá don duine sin. (*Sos*)

Iarr ar Dhia a bheannacht a thabhairt don duine sin. (*Sos*)
Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

**M:** A Thiarna Ghrámhair,
Go raibh maith agat as na daoine go léir a léiríonn grá dúinn.
Cabhraigh linn grá a thaispeáint do dhaoine eile trína bheith cineálta leo.
Guímis ár bpaidir trí Íosa, ár gcara.
**P:** Áiméan.
*Comhartha na Croise*




# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Tugaigí grá dá chéile'

Léigh an sliocht, 'Tugaigí grá dá chéile'. Mínigh gur as an Soiscéal de réir Eoin a thagann sé.

**'Tugaigí grá dá chéile' I nGrá Dé, Rang a hAon, lch. 259**



(*Curtha in oiriúint ó Eoin 13:34-35*)
Bhí a fhios ag Íosa go raibh sé chun dul ar ais chuig a Athair ar neamh. Bhí a fhios aige freisin go mbeadh sé fós lena chairde ar bhealach nua. Ní bheidís in ann é a fheiceáil agus é a chloisteáil mar a d'fhéadfaidís cheana. Mar sin, roimh dhul ar ais go dtí an t-Athair, thug sé riail mhaireachtála dá chairde. Dúirt sé, 'Tugaigí grá dá chéile. Faoi mar a thug mise grá daoibhse, tugaigí grá dá chéile. Má tá grá agaibh dá chéile, ansin beidh a fhios ag gach duine gur cairde liomsa sibh.'

Tar éis duit an sliocht a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí agus ceisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cá raibh ar Íosa dul?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Dúirt Íosa lena chairde grá a thabhairt dá chéile díreach mar a thug sé grá dóibh. An cuimhin leat roinnt de na scéalta faoi na daoine a léirigh Íosa grá dóibh?
- Dúirt Íosa má ghníomhaigh a chairde le grá, bheadh a fhios ag gach duine gur a chairde a bhí iontu. Cé a bhfuil aithne agat orthu gur cairde le hÍosa iad? Conas a mhaireann siad?
- Dá dtiocfadh duine isteach inár seomra ranga anois, an mbeadh a fhios acu gur cairde Íosa muid? Cad a bheadh le cloisteáil agus le feiceáil acu?

## DÁN

### Grá Íosa

Léigh an dán 'Grá Íosa' do na páistí.

**Grá Íosa**
Grá Íosa im' chroíse,
Grá Íosa im' bhéal,
Grá Íosa im' éisteacht
nó im' insint aon scéal.

Grá Íosa im' intinn,
Grá Íosa im' ghníomh,
Grá Íosa ag obair trím
I ngach aon suíomh.

Grá Íosa im' bheatha,
Grá Íosa im' shaol,
Grá Íosa dom threorú
I ndainséar 'gus baol.

Grá Íosa im' sheasamh,
Grá Íosa im' shuí,
Grá Íosa im' éirí,
Grá Íosa im' luí.

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### Rólimirt

Tosaigh tríd an dán, 'Grá Íosa' a léamh, agus na bealaí go léir a mheabhrú leis na páistí gur féidir leo grá a thabhairt dá chéile, mar a d'iarr Íosa. Ansin roinn an rang i ngrúpaí de thriúr. Tabhair ceann de na cásanna a bhfuil cuntas orthu thíos do gach grúpa. Iarr ar gach grúpa an cás a rólimirt don chuid eile den rang. Tá triúr i ngach grúpa, mar sin is féidir le gach páiste ról a ghlacadh. Nuair a bhíonn na cásanna go léir curtha i láthair, is féidir leis an gcuid eile den rang labhairt faoin gcaoi inar thaispeáin daoine grá dá chéile, mar a d'iarr Íosa orainn. D'iarr Íosa orainn a bheith grámhar agus maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile.



# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Sula bhfuair sé bás, d'iarr Íosa ar a chairde grá a thabhairt dá chéile faoi mar a thaispeáin sé dóibh. Mar chairde d'Íosa, is féidir linn grá a thaispeáint dá chéile mar a d'iarr Íosa. Is féidir linn é seo a dhéanamh trí a bheith cairdiúil, a bheith flaithiúil, aire a thabhairt dóibh siúd atá tinn, aire a thabhairt don domhan, trí mhisneach a bheith againn, agus a bheith cineálta lenár dteaghlach.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Dearbhán grámhar

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- D'iarr Íosa ar a chairde grá a thabhairt dá chéile. An bhfuil sé éasca i gcónaí grá a thaispeáint do dhaoine eile? Cathain is féidir é a bheith deacair é sin a dhéanamh?
- An cuimhin leat am nuair a thaispeáin tú grá do dhuine eile, mar a d'iarr Íosa? An raibh sé éasca nó crua? Cén fáth?
- An raibh am ann nuair a léirigh duine grá duit?




Ansin roinn na teimpléid amach agus iarr ar na páistí smaoineamh ar dhuine gur féidir leo grá a thaispeáint dóibh.
Tabhair cuireadh dóibh an dearbhán a líonadh agus é a thabhairt don duine a roghnaigh siad. Cuir i gcuimhne dóibh nuair a thugann siad an dearbhán nach bhfuil sa mhéid sin ach tús na hoibre! Caithfear gníomhú air i ndáiríre chun grá a thaispeáint.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** D'iarr Íosa ar a chairde grá a bheith acu dá chéile díreach mar a ghráigh sé iad. Tá a fhios againn go bhfuil grá ag Íosa dúinn freisin. Is sinne a chairde. Agus is féidir linn grá a roinnt ar a chéile díreach mar d'iarr sé orainn. Inniu, iarraimis ar Íosa a bheith linn agus sinn ag tabhairt grá ina ainm.

Dún do shúile ar feadh nóiméid. (*Sos*)

Cuimhnigh ar an duine a léireoidh tú grá dó/di. (*Sos*)

Samhlaigh tú féin ag thabhairt dearbhán bronntanais do ghrá dóibh. (*Sos*)

Anois samhlaigh tú féin ag déanamh gníomh ghrá dóibh. (*Sos*)

Tabhair barróg don duine agus inis dóibh go bhfuil grá mór agat dóibh. (*Sos*)

Oscail do shúile. (*Sos*)

**M:** A Íosa, ár gcara.
Bí linn agus sinn ag tabhairt grá i d'ainm.
Cabhraigh linn grá a thabhairt do dhaoine eile mar a rinne tú.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Ag Fás I nGrá

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Creidimid gur Tríonóide naofa atá i nDia, pobal daoine grámhara, Athair, Mac agus Spiorad Naomh. Chruthaigh an Dia grámhar seo muid chun a bheith cosúil leis - a bheith 'ar íomhá Dé' (Gen. 1:27). Nuair a bhíonn grá againn mar a bhíonn ag Dia, seo mar is fearr agus mar is fíor dúinn a bheith. Mar Chríostaithe, bíonn an fonn againn i gcónaí 'fás i ngrá'.

Spreagann an ceacht deiridh seo i Rang a hAon/B3 na páistí chun a fheiceáil mar a d'fhás siad i ngrá i rith na bliana, agus leanúint ar aghaidh ag maireachtáil sa spiorad sin. Críochnaíonn an ceacht le seirbhís urnaí deireadh bliana.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóip den teimpléad (thíos) do gach páiste
- Cuirí a sheoladh chuig an tseirbhís urnaí deireadh bliana, má tá sé ar intinn agat cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí/bhaill teaghlaigh, séiplíneach na scoile nó do aon duine eile

# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT

### Slán le Rang a hAon/B3

Tabhair cóip den teimpléad do gach páiste, agus déan comhrá leo faoi gach ceann de na ceannteidil. Ansin iarr ar na páistí líníocht a dhéanamh nó scríobh a dhéanamh i ngach ceann de na spásanna chun ainmneacha a gcairde a roinnt, an méid atá foghlamtha acu, na rudaí is fearr leo agus an méid a bhfuil siad ag tnúth leis i rith an tsamhraidh.




## PAIDIR

### Paidir Thurais

*Comhartha na Croise*

**M:** Tá Dia i gcónaí linn. Bhí Dia linn gach lá i mbliana, mar a fhásamar agus mar a fhoghlaimíomar. Le chéile, tugaimis moladh do Dhia as a bheith linn, ag rá: 'Molaimid thú, a Dhia'.
**P:** Molaimid thú, a Dhia.

**M:** Toisc go raibh tú linn nuair a bhfuaireamar cairde ...
**P:** Molaimid thú, a Dhia.

**M:** Toisc go raibh tú linn nuair a bhí spraoi againn ...
**P:** Molaimid thú, a Dhia.

**M:** Toisc go raibh tú linn nuair a d'fhoghlaimíomar ...
**P:** Molaimid thú, a Dhia.

**M:** Toisc go raibh tú linn nuair a d'fhásamar ...
**P:** Molaimid thú, a Dhia.

**M:** Toisc go mbíonn tú linn gach lá ...
**P:** Molaimid thú, a Dhia.

**M:** Cuirimis críoch leis an urnaí agus an *Phaidir Thurais* a rá. Sa phaidir seo, iarraimid ar Dhia a bheith linn gach lá, cibé áit a théimid. Is féidir leat an phaidir seo a rá i rith laethanta saoire an tsamhraidh, go háirithe má tá tú ag dul ar thurais i gcarr, i mbád nó fiú ar eitleán. Is féidir leat gach líne a rá i mo dhiaidh:

Éirigh liom, a Dhia,
Fan liom i rith an lae,
Sa bhaile agus ar gach turas,
Ná lig dom dul ar strae.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## D'FHOGHLAIMÍOMAR ÓN MBÍOBLA

Tosaigh trí chuid de na rudaí a scríobh na páistí ar an mbileog 'Slán le Rang a hAon/B3' a léamh amach. Dírigh ar an méid a scríobh siad faoin gceannteideal, 'D'fhoghlaim mé…' Ansin cuir i gcuimhne na bpáistí go bhfuil go leor foghlamtha acu faoi Dhia agus faoi Íosa i mbliana. Iarr orthu cuid de na scéalta ón mBíobla a chuala siad i mbliana a ainmniú.

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

Tosaigh trí mheabhrú a dhéanamh ar chuid de na rudaí a d'fhoghlaim na páistí
faoi Dhia agus faoi Íosa ón mBíobla. Ansin tabhair 'Dlí an Ghrá' chun chuimhne. Chuir na páistí 'Dlí an Ghrá' de ghlanmheabhair an tseachtain seo caite. Mínigh chomh maith leo foghlaim *faoi* Íosa ón mBíobla, is féidir leo foghlaim *uaidh* freisin. Is féidir linn foghlaim conas maireachtáil agus conas grá a roinnt.

Déan comhrá leis na páistí faoi Dhlí an Ghrá agus na ceisteanna seo, nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- An bhfuil sé éasca i gcónaí Dlí Ghrá Íosa a leanúint? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- An gceapann tú gur lean ár rang Dlí an Ghrá i mbliana? An cuimhin libh am nuair a rinneamar an méid sin?
- Cad mar gheall ar na hamanna nuair nár leanamar Dlí an Ghrá. Conas is féidir linn tosú arís? An cuimhin libh am nuair a bhí orainn tosú arís? Smaoinigh ar sin ar feadh nóiméid.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

I mbliana tá a lán foghlamtha againn faoi Dhia agus faoi Íosa. Thug Íosa Dlí an Ghrá dúinn chun muid a mhúineadh conas maireachtáil agus conas grá a roinnt. Cuidíonn Dlí an Ghrá linn fás i ngrá le Dia agus lena chéile.

## AG COMHRÁ

### Faoin Seirbhís Urnaí ag Deireadh na Bliana

Téigh ar ais ar na bealaí go léir inar fhás na páistí, mar rang, i ngrá i mbliana. Ansin déan comhrá leo ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad a bhí go maith faoin mbealach inar léiríomar grá dá chéile inár rang i mbliana? Cén chaoi a bheadh ar ár rang mura ndéanfaimis amhlaidh?
- An gceapann sibh gur chabhraigh Dia linn grá a thaispeáint dá chéile i mbliana? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann sibh?
- N'fheadar… conas is féidir linn buíochas a ghabháil le Dia as cuidiú linn grá a thabhairt dá chéile i mbliana?

Ansin inis do na páistí go bhfuil tú ag pleanáil seirbhís urnaí speisialta chun deireadh bhliain na scoile a cheiliúradh, agus chun buíochas a ghabháil le Dia as a ghrá i rith na bliana. Cuir i gcuimhne dóibh go mbíonn Dia linn fad is atáimid ag foghlaim agus ag fás. Is féidir le seirbhís urnaí cabhrú linn é sin a cheiliúradh.

Iarr cabhair na bpáistí chun an seirbhís urnaí a phleanáil. Le chéile, roghnaigh na míreanna seo a leanas a bheidh mar chuid den tseirbhís urnaí:

- An t-amhrán is fearr leis na páistí (le canadh ag tús na seirbhíse urnaí)
- An sliocht ón Soiscéal is fearr leis na páistí
- An t-amhrán is fearr leatsa (le canadh ag deireadh na seirbhíse urnaí)

Ag an deireadh, caith tamall ag roghnú siombail a sheasfaidh do do rang. D'fhéadfadh sé seo cairdeas na bpáistí a chur in iúl, nó ócáid speisialta a roinn siad le chéile i rith na scoilbhliana nó rud a d'fhoghlaim siad. Cuirfear é seo i láthair mar cuid den mhórshiúl oscailte, mar aon leis an míreanna seo a leanas ón spás urnaí:

- Bíobla
- Coinneal
- Cros/Cros chéasta
- Uisce coisricthe
- Paidrín

Mar ullmhúchán don tseirbhís urnaí, roghnaigh deichniúr páiste chun páirt a ghlacadh mar seo a leanas:

- Cúigear páiste le páirt a ghlacadh sa mhórshiúl oscailte, ag iompar ceann amháin de na bronntanais a luaitear thuas
- Cúigear páiste chun *Guí an Phobail* a léamh. Tá siad seo ar fáil thíos, más mian leat iad a fótachóipeáil agus iad a dháileadh amach roimh na seirbhíse urnaí.

# Seirbhís Urnaí

## Téama: I nGrá Dé.

*Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí. B'fhéidir go mba mhaith leat cuireadh a thabhairt do bhaill teaghlaigh agus/nó do shéiplíneach na scoile freastal ar an tseirbhís urnaí.*

**Amhrán Oscailte:** Rogha na bPáistí

Fad is atá an t-amhrán oscailte á canadh, tógann na páistí na siombailí seo a leanas go dtí an spás urnaí: coinneal an ranga, Bíobla, Cros chéasta, Paidrín agus uisce coisricthe.

**M:** Lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** Anois, déanaimis sinn féin a bheannú le huisce coisricthe. Cuireann an t-uisce coisricthe ár mBaisteadh i gcuimhne dúinn.

*Doirt an t-uisce coisricthe isteach i mbabhla beag, agus iarr ar na páistí teacht chun tosaigh leo féin nó i ngrúpaí beaga chun iad féin a bheannú.*

**M:** An tseachtain seo, bhíomar ag cuimhneamh ar an méid a bhí foghlamtha againn faoi Dhia agus faoi Íosa i mbliana. D'fhoghlaimíomar go leor faoi Dhia agus faoi Íosa ón mBíobla. Éistimis arís leis an scéal a roghnaigh sibh mar an scéal ab fhearr libh ó na Soiscéil. Cuirfimid fáilte roimh an Soiscéal trí sheasamh agus 'Alleluia' a chanadh.

**M:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir A.,
**P:** Glóir duit, a Thiarna. (*Gearr* Fíor na Croise *ar an éadan, ar na beola agus ar an gcroí*)

*Is féidir leat an téacs roghnaithe a léamh ón* mBíobla Naofa *freisin.*

**M:** Soiscéal an Tiarna.
**P:** Moladh duit, a Chríost.

*Tabhair cuireadh do na paistí suí síos.*

**M:** Rinne Íosa a lán rudaí. Chuir sé leigheas ar dhaoine a bhí breoite, chuir sé san áireamh daoine nach raibh cairde acu agus mhúin sé daoine faoi Dhia. Mhúin sé do dhaoine conas maireachtáil. Mhúin sé dóibh grá a bheith acu dá chéile. Tugtar 'Dlí Ghrá Íosa' ar seo. Sa rang seo, i mbliana, rinneamar go leor rudaí chun a thaispeáint gur mhaith linn 'Dlí Ghrá Íosa' a leanúint. Cé atá in ann cabhrú linn roinnt de na rudaí sin a ainmniú?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt.*

**M:** Agus críoch á chur againn ar an mbliain i Rang a hAon/Bunscoil 3, guímis arís chuig Dia. Is é an freagra le gach paidir ná, 'A Thiarna, bí ceansa agus éist linn'.

**Léitheoir 1:** Guímis ar son ár bpríomhoide ... A Thiarna, éist linn.
**Pobal:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 2:** Guímis ar son ár múinteoir ... agus ár SNA/ár gcúntóir ranga ... A Thiarna, éist linn.
**Pobal:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 3:** Guímis ar son ár n-airíoch, ár rúnaí agus ár nglantóirí. A Thiarna, éist linn.
**Pobal:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 4:** Guímis ar son na páistí go léir sa scoil. A Thiarna, éist linn.
**Pobal:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 5:** Guímis ar son na leanaí ar fad in ár rang. A Thiarna, éist linn.
**Pobal:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**M:** Guímis anois an phaidir a mhúin Íosa dúinn:

**Gach duine:** Ár nAthair atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
Agus ná lig sinn i gcathú,
Ach saor sinn ó olc. Áiméan.

**M:** A Thiarna Ghrámhair,
Coinnigh sinn go léir sábháilte le linn an tsamhraidh.
Cabhraigh linn maireachtáil faoi 'Dhlí Ghrá Íosa'.
Go bhfillimis go léir i mí Mheán Fómhair go slántúil gealgháireach go Rang a Dó/Bunscoil 4.
Guímis ár bpaidir trí Íosa, ár gcara.
**P:** Áiméan.

**Amhrán Deiridh:** *Rogha an Mhúinteora*

*B'fhéidir gur mhaith leat na billeoga 'Slán chuig Rang a hAon/Bunscoil 3' a dháileadh amach tar éis an tseirbhís urnaí.*

## GUÍ AN PHOBAIL DON TSEIRBHÍS URNAÍ

**Léitheoir 1:** Guímis ar son ár bpríomhoide ... A Thiarna, éist linn.

**Léitheoir 2:** Guímis ar son ár múinteoir ... agus ár SNA/ár gcúntóir ranga ... A Thiarna, éist linn.

**Léitheoir 3:** Guímis ar son ár n-airíoch, ár rúnaí agus ár nglantóirí. A Thiarna, éist linn.

**Léitheoir 4:** Guímis ar son na páistí go léir sa scoil. A Thiarna, éist linn.

**Léitheoir 5:** Guímis ar son na leanaí ar fad in ár rang. A Thiarna, éist linn.

Tá easaontas idir Daibhéid agus Josh faoi cé acu ba chóir a bheith ina cúl báire don chluiche peile. Tagann Abbey i láthair agus deir sí leo stop a chur leis an easaontas agus an ról a roinnt eatarthu. Croitheann na buachaillí a lámha lena chéile agus tosaíonn an cluiche.

Tá Seán ar a bhealach chuig na siopaí lena Dhaidí. Feiceann siad fear ar thaobh an bhóthair. Tá ocras air. Fad is atá siad ag na siopaí, ceannaíonn Seán agus a Dhaidí ceapaire don fhear.

Tá comharsa béal dorais Zahara tinn san ospidéal. Téann Mam agus Zahara chun cuairt a thabhairt uirthi agus tugann siad bláthanna óna ngairdín di.

Tá riachtanais speisialta ag deartháir Lee, Lennon. Teastaíonn cabhair uaidh siúl agus úsáideann sé cathaoir rothaí. Cuidíonn Lee le Lennon trína chathaoir rothaí a bhrú nuair a théann siad amach chuig an bpáirc nó chuig na siopaí lena Mamó.

Tá cailín nua i rang Naoise. Níl sí i bhfad in Éirinn agus níl mórán Gaeilge aici. Imríonn Naoise léi sa chlós agus cabhraíonn sí léi cairde a dhéanamh le daoine eile ina rang.

Tá Maighréad ag siúl abhaile ó na siopaí agus feiceann sí páipéir ar an mbóthar lasmuigh dá teach. Bailíonn Maighréad agus a Mam iad. Feiceann a gcomharsa, an tUas Ó Brádaigh iad, agus tagann sé amach chun cabhrú leo.

Tá seanathair Áine ag mothú brónach. Lá cuimhneacháin Mamó atá ann agus braitheann sé ina héagmais. Tugann Áine agus hathair cuairt ar Dhaideo. Fanann siad leis ar feadh tamaill chun cuideachta a thabhairt dó, agus iarrann siad air scéalta faoi Mhamó a insint dóibh.

Teastaíonn ó Liam, deartháir óg Thomáis, imirt lena ghunna nua uisce. Coinníonn Tomás greim air. Iarrann an feighlí páistí ar Thomás an gunna a roinnt, agus iarrann sí ar Liam a bheith mín. Deir Liam go bhfuil brón air, agus roinneann na buachaillí an bréagán.

Tá Cáit agus a Mamó ag siopadóireacht. Stopann Mamó chun labhairt lena cara agus labhraíonn siad agus labhraíonn siad ar feadh i bhfad. Éiríonn Cáit dubh dóite agus ba mhaith léi a rá le Mamó deifir a dhéanamh, ach ní dhéanann sí.

Tá Pádraig agus Éadbhard ina suí in aice lena chéile. Ag ag am lóin, tuigeann Pádraig go bhfuil dearmad déanta aige ar a chuid lón. Tugann Éadbhard cuid dá lón do Phádraig agus iarrann sé a gcara, Dónall, chun an rud céanna a dhéanamh. Roinneann Dónall a lón freisin.

Tugann an dearbhán seo ceart do

Don ghníomh grámhar seo:

Sínithe: ____________

Tugann an dearbhán seo ceart do

Don ghníomh grámhar seo:

Sínithe: ____________

Tugann an dearbhán seo ceart do

Don ghníomh grámhar seo:

Sínithe: ____________

Tugann an dearbhán seo ceart do

Don ghníomh grámhar seo:

Sínithe: ____________

# Slán le Rang a hAon

**Mise i Rang a hAon!**

**Ba iad seo na cairde a bhí agam i Rang a hAon:**

____________________

____________________

**D'fhoghlaim mé conas**

____________________

____________________

____________________

**i Rang a hAon!**

## Is fearr liom ...

**Ábhar:** ____________________

**Bia:** ____________________

**Dath:** ____________________

**An ócáid is mó a thaitin liom i Rang a hAon:**

____________________

____________________

____________________

## Ceann Scríbe!

**Cad a bhfuil tú ag tnúth le déanamh i rith an tsamhraidh?**

____________________

____________________

____________________

# Slán le Bunscoil 3

**Mise i mBunscoil 3!**

**Ba iad seo na cairde a bhí agam i mBunscoil 3:**

______________________

______________________

**D'fhoghlaim mé conas**

______________________

______________________

______________________

**i mBunscoil 3!**

## Is fearr liom ...

**Ábhar:** ______________________

**Bia:** ______________________

**Dath:** ______________________

**An ócáid is mó a thaitin liom i mBunscoil 3:**

______________________

______________________

______________________

## Ceann Scríbe!

**Cad a bhfuil tú ag tnúth le déanamh i rith an tsamhraidh?**

______________________

______________________

______________________